L.O.4160.

# Maidhc Dainín Ó Sé mar Scéalaí:

# Anailís Chritice ar Shaothair Mhaidhc Dainín Ó Sé

le

Bríd Ní Sprúháin B.A.

Mórthráchtas M. Litt.

Roinn na Nua-Ghaeilge
Ollscoil na hÉireann
Maigh Nuad

Iúil 2005

**Ceann na Roinne**
An tOllamh Ruairí Ó hUiginn

**Stiúrthóir**
An Dr. Tadhg Ó Dúshláine

# An Clár


- Buíochas ii
- Réamhrá iii
- Caibidil 1
  'Seánra' 1
- Caibidil 2
  'Téamaí na nÚrscéalta' 12
- Caibidil 3
  'Ról na bhFear' 41
- Caibidil 4
  'Ról na mBan' 76
- Caibidil 5
  'Na Leabhair Dírbheathaisnéise' 107
- Caibidil 6
  'An Cnuasach Mionúrscéalta agus an Cnuasach Filíochta' 138
- Caibidil 7
  'Na Fabhalscéalta' 178
- Caibidil 8
  'Stíl' 204
- Conclúidí 223
- Leabharliosta 227

# Buíochas

Ba mhaith liom buíochas fíréanta a ghabháil le mo stiúrthóir, an Dr. Tadhg Ó Dúshláine, fear a bhí foighneach liom i gcónaí agus a thug comhairle fhíorluachmhar dom agus mé i mbun an taighde seo; leis an tOllamh Ruairí Ó hUiginn; leis an bhfoireann i Roinn na Nua-Ghaeilge agus le foireann na leabharlainne in Ollscoil na hÉireann, Má Nuad.

Beidh mé fíorbhuíoch go deo de mo thuismitheoirí, Michael agus Kathleen, a thug tacaíocht dom agus mé i mbun staidéir. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo dheirfiúr, Paula, agus a páirtí, Paul, a thug a ríomhaire ar iasacht dom le linn na hoibre seo agus ní fhéadfainn dearmad a dhéanamh ar mo dhearthair, Michael, a roinn a scileanna ríomhaireachta liom agus mé i mbun an mhórthráchtais seo.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le mo chairde, Siobhán Carroll a chabhraigh liom leis an ríomhaire go minic agus Tamera Madden a thug comhairle taighde dom agus mo chairde go léir a thug tacaíocht dom le linn na hoibre seo.

# Achoimre

Tá réamhrá, ocht gcaibidil agus conclúid le feiceáil san obair seo. An argóint atá á dhéanamh sa mhórthráchtas seo ná gur scéalaí é Maidhc Dainín Ó Sé. Déantar anailís chritice ar an dá shaothar déag atá foilsithe aige go dtí an lá atá inniú ann sa mhórthráchtas seo.

Tiomnaítear **Caibidil 1** do sheánra. Déantar sainmhíniú ar sheánra. Braitear gur caibidil thábhachtach í an chaibidil seo mar baineann Maidhc Dainín Ó Sé úsáid as cúig sheánra difriúla ina chuid scríbhneoireachta; úrscéalta, leabhair dírbheathaisnéise, mionúrscéalta, filíocht agus fabhalscéalta. Tá léirmheasanna as an iris *Comhar* ar shaothair an údair seo le feiceáil sa chaibidil seo chomh maith.

Baineann **Caibidil 2**, **3** agus **4** leis na húrscéalta; *Tae le Tae*, *Dochtúir na bPiast*, *Greenhorn* agus *Lilí Frainc*. Pléitear téamaí coitianta na núrscéalta i g**Caibidil 2**; téama na himirce, téama an ghrá, téama an fhoréigin agus an fhill agus téama na sainte. An teideal atá ar **Chaibidil 3** ná *Ról na bhFear*. Is féidir fir na núrscéalta a ghrúpáil mar a leanas; coirpigh, laochra, fir mhaithe agus fir mhaithe a dhéanann roghanna amaideacha. Tiomnaítear **Caibidil 4** do *Ról na mBan*. Is féidir mná na núrscéalta a ghrúpáil chomh maith; íobartaigh, mná misniúla maithe agus mná laga.

Baineann **Caibidil 5** leis na leabhair dírbheathaisnéise; *A Thig Ná Tit Orm*, *Mura mBuafam – Suathfam* agus *Chicago Driver*. Baineann an chéad ceann atá luaite le seánra an *Childhood*. Is féidir leabhar dírbheathaisnéise a thabhairt ar an dara ceann. Níl struchtúr le feiceáil i *Chicago Driver* ar chor ar bith agus mar gheall ar sin tá sé

deacair an leabhar áirithe seo a chur in aon sheánra amháin. Pléitear eachtraí fánacha ó shaol an údair sa leabhar seo. Is eachtraí réadúla iad áfach agus is é sin an fáth a chuirtear an leabhar seo sa seánra seo.

Pléitear an cnuasach mionúrscéalta, *Corcán na dTrí gCos*, agus an cnuasach filíochta, *Citeal na Stoirme* i g**Caibidil 6**. Dírítear aird ar théamaí agus ar charachtair na mionúrscéalta agus dírítear aird ar théamaí na filíochta. Tá scéal gearr ó shaol an údair á insint i ngach dán agus treisíonn seo an argóint gur scéalaí é Maidhc Dainín Ó Sé.

Tiomnaítear **Caibidil 7** do na fabhalscéalta, *Is Glas iad na Cnoic*, *Madraí na nOcht gCos* agus *Mair, a Chapaill*. Is leabhair iad seo atá dírithe ar léitheoirí óga na Gaeilge. Tá ceacht le fáil i ngach ceann. Is ainmhithe iad na príomhcharachtair agus tá cumas na teanga acu.

Sa chaibidil dheireanach, déantar anailís ar stíl an údair seo. Dírítear aird ar théama, ar phlota, ar struchtúr scéalaíochta, ar charachtar, ar shuíomh agus ar theanga ó thaobh stíle de.

# Réamhrá

Duine de mhórscríbhneoirí na linne is ea Maidhc Dainín Ó Sé. Is as Carrachán i gCorca Dhuibhne é. Tá cnuasach ildánach foilsithe aige. Téann sé ó sheánra go seánra gan strus ar bith. Tá ceithre cinn d'úrscéalta, trí leabhar dírbheathaisnéise, cnuasach filíochta amháin, cnuasach mionúrscéalta amháin agus trí fhabhalscéal foilsithe aige. Is léir go bhfuil intinn ildánach ag an bhfear seo mar athraíonn an réim teanga agus an seánra atá a phlé aige go minic. Caitheann go bhfuil an t-údar compordach lena chuid scríbhneoireachta agus is féidir é sin a fheiceáil ina shaothar. Tá Maidhc Dainín Ó Sé in ann úrscéalta a scríobh atá lán d'fhoréigean agus d'fheall ar lámh amháin ach ar an lámh eile, tá sé in ann fabhalscéalta a scríobh – fabhalscéalta teagascacha atá dírithe ar pháistí. Is í aidhm an tráchtais seo ná anailís chritice a dhéanamh ar shaothair Mhaidhc Dainín Ó Sé d'fhonn é a shainmhíniú mar scríbhneoir agus an dearcadh a phléitear ina chuid litríochta a shainmhíniú chomh maith. Déanfar anailís ar an litríocht go léir atá foilsithe ag Ó Sé i rith an tráchtais seo. Tógfar a shaothair fhoilsithe go léir faoi deara chun breithiúnas féaráilte a dhéanamh. Déanfar anailís ar na saothair litríochta seo a leanas; *Tae le Tae* (1990), *Dochtúir na bPiast* (1993), *Greenhorn* (1997), *Lilí Frainc* (2001), *A Thig ná Tit Orm* (1987), *Mura mBuafam – Suathfam* (2003), *Chicago Driver* (1992), *Corcán na dTrí gCos* (1998), *Citeal na Stoirme* (1991), *Is Glas iad na Cnoic* (1997), *Madraí na nOcht gCos* (1998) agus *Mair, a Chapaill* (1999).

I g**Caibidil 1,** déanfar sainmhíniú ar sheánra agus tagrófar do na cúig sheánra atá á phlé ag Maidhc Dainín Ó Sé; úrscéalta, leabhair dírbheathaisnéise, mionúrscéalta, filíocht agus fabhalscéalta. Déanfar sainmhíniú ar na cúig sheánra seo agus cuirfear saothair Mhaidhc Dainín Ó Sé i ngrúpaí ó thaobh seánra de. Pléifear léirmheasanna ar shaothair an údair seo sa chaibidil seo chomh maith.

I g**Caibidil 2**, pléifear téamaí na n-úrscéalta; *Tae le Tae*, *Dochtúir na bPiast*, *Greenhorn* agus *Lilí Frainc*. Díreofar aird ar théamaí coitianta na n-úrscéalta – téama na himirce, téama an ghrá, téama an fhoréigin agus an fhill agus téama na sainte. Pléifear bunábhar na n-úrscéalta, i.e., an cath idir maith agus olc agus an tslí gurb é an bunábhar seo a spreagann téamaí na n-úrscéalta. Déanfar anailís chruinn ar na ceithre théama agus tógfar gach úrscéal faoi deara san anailís seo. Tiomnófar caibidil iomlán do théamaí na n-úrscéalta mar is é an téama bunábhar an tsaothair agus fásann an plota go léir as an téama.

Beidh **Caibidil 3** bunaithe ar na húrscéalta atá luaite thuas chomh maith. Pléifear ról na bhfear sa chaibidil seo. Tagrófar don tslí a chuireann an t-údar fir na n-úrscéalta i ngrúpaí i ngan fhios dó féin b'fhéidir– na laochra, na fir mhaithe agus na coirpigh. Seasann cuid acu don mhaith agus seasann an chuid eile acu don olc. Díreofar aird ar na laochra a inchollaíonn an mhaith agus na coirpigh a inchollaíonn an t-olc. Pléifear an 'limistéar liath' atá le feiceáil sna húrscéalta. Is éard atá i gceist leis an 'limistéar liath' ná na fir nach féidir a ghrúpáil go neata – fir nach laochra nó coirpigh iad. Is gnáthfhir iad atá maith go leor ach a théann amú ó am go ham.

An teideal atá ar **Chaibidil 4** ná *Ról na mBan.* Baineann an chaibidil seo leis na húrscéalta chomh maith. Pléifear ról na bpríomhbhan mar íobartaigh. Bíonn na príomhcharachtair bhaineanna lag agus dímríoch. Díreofar aird ar an tslí a fhulaingíonn siad i lámha na gcoirpeach agus ar an tslí a bhraitheann siad ar na laochra chun iad a shábháil. Tagrófar do na carachtair bhaineanna eile sna húrscéalta chomh maith. Is féidir iad a chur i ndá ghrúpa; na mná misniúla maithe agus na mná laga. Pléifear an 'limistéar liath' arís anseo i bhfoirm na ngnáthbhan. Moltar iad nó cáintear iad ach sin é. Níl stádas tábhachtach tugtha dóibh. An cheist a bheidh le freagairt anseo ná: an dtugann Ó Sé an chumhacht go léir do fhir na n-úrscéalta?

I g**Caibidil 5**, déanfar anailís chritice ar na leabhair dírbheathaisnéise; *A Thig ná Tit Orm*, *Mura mBuafam – Suathfam* agus *Chicago Driver*. Pléifear an tslí a roinneann an t-údar scéal a shaoil féin idir an chéad dá leabhar atá luaite thuas. Tagrófar do sheánra an *Childhood* a bhaineann leis an gcéad ceann, *A Thig ná Tit Orm*. Is leabhar é an leabhar seo a phléann óige an údair. Pléifear turas an údair – turas fisiciúil agus maoithneach an fháis agus an turas litriúil – turas na himirce. Déanfar sainmhíniú ar *Mura mBuafam – Suathfam* mar leabhar dírbheathaisnéise. Baineann an leabhar seo leis an dara cuid de shaol an údair. Tá an t-údar pósta agus ar ais in Éirinn in eachtraí an leabhair seo. Pléifear an cur chuige difriúil atá á úsáid ag an údar sa leabhar *Chicago Driver*. Tá caibidil amháin neamhspleách ó chaibidil eile sa leabhar áirithe seo. Pléifear eachtraí fánacha ó shaol an údair nó scéalta a chuala sé ó dhaoine eile i *Chicago Driver*.

Beidh **Caibidil 6** bunaithe ar an gcnuasach filíochta, *Citeal na Stoirme* agus an cnuasach mionúrscéalta, *Corcán na dTrí gCos*. Díreofar aird ar théamaí na ndánta.

Pléifear ceist thábhachtach – an bhfuil baint ag na dánta le saol an údair nó an ceart go léifí iad gan tagairt a dhéanamh dó ar chor ar bith? Déanfar anailís ar théamaí agus ar charachtair na mionúrscéalta. Pléifear téama coitianta na mionúrscéalta – téama an fhill agus grúpáil na gcarachtar – laochra agus coirpigh. Beifear in ann a fheiceáil an bhfuil comhchosúlachtaí idir téamaí agus carachtair na n-úrscéalta, na filíochta agus na mionúrscéalta ag an bpointe seo.

An teideal atá ar **Chaibidil 7** ná *Na Fabhalscéalta*. Baineann an chaibidil seo leis na leabhair a leanas; *Is Glas iad na Cnoic*, *Madraí na nOcht gCos* agus *Mair, a Chapaill*. Déanfar sainmhíniú ar an bhfabhalscéal ar dtús. Pléifear an tslí a thaitneodh na fabhalscéalta le páistí, mar shampla, tugann an t-údar pearsantacht dhaonna do ainmhithe na bhfabhalscéalta. Pléifear na ceachtanna atá dírithe ar mheon an pháiste sna fabhalscéalta. Díreofar aird ar théamaí coitianta na bhfabhalscéalta – téama an ghrá agus téama an fhill. Tagrófar do na carachtair chomh maith. Is féidir na carachtair a ghrúpáil arís anseo. Tá laochra, coirpigh agus íobartaigh le feiceáil sna fabhalscéalta. Beidh ceist le freagairt sa chaibidil seo, cén aois ghrúpa a raibh na leabhair seo dírithe air?

I **gCaibidil 8**, déanfar anailís ar stíl an údair seo. Déanfar sainmhíniú ar théama. Pléifear téamaí coitianta an údair seo – an bhfuil comhchosúlachtaí nó codarsnachtaí le feiceáil idir na saothair dhifriúla. Díreofar aird ar phlota, ar struchtúr scéalaíochta, ar charachtar agus ar shuíomh chomh maith. Déanfar sainmhíniú ar na téarmaí atá luaite agus cuirfear na téarmaí ar shathaor an údair chun a chuid litríochta a thuiscint i gceart. Ag an deireadh thiar, pléifear úsáid na teanga – an í an teanga bheo nó an Caighdeán Oifigiúil atá i gceist? Cén éifeacht atá ag seo ar an saothar?

Mar chonclúid, rachfar ar ais ar na pointí is tábhachtaí a phléifear sa mhórthráchtas seo. Freagrófar na ceisteanna atá luaite thuas mar is féidir breithiúnas féaráilte a dhéanamh nuair atá anailís chritice déanta ar a chuid litríochta go léir. Beifear in ann tabhairt faoi cheisteanna suimiúla mar a leanas; an dtaispeánann an scríbhneoir an tallann chéanna i ngach seánra? Cén saghas scríbhneoir atá ann? Cén dearcadh i leith an tsaoil a phléitear ina chuid litríochta? Srl.

# Caibidil 1: Seánra

> "**genre ...**, *n.* **1** kind, sort, or style, especially in art or literature: *The novel and the drama are two literary genres. Poe was the originator of a genre of dectective story.* **syn**: class. …" (World Book Dictionary A-K, lch 890).

Ciallaíonn seánra "cineál" nó "sórt" go mórmhór ó thaobh ealaíne nó litríochta de. Is féidir saothair an údair seo a ghrúpáil ó thaobh seánra de. Tá ceithre húrscéal, trí leabhar dírbheathaisnéise, cnuasach amháin "gearrscéalta", cnuasach amháin filíochta agus trí leabhar do pháistí nó fabhalscéal foilsithe aige. Aistríonn Maidhc Dainín Ó Sé ó seánra go seánra gan an iomarca trioblóide.

### *1.1 Na hÚrscéalta*

> "**novel2** …, *n.* **1** a story with characters and a plot, long enough to fill one or more volumes. Novels are usually about people, scenes, and happenings such as might be met in real life. *It is absurd to ignore Cervantes, as many literary historians do…, for the novel is there, complete and glorious, in "Don Quixote"* (J.B. Priestley). *Only a novel…only some work in which the most thorough knowledge of human nature…the liveliest effusions of wit and humour are conveyed in the best chosen language* (Jane Austen). …" (World Book Dictionary L-Z, lch 1423).

Is éard atá i gceist leis an úrscéal ná finscéalaíocht próis a líonfadh imleabhar amháin nó níos mó. Is úrscéalta iad *Tae le Tae*, *Dochtúir na bPiast*, *Greenhorn* agus *Lilí Frainc*. Is féidir sainmhíniú níos cruinne a chur orthu chomh maith. Is *thrillers* nó scéinséirí iad:

> "**thriller** …*n*…**2** *Informal.* A play, story, or motion picture filled with excitement or suspense: *There has been no better thriller in London since the war than "Dial M for Murder," produced at the Westminister Theatre* (London Times)." (World Book Dictionary L-Z, lch 2185).

Is scéal gaifeach an scéinséir a spreagann mothúchán tréan sa léitheoir, mar shampla, néirbhís, teannas nó eagla. Ar an gcéad amharc, ceapann an léitheoir gur scéal grá é *Tae le Tae* ach tá i bhfad níos mó le feiceáil san úrscéal seo ná an scéal grá. Tá olc le

mothú tríd an leabhar. Tugtar nod don léitheoir go bhfuil dúnmharfóir ina chónaí i gCorca Dhuibhne. Insítear don léitheoir go bhfuil na Gardaí agus muintir na háite in amhras faoi Sheán Ó Cathasaigh mar creideann siad gur dhúnmharaigh sé Jimí Tom Muiris. Tá an léitheoir faoi theannas mar gheall ar an eolas seo mar tuigeann sé/sí gur fear dainséarach é an Cathasach. Nuair a fhuadaítear Séamus Ó Cearúill, méadaíonn ar theannas an léitheora mar níl a fhios aige/aici an éalóidh sé. Mura n-éalódh Séamus, ní bhfaigheadh an léitheoir deireadh an úrscéil atá ag teastáil uaidh/uaithi. Pléitear coireanna gránna i *Dochtúir na bPiast* – gadaíocht, dúmhál, éigniú agus dúnmharú. Nuair a fheiceann an Sceilpear Ó Coileáin Delia Uí Chaoimh agus Máirtín MacNamara sa leaba le chéile, spreagtar teannas sa léitheoir mar tuigeann sé/sí nach bhfuil ar intinn ag an Sceilpear ach airgead éasca a thuilleamh. Tuigeann an léitheoir go díreach go n-úsáidfidh an Sceilpear an t-eolas atá aige chun buntáiste a fháil ar Delia nó ar Mháirtín. Ní fhaigheann an léitheoir faoiseamh ón teannas sin mar éiríonn na coireanna i bhfad níos measa as sin amach. Pléitear an *Mafia* agus Éireannach óg i *Greenhorn*. Ar dtús, ceapann an léitheoir gur fear "glas" é Muiris Ó Fiannachta. Tagann imní air/uirthi nuair a thuigtear dó/di cé chomh santach is atá sé. Tá an léitheoir ag feitheamh ar aiféala an phríomhcharachtair i rith an úrscéil mar braitheann sé/sí go bhfuil croí maith aige. Feiceann an léitheoir Muiris ag éirí níos santaí agus níos cruálaí gach lá ach tá sé/sí fós ag feitheamh ar an nóiméad a thuigfear do Mhuiris go ndeachaigh sé amú. Braitheann an léitheoir go gcasfaidh Muiris a dhroim ar an saol neamhscrupallach atá á chaitheamh aige ach ní shin an cás. Nuair a fhaigheann Muiris bás ag deireadh an úrscéil, is coirpeach crua é. Scriosann an fhíric seo dóchas an léitheora go bhfaighidh an mhaith an lámh in uachtar. Tá an léitheoir teannasach go dtí deireadh an úrscéil mar tá sé/sí ag súil gurb í an mhaith an buaiteoir sa chath idir maith agus olc. Pléitear éigniú, foréigean agus dúnmharú i *Lilí Frainc*. Tá

coireanna gránna le feiceáil san úrscéal áirithe seo ó thús go deireadh an leabhair. Ní fhaigheann an léitheoir an seans faoiseamh a fháil ón teannas nuair atá sé/sí ag léamh an úrscéil seo mar tá eachtraí gránna pléite ann go minic. Is í feidhm an scéinséara ná mothúchán tréan a spreagadh sa léitheoir. Comhlíonann na ceithre scéinséir atá luaite thuas an fheidhm sin. Tá an léitheoir faoi theannas nuair atá sé/sí dá léamh mar tá an léitheoir ag súil le deireadh áirithe agus níl a fhios aige/aici an mbeidh an deireadh sin le fáil. Cuirtear ionadh ar an léitheoir agus é/í ag léamh mar tá lúba le feiceáil go minic sna scéinséirí.

### *1.2 Na Leabhair Dírbheathaisnéise*

> "**autobiography** …,*n.*, *pl.* **–phies**. **1** the story of a person's life written by himself. …" (World Book Dictionary A-K, lch 137).

Is éard atá i gceist leis an leabhar dírbheathaisnéise ná scríbhneoir ag scríobh scéal a s(h)aoil féin. Tá dhá leabhar dírbheathaisnéise foilsithe ag Maidhc Dainín Ó Sé; *A Thig ná Tit Orm* agus *Mura mBuafam – Suathfam*. Baineann an chéad ceann atá luaite thuas leis an gcéad pháirt de shaol an údair agus baineann an dara ceann leis an dara pháirt dá shaol. Bheadh sé níos cruinne *A Thig ná Tit Orm* a shainmhíniú mar *Childhood*. Tá an leabhar seo bunaithe ar óige an údair. Tosaíonn sé nuair nach bhfuil an t-údar ach cúig bliana d'aois agus críochnaíonn sé nuair atá sé pósta i Meiriceá. Is seánra tábhachtach é an *Childhood*. Tosaíonn an seánra leis an bpáiste óg agus is é deireadh na hóige an dréimríocht. Cé go bhfuil an t-údar ag scríobh na fírinne, ní féidir glacadh lena chuimhní mar fhírinne. Tá difríocht idir dearcadh an pháiste agus dearcadh an duine fásta. Tá cuimhní an údair fíor ach ní féidir glacadh leo mar fhírinne mar is féidir go raibh dearcadh anchumtha aige mar pháiste. Tá dhá dhréimríocht le feiceáil in *A Thig ná Tit Orm*. An chéad dréimríocht ná nuair a fhágann Maidhc an scoil agus nuair a théann sé ar imirce go Sasana. Tá ré thart ag an

bpointe seo sa leabhar – an ré nuair atá sé fós ag brath ar a thuismitheoirí. Is é sin deireadh a leanbaíochta. An dara dhréimríocht ná nuair a phósann Maidhc agus Cáit. Tá ré eile thart anseo – an ré nuair atá sé ina bhaitsiléir óg. Tosaíonn *Mura nBuafam – Suathfam* nuair a thagann Maidhc, Cáit agus a mbeirt pháiste abhaile go hÉirinn ó Chicago, Meiriceá agus críochnaíonn sé nuair a théann Maidhc amach ar phinsean. Is féidir a rá gur leabhar dírbheathaisnéise an leabhar seo. Ní bhaineann an leabhar dírbheathaisnéise seo le hóige an údair. Is féidir brath ar chuimhní an údair sa leabhar seo mar is cuimhní an duine fásta iad. Níl an baol céanna ann go bhfuil dearcadh anchumtha aige. Roinneann an t-údar scéal a shaoil tar éis na himirce leis an léitheoir sa leabhar seo. Is leabhar níos dáiríre an leabhar seo ná *A Thig ná Tit Orm*. Díríonn an t-údar a aird ar na daoine atá tábhachtach dó i *Mura mBuafam – Suathfam*. Cé nach leabhar dírbheathaisnéise ná *Childhood* go díreach an leabhar *Chicago Driver*, is féidir é a chur sa seánra seo. Tá eachtraí fánacha ó shaol an údair pléite sa leabhar seo. Roinneann an t-údar scéalta óna shaol féin, óna athair, Dainín agus ó bheirt eile leis an léitheoir sa leabhar seo. Níl struchtúr le feiceáil i *Chicago Driver*. Tá na heachtraí pléite ar thoil an údair féin. Tá *Chicago Driver* curtha sa seánra seo mar is eachtraí réadúla atá á phlé aige. Ní ficsean atá i gceist. Déanann an t-údar iarracht é féin a chur os comhair an léitheora sna trí leabhar seo. Tá sé ag iarraidh go dtuigfidh an léitheoir cén sórt fir atá ann ach is féidir go bhfuil sé ag iarraidh é féin a thuiscint chomh maith.

### *1.3 Na "Gearrscéalta"*

> "**short story**, a prose story which usually describes a single main event, has a limited number of characters, and is much shorter than a novel: [*He*] *is a novelist, and in short stories he tends to take an episode and fine it down* (Punch)." (World Book Dictionary L-Z, lch 1929).

Is éard atá i gceist leis an an ngearrscéal ná scéal le mótíf fhorbartha ach le réim níos lú ná an t-úrscéal. Tá trí scéal gearra le fáil i *Corcán na dTrí gCos*. Ní féidir a rá gur

gearrscéalta iad ach ní húrscéalta iad ach an oiread. Is féidir a rá gur scéinséirí iad *Tobac Láidir*, *An Sáirsint Groí* agus *An Poll Duail*. Pléitear gadaíocht, lucht na ndrugaí, láimhsiú an dlí, dúmhál agus dúnmharú iontu. Spreagann siad mothúchán tréan sa léitheoir - teannas, néirbhís agus eagla. Tá coir pléite i ngach scéal. Is í an choir lár an phlota. Forbraítear an plota go cliste i ngach scéal. Foghlaimíonn muintir na háite faoin gcoir agus déileálann siad léi. Sa ghearrscéal ní fhorbraítear ach carachtar amháin nó cúpla carachtar. Cuirtear carachtair leamha ar na carachtair eile mar ní fhorbraítear iad. Ní shin an cás sna trí scéal seo áfach. Forbraítear go leor carachtar sna scéalta seo. Feictear coirpigh i ngach scéal; lucht na gruaige i *Tobac Láidir*, an Sáirsint Seán Standún in *An Sáirsint Groí* agus an Rúiseach in *An Poll Duail*. Feictear laochra i ngach scéal chomh maith; Piaras, Maidhcil agus Pádraig i *Tobac Láidir*, Jimí Jones agus Seán Pender in *An Sáirsint Groí* agus J. B. agus an cainteoir in *An Poll Duail*. Is carachtair iomlána na carachtair sna trí scéal seo. Cruthaíonn an t-údar cúlra dóibh. Tugann sé a lán eolais don léitheoir fúthu. Is féidir leis an léitheoir comhbhá a dhéanamh le carachtair áirithe – na híobartaigh is na laochra b'fhéidir. Tugann an t-údar mionchuntas ar charachtair, ar shuíomh agus ar phlota don léitheoir sna trí scéal seo. Ní féidir a rá gur gearrscéalta iad mar tá an iomarca mionchuntais ag baint leo. An féidir mionúrscéalta a thabhairt orthu?

> "**novelette** ..., *n*. a short novel or very long short story." (World Book Dictionary L-Z, lch 1423).

Tá tús, corp agus deireadh, carachtair forbartha agus plota forbartha ag baint leo.

### *1.4 An Cnuasach Filíochta*

> " **poetry** ... *n*. **1** poems or verses as a form of literature; the writings of a poet or poets: *a collection of poetry*. **2** the art of writing poems: *Shakespeare and Milton were masters of English poetry....*" (World Book Dictionary L-Z, lch 1609).

Is éard atá i gceist le filíocht ná ealaín/saothar an fhile, machnamh álainn uasal an fhile atá scríofa i dteanga oiriúnach agus go hiondúil i bhfoirm mheadarach. Tá cnuasach filíochta amháin foilsithe ag Maidhc Dainín Ó Sé – *Citeal na Stoirme*. Is féidir a rá nach gcloíonn a chuid filíochta leis an sainmhíniú atá pléite thuas áfach. Is féidir gach dán atá foilsithe sa chnuasach aige a fheiceáil mar scéal beag. Tá a chuid filíochta scríofa i dteanga shimplí, sholeite. Tá ábhar na ndánta soiléir agus níl brí fholaithe le feiceáil iontu. Is é ábhar na ndánta ná an saol coitianta. Cumann an file áirithe seo dánta a bhaineann le téamaí atá cóngarach dá chroí féin. Tá ábhar na ndánta le feiceáil in ár dtimpeall. Níl machnamh uasal an fhile le feiceáil ina chuid filíochta. Cloíonn sé le téamaí coitianta. Cloíonn sé leis na téamaí atá cleachtaithe aige ina shaothair eile. Tá scéal á insint i ngach dán, mar shampla, sa dán *Éagóir*, roinneann an file a thuairim féin faoin teilifís leis an léitheoir. Tá ábhar an dáin soiléir. Tá scanradh ar an bhfile go scriosfaidh an gléas nua-aimseartha seo an gaol gairid idir daoine. Sampla eile ná *An Deoraí Dubhach, Chicago 1962*. Arís tá ábhar an dáin soiléir – uaigneas an fhile nuair a bhí sé ar imirce i Chicago, Meiriceá. Sa dán *Bás Thomáis*, roinneann an file bás a dhearthár leis an léitheoir. Tá sé soiléir go bhfuil an file ag labhairt faoi eachtraí réadúla a tharla dó i rith a shaoil. Is féidir é sin a rá mar pléitear na heachtraí céanna go minic sna leabhair dírbheathaisnéise. Cosúil leis an leabhar *Chicago Driver*, tá eachtraí fánacha ó shaol an údair á phlé i *Citeal na Stoirme*. Scríobhann Ó Sé faoina shaol pearsanta, faoi na heachtraí a fheiceann sé ina thimpeall. An féidir é a cháineadh mar gheall ar sin? Braitheann sé sin ar phearsantacht an léitheora. Dá mbeadh machnamh uasal casta á lorg ag an léitheoir, ní bheadh an fhilíocht seo oiriúnach dó/di. Déarfaí go dtaitneodh filíocht an fhile seo le páistí agus déagóirí. Tá an teanga inti simplí agus soléite. Tá téamaí na ndánta ag baint leis an ngnáthshaol. Tá scéal beag á insint i ngach dán. Taitníonn scéalta le

páistí agus déagóirí agus is féidir go dtaitneodh an fhilíocht seo leo mar gheall ar sin. Bheadh an duine fásta in ann taitneamh a bhaint as an bhfilíocht seo chomh maith mar ar a laghad, tugann an file oideachas don léitheoir faoi oidhreacht na nÉireannach. Is scéalaí é Maidhc Dainín Ó Sé. Insíonn sé scéalta don léitheoir ina chuid scríbhneoireachta agus ní heisceacht í a chuid filíochta. Cloíonn sé leis na téamaí atá pléite ina shaothair eile ach athraíonn sé an réim teanga. Úsáideann sé struchtúr an dáin chun a theachtaireachtaí a chur os comhair an léitheora i g*Citeal na Stoirme*.

### *1.5 Na Fabhalscéalta*

> "**fable** …,*n.*, *v.*, **-bled**, **-bling**. *–n.* **1** a story that is made up to teach a lesson. Fables are often about animals who can talk, as in *The Hare and the Tortoise* and *The Fox and the Crow*. **syn:** apologue. …" (World Book Dictionary A-K, lch 760).

Tá trí leabhar scríofa ag Maidhc Dainín Ó Sé do pháistí. Is féidir a rá gur fabhalscéalta iad, *Is Glas iad na Cnoic*, *Madraí na nOcht gCos* agus *Mair, a Chapaill*. Cuirtear na leabhair seo i láthair i tslí a thaitneodh le páistí. Tá clúdach ildaite ar na leabhair. Tá cat le feiceáil ar chlúdach an chéad leabhair atá luaite thuas. Tá madra le feiceáil ar chlúdach an dara ceann agus tá capaill le feiceáil ar chlúdach an tríú cheann. Tá pictiúir le feiceáil ar leathanaigh áirithe sna leabhair. Chabhródh na pictiúir seo leis an bpáiste brí na scéalta a thuiscint. Is cait iad na príomhcharachtair in *Is Glas iad na Cnoic*. Tá pearsantacht dhaonna ag na cait. Tá trí theaghlach curtha os comhair an pháiste sa leabhar seo; an teaghlach daonna, Brídín Bhéasach, Dáithí Mac Duibh agus Dáithí Óg agus Dáithí Óg, Lísa agus a bpiscíní. Tá íomhá an teaghlaigh traidisiúnta treisithe trí huaire sa scéal seo. Tá ainmneacha na gcat an-spéisiúil sa leabhar seo; Brídín Bhéasach – tuigeann an léitheoir gur cat béasach í Brídín! Dáithí Mac Duibh – insítear don léitheoir gur cat dubh é Dáithí agus cuireann a ainm leis an t-eolas sin! Dáithí Óg – cabhraíonn an aidiacht 'óg' leis an léitheoir an mac a scarúint

óna athair. Tá téama na himirce á phlé ag an údar sa leabhar seo. Cuireann sé béim ar mhíbhuntáistí na himirce. Braitheann an léitheoir go bhfuil ceacht le foghlaim ón leabhar seo – tá an ceacht luaite sa teideal féin – *Is Glas iad na Cnoic*. Is madraí na príomhcharachtair i *Madraí na nOcht gCos*. Pléitear an grá rómánsach sa leabhar seo. Tá lánúin daonna le feiceáil – Mícheál Ó Conchubhair agus a bhean chéile, Máire Rua. Is lánúin idéalach iad. Tá meas acu ar a chéile. Tá grá mór eatarthu. Déanann an t-údar athrá ar an gcaidreamh idéalach seo leis an gcaidreamh idir na madraí – Rós agus Oscar. Tá an caidreamh daonna treisithe leis an gcaidreamh idir Rós agus Oscar. Cé gur madraí iad, tá pearsantacht dhaonna acu. Feiceann Rós agus Oscar an meas atá ag Mícheál agus Máire Rua ar a chéile agus leanann siad an sampla sin. Sa tslí seo, cuireann an t-údar an grá rómánsach os comhair an pháiste. Tá dhá lánúin le feiceáil sa leabhar áirithe seo ach inchollaíonn an dá lánúin na tréithe céanna. Seasann siad do ghrá, mheas agus thacaíocht. Sa leabhar *Mair, a Chapaill*, is capaill iad na príomhcharachtair. Tugtar ainmneacha suimiúla do na capaill sa leabhar seo chomh maith; Bess Nic an Chapaillín – ní féidir amhras a bheith ar an léitheoir faoin sórt créatúr atá inti! Tomás Mór Mac an Eich - is focal eile é 'each' a chiallaíonn capall. Tuigeann an léitheoir gur capall é Tomás Mór chomh maith. Tomás Óg – scarann an aidiacht 'óg' an mac agus an t-athair óna chéile. Is lánúin grámhar iad Bess agus Tomás Mór. Nuair a dhíoltar Tomás Mór, fágtar Bess ina haonar arís. Tugann na capaill eile íde béil do Bhess nuair a thuigtear dóibh go bhfuil sí ag iompar searraigh gan cuing an phósta. Sa tslí seo, cuireann an t-údar oidhreacht na nÉireannach os comhair an pháiste. Taispeánann sé na fadhbanna a bhí ag mná na hÉireann nuair a bhí siad ag iompar clainne gan cuing an phósta don pháiste. Chomh maith leis sin, cuireann an t-údar an tíoránach os comhair an pháiste. Foghlaimíonn an páiste go bhfuil daoine difriúla sa domhan seo – daoine maithe agus daoine olca. Is

fabhalscéalta na leabhair atá luaite thuas. Tá ceacht le fáil iontu. Déanann an t-údar iarracht fadhbanna réadúla an tsaoil a chur os comhair an pháiste ach bogann sé an réalachas mar is foirm síscéil a úsáideann sé. Cuireann an t-údar fórsa maith agus fórsa dochrach os comhair an pháiste sna leabhair seo. Tá coinbhleacht idir an maith agus an t-olc le feiceáil i ngach leabhar. Is í an mhaith an buaiteoir sna trí leabhar. Is téama bunúsach an tsaoil an coinbhleacht idir maith agus olc. Coimeádann an coinbhleacht seo suim an léitheora agus is é sin an fáth a léann sé/sí ar aghaidh. Is féidir le páistí taitneamh a bhaint as na trí leabhar seo agus san am céanna bheith ag foghlaim na Gaeilge agus ag foghlaim ceachtanna an tsaoil. Tá teanga shimplí á úsáid ag an údar sna leabhair seo ach is féidir go mbeadh siad beagáinín deacair don pháiste nach bhfuil ach ag foghlaim na teanga.

### *1.6 Léirmheasanna*

#### *Tae le Tae*

"Úrscéal bunaithe ar an saol a bhí i gCorca Dhuibhne sna daichidí ina léirítear súil íogair an údair do laigí agus aitis bheaga an daonnaí agus an sárchumas a léirigh sé sa dá leabhar a tháinig uaidh cheana le focail chuí a bhualadh go paiteanta. Is scéal é **Tae le Tae** atá ag cur thar maoil le cruálacht agus dóchas na beatha – agus ar dheacair é a leagan uait, dá réir.
*A novel whose story is situated in West Kerry in the forties and which demonstrates once again the author's keen eye for human foibles and joys as well as his particular talent for striking the 'mot juste'.* **Tae le Tae** *brims over with life's tribulations and hope and makes compulsive reading*" (Comhar).

#### *Dochtúir na bPiast*

"Is scanrúil an méad scéinséirí agus scéalta dúnmharfóireachta atá ag teacht as Corca Dhuibhne na laethanta seo – seo athchló ar scéinséir ó pheann Mhaidhc Dhainín Uí Shé a choimeádfaidh ag léamh thú ón tús.
*This thriller from Maidhc Dainín Ó Sé is likely to keep you awake late at night....*"
(Comhar).

***Greenhorn***

"Scéal eachtrúil é seo bunaithe ar shaol Ciarraígh a chuaigh ag obair do cheann de na teaghlaigh Iodálacha i Chicago a rialaigh cuid mhór d'imeachtaí mídhleathacha na linne. Tá an saothar seo, le húdar *A Thig Ná Tit Orm*, tiomnaithe 'do Ghaeilgeoirí an lae amáirigh'.

*An adventure story written in beautiful Kerry Irish which gives us a real insight into the workings of the Mafia in Chicago.*" (Comhar).

***Lilí Frainc***

"Tarlaíonn eachtraí an úrscéil seo sa tréimhse sin idir bunú an Stáit agus an Cogadh Mór. Scéal breá a chur i láthair ag Maidhc Dainín ina chanúint líofa, rithimiúil féin.

*This novel is set during the period between the foundation of the State and the First World War, and is told in Maidhc Dainín's inimitable style. Maidhc Dainín, a man of many talents, is a prolific writer, box-player, singer and lorry-driver from Dingle.*" (Comhar).

***A Thig Ná Tit Orm***

"Cur síos ar óige an údair i nGaeltacht Chiarraí sna daichidí agus sna caogaidí, agus ar a shaol oibre agus caithimh aimsire ó shin, sa bhaile agus i gcéin. Eagrán nua é seo den bhunleabhar a chuir Coiscéim amach sa bhliain 1987 agus a raibh an-tóir air.

*The author was born in the Kerry Gaeltacht in 1942, emigrated at the age of fifteen and a half, returned to Ireland in 1969 and now drives a lorry for Kerry Co-Op. Incidents from those experiences are recounted with much wit in this Irish bestseller.*" (Comhar).

***Mura mBuafam – Suathfam***

"Easpa oibre a chuir Maidhc Dainín Ó Sé ar imirce an chéad lá ach saol eile a bhí roimhe nuair a d'fhill sé chun cónaithe ina bhaile dúchais i gCorca Dhuibhne ó Chicago sa bhliain 1969. Bhí déanamh an scannáin Ryan's Daughter ag cur instealladh oibre agus airgid agus misneach dá réir sa dúthaigh. Cuntas beo bríomhar atá anseo ar shaol Mhaidhc Dainín ón úr úd.

*Unemployment forced Maidhc Dainín Ó Sé to emigrate as a young boy. When he returned to Corca Dhuibhne in 1969 there had been a dramatic change. The making of the film Ryan's Daughter had injected new vigour into the area, both economically and socially. This is Maidhc Dainín's lively account of his life from then on.*" (Comhar).

***Chicago Driver***

"An cúigiú leabhar leis an údar Duibhneach seo. Aistí agus eachtraí grinn is mó atá ann, a bhformhór bunaithe ar ghaol mhuintir an cheantair le Meiriceá an *Depression* agus ar thionchar an ghaoil sin ar an muintir sin.

*This is the fifth book by this Kerry Gaeltacht author. Essays and humorous anecdotes are its main ingrediant and most of them are based on the area's connection with depression –hit America and on the impact that connection had on the people at home.*" (Comhar).

***Citeal na Stoirme***

"An chéad chnuasach dánta le Maidhc Dainín ach an ceathrú leabhar i dtréimhse sé bliana. Tá féith an ghrinn ag pocléim trí chuid mhaith díobh. Duais don fhilíocht tíre in Oireachtas na Gaeilge 1991 bainte ag an gcnuasach seo.
*Poetry from a prolific well-known Kerry writer. The verses are entertaining and show great wit. These poems were awarded a prize in the 1991 Oireachtas na Gaeilge.*" (Comhar).

***Is Glas iad na Cnoic***

" 'Thiar i bParóiste Múrach a bhí cónaí ar chat darbh ainm di Brídín Bhéasach'. Is mar sin a chuireann údar clúiteach Chorca Dhuibhne tús leis an saothar seo d'ógánaigh agus d'aon duine eile a dtaitníonn scéal maith leis.
*A prize-winning story following the adventures of a Kerry cat, told in beautiful natural rich Kerry Irish, and illustrated with black and white drawings.*" (Comhar).

***Mair, a Chapaill***

"Leabhar don aos óg a thug duais Oireachtais leis agus a insíonn eachtra ar na capaill úd Bess, Tomás Mór agus Tomás Óg.
*Another Oireachtas award winner from Maidhc Dainín, Mair a Chapaill features the adventures of three horses; Bess, Tomás Mór and Tomás Óg.*" (Comhar).

# Caibidil 2: Téamaí na nÚrscéalta

## 2.1 Téama na hImirce

Pléitear téama na himirce i ngach ceann de na húrscéalta atá scríofa ag Maidhc Dainín Ó Sé. Is téama an-tábhachtach é ina chuid saothair. Is saghas slí éalaithe í an imirce sna húrscéalta. Luaitear fadhb éigin i ngach úrscéal, fadhb a bhaineann leis an tsaint go hiondúil, agus is í an imirce an freagra! Téann na carachtair ar imirce go Sasana nó go Meiriceá. Is rud dearfach í an imirce sna húrscéalta. Bíonn seans ag na carachtair éalú óna bhfadhbanna agus saol nua a chruthú dóibh féin.

### *Tae le Tae*

Tuigeann an léitheoir go bhfuil Séamus Ó Cearúill agus Máire Ní Chathasaigh i ngrá le chéile. Nuair a thuigtear dóibh go bhfuil Máire ag iompar clainne, tuigeann siad an dainséar go díreach. Is léir gur gealt cheart é Séan Ó Cathasaigh i.e. athair Mháire. Is fuath leis Séamus agus braitheann an léitheoir go maródh sé an bheirt dá mbeadh a fhios aige. Is fadhb mhór é Seán, is fear santach é agus tá meon aineolach na tuaithe aige. Cad a dhéanfaidh Máire agus Séamus? Tarlaíonn na heachtraí seo i saol na tuaithe in Éirinn sna daicheadaí. Níl a lán roghanna ann. Níl ach rogha amháin ann chun an fhírinne a rá. Ba scannal mór é a bheith ag súil le leanbh agus gan a bheith pósta. Tuigeann an léitheoir go raibh sé ar intinn ag Séamus Máire a phósadh. Ní bhfaighidís cead ó Sheán Ó Cathasaigh áfach. Bheadh orthu éalú uaidh. Tuigeann an léitheoir gur shocraigh siad ar dhul ar

imirce go Sasana. Bhí uncail ag Séamus ann agus chabhródh sé leo. Feicimid na deachrachtaí a bhuaileann leo. Níor chabhraigh éinne leo sa bhaile dúchais ach nuair a shroicheann siad Sasana, faigheann siad faoiseamh óna bhfadhbanna. Pósadh iad i Sasana. Rugadh triúr páiste dóibh. Bhí siad sásta agus bhí áthas orthu. Chuaigh an bheirt ar imirce go Sasana mar bhí orthu éalú ó Sheán Ó Cathasaigh. Nuair a bhí siad thar lear bhí siad sábháilte. D'fhág siad an dainséar agus an cruachás in Éirinn ach bhí orthu a dteaghlaigh a fhágáil chomh maith leis sin. Ar lámh amháin ba shlánaitheoir í an imirce dóibh ach ar an lámh eile bhí an slánú searbh. Chaill siad gach a raibh ar eolas acu cheana féin.

Chuaigh mac Mhaidhc an Phóist i.e. Piaras ar imirce go Meiriceá. Buaileann an léitheoir leis i gcaibidil a cúig. Tá sé tar éis teacht ar ais go hÉirinn lena bhean chéile, Mary, ' "Chun an fhírinne d'insint, táim ag faire ar phaiste talún a cheannach. Is é a bhí i mbarr mo chinn ó bhíos im leanbh." ' (lch 64). Is léir ón ráiteas seo go ndeachaigh Piaras go Meiriceá chun airgead a thuilleamh. Bhí brionglóid aige. Bhí sé ar intinn aige paiste talaimh a cheannach. Ní bheadh an seans aige dá bhfanfadh sé in Éirinn. Tuigeann an léitheoir nach raibh a lán postanna le fáil in Éirinn ag an am sin. Mura mbeadh talamh ag duine ní bheadh stádus aige/aici. Is léir go raibh an fhadhb sin ag Piaras agus chuaigh sé ar imirce chun réitigh a fháil ar an bhfadhb. Nuair a thagann se ar ais go hÉirinn is fear saibhir é. Tá an t-airgead aige chun feirm a cheannach. An chomhairle a thugann Piaras do Shéamus ná ' "Airgead nó talamh is ea neamhspleáchas." ' (lch 81). Tá a fhios ag an léitheoir go rathaíonn Séamus agus Máire i Sasana. Laistigh de thrí bliana bhí Séamus i mbun a chomhlachta féin. Bhí clann álainn acu chomh maith. Is léir go bhfuair siad an saibhreas agus an sonas i Sasana. Bhí seans níos fearr acu

ann. Ach ag an am céanna bhí a gcroíthe fós in Éirinn. Tháinig siad abhaile ó am go ham ar saoire agus faoi dheireadh lonnaigh siad in Éirinn arís, cosúil le Piaras.

## *Dochtúir na bPiast*

Is Meiriceánach John Walters san úrscéal seo. Tagann sé ar imirce go hÉirinn. Tá a fhios ag an léitheoir go raibh John i dtrioblóid mhór i Meiriceá. Dúnmharaíodh a bhean chéile agus bhí ar John teacht go hÉirinn chun éalú ón dainséar. Is paróiste ciúin é Cill Chordail agus socraíonn John síos ann gan an iomarca trioblóide. Is léir go raibh faoiseamh ar an bhfear go raibh sé socraithe in áit chiúin mar faighimid amach i rith an úrscéil go bhfuil sé fós i ndainséar. Tá gráscar i Meiriceá ag iarraidh é a mharú. Is léir go raibh saol maith aige i Meiriceá uair amháin. Bhí post maith aige mar iriseoir. Bhí bean chéile agus mac aige chomh maith leis sin. Ansin scriosadh a shaol. Bhí a theaghlach marbh agus bhí an gráscar dá leanúint. Ní raibh rogha ag John. Bhí air imeacht agus go tapaidh. Tuigimid gur chabhraigh an F.B.I. leis. Nuair a thagann John go hÉirinn cruthaíonn sé saol nua dó féin, tá ainm nua aige, tá aghaidh nua aige agus tá seoladh nua aige. Ní bheadh sé ábalta dul ar ais go Meiriceá go deo. Goideadh an saol sin uaidh agus bhí air saol nua a chaitheamh in Éirinn.

Rugadh agus tógadh Delia Uí Chaoimh i Lancashire. Bhí sí pósta le Séamas ar feadh dhá bhliain agus bhí cónaí orthu i Londain, Sasana i rith an ama sin. Nuair a fuair Séamas an post mar Phríomh-Dhochtúir i gceannas Ospidéal Bhaile Uí Choirín, ní raibh Delia sásta ar chor ar bith. Is léir go dtaitníonn an t-airgead agus na cóisirí léi. Níor theastaigh uaithi Londain a fhágáil. Nuair a fheiceann Delia príomhshráid Bhaile Uí Choirín tá gráin aici air, ' "A Shéamais, ... táim ag dul

thar n-ais go Sasana ar an gcéad bhád amárach!" ' (lch 24). Tá an paróiste beag i bhfad ró-chiúin di. Tuigimid go bhfuil Séamas sásta go leor agus go dtabharfaidh sé seans don áit mar tá post maith aige inti. Maidir le Delia, áfach, tá a fhios ag an léitheoir nach socróidh sí síos gan bheith ag gearán agus ag troid. Ní raibh fonn ar bith uirthi teacht ar imirce go hÉirinn ar chor ar bith agus is léir go bhfaighidh Séamas an pionós!

Tuigeann an léitheoir go bhfuil mac Phádraig Ó Cléirigh agus a bhean chéile, Neans imithe ar imirce go Meiriceá. Tá feirm ag Pádraig agus Neans. Feirm daichead acra atá acu. Chuaigh a mac ar imirce chun airgead a bhailiú. Bhí sé ar intinn aige an t-airgead a chur leis an bhfeirm sa bhaile. Is léir nach raibh an seans aige an t-airgead a bhí ag teastáil uaidh a thuilleamh in Éirinn. B'fhéidir nach raibh na postanna ann in Éirinn nó b'fhéidir nach raibh an t-airgead chomh maith in Éirinn. Bhí sé ar intinn aige an t-airgead a bhailiú i Meiriceá agus ansin thiocfadh sé abhaile chun obair a dhéanamh ar an bhfeirm.

Tuigimid nár dhúnmharaigh an Sceilpear Ó Coileáin Delia Uí Chaoimh. Ba thrap é ach bhí na Gardaí ar a thóir. Thuig an Sceilpear go raibh a phort seinnte agus bhí scanradh air. Dá bhfanfadh sé, cuirfí faoi ghlas é gan dabht. Shocraigh sé ar dhul ar imirce go Sasana. Ba shlí éalaithe é. Bhí sé faoi bhrú. Ar bhealach amháin tá trua againn don Sceilpear mar beireann na Gardaí air i Sasana agus teipeann ar an bplean. Faightear ciontach é in ionsaí gnéasach agus i ndúnmharú Delia Uí Chaoimh. Tuigeann an léitheoir nach bhfuil sé ciontach sa dúnmharú. Ba í an imirce an t-aon dóchas a bhí aige.

# *Greenhorn*

Tá dúil mhór ag Muiris Ó Fiannachta san airgead. Ba mheicneoir é ach d'éirigh sé as an gceird sin nuair a bhí sé naoi mbliana déag d'aois. Chuaigh sé ar imirce go Meiriceá ansin. Tuigeann an léitheoir go raibh sé ar intinn ag Muiris carn airgid a dhéanamh chomh luath agus ab fhéidir. Bhí saol compordach aige in Éirinn ach theastaigh saibhreas uaidh. Sin an fáth a d'fhág sé a áit dúchais agus a ghrá, Máire Ní Mháille. Tá a fhios ag an léitheoir go bhfaigheann Muiris an saibhreas a bhí ag teastáil uaidh an- tapaidh mar is fear fuinniúil é. Sin an aidhm a bhí aige ach an rud maith é? Is léir nach bhfuil coinsias ar bith aige. Go tobann tá sé measctha suas i ngnóthaí neamhdhleathacha ach is cuma leis. Is fear óg é Muiris agus tá sé ina aonar i dtír iasachta. Níl duine ar bith ann chun treoir a thabhairt dó agus is léir gur fear an-lag é. B'fhéidir go raibh sé ró-óg agus é ag dul ar imirce ach b'fhéidir go raibh an locht ann cheana féin. Nílimid cinnte. Tuigimid go mbeireann an F.B.I. ar Mhuiris mar tá sé ag iompar drugaí. Bhí sé ar intinn ag an F.B.I. é a úsáid mar fhinné. Ansin bheadh sé saor ach chaithfeadh sé dul ar imirce arís agus saol nua a chruthú dó féin. Tuigeann an léitheoir gur slí éalaithe í an imirce arís anseo. Socraíonn Muiris ar dhul go dtí An Astráil mar tá sé ar eolas aige go bhfuil Máire ní Mháille ann.

Tuigeann an léitheoir go raibh Máire Ní Mháille agus Muiris i ngrá le chéile. Is léir gur cheap Máire go mbeadh sí dá leanúint go Meiriceá nó go mbeadh sé ag teacht ar ais go hÉirinn. Ó am go ham déanann Máire teagmháil le Muiris agus í faoi bhrón. Tuigimid gur chas Muiris a dhroim uirthi agus nár thóg sé ceann ar bith di. Tuigimid go bhfuil a croí briste. Dúirt sí i litir amháin, ' "...mura mbeadh litir agam uait laistigh de thrí seachtaine, brúfad go cúl mo chinn tú agus beidh súil agam ná casfar ar a chéile go deo arís sinn."' (lch 65). Is léir go raibh uaigneas ar Mháire. Bhí sí tréigthe

ag a leannán. B'fhéidir go raibh an iomarca cuimhní in Éirinn. Níl a fhios ag an léitheoir ach tá a fhios aige/aici go ndeachaigh Máire ar imirce go dtí An Astráil. B'fhéidir nach raibh sí in ann fanacht sa bhaile dúchais gan a grá, Muiris. Ar aon nós d'éalaigh sí go dtí An Astráil.

Tá sé soiléir dúinn go ndeachaigh go leor Éireannach ar imirce san úrscéal seo. Tarlaíonn na heachtraí seo sna caogaidí agus sna seascaidí. B'fhéidir nach raibh na seansanna céanna in Éirinn ag an am sin. Oibríonn Muiris le roinnt Éireannach nuair a thagann sé go Meiriceá ar dtús, mar shampla, Seán Ó Fearaíl agus Micheál Holmes. Buaileann sé lena lán Éireannach ina shaol sóisialta, mar shampla, sa Keyman's Club, is é sin club na nÉireannach, " 'Tá dhá mhíle duine ann ma mhairim beo!' " (lch 28). Bhí cultúr Gaelach ann i Meiriceá! Bhí *Mafia* Éireannach ann chomh maith! Tuigimid nach raibh slí eile ag na hÉireannaigh ag an am sin. Bhí postanna gann in Éirinn. Chuaigh go leor Éireannach ar imirce. Ba shin an saol.

## *Lilí Frainc*

Tuigeann an léitheoir go bhfuil Séamas Ó Baoill agus Lilí Ní Shúilleabháin ina gcónaí le chéile mar tá Frainc Ó Súilleabháin agus a bhean chéile, Sinéad, marbh agus bheadh Lilí ina haonar sa tigh mura mbeadh Séamas ann. Is dílleachta Lilí agus cuirfí i ndílleachtlann í mura mbeadh duine fásta ina c(h)ónaí sa tigh léi mar níl sí ach cúig bliana déag d'aois. Is socrú soineanta é. Tá a fhios ag James Ellis nach bhfuil aon dochar sa socrú ach feiceann sé seans chun greim a fháil ar fheirm Lilí agus tógann sé é. Insíonn sé don sagart go bhfuil Séamas agus Lilí ag maireachtáil le chéile agus iad gan a bheith pósta. Tá úafás ar an sagart agus tá sé ar buile. Tugann sé cuairt ar Lilí agus é fós ar buile. Tá scanradh ar Lilí agus ritheann sí chun an scéil a insint do

Shéamas. Tá a fhios ag an mbeirt go bhfuil siad i dtrioblóid mhór. Bheadh siad náirithe os comhair an phobail. Bheadh na Gardaí ar thóir Shéamais mar i súile an dlí is páiste í Lilí. Ní chreifí nach bhfuil siad sa seomra leapa céanna. Tá ar Shéamas dul ar imirce go Sasana. Mura rachadh sé cuirfí i dtóin phriosúin é. Níl rogha aige i ndáiríre mar is fear cumhachtach é James Ellis agus tá cumhacht ollmhór ag an sagart chomh maith leis sin. "Bhí croí na beirte acu briste ach thuigeadar ná raibh aon dul eile as an bhfadhb" (lch 164). Tuigeann an léitheoir go n-éalaíonn Séamas an oíche sin agus go sroicheann sé Sasana slán sábháilte. Tá Lilí in Éirinn, áfach, agus í ina créatúr beag fágtha.

Tuigimid gur thóg Ellis feirm Lilí ar cíos agus gur thóg sé Lilí faoina dhíon féin mar chailín aimsire. Ba shlánaitheoir é i súile an phobail ach taobh thiar den doras dúnta b'fhear le rún oilc é. Bhí scanradh ar Lilí roimhe. Thug an cailín aimsire, Siobhán comhairle di. ' "...Dein deimhnitheach an glas a chur ar an ndoras agus tu ag dul a chodladh gach oíche!" ' (lch 170). Bhí Lilí an-leochaileach sa tigh sin. Nuair a fhágann Dolores Ellis an tigh, méadaíonn ar an dainséar. Níl cosantóir ar bith sa tigh mór anois. Tuigeann Lilí go gcaitheann sí éalú ó Ellis. Is ainmhí creiche é. Socraíonn Lilí ar dhul ar imirce go Sasana. Bheadh sí sábháilte ansin. Faraor, bhí sí ró-dhéanach. D'éignigh Ellis í an oíche sin. Bhí an cailín bocht trína chéile. Rith sí go tigh Shíle. Chuaigh an bheirt go dtí oifig an phoist agus tharraing Lilí a hairgead go léir as an gcúntas. Ansin d'éalaigh Lilí go Sasana. Ba chailín an-óg í ach is léir go mbeadh seans níos fearr aici i gcathair Londain ina haonar ná sa tigh mór le James Ellis. Cruthaíonn Lilí saol nua di féin i Sasana. Roinneann sí tigh leis an mbean álainn, Fiona. Faigheann sí post in ospidéal agus tosaíonn sí ag traenáil mar bhanaltra. Nuair a fhaigheann Séamas sos ón arm, caitheann sí an tseachtain leis agus tugann sé fáinne

di. Is féidir le Lilí a saol a chaitheamh i Sasana gan éinne ag cur isteach uirthi. Is féidir léi feabhas a chur ar a saol. Ar feadh tamaill gearr, tá áthas ar Lilí.

## 2.2 Téama an Ghrá

Is féidir leis an léitheoir an plota rómánsach a fheiceáil i ngach ceann de na húrscéalta a luaitear thuas. Pléitear fíorghrá an chroí ach pléitear an grá collaí chomh maith leis sin. Is léir go bhfuil luachanna difriúla agus moráltacht difriúil ag na carachtair sna húrscealta. Pléitear an fíorghrá mar an ceann is tábhachtaí áfach. Pléitear an fíorghrá mar ghrá foirfe, mar ghrá geal. Is é an fíorghrá an buaiteoir i gcónaí. Ta an fíorghrá níos láidre ná an grá collaí.

## *Tae le Tae*

Ar an gcéad lá a chonaic Séamus Máire agus í ag tiomáint scata caorach, cheap sé go raibh sí an-dathúil. Bhí suim ag gach cailín sa pharóiste i Séamus. "Dhealraigh sé go mbeadh tóir agus lorg ar Shéamus, mar le linn an ama sin bhí beirt bhan le gach fear in iarthar Dhuibhneach." (lch 19). Níorbh eisceacht í Máire don ráiteas sin! Tuigeann an léitheoir gurbh í Máire an t-aon chailín a theastaigh ó Shéamus. Tar éis tamaill bhig, bhí an bheirt ag dul amach le chéile go rialta. Is léir nárbh é an easpa fear a mheall Máire i dtreo Shéamuis. B'fhear éadaingean a hathair, Seán Ó Cathasaigh, agus b'fhuath leis buachaillí aimsire. Braithimid go maródh sé Máire dá mbeadh a fhios aige gur thit sí i ngrá le Séamus. Is é fíorghrá atá i gceist idir an bheirt gan dabht mar tá Máire toilteanach díbheirg a hathar a fhulaing. Nuair a fhaigheann Máire agus Séamus amach go bhfuil Máire ag iompar clainne, ní thógann siad an nuacht mar

dhrochscéal ach socraíonn siad ar lá a bpósta. Tá an grá atá eatarthu buan agus daingean. Níl éinne in ann é a scriosadh. Tá an bheirt sásta. Seasann siad le chéile in am an ghátair. Nuair a fuadaíodh Séamus, bhí a fhios ag Máire go ndearna a hathair féin rud éigin dó. Bhí a fhios aici nach dtréigfeadh Séamus í. Bhí muinín aici as agus bhí an ceart aici. D' éalaigh Séamus agus shábháil sé í. Pósadh an bheirt faoi dheireadh. D'fhulaing siad chun bheith le chéile.

Níl smaoineamh rómánsach i gceann Sheáin ar chor ar bith. Creideann sé i ngrá gan dabht – grá an airgid. Is fuath leis Séamus. Níl i Séamus ach buachaill aimsire. Níl feirm aige. Teastaíonn airgead agus acraí ó Sheán. Is fear santach é. Is cuma leis go bhfuil a iníon i ngrá le Séamus. Tá na hacraí in easnamh agus sin sin. Níl an grá tábhachtach in intinn Sheáin. Déanann sé cleamhnas idir Máire agus Seosamh Ó Ceannabháin. Bhí ' " ceithre fichid acra gaelach chomh mín méith le lár Chontae na Mí, gan trácht ar choimín an chnoic...' (lch 143) ag Seosamh. B'fhear saibhir é Seosamh. Bhí an talamh aige agus bhí an t-airgead aige chomh maith. Bhí Seán an-sásta leis an gcleamhnas. Bhí Seosamh an-sásta freisin. Bhí an t-ádh leis mar bhí sé féin leathchéad bliain agus ní raibh Máire bhocht ach fiche bliain. Nuair a insíonn Séamus do Sheosamh go bhfuil é féin agus Máire geallta le chéile is cuma leis. Is léir nach bhfuil Seosamh i ngrá le Máire ach tá bean tí uaidh. Is fear meánaosta é agus is cailín óg í. B'fhéidir go bhfuil oidhre ag teastáil uaidh. Ní fhaigheann Máire tacaíocht ó éinne. Nuair a insíonn sí dá máthair go bhfuil sí i ngrá le Séamus, deir a máthair nach gcuireann an grá bia ar an mbord. Is léir nach bhfuil grá ar bith idir Seán agus a bhean chéile, Bríd. Insítear dúinn gur bean chiúin chneasta í Bríd agus is léir go bhfuil scanradh uirthi roimh a fear céile. Tá caidreamh teannasach eatarthu. Tá bia ar an mbord ach an bhfuil áthas ar Bhríd? Tá a fhios ag an léitheoir go dtéann Séamus agus

Máire a mbealach féin. Caitheann siad a saolta le chéile agus iad go sona sásta. Leanann siad a gcroíthe agus faigheann siad sonas.

## *Dochtúir na bPiast*

Tuigeann an léitheoir go bhfuil teannas idir Delia Uí Chaoimh agus a fear céile, Séamas. Níl an bheirt pósta ach dhá bhliain ach tá bloscaidh le feiceáil sa chaidreamh cheana féin. Teastaíonn rudaí saolta ó Delia, tigh mór, stádus ard agus saol sóisialta maith. Is as teaghlach saibhir í agus is é an saibhreas an rud is tábhachtaí di. Is léir go bhfuil Séamas faoi bhrú. Tá post maith aige mar dhochtúir ach níl sé ach ag tosú amach. Thógfadh sé tamall an saibhreas a bhailiú. Tá a fhios ag an léitheoir nach bhfuil Delia sásta Londain a fhágáil agus a chur fuithi i bparóiste Chill Chordail. Ní thugann Delia tacaíocht ar bith dá fear céile agus ní thuigeann Séamus cé chomh uaigneach is atá sí sa bhaile nua. Insítear dúinn go raibh siad i ngrá agus go raibh áthas orthu uair amháin, "Thiteadar i ngrá chomh luath agus a luigh a súile ar a chéile." (lch 24). Is léir go bhfuil an grá sin fuar anois. Ní labhrann an bheirt le chéile agus fásann an t-olc eatarthu. Is beirt stuacach iad. Tá siad ina gcónaí sa tigh céanna ach tá saolta scartha acu. Tá a fhios ag an léitheoir go dtosaíonn Delia caidreamh leis an bpolaiteoir, Máirtín MacNamara, mar tá uaigneas uirthi agus níl faic le déanamh aici gach lá. Mar chúiteamh tosaíonn Séamas caidreamh leis an mbanaltra, Bríd Ní Cheannabháin. Is cosúil le cúpla páiste iad! B'fhéidir go bhfuil grá eatarthu fós ach b'fhéidir go bhfuil siad ró-stuacach chun é a chur in iúl dá chéile. Níl an léitheoir cinnte. B'fhéidir nach raibh an grá eatarthu ceart ón tús. Níl na freagraí ann. Tá sé deacair a chreidiúint gur dhúnmharaigh Séamas a bhean chéile. Is rud scanrúil é gur fhás an t-olc go dtí nach raibh eatarthu ach fuath.

Is léir go bhfuil Pádraig Ó Cléirigh agus a bhean chéile, Neans an-sásta le chéile. Tá siad compordach i bhfochair a chéile. Nuair a théann Neans go dtí an t-ospidéal tá eagla ar Phádraig. Is léir go bhfuil grá dílis eatarthu. " 'Tá mo chroí imithe an bóthar soir léi.' " (lch 100). Is grá láidir an grá atá eatarthu. Tugann siad tacaíocht dá chéile. Nuair a theipeann a mba sa scrúdú T.B. tá siad buartha ach nuair a theipeann ar shláinte Neans, tuigtear dóibh go bhfuil an tsláinte i bhfad níos tábhachtaí ná rudaí saolta. Tá a fhios ag an léitheoir gur caidreamh buan an caidreamh atá eatarthu. Ní throideann siad ach labhrann siad le chéile an t-am ar fad. Tá meas eatarthu. Nuair a théann Pádraig go tigh tábhairne Julia Fitz, téann Neans in éineacht leis. Déanann siad na rudaí tábhachtacha le chéile. Ní lasfaidh an grá idir Pádraig agus Neans aon tinte ach seasann sé na blianta.

Tá grá dílis idir John Walters agus Treasa Ní Liatháin. Is baintreach í Treasa agus is baintreach fir é John. Nuair a bhuaileann siad le chéile ar dtús i dtigh tábhairne Julia Fitz, tá ceimic eatarthu. Tar éis tamaill gearr is lánúin iad. Tugann John aire do Threasa nuair atá sí an-tinn. Is léir go bhfuil an caidreamh idir John agus Treasa cosúil leis an gcaidreamh idir Pádraig agus Neans. Is grá compordach daingean é. Tá a fhios ag an léitheoir go bhfuil fíorghrá eatarthu nuair a insíonn John a rún do Threasa. Tá muinín aige aisti agus tá meas aige uirthi chomh maith leis sin. Tá a fhios ag an léitheoir gurb olc an rún ach seasann Treasa taobh leis cé go bhfuil seans ann go mbeidh an bheirt acu i ndainséar go dtí lá a mbáis. Sin fíorghrá.

## *Greenhorn*

Tuigeann an léitheoir go raibh Muiris Ó Fiannachta agus Máire Ní Mháille geallta lena chéile. Nuair a théann Muiris go Meiriceá, casann sé a dhroim ar Mháire.

Tosaíonn sé ag dul amach le Róisín Ní Neachtain agus tosaíonn sé caidreamh le Sofia Campabasso chomh maith leis sin. Tá Máire bhocht tréigthe ag a leannán agus tá a croí briste. Níl aon dabht go raibh sí i ngrá leis agus go raibh sí dílis dó. Ach cad faoi mhothúcháin Mhuiris? I rith an úrscéil braitheann an léitheoir gur cuma leis faoi Mháire. Ceapaimid go ndéanann sé dearmad glan uirthi. Ach ag deireadh an úrscéil, nuair atá Muiris ag fáil báis is ainm Mháire an t-ainm a ghlaonn sé amach. ' " A....Mháire Ní Mháille....Tá grá agam duit....Next stop is your's, Greenhorn!" ' (lch 319). Níl an léitheoir cinnte an bhfuil Muiris i ndáiríre. B'fhéidir go bhfuil sé i ngrá le Máire fós cé gur thréig sé í ach b'fhéidir nach bhfuil. Tuigeann an léitheoir go raibh sé ar intinn ag Muiris dul go dtí An Astráil chun Máire a fháil ach ní an grá a spreagann sé mar caitheann sé éalú óna fhadhbanna i Meiriceá. Táimid cinnte, áfach, gur theastaigh uaidh Máire a bheith taobh leis in am an ghátair. Ar léibhéal éigin tá grá aige di.

Tuigeann an léitheoir go raibh Róisín an-tógtha le Muiris. Bhí sise i ngrá leis freisin. Bhuail Muiris lena tuismitheoirí agus braithimid go raibh Róisín ag súil le fáinne. Bhí cion ag Muiris do Róisin. Níl aon dabht faoi sin. Bhí sé i gcónaí ag iarraidh í a chur ar a suaimhneas, ' "A Róisín, a ghrá gil mo chroí, is tusa an t-aon bhean amháin istigh im chroíse...' (lch 176). Is fear leithleasach é. Tá sé i gcaidreamh le Sofia chomh maith. Tá trua againn do Róisín nuair a fhaigheann sí amach cén sórt fir atá ann. Tá an cailín bocht scriosta. Cheap sí go raibh aithne aici air ach ní raibh. Is léir go bhfuil a croí briste. Nuair a thagann deireadh an chaidrimh, feicimid cáilín eile atá scriosta ag Muiris Ó Fiannachta ach braithimid nach bhfuil Muiris ró-bhuartha fuithi. Tá seisean ag déanamh pleananna chun Máire a fháil cheana féin.

Ag deireadh an úrscéil, tá a fhios ag an léitheoir go bhfuil Sofia ag iompar clainne agus gurb é Muiris athair an linbh. Tá sí ar bís nuair a gheallann Muiris di go bpósfaidh sé í ach an bhfuil sí i ngrá leis? Is bean fhuar í. Chas sí a droim ar Tony Coralli gan smaoineamh ar bith. Teastaíonn fear céile uaithi anois mar tá sí ag súil le páiste. Ní theastaíonn an scannal uaithi bheith ag iompar clainne gan a bheith pósta. Táimid cinnte nach bhfuil Muiris i ngrá léi. Gheall sé di ach bhí sé ag insint bréag. Bhí sé ar tí feall a dhéanamh uirthi. Bhí a fhios aige go mbeadh sé imithe An Satharn ina dhiaidh sin ach níor inis sé an fhírinne do Sofia. Bhí sé chun Sofia a thabhairt don F.B.I ar phláta ach d'fhág sé í dall ar sin chomh maith. Táimid cinnte nach raibh idir Muiris agus Sofia ach drúis. An raibh grá i gcroí Mhuiris ar chor ar bith? Ghortaigh sé triúr ban ar shlí amhain nó ar shlí eile ach ar bhraith sé aon aiféala?

## *Lilí Frainc*

Bhí Frainc Ó Súilleabháin agus a bheam chéile, Sinéad pósta le dosaen bliain. Nuair a cheannaigh siad a ngábháltas ó Lord Harrington, bhí áthas an domhain orthu. Insítear dúinn nach raibh páiste ar bith acu agus ó am go ham bhí Frainc buartha faoi sin. Níor lig sé an bhuairt as áfach mar ní raibh sé ag iarraidh Sinéad a ghortú. Is léir go raibh an-mheas aige uirthi agus gurbh aoibhinn leis í. Nuair a ionsaíodh agus a éigníodh Sinéad tá an bheirt acu scriosta. Tá náire ar Shinéad roimh Fhrainc, ' "A Mhéibhín," arsa Sinéad agus deora lena súile, "Conas a bhead in ann luí le hais m'fhear céile anocht?...' (lch 47). Tá Frainc trína chéile. Tá fearg an domhain air gur ghortaigh beirt fhear a bhean chéile chaoin. Tá trua aige di mar b'ionsaí gránna é, agus tá sé faoi bhrón mar tá a fhios aige go bhfuil Sinéad gortaithe. Tá Frainc agus Sinéad i ngrá le chéile. Is grá fíreanta é. Tugann Frainc tacaíocht di. Insíonn sé di gurb í grá a chroí. Tá sé ar bís nuair a fhaigheann sé amach go bhfuil siad ag súil le leanbh. Níor tháinig

Sinéad ar ais chuici féin, áfach. Rugadh leanbh álainn dóibh ach fuair Sinéad bás. Braitheann an léitheoir go bhfuair sí bás mar briseadh ar a sláinte agus ar a spiorad nuair a ionsaíodh í. Maireann sí go dtí go dtugann sí páiste do Fhrainc. Piocann sí Lilí mar ainm don leanbh mar ba mhaith le Frainc an t-ainm sin. ' "Is maith le Frainc an ainm Lilí" ' (lch 62). Titeann saol Fhrainc as a chéile nuair a fhaigheann sé amach go bhfuil Sinéad marbh. Tá lionndubh air. "...Ach thugas grá mo chroí duit!' " (lch 68). Braitheann an léitheoir go bhfuil an t-ádh le Frainc go bhfuil an páiste fágtha aige mar bheadh uaigneas an domhain air gan í.

Nuair a fhásann Lilí Ní Shúilleabháin suas, buaileann sí le Séamas Ó Baoill. Níl Lilí ach cúig bliana déag d'aois ach tá Séamas fiche bliain d'aois. Is léir go bhfuil grá dílis idir an bheirt. Nuair a fhaigheann Frainc bás is dílleachta Lilí. Tugann Séamas tacaíocht do Lilí ag an tsochraid. "Bhí Séamas Ó Baoill ag tarrac an phórtair agus á riar, agus san am céanna ag coiméad súil ar Lilí." (lch 136). Nuair a bhog Séamas istigh i dtigh Lilí bhí sé ar intinn aige aire a thabhairt di. Bhí sé i ngrá léi. Ní raibh sé ag iarraidh buntáiste a bhreith uirthi. Chuaigh sé le seans lena cháil agus tar éis tamaill gearr bhí na Gardaí ar a thóir. Bhí an-bhrón ar an mbeirt nuair a bhí ar Shéamas dul ar imirce go Sasana. Ba chailín óg í Lilí ach thuig sí nach raibh rogha eile acu. Bhí a fhios aici go bhfeicfeadh sí é arís. Bhí muinín acu as a chéile. Nuair a thugann Séamas an fáinne do Lilí i Sasana tá a fhios acu go mairfidh an grá eatarthu go deo. Faraor, ní bhfuair siad an deireadh oiriúnach. Faigheann Séamas bás san arm. Tuigeann an léitheoir go raibh lionndubh ar Lilí tar éis bháis a grá. Bhí sí ina haonar sa domhan. Ní dhearna sí dearmad air. Lig sí aisti go raibh sí ag teacht chuici féin ach ní raibh. Cuireann Lilí lámh ina bás féin mar níl sí in ann a saol a chaitheamh gan Séamas.

## 2.3 Téama an Fhoréigin agus an Fhill

Tá na ceithre húrscéalta atá scríofa ag Maidhc Dainín Ó Sé lán ceilge, foréigin agus fill. Feicimid dúnmharú, éigniú, dúmhál, fuadach, gadaíocht, drugaí, adhaltranas agus bréaga iontu. Tá an mhaith agus an t-olc le feiceáil i ngach ceann de na húrscéalta. Tá íobartach agus coirpeach i ngach ceann acu chomh maith. Uaireanta is é an íobartach an buaiteoir sa troid idir maith agus olc. Uaireanta eile faigheann an coirpeach an lámh in uachtar.

### *Tae le Tae*

Is coirpeach Seán Ó Cathasaigh. Braitheann an léitheoir nach bhfuil mothúchán ar bith ina chorp. Insítear dúinn go bhfuair Jimí Tom Muiris bás nuair a thit sé le haill na blianta ó shin agus bhí na Gardaí in amhras gur thimpiste a bhí ann. Cheap siad gur dhúnmharaigh Seán Ó Cathasaigh é ach bhí easpa fianaise ann. Is féidir gur dúnmharfóir é Seán. Táimid cinnte nach fear macánta é ar aon nós. Nuair a cheannaíonn Piaras an fheirm ó Jim an tSaorsaigh, tá Seán ar buile. Theastaigh an fheirm uaidh. Thóg Piaras agus Séamas claí teorainn idir feirm Phiarais agus feirm Sheáin. Bhí Seán ar buile faoi sin mar bhí sé ag ligint a chaora isteach i bpáirc Phiarais chun a mbolg a líonadh. Theastaigh díoltas ó Sheán ansin agus theastaigh an pháirc uaidh chomh maith. Is fear an-chliste é. Thug sé airgead do Phádraig agus Traolach Ó Beaglaoich chun an claí a scriosadh. ' " Beidh orm féin agus Mícheál bheith in áit phoiblí go mbeidh finnéithe againn" ' (lch 100). Chomh maith leis sin, d'inis an Cathasach do na Gardaí go raibh sean-stil i mbothán Phiarais agus go raibh Piaras aag déanamh poitín. Bhí sean-stil ann gan dabht ach bhí sé ann ó na sean-

laethanta. Bhí ar Phiaras dul go dtí an chúirt sa Daingean agus bhí air céad is caoga punt a íoc tar éis lá na cúirte. Is léir go raibh a fhios ag Seán cad a bhí á dhéanamh aige.

Tuigeann an léitheoir gur theastaigh saibhreas ó Sheán. Bagraíonn sé ar Shéamus mar tá Séamus agus a iníon, Máire, ag dul amach le chéile. Níl feirm ag Séamus. Is buachaill aimsire é. Níl Seán sásta faoi sin ar chor ar bith. ' "Ná feicim go deo i ngaire ná i ngabhar m'ínine tú, nó séidfead an ceann duit le raidhfil atá aige baile agam!" ' (lch 69). Níl scanradh ar Shéamus roimh Sheán ach tá imní air faoi Mháire. Táimid cinnte gur bhuail an Cathasach í uair amháin ar a laghad. Bhí marc in aice a súile agus d'admhaigh Máire go bhfuair sí an marc óna hathair. Tuigimid gur fear dainséarach é Séan. Nuair a dhéanann sé cleamhnas do Mháire le Seosamh Ó Ceannabháin, tá sé an-sásta leis féin mar fear saibhir is ea Seosamh. Is cuma leis gur fear méanaosta é Seosamh. Ar shlí, díolann sé a iníon. Tá sé leagtha ar an gcleamhnas a dhéanamh ach tá a fhios aige gur fadhb Séamus. Tá plean eile aige. Is coirpeach Paidí na gCearc. Tugann Seán airgead dó chun Séamus a chur faoi ghlas go dtí déanach Máirt Inide. Faoin am sin bheadh Máire pósta le Seosamh. Is fear neamhthrócaireach é Seán ach tá sé an-chliste chomh maith. Braithimid faoiseamh mar teipeann ar an bplean. Éalaíonn Séamus roimh lá an phósta. Téann sé go tigh Mháire agus éalaíonn sí leis. Bhí anbhá ar an gCathasach mar bhí Seosamh ar buile, "...bhí an fógra curtha amach ag Seosamh Mór go ndéanfadh sé corp dó dá dtrasnódh sé a chasán go deo." (lch 219). In *Tae le Tae* is í an mhaith an buaiteoir. Teipeann ar an olc. Caitheann Máire agus Séamus saol sona le chéile. Caitheann an Cathasach claí teorainn Phiarais a dheisiú mar tá fianaise ag na Gardaí an babhta seo. Fuair Seán Ó Cathasaigh stróc dhá bhliain

ina dhiaidh sin agus fágadh é mar othar. B'fhéidir go raibh Jimí Tom Muiris ag baint díoltas amach air ón taobh eile!

## *Dochtúir na bPiast*

Tá a fhios ag an léitheoir gur éignigh an Sceilpear Ó Coileáin Delia Uí Chaoimh ach gur dhúnmharaigh Séamas Ó Caoimh í. Ba choireanna úafásacha iad agus tá an Sceilpear ciontach san ionsaí gnéasach gan dabht. Ach faightear ciontach sa dúnmharú é chomh maith. D'admhaigh sé go ndearna sé dúmhál ar Delia Uí Chaoimh agus gur éignigh sé í ach tá sé daingean nach ndearna sé an dúnmharú. Ní chreideann an giúiré é áfach, agus faigheann sé príosún saoil ar an dúnmharú. Tá ionadh an domhain ar an léitheoir ar a chloisint sin. Níl an breithiúnas féaráilte ar chor ar bith. Is é an Dochtúir Ó Caoimh an dúnmharfóir. Éalaíonn Séamas gan phionós ar bith. Ar shlí éigin tá trua againn don Sceilpear. Ar bhealach amháin is íobartach é an Sceilpear chomh maith. Ba thrap é. Bhí a fhios ag Séamas go raibh an Sceilpear ag iarraidh dúmhál a dhéanamh ar Delia agus go raibh sé ag bualadh léi sa bhóithrín an oíche sin. Bhí Séamas ag fanacht leo ann. Ba dhúnmharú réamhcheapaithe é. Is fear cliste é. Dúnmharaíonn sé a bhean chéile féin le barra iarainn ach tá sé ag caitheamh lámhainní. Ansin cuireann sé an barra iarainn i lámh an Sceilpir. Rinne Ó Caoimh an dúnmharú ach faigheann an Sceilpear an pionós. Ba choirpeach an Sceilpear gan dabht agus rinne sé gníomh gránna ach d'admhaigh sé é agus fuair sé sé bhliain i bpriosún ar an éigniú. Ní fhaigheann an léitheoir faoiseamh ag deireadh an úrscéil mar níl sé/sí sásta leis an mbreithiúnas. Is dócha nach raibh an Sceilpear sásta leis ach an oiread.

Bhí scéim neamheiticiúil neamhdhleathach ar siúl ag an Dochtúir Ó Caoimh san ospidéal. Bhí an Bord Sláinte chun an ospidéal a dhúnadh. Ní raibh Séamas sásta faoi sin mar bhí obair an ospidéil ag teastáil uaidh. Sna daicheadaí b'ospidéal T.B. Ospidéal Bhaile Uí Choirín. Bhí plean ag Séamas. D'inis sé dá othair go raibh T.B. acu agus bhí X-gathanna bréagacha aige a thaispeánfadh T.B. Cheap Neans agus Treasa go raibh T.B. acu. Bhí siad trína chéile mar bhí orthu fanacht san ospidéal ar feadh tamaill fhada. Bhí muinín ag na hothair as an dochtúir. Níor cheap siad go raibh sé ag insint bréag dóibh. Nuair a fhaigheann siad an fhírinne amach tá fearg agus ionadh orthu. Ní raibh ach fliú cosúil le fliu Hong Cong orthu. " 'Ní chreidim go ndéanfadh aon Chríostaí a leithéid le daoine,' arsa Neans" (lch 183). Ba choir chruálach é ach ní fhaigheann an dochtúir pionós féaráilte. Baineadh an t-ospidéal de agus ní bheadh sé in ann post a fháil in aon áit laistigh de limistéir Bhord an Deiscirt, ach níor thóg an Bord an ceadúnas dochtúra uaidh mar bhí trua acu dó faoi dhúnmharú a mhná chéile. Bhí an Dochtúir Séamas Ó Caoimh an-sásta leis féin ag deireadh an úrscéil. Bhí a bhean chéile chrosta imithe ar shlí na fírinne. Bhí a cheadúnas dochtúra aige fós. Fuair an Sceilpear Ó Coileáin an pionós ar an dúnmharú. Is léir san úrscéal seo gurb é an t-olc an buaiteoir. D'éalaigh Séamas ón dlí agus braithimid go raibh sé ag magadh faoi.

## *Greenhorn*

Nuair a thosaíonn Muiris ag obair le clann Champabasso, casann sé a dhroim ar an saol macánta. Tá a fhios aige go bhfuil an *Mafia* measctha suas i ngnóthaí neamhdhleathacha ach is cuma leis mar teastaíonn saibhreas agus cumhacht uaidh. Tuigeann an léitheoir go dteastaíonn ó Sam Campabasso dul i dtreo gnóthaí dleathacha ach nuair a théann sé amach ar phinsean, fágtar Sofia mar cheannaire an

chomhlachta. Ní aontaíonn Sofia lena hathair ar chor ar bith. Teastaíonn saibhreas uaithi agus tuigeann sí go bhfuil sé éasca airgead ollmhór a dhéanamh i ngnó na ndrugaí. Nuair atá a hathair imithe amach ar phinsean, tá an chumhacht go léir aici. I dtamall gearr tá baint ag clann Champabasso le drugaí. Tuigimid go bhfuil Muiris measctha suas leis an ngnó seo freisin. Iompraíonn sé drugaí ón gColóim go Chicago don chomhlacht. Tá a fhios aige nach bhfuil sna drugaí ach trioblóid ach is cuma leis mar faigheann sé pá mór óna chuid oibre. Tá a fhios ag an léitheoir go bhfuil Muiris measctha go diamhair le clann Champabasso. Tá gnó tábhachtach an chomhlachta ar eolas aige. Tá caidreamh aige leis an gceannaire, Sofia. Ag deireadh an úrscéil tá Sofia ag súil lena pháiste. Níl sé macánta ar chor ar bith. Nuair a bheireann an F.B.I. ar Mhuiris, braithimid nach bhfaigheann sé pionós féaráilte uathu. Tá siad cinnte go raibh sé ag iompar drugaí ach ligfidh siad saor é má scaoileann sé rúin an chomhlachta uaidh. Tuigimid go bhfuil an F.B.I. ar thóir na gcoirpeach móire ach braithimid go raibh páirt mhór ag Muiris san aicsean. Ní raibh sé ag díol na ndrugaí ar an tsráid. B'fhear cumhachtach agus tábhachtach é sa chomhlacht. Bhí sé ag iompar na ndrugaí ón gColóim. Braithimid gurbh é ceann de na príomhchoirpigh ach tugann an F.B.I seans dó a shaol a thosú arís. Nílimid sásta leis sin. Ceapann an F.B.I. nach bhfuil stádas ar bith ag Muiris sa *Mafia*. "Caithfir a thuiscint ná fuil i Muiris Ó Fiannachta ach an runga is ísle i ndréimire an Mafia." (lch 233). Níl an léitheoir den tuairim chéanna áfach. Tuigeann an léitheoir nach bhfuil an t-eolas go léir ag an F.B.I. Tá a fhios acu go raibh sé ag iompar drugaí. Is léir go gceapann an F.B.I. gurb amadán é Muiris. Tuigimid nach bhfuil an ceart acu. Ní dhéanann siad tagairt don tslí a dhúnmharaigh Muiris triúr ó *Mafia* na nÉireannach. Bhí sé ann an oíche sin nuair a bhí Sam Campabasso agus a iníon, Sofia, ag bualadh le Pádraig Bradley. Bhí sé ann leis na coirpigh mhóra – Reno Rossi agus Tony Corrali. An raibh a fhios ag an F.B.I.

faoi sin? Nílimid cinnte ach is dócha nach raibh. Tá difríocht idir an dá choir – ag iompar drugaí agus dúnmharú. Braithimid gur mheas an F.B.I Muiris faoina luach. Bhí sé i dteagmháil leis na coirpigh mhóra i gcónaí – Sofia Campabasso, Reno Rossi, Tony Corrali agus fiú Pádraig Bradley. Bhí tallann aige. Bhí sé in ann daoine a chur faoi draíocht. Bhí muinín ag clann Champabasso as agus bhí muinín ag Pádraig Bradley , ceannaire *Mafia* na nÉireannach as. Bhí Muiris in ann daoine a úsáid i ngan fhios dóibh. Nuair a bheireann an F.B.I air, is é Muiris a phiocann téarmaí an mhargaidh. Is fear cliste é agus tá sé in ann an comhlacht agus an F.B.I. a láimhseáil. Tuigeann an léitheoir go ndúnmharaítear Muiris ag deireadh an úrscéil. Cad a tharlódh dá mairfeadh sé agus dá rachadh sé go dtí an Astráil? An aistreodh sé? Ní dóigh linn é. Ba choirpeach é. Ní raibh coinsias ar bith aige. Ba choirpigh clann Champabasso chomh maith ach ní raibh an t-olc céanna iontu. Braithimid go ndíolfadh Muiris a mháthair féin chun airgead a fháil.

## *Lilí Frainc*

Feiceann an léitheoir éigniú san úrscéal seo. Is coir fhíorghránna í sin. Nuair atá Sinéad ag siúl síos an bhóthair, tá sí go sona sásta. Ceapann sí go bhfuil sí ag súil le leanbh agus tá áthas uirthi. Tá sí ag dul go dtí an dochtúir chun bheith cinnte go bhfuil an ceart aici. Nuair a bhuaileann sí le Dónal agus Seoirse Ellis, tagann scanradh uirthi. Insítear dúinn go raibh an bheirt acu ar dheargmheisce. Ionsaíonn siad Sinéad agus éigníonn siad í. Fágann siad í i mbothán ansin agus í leathmarbh. Braithimid nach ndéanfadh ainmhí allta a léithéid. Ba ghníomh gránna é agus tá déistin ar an léitheoir. Nuair a thagann an dochtúir aontaíonn sé le breithiúnas an léitheora. ' "Im bhlianta mar dhochtúir, ní fhaca riamh gníomh chomh barbartha déanta ar bhean.' (lch 23). Nuair a théann an Garda go tigh Ellis, labhrann sé le Dolores Ellis. Insíonn sí dó go

raibh an bheirt ag fanacht sa tigh mór léi. Bhí Ellis féin i mBaile Átha Cliath. Is léir go raibh scanradh ar Dolores roimh an mbeirt agus go raibh faoiseamh uirthi go raibh siad imithe. Nuair a chloiseann sí cad a rinne siad tá úafás uirthi. Tuigeann an léitheoir go ndearna an bheirt iarracht ionsaí a dhéanamh ar an gcailín aimsire ach shábháil Dolores í. Ní raibh éinne timpeall na háite chun Sinéad a shábháil áfach. Níl an léitheoir sásta mar éalaíonn Dónal agus Seoirse. Níl aon dabht ann gur oibrigh na Gardaí an-tapaidh ach bhí siad ró-dhéanach. D'éalaigh an cúpla neamhthrócaireach go hAlbain i luamh. Ar shlí dhúnmharaigh siad Sinéad mar briseadh ar a sláinte tar éis an ionsaithe agus fuair sí bás nuair a rugadh Lilí. Nuair a thagann an bheirt ar ais go hÉirinn na blianta ina dhiaidh sin níl cumas ag na Gardaí iad a chur faoi ghlas mar dódh na comhaid i dtine. Bhí Frainc ar buile agus tuigimid cén fáth. An bhfuil sé féaráilte go n-éalaíonn an bheirt gan phionós ar bith? Nuair a ionsaíonn Frainc an bheirt, faigheann sé faoiseamh ar bith agus b'fhéidir go bhfaigheann an léitheoir an faoiseamh céanna. Tá cúiteamh i gceist ach ní féidir trua a bheith againn do Dhónal agus Sheoirse Ellis.

Tá James Ellis chomh barbartha lena dheartháireacha. Nuair a fhaigheann sé amach an choir ghránna a rinne siad níl trua ar bith aige do Shinéad. Tá áthas air gur éalaigh an bheirt. Níl meas ag Ellis ar éinne. Tá a fhios ag an léitheoir nach bhfuil grá ar bith idir é féin agus a bhean chéile, Dolores. Tugann sé asacháin di agus buaileann sé í chomh maith. Tá suim aige i gcailíní óga. Tuigimid go ndearna sé iarracht dul isteach i seomra Shiobháin ó am go ham agus bhí ar Dolores í a shábháil óna mhianta cúpla babhta. Bhí an t-ádh le Siobhán mar ní raibh an seans aige ionsaí a dhéanamh uirthi. Ní raibh an t-ádh le Lilí áfach. Nuair atá Dolores as baile, éigníonn Ellis Lilí agus braithimid an déistin céanna arís. Tá James Ellis cosúil lena dheartháireacha. Ní

théann Lilí go dtí na Gardaí mar tuigeann sí go bhfuil cumhacht ag Ellis nach bhfuil aici féin. Tá sagart an pharóiste i bpóca Ellis. Ceapann muintir na háite gur slánaitheoir é. Déanann sé feall ar gach duine sa pharóiste go mórmhór ar Lilí. Nuair a thógann sé Lilí faoina dhíon féin mar chailín aimsire, tá a fhios aige cad atá a dhéanamh aige. Ar shlí is leis í. Tá sé in ann éigniú a dhéanamh uirthi agus a talamh a fháil le tacaíocht an tsagairt. Tá déistin ar an léitheoir. Ní fhaigheann Ellis pionós ón dlí ach baineann Lilí díoltas amach air. Tuigeann an léitheoir go bhfuil Lilí searbh mar ghoid Ellis gach rud uaithi ach tá ionadh air/uirthi nuair a dhúnmharaíonn sí Ellis. Ba bhean chaoin í Lilí ach rinne Ellis an iomarca dochar di. Teastaíonn díoltas uaithi agus faigheann sí é. Bhí clabhsúr á lorg aici agus ag an léitheoir agus faigheann siad é.

## 2.4 Téama na Sainte

Is ceann de na peacaí marfacha í an tsaint. Pléitear an tsaint i ngach ceann de na ceithre húrscéalta seo. Is téama an-tábhachtach é. Titeann na heachtraí gránna sna húrscéalta amach mar gheall ar an tsaint. Nuair atá na carachtair olc tá siad an-olc. Tá siad toilteanach aon rud a dhéanamh chun an tsaint a shásamh. Feiceann an léitheoir dúnmharú, éigniú, gadaíocht, drugaí, fuadach agus dúmhál sna húrscéalta seo agus is í an tsaint an fhréamh. Fásann an t-olc ón tsaint agus tá na hiarsmaí fíorghránna.

### *Tae le Tae*

Is fear santach Seán Ó Cathasaigh. Braithimid go ndéanfadh sé aon rud chun airgead agus talamh a fháil. Insítear dúinn gur cheannaigh Jimí Tom Muiris beithíoch dortha faoi chaincín an Chathasaigh ar aonach an Daingin uair amháin. Theastaigh an

beithíoch ó Sheán agus bhí an margadh beagnach déanta aige nuair a tháinig Jimí agus cheannaigh sé é . Seachtain ina dhiaidh sin bhí Jimí marbh. Thit sé le haill agus cheap na Gardaí gur chabhraigh an Cathasach leis ach bhí easpa fianaise ann. Ar mharaigh Seán Ó Cathasaigh Jimí mar gheall ar an mbeithíoch? Tá leid ann gur mharaigh. Tá sé beagnach dochreidte ach nuair a fheiceann an léitheoir na rudaí a dhéanann an Cathasach i rith an úrscéil chun a shaint a shásamh creideann sé/sí gur féidir gur mharaigh sé Jimí Tom Muiris.

Nuair a fhaigheann Seán amach go bhfuil an Saorsach ag éirí as an bhfeirmeoireacht, feiceann sé seans chun feirm a cheannach gan an iomarca airgead a chaitheamh. Tosaíonn an Cathasach ag ceannach deochanna don Shaorsach mar teastaíonn ó Sheán go mbeidh an Saorsach ar meisce. Ansin tairgeann sé sé chéad punt dó ar an bhfeirm agus insíonn sé dó go dtógfaidh sé an Saorsach féin agus a bhean chéile faoina dhíon féin. Ach bhí an Saorsach ró-chliste dó. Tógann sé na deochanna uaidh ach ag an am céanna tá a fhios aige cad atá á dhéanamh ag an gCathasach. Insíonn sé dó go mbeidh sé ag cur an fheirm ar ceaint. Níl Seán ró-shásta faoi sin. Tá a fhios aige go bhfuil suim ag Piaras san fheirm chomh maith agus go méadóidh ar an bpraghas mar gheall ar sin.

Tuigimid gur cheannaigh Piaras an fheirm. Bhí Seán Ó Cathasaigh ar buile. Theastaigh féar breise uaidh agus lig sé a chaora féin istigh i bpáirc Phiarais. Nuair a thóg Piaras claí teorainn idir an dá pháirc, bhí fearg ar Sheán agus ghlaoigh sé ar na Gardaí. Ní raibh cás ar bith aige mar níor bhris Piaras an dlí agus thug an Garda amach do Sheán. Cad a ndearna Seán ansin? Ar thóg sé páirc ó éinne ar cíos? Níor thóg. Bhris sé féin an dlí chun an féar a fháil saor in aisce. Thug sé airgead do

Phádraig agus Traolach Ó Beaglaoich chun an chlaí a scriosadh. Nuair a theip ar an bplean sin, bhí air a intinn a dhíriú i dtreo eile chun saibhreas a bhailiú. Tuigimid go raibh air trian dá chaora a dhíol chun an chlaí a dheisiú. Tá a fhios ag an léitheoir go ngoillfeadh an pionós sin go mór air.

Bhí a fhios ag Seán go raibh a iníon, Máire, ag dul amach le Séamus agus ghoill sin go mór air chomh maith. Bhí na hacraí in easnamh ag Séamus. Tuigeann an léitheoir go ndéanann Seán cleamhnas do Mháire le Seosamh Mór. Tá Seosamh leathchéad bliain ach is cuma le Seán. Tá feirm ag Seosamh agus sin an rud is tábhachtaí. Feicimid Máire agus í ag gol. Tá scanradh uirthi. Tá a fhios ag Seán go bhfuil Máire trína chéile agus go bhfuil a croí briste ach is cuma leis. An bhfuil grá ar bith aige dá iníon féin? Braitheann an léitheoir nach bhfuil. Is cosúil le beithíoch í ina intinn agus is leis í. Má "dhíolann" sé Máire le Seosamh beidh an Cathasach in ann greim a fháil ar fheirm Sheosaimh. Tá dúil aige sa talamh agus san airgead. Is é an saibhreas an rud is tábhachtaí ina intinn agus dhéanfadh sé aon rud chun a shaint a shásamh.

## *Dochtúir na bPiast*

Is daoine santacha iad Séamas Ó Caoimh agus a bhean chéile, Delia. Is as teaghlach saibhir í Delia agus tá dúil aici sa shaibhreas. Níl aon rud eile ar eolas aici. Nuair a thagann an bheirt go paróiste Chill Chordail, níl Delia sásta. Nuair a fheiceann sí an t-árasán tá déistin uirthi. " 'Scríobhfad go dtí mo mhuintir anocht agus geobhad iasacht airgid uathu le cur síos ar thigh de dhealramh." (lch 28). Tá a fhios ag an léitheoir go bhfaigheann Delia iasacht óna tuismitheoirí agus go gceannaíonn an bheirt tigh Lord Harrington. Ní raibh sí sásta fanacht ar feadh tamaill agus seans a thabhairt do Shéamas an t-airgead a thuilleamh. Theastaigh an saibhreas uaithi go díreach.

Bhí an Bord Sláinte ag iarraidh an t-ospidéal a dhúnadh. Ní raibh Séamas sásta faoi sin. Theastaigh obair an ospidéil uaidh chun é féin agus a bhean chéile a choimeád ar mhuin na muice. Nuair a insíonn sé dá othair go bhfuil T.B. acu, tá ionadh ar an léitheoir. Ar dtús níl a fhios aige/aici cad atá ar siúl aige. Ach nuair atá an t-ospidéal lán go doras agus nuair a fhágtar an t-ospidéal ar oscailt, tuigimid. Is plean cliste é. Creideann na hothair é agus ansin tá siad toilteanach fanacht san ospidéal. Ní bheadh an Bord Sláinte in ann an t-ospidéal a dhúnadh dá mbeadh sé lán. Feicimid an loighic ach tá sé deacair a chreidiúint go ndéanfadh éinne é sin d'éinne eile. Tiománann saint a mhná chéile agus a shaint féin Séamas. Ar dtús bhí sé ag iarraidh í a shásamh leis an tigh mór agus an saol sóisialta gnóthach ach ag deireadh an úrscéil ní shin an cás mar is cuma leis fuithi mar tá sí i gcaidreamh le Máirtín MacNamara. Ní thugann Séamas ach céad punt sa tseachtain di. Is léir go dteastaíonn na rudaí saolta ó Shéamas féin ag an bpointe seo. Sin an fáth a chuireann sé a phlean cruálach i gcrích. Tá sé toilteanach a othair a ghortú mar gheall ar a shaint féin.

Tuigeann an léitheoir gur iascaire é an Sceilpear ach tuigimid gur fear leisciúil é chomh maith. Is léir go dteastaíonn uaidh an saibhreas a bhailiú ar shlí éasca. Tá a fhios aige go bhfuil an saibhreas ag Séamas agus Delia. Socraíonn sé ar ghadaíocht a dhéanamh ar an tigh mór. Bhrisfeadh sé istigh i dtigh Shéamais agus Delia agus ghoidfeadh sé a bpéintéarachtaí. Ansin dhíolfadh sé iad. Ba an-phlean é ach níor shaineolaí an Sceilpear. Ghoid sé na péintéarachtaí ach ní raibh siad luachmhar ar chor ar bith! Bhí an Sceilpear toilteanach an ghadaíocht a dhéanamh chun a shaint a shásamh ach theip ar an bplean.

Ní chuireann an eachtra sin stop ar shaint an Sceilpir. Níor fhoghlaim sé aon cheacht. Nuair a bhí sé i dtigh Shéamais agus Delia, chonaic sé Delia agus Máirtín sa leaba le chéile. Níor thuig an Sceilpear go raibh a fhios ag Séamas faoin gcaidreamh idir Delia agus Máirtín agus socraíonn sé ar dhúmhál a dhéanamh uirthi. Glaonn sé uirthi ar an teileafón agus iarrann sé trí chéad punt uirthi. Mura dtabharfadh sí an t-airgead dó scaoilfeadh sé a rún uaidh. Braithimid gur amadán ceart é an Sceilpear. Bhí an t-ádh leis nár rug Delia agus Máirtín nó na Gardaí air nuair a bhris sé isteach sa tigh mór. Anois tá sé ag iarraidh airgead éasca a dhéanamh arís agus níl sé ar eolas aige nuair atá sé ag caint le meaisín! Faigheann an Sceilpear é féin i dtrioblóid mhór mar gheall ar an dúmhál. Nuair a chloiseann na Gardaí an teachtaireacht a fhágann sé ar an meaisín, tógann siad í mar fhianaise gur dhúnmharaigh sé Delia. Braithimid nach dteastóidh an saibhreas uaidh i bpriosún.

## *Greenhorn*

Tá a fhios ag an léitheoir go bhfuil clann Champabasso an-saibhir agus go bhfuil a lán cumhachta acu. Nuair a théann Sam Campabasso amach ar phinsean is í Sofia an ceannaire. Cé go bhfuil an impireacht ar fad aici níl sí sásta. Tá níos mó saibhreas ag teastáil uaithi. Sin an fáth a chasann sí i dtreo na ndrugaí. Tá a lán airgid le fáil sa ghnó sin. Scriosann na drugaí saolta ach is cuma le Sofia faoi sin. Níl suim dá laghad aici sna daoine atá tugtha do na drugaí. Dá dtabharfadh siad an t-airgead don chomhlacht bheadh Sofia sásta. An bhfuil mothúchán ar bith inti? Braithimid nach bhfuil. Tá sí fuar go leor. Is bean chumhachtach í. Faigheann sí an chumhacht sin ón saibhreas. Teastaíonn níos mó cumhacht uaithi agus mar gheall ar sin teastaíonn níos mó saibhreas uaithi. Scriostar saolta mar gheall ar shaint na mná seo ach is cuma léi. Tá sise féin slán sábháilte ina caisleán mór.

Tá gnó neamhdhleathach eile ag clann Champabasso chomh maith. Cuireann an comhlacht brú ar ghnóthaí beaga airgead cosanta a íoc. Ar dtús bhí Reno Rossi i gceannas an ghnó sin ach ansin fuair Muiris an post. Is léir go raibh comhlacht Champabasso ag teacht i dtír ar na gnóthaí beaga. Bhí scanradh ar na daoine roimh an gcomhlacht agus mar gheall ar sin d'íoc siad an t-airgead. Ní nach ionadh go raibh scanradh orthu mar insítear dúinn go raibh gunna ag Muiris agus é ag obair.

Tuigeann an léitheoir gur fear fíorshantach é Muiris. Níl aon dabht faoi sin. Insítear dúinn go raibh sé ar intinn aige agus é ag dul ar imirce go Meiriceá saibhreas ollmhór a bhailiú. Is cuma leis cén tslí a bhailíonn sé an saibhreas. Déanfaidh sé gach rud a insíonn an comhlacht dó mar níl suim dá laghad aige sa tslí cheart. Tá sé toilteanach an dlí a bhriseadh má íocann an comhlacht as. Is fear fuar é. Tá sé sásta brú a chur ar dhaoine an t-airgead cosanta a íoc. Nuair a insíonn an comhlacht dó go mbeidh sé ag iompar drugaí, tá sé sásta é sin a dhéanamh chomh maith. Ní féidir an fear seo a chroitheadh ar chor ar bith. Tiománann an tsaint é. Níl ar intinn Muiris ach an t-airgead. Nuair a bheireann an F.B.I. air tá a phort seinnte ach ní stopann sé. Déanann sé iarracht na drugaí atá á iompar aige do chlann Champabasso a dhíol do *Mafia* na nÉireannach! An bhfuil sé as a mheabhair? Tuigeann an léitheoir gur comhlacht dainséarach é comhlacht Champabasso agus tá Muiris ag iarraidh feall a dhéanamh orthu anois. Tá sé dóchreidte. Braithimid gur amadán é Muiris. Dá n-éalódh sé lena shaol bheadh an t-ádh leis ach tá sé ag iarraidh airgead breise a thuilleamh roimh an éalú! Nuair a insíonn Sofia dó go bhfuil sí ag súil le leanbh, ligeann Muiris as go bhfuil áthas air agus go bhfuil sé i ngrá léi. Tuigeann an léitheoir faoin am seo nach bhfuil grá ag Muiris d'éinne ach é féin. Geallann sé di agus tá Sofia ar bís. Ag an am

céanna tá a fhios aige go bhfuil sé ar tí feall a dhéanamh uirthi ach níl sé buartha fuithi. Níl sé buartha faoin bpáiste ach an oiread. Tá sé ag smaoineamh ar an seans a chaill sé féin. Dá mbeadh sé pósta le Sofia bheadh seisean ina cheannaire ar an gcomhlacht. " 'Chomh cóngarach ach anois ní tharlóidh go deo!' " (lch 296). Braithimid go bhfuil dúil mínádúrtha ag Muiris san airgead agus dúnmharaítear é mar gheall ar a chuid sainte ag deireadh an úrscéil.

## *Lilí Frainc*

Tuigeann an léitheoir gur fear saibhir é James Ellis. Tá sé ina chónaí sa tigh mór. Bhí a lán talaimh aige chomh maith. Tá a dhóthain aige ach níl sé sásta. Bhí feirm bheag dhá acra agus tríocha ag Frainc Ó Súilleabháin. Theastaigh feirm Frainc ó Ellis chomh maith. Ar dtús ní thuigeann an léitheoir cén fáth. Ach insítear dúinn go raibh cairéal ar fheirm Fhrainc. Bhí suim ag Ellis ann. Ní féidir le Ellis feirm Fhrainc a fháil mar is le Frainc í go dleathach ach nuair a fhaigheann Frainc bás i dtimpiste feiceann Ellis a sheans. Tá Lilí leochaileach ag an bpointe seo sa scéal mar níl sí ach cúig bliana déag d'aois. Tuigimid go dtógann Ellis Lilí faoina dhíon féin. Tugann an sagart agus an pobal tacaíocht dó mar ceapann siad go bhfuil sé ag cabhrú léi agus ag tabhairt aire di. Ní shin an scéal ar chor ar bith. Is cuma le Ellis faoi Lilí. Luíonn a shuim san fheirm bheag atá aici. Bhí sé ar buile nuair a d'fhág Méibhín gach rud a bhí aici do Lilí. Tuigimid gur chuir sé a chaora féin i bpáirc Mhéibhín. Bhí sé cinnte go bhfaigheadh sé an fheirm sin ar shlí amháin nó ar shlí eile. Tá a fhios ag an léitheoir go raibh sé ar buile nuair a dheisigh Frainc agus Lilí an claí teorainn. Ní thuigimid a mheon ar chor ar bith. Táimid cinnte gur fear saibhir é agus go bhfuil go leor talaimh aige. Nuair atá sé ag iarraidh feirm Lilí a fháil níl ach an tsaint i gceist. Is fear neamhthrócaireach é. Tá sé cosúil le madra rua ar thóir uain. Tá déistin ar an léitheoir nuair a fhaigheann sé

an fheirm ó Lilí. Tuigeann an léitheoir gur thóg sé an fheirm ar cíos ach ina intinn féin is leis í. Tá sé ar intinn aige grean ón gcairéal a chur ar fáil don Chomhairle Chontae. Nuair a fhaigheann Lilí amach cad atá á dhéanamh aige, téann sí go dtí a haturnae agus insíonn sí a scéal dó. Níl an t-aturnae, Seán Ó Morónaigh, sásta leis an scéal agus scríobhann sé litir bhagrach chuig Ellis. Tá Ellis ró-chliste áfach, ' "Tá léas fiche bliain agam ar chairéal a bhaint i mbun an chnoic. Beidh an talamh id sheilbh nuair a shroicfir aois a hocht mbliana déag" ' (lch 196). Tuigeann an léitheoir go bhfuil saibhreas ollmhór ag Ellis. An féidir é a shásamh ar chor ar bith? Tá sé toilteanach an saibhreas beag atá ag Lilí a ghoid uaithi. Níl trócaire ar bith ann, táimid cinnte faoi sin. Tuigimid go bhfuil Ellis ag teacht i dtír ar Lilí agus tá tacaíocht an dlí aige. Má thosaíonn sé ag tochailt sa chairéal anois agus má dhíolann sé an grean don Chomhairle Chontae cad a bheidh fágtha ag Lilí? Faigheann Ellis an saibhreas ón gComhairle Chontae agus nuair a thagann Lilí in aois, beidh an grean go léir imithe agus an t-airgead go léir i bpóca Ellis. Tá díomá ar an léitheoir mar caillfidh Lilí an saibhreas a bhí i ndán di. Ag an am céanna tá fearg ar an léitheoir mar déanann Ellis caimiléireacht ar Lilí agus ar an bpobal. Tá sé in ann gach duine a chur amú. Is amadán an sagart agus i ngan fhios dó cabhraíonn sé le Ellis an plean a chur i gcrích. Bhí a fhios ag Ellis gur fhear seanfhaiseanta an sagart. Bhí a fhios aige go mbeadh sé in ann an sagart a láimhseáil. Níl an léitheoir sásta nuair a éiríonn le Ellis saibhreas Lilí a fháil. Tá déistin air/uirthi ach braithimid gur lúb shearbh í nuair a chabhraíonn an sagart leis a shaint a shásamh.

# Caibidil 3: Ról na bhFear

Is féidir na carachtair fhireanne a ghrúpáil mar a leanas; coirpigh, laochra, fir mhaithe agus fir mhaithe a dhéanann roghanna amaideacha. Tá coirpigh i ngach úrscéal. Tá an léitheoir ar bís mar gheall ar ghníomhartha na gcoirpeach. Teastaíonn faoiseamh ón léitheoir chomh maith áfach. Sin an fáth go bhfuil na laochra ann – chun an faoiseamh seo a thabhairt don léitheoir. Tá na coirpigh i gcoinbhleacht leis na laochra. Is é an cath idir maith agus olc atá i gceist anseo. Tá an coincheap seo an-choitianta sa litríocht go ginearálta. Tugann Ó Sé seans don léitheoir féachaint ar an nádúr daonna. Tá daoine difriúla sa domhan. Níl aon duine mar an gcéanna le héinne eile. Cuireann sé pointe tábhachtach in iúl don léitheoir chomh maith leis sin – níl aon rud cinnte sa domhan seo, ní hí an mhaith an buaiteoir i gcónaí.

## 3.1 Na Coirpigh

### *Tae le Tae*

Is athair é Seán Ó Cathasaigh. Tá beirt pháiste aige, Máire agus Micheál. Is fear céile é. Tá bean chéile aige, Bríd. Is léir go bhfuil teaghlach álainn aige ach níl sé sásta. Tuigeann an léitheoir gur fear santach é Seán. Tá saol compordach aige ach tá saibhreas ag teastáil uaidh. Ar shlí is féidir é sin a thuiscint – ba mhaith le gach duine bheith saibhir ach níl an léitheoir in ann meon an fhir seo a thuiscint. Braitheann an léitheoir gur gealt é agus tá sé/sí cinnte gur fear dainséarach é. Is léir gur fuath le Seán buachaillí aimsire mar bhí sé i gcleamhnas le cailín uair amháin agus thréig sí é mar bhí sí i ngrá le buachaill aimsire. Tuigeann an léitheoir go raibh a chroí briste ach tá meon ait aige mar cuireann sé an locht ar bhuachaillí aimsire go ginearálta agus is

fuath leis buachaillí aimsire go ginearálta agus níl aon loighic leis sin. Fuair Seán bean álainn, chneasta faoi dheireadh ach níl sé i ngrá léi. Is léir go bhfuil scanradh uirthi roimhe agus tugann sé sin nod don léitheoir gur fear foréigeanach é. Tá an léitheoir cinnte faoi sin nuair a bhuaileann Seán a iníon Máire, san aghaidh. Is bullaí é Seán. Is féidir gur dúnmharfóir é Seán chomh maith. Tá a chomharsana agus na Gardaí in amhras faoi. Ceapann siad gur dhúnmharaigh sé Jimí Tom Muiris. Tá siad beagnach cinnte go ndearna sé an gníomh gránna sin ach tá easpa fianaise ann. Ba cheart go gcuirfeadh na Gardaí faoi ghlas é ach níl an fhianaise acu. Bheadh saol níos fearr ag a theaghlach dá mbeadh sé i bpríosún nó i dtigh na ngealt. Níl Seán Ó Cathasaigh in ann comhbhá a dhéanamh le haon duine. Is fear fuar é. Braitheann an léitheoir nach bhfuil croí ná mothúcháin ann. Sin an fáth go bhfuil sé chomh dainséarach, b'fhéidir. Tá sé toilteanach a iníon féin a 'dhíol' le Seosamh Ó Ceannabháin mar teastaíonn a shaibhreas uaidh féin. Treisíonn sé sin tuairim an léitheora gur fear crua é. Déanann sé iarracht feall a dhéanamh ar a chomharsana chomh maith, mar shampla, déanann sé iarracht feirm an tSaorsaigh a cheannach ar phraghas atá ró-íseal ar fad agus tugann sé airgead do Phádraig agus do Thraolach Ó Beaglaoich chun an claí a scriosadh. Níl misneach ag Seán Ó Cathasaigh. Piocann sé ar na daoine atá lag – a bhean chéile, a iníon agus a mhac. Is cladhaire é. Tá sé cosúil le nathair nimhe – snámhach agus lán de nimh.

Tuigeann an léitheoir go dtugann Seán airgead do Phádraig agus do Thraolach chun an claí teorainn a scriosadh. Rinne an bheirt an choir. Is coirpigh iad gan dabht agus insítear dúinn "Bíonn siad briste formhór a saoil agus dúil dhiamhar i bpórtar acu." (lch 98). Is léir nach bhfuil an t-olc céanna iontu is atá i Seán Ó Cathasaigh. Tá sé fíor go bhfuil siad toilteanach an dlí a bhriseadh chun airgead a thuilleamh ach tá siad

tugtha don alcól agus is féidir go raibh an t-airgead ag teastáil uathu go tapaidh. Déanann siad an gníomh agus briseann siad an dlí. Níl aon dabht faoi sin ach ag an am céanna ní raibh sé ar intinn acu éinne a ghortú. Níor cheistigh siad an Cathasach. Ní raibh an scéal ar eolas acu. Bhí an t-airgead ar a n-intinn. Ní raibh aithne acu ar Sheán agus ní raibh a fhios acu go raibh sé as a mheabhair. Thug sé an t-airgead dóibh agus rinne siad an jab. Ba ghníomh loitiméireachta é ach thug Seán Ó Cathasaigh an t-ordú dóibh.

Is coirpeach é Paidí na gCearc chomh maith. Tuigeann an léitheoir gur thug Seán airgead dó chun Séamus a choimeád faoi ghlas. Tuigeann sé/sí gur fear dainséarach é Paidí chomh maith. Is fear cruálach é. "Gan amhras, is mó rud eile ráite faoin gcríoch a chuirfeadh sé ar na cearca." (lch 177). Deirtear, dá mbeadh duine in ann ainmhithe a ghortú níl coinsias ar bith aige nó aici. Fuadaíonn sé Séamus gan imní ar bith. Cuireann sé é faoi ghlas i mbothán. Tá Séamus gortaithe go dona ach is cuma le Paidí. Tá an meon céanna ag Paidí agus ag Seán. Níl an bheirt in ann comhbhá a dhéanamh le héinne eile. Is léir gur fir fhuara iad. D'ionsaigh agus d'fhuadaigh Paidí Séamus chun airgead a thuilleamh. Braitheann an léitheoir nach bhfuil mothúcháin ar bith aige.

## *Dochtúir na bPiast*

Ar dtús ceapann an léitheoir gur fear uasal é Séamas Ó Caoimh ach ní shin an cás ar chor ar bith. Fuair Séamas tús maith sa saol. Fuair sé oideachas maith. Is dochtúir é. Is fear céile é. Tá sé pósta le Delia. Bhí saol foirfe aige. Cad a tharla dó? B'fhéidir go raibh a chroí briste mar bhí a bhean chéile, Delia, i gcaidreamh leis an bpolaiteoir, Máirtín MacNamara. Is féidir go raibh sé sin an fáth a ndúnmharaigh sé í ach ag an

am céanna níor dhúnmharaigh sé í agus é ar deargbhuile. Bhí plean aige agus d'fhan sé go dtí go raibh an seans is fearr aige. Tá an fear seo cliste. Ní raibh a chroí gortaithe, is é an t-uabhar a bhí gortaithe aige. Is léir nár thuig Séamas an t-uaigneas a bhí ar Delia. Níor labhair sé léi. Ní dhearna sé iarracht an caidreamh idir é féin agus a bhean chéile a dheisiú. Thosaigh sé féin ag dul amach leis an mbanaltra, Bríd Ní Cheannabháin. Tá sé soiléir go raibh Delia sa tslí as sin amach. Bhí Séamas ann ag faire nuair a éigníodh Delia ach níor chabhraigh sé léi. Caitheann a rá gur fear fuar é. D'ionsaigh sé í le barra iarainn agus dhúnmharaigh sé í. Níor thaispeáin sé trócaire. Níor mhothaigh sé aiféala. D'fhág sé í sa bhóithrín ar an talamh fuar salach agus d'imigh sé go Luimneach. Is léir gur fear crua dainséarach é. Ba dhúnmharú réamhcheapaithe é. Nuair a fuair an Bord Sláinte amach go raibh Séamas ag insint dá othair go raibh T.B. acu, d'úsáid sé dúnmharú a mhná chéile chun trua a fháil ón mBord. Tá Séamas in ann daoine a láimhseáil agus is rud scanrúil é sin. Éalaíonn sé ón dlí agus ní fhaigheann sé pionós ón mBord Sláinte. Is dúnmharfóir é Séamas agus tá sé an-chliste. Tá sé cosúil le madra rua – tá sé glic. Is slíbhín é.

Is coirpeach é an Sceilpear Ó Coileáin. Níl sé cosúil le Séamas Ó Caoimh áfach. Goideann sé na péintéarachtaí ó Delia agus Shéamas nuair nach mbíonn a fhios aige cé chomh luachmhar is atá siad. Ní fear cliste é. Tá an plean foirfe ach níl luach ar bith ar na péintéarachtaí! Nuair a dhéanann an Sceilpear iarracht dúmhál a dhéanamh ar Delia, ní thuigeann sé go bhfuil sé ag labhairt le meaisín! Fágann sé teachtaireacht ar an meaisín agus úsáideann na Gardaí an teachtaireacht mar fhianaise. Nuair a bhuaileann an Sceilpear le Delia sa bhóithrín, éigníonn sé í. Ní raibh sé ar intinn aige í a mharú ach níor thug sé faoi deara go mb'fhéidir go rachadh Delia go dtí na Gardaí tar éis an ionsaithe. Is amadán é. Uaireanta, ceapann an léitheoir go bhfuil greann ag

baint leis ach nuair a éigníonn sé Delia, imíonn an tuairim sin ar nós na gaoithe. Ba choir fhoréigeanach chruálach í agus taispeánann an Sceilpear don léitheoir cé chomh dainséarach is atá an t-aineolas.

Leanann Jimí Ó Dálaigh an Sceilpear timpeall na háite. Tá an-mheas aige ar an Sceilpear. Cabhraíonn sé leis nuair a bhriseann sé isteach sa tigh mór. Braitheann an léitheoir nach bhfuil dochar ann, áfach. Teastaíonn cara uaidh agus réitíonn sé go maith leis an Sceilpear. Tuigeann an léitheoir nach bhfuil Jimí dainséarach ar chor ar bith. Ba mhaith leis airgead éasca a thuilleamh ach is léir nach bhfuil dúnmharú ná éigniú ar a intinn. Tuigeann an léitheoir nach mbeadh baint ar bith ag Jimí le coir ar bith gan an Sceilpear. Níl suim aige sa saol sin i ndáiríre. " 'Ó tá's aige Dia féin ná beidh aon bhaint agam le do scéim ait,'…" (lch 69). Níl i Jimí Ó Dálaigh ach amadán.

## *Greenhorn*

Braitheann an léitheoir nach bhfuil mothúchán ar bith i Muiris Ó Fiannachta. Níl sé dílis d'éinne. Tréigeann sé a ghrá, Máire Ní Mháille, agus briseann sé a croí. Geallann sé do Róisín Ní Neachtain ach ag an am céanna tosaíonn sé caidreamh le Sofia Campabasso. Tréigeann sé na mná seo freisin. Tá triúr ban fágtha agus iad scriosta ach is cuma le Muiris. Braitheann an léitheoir gur fear neamhthrócaireach, fuar é. Tá Muiris santach agus dhéanfadh sé aon rud chun saibhreas a thuilleamh. Is rud scanrúil é sin. Tá sé toilteanach brú a chur ar dhaoine an t-airgead cosanta a íoc. Tá sé toilteanach daoine a mharú chun áit níos fearr a fháil sa chomhlacht. Tá aithne aige ar a lán daoine – fir agus mná ach níl caidreamh fíor aige le héinne. Is fear meicniúil é. Úsáideann sé na mná – bhí sé sásta bheith geallta le Máire Ní Mháille nuair a bhí sé in Éirinn ach nuair a tháinig sé go Meiriceá rinne sé dearmad glan uirthi. Thosaigh sé ag

dul amach le Róisín mar bhí a tuismitheoirí saibhir agus ní raibh aon pháistí eile sa teaghlach. Thosaigh sé ag bualadh le Sofia mar bhí a fhios aige go mbeadh an chumhacht go léir aici nuair a rachadh a hathair amach ar phinsean. Is fear cliste é Muiris. Tuigeann an léitheoir go bhfuair Muiris a shaibhreas go léir ó chomhlacht Champabasso. Bhí an comhlacht measctha suas i ngnóthaí neamhdhleathacha ach ní dhearna an comhlacht feall ar Mhuiris. Bhí rogha aige agus bhí sé toilteanach an dlí a bhriseadh agus íocadh é as an obair. Bhí an comhlacht an-flaithiúil. Thug siad postanna tábhachtacha dó agus líon siad a phócaí. Ní raibh meas ag Muiris ar an gcomhlacht, áfach. Ní raibh sé dílis don chomhlacht. Nuair a rug an F.B.I. air rinne sé feall ar an gcomhlacht. Thug sé eolas don F.B.I. faoina 'chairde'. Rinne sé iarracht caimiléireacht a dhéanamh ar an gcomhlacht. Bhí sé ar intinn aige drugaí Champabasso a dhíol leis an *Mafia* Éireannach. Tá an fear seo dochreidte i ndáiríre. Tuigeann an léitheoir gur coirpeach é ach níl sé dílis dá chomhoibrithe sa chomhlacht. Is fear fuar leithleasach é agus sin an fáth go bhfuil sé chomh dainséarach.

San úrscéal seo is iad na comhlachtaí fréamh an oilc. Tá dhá chomhlacht i gceist – comhlacht Champabasso agus comhlacht Bhradley. Tá na comhlachtaí measctha suas i ngnóthaí neamhdhleathacha, mar shampla, an t-airgead cosanta agus drugaí. Is coirpigh chrua iad sna comhlachtaí – Reno Rossi, John Fontano, Lefty Pistano, Tony Corrali, Sam Campabasso, Butcher Mangano, Johnny Bonano, Pincher Galliano, Bob Rolder, Charles Petiet, Pádraig Bradley, Mike Lawlor, Seán Standún, Mac Aodha Bhuí agus Tomás Ó Muirthile. Tá siad go léir toilteanach an dlí a bhriseadh. Tá siad go léir toilteanach daoine soineanta a ghortú mar gheall ar an saibhreas. Ar shlí amháin, níl an t-olc céanna iontu is atá i Muiris. Tá cód eatarthu. Tá siad dílis dá chéile. Nuair a bhuaileann comhlacht Champabasso le comhlacht Bhradley, tá gach

duine ann chun an *Don* agus a iníon a chosaint. Mar a dúirt Tony Corrali, ' "Fair mo dhroim agus fairfeadsa do dhroimse." '(lch 156). Sin an cód a bhí eatarthu. Tuigeann an léitheoir go raibh achrann idir comhlacht Champabasso agus comhlacht Bhradley agus go ndúnmharaíodh Pádraig Bradley féin ach nuair a rinne Muiris iarracht feall a dhéanamh ar chlann Champabasso le comhlacht Bhradley, d'inis Tomás Ó Muirthile ón *Mafia* Éireannach an scéal do Reno Rossi ó chomhlacht Champabasso. Tá dílseacht éigin idir na coirpigh agus níor thuig Muiris é sin. Chaill sé a shaol mar gheall ar a chuid sainte ach ní féidir trua a bheith ag an léitheoir dó. Tá sé ró-fhuar agus ró-chrua agus níl an léitheoir in ann comhbhá a dhéanamh leis.

## *Lilí Frainc*

Nuair a chloiseann an léitheoir an t-ainm James Ellis tagann déistin air/uirthi. Tá scanradh ar a bhean chéile, Dolores, roimhe. Tá an bhean bhocht i gcónaí ag cosaint na cailíní aimsire ó Ellis agus faigheann sí an pionós. Buaileann sé í agus is léir nach bhfuil grá ar bith idir an bheirt. Is fear forigeanach é. Tá suim ag Ellis i gcailíní óga. Scriosadh saol Lilí agus is é Ellis an chúis. Tá James Ellis an-saibhir ach níl sé sásta lena shaibhreas féin. Is fear santach é. Tuigeann an léitheoir go n-éiríonn le Ellis gach rud a bhí ag Lilí a fháil. Taispeánann sé sin cé chomh olc is atá sé. Ní raibh Lilí saibhir ach bhí sí compordach go leor. Bhí feirm agus tigh a hathar aici agus nuair a fuair Méibhín bás d'fhág sí gach rud a bhí aici ag Lilí. Tá an léitheoir sásta go leor faoi sin mar is dílleachta í Lilí agus teastaíonn sos éigin uaithi, ach cuireann Ellis stop leis sin. Tá an fear seo cosúil leis an diabhal. Níl Lilí ach cúig bliana déag d'aois ach is cuma le Ellis. Is aingeal é os comhair an phobail. Ligeann sé air go bhfuil sé ag cabhrú leis an gcailín bocht ach ní shin an scéal ar chor ar bith. Úsáideann sé an sagart chun a phlean a chur i gcrích. Úsáideann sé an dlí chomh maith. Is fear an-chliste é. Is

rud scanrúil é go bhfuil sé in ann an sagart agus an dlí a láimhseáil. Ní féidir é a stopadh mar tá an dlí ar a thaobh. Éiríonn le Ellis saibhreas Lilí a fháil uaithi go dleathach. Níl cumhacht aici. I súile an dlí is páiste í. Ní fheiceann Ellis í mar pháiste, áfach. Nuair a fhaigheann sé an seans, éigníonn sé í . Ní dhéanfadh ainmhí allta a leithéid. Thóg Ellis Lilí faoina dhíon féin. Cheap an pobal go raibh sé ag tabhairt aire di. Is léir gur fear dainséarach atá i gceist agus an rud scanrúil ná go bhfuil an chumhacht go léir aige. Tá sé saibhir agus tá meas ag an sagart agus ag an bpobal air. Níl coinsias ar bith aige. Cuireann an fear seo múisc ar an léitheoir. Tá an t-úrscéal seo an-bhrónach agus tá a lán oilc ann. Is léir gur Ellis an fhréamh. Ceapann sé féin gur fear láidir é ach braitheann an léitheoir go bhfuil sé craiceáilte ar fad. Tá James Ellis lán de nimh agus tá an nimh seo le feiceáil tríd an úrscéal. Ní fhaigheann an léitheoir faoiseamh ón lionndubh atá le sonrú i *Lilí Frainc.* Tuigeann sé/sí go bhfaigheann Lilí díoltas ag deireadh an úrscéil ach cuireann sí a lámh ina bás féin chomh maith, agus mar gheall ar sin fuair Ellis an lámh in uachtar.

Tuigeann an léitheoir go raibh beirt dearthár ag James Ellis. Insítear dúinn go raibh scanradh ar Dolores Ellis roimh an mbeirt. Ní raibh meas acu ar mhná, tá sin cinnte. Rinne siad iarracht ionsaí gnéasach a dhéanamh ar an gcailín aimsire sa tigh mór ach theip orthu. Faraor, ní raibh an t-ádh le Sinéad. D'ionsaigh Dónal agus Seoirse Ellis í agus í ag siúl síos an bhóthair ag canadh. D'éignigh siad í agus d'fhág siad í agus í leathmarbh. Níl aon dabht ach go bhfuil an bheirt acu lán de nimh agus olc. Tá na fir seo cruálach agus barbartha. Is léir nach mbraitheann siad aon aiféala. '…Ní bheadh sé ró-chiallmhar a bheith i ngiorracht céad míle don áit seo nuair a thiocfaidh sí chuici féin. Príosún, a bhuachaill!" ' (lch 16). Is léir go bhfuil James, Dónal agus Seoirse Ellis den tuairim chéanna – go bhfuil sé ceart go leor ionsaí gránna a dhéanamh ar

bhean éislinneach. Tá James ar bís nuair a fhoghlaimíonn sé gur éalaigh Dónal agus Seoirse. Cuireann an triúr acu déistin ar an léitheoir. Ba cheart go mbeadh siad faoi ghlas. Tá siad dainséarach agus tá siad as a meabhair ach is féidir é sin a chur i bhfolach faoi ainm maith.

## 3.2 Na laochra

## *Tae le Tae*

Níl i Séamus Ó Cearúill ach buachaill aimsire. Níl talamh aige ach tá sé toilteanach obair chrua a dhéanamh. Is fear macánta é. Tuigeann an léitheoir go raibh Páid Chathail an-sásta leis agus go raibh an-bhrón air nuair a d'éirigh Séamus as an bpost leis. ' ...Is dóigh liom, más fiú dom labhairt, go bhfuilir ag déanamh an ceart agus ná dearmad, tá an tigh seo ann i gcónaí."' (lch 183). Tá a fhios ag an léitheoir go n-oibríonn Séamus go hard i Sasana agus laistigh de thrí bliana bhí sé i mbun a chomhlachta féin. Bhí Séamus i ngrá le Máire agus is é an fíorghrá atá i gceist. Thit sé i ngrá léi an chéad lá a chonaic sé í. Ní raibh suim aige i gcailín eile cé go raibh gach cailín sa cheantar ar a thóir. Bhí Séamus dílis do Mháire i gcónaí. Fear cneasta, caoin is ea é. Ní rún é nach raibh meas ag Seán Ó Cathasaigh ar Shéamus. Bhí sé i gcónaí ag tabhairt íde béil dó agus bhagair sé air le gunna uair amháin. Ní raibh scanradh ar Shéamus roimh Shéan áfach, is fear láidir é, ach thuig sé go raibh sé as a mheabhair agus mar gheall ar sin bhí sé buartha faoi Mháire. Tuigeann an léitheoir go raibh Máire agus Séamus geallta le chéile ach bhí Seán Ó Cathasaigh sa tslí. Rinne Seán cleamhnas idir Máire agus Seosamh Ó Ceannabháin. Bhí an seans ag Séamus Máire a fhágáil ag an bpointe sin. Bhí slí éalaithe aige ach níor thóg sé í. Bheadh a saol scriosta dá n-imeodh sé. Bhí an cailín bocht ag iompar clainne agus bheadh uirthi fear

méanaosta a phósadh. Ní bheadh suaimhneas aici agus í pósta le Seosamh. Ní raibh sé i ngrá léi. Bhí bean tí á lorg aige. Is léir go dtugann Séamus tacaíocht do Mháire i gcónaí. Tá sé toilteanach í a phósadh ach tá a fhios aige nach mbeadh siad sásta dá mbeadh Seán Ó Cathasaigh timpeall na háite. Sin an fáth go dtugann sé Máire go Sasana. Bheadh seans níos fearr acu ann. Nuair a fhuadaíonn Paidí na gCearc é, cheapfaí go n-éireodh sé as an gcath ach ní shin an cás ar chor ar bith. Éalaíonn sé agus sábhálann sé Máire díreach in am. Sábhálann sé í óna hathair agus ó Sheosamh Ó Ceannabháin. Sábhálann sé í óna saol crua. Tugann sé suaimhneas di. Tugann sé grá di. Dá bpósfadh Máire le Seosamh bheadh fear céile aici a bheadh cosúil lena hathair. Bhris Séamus an pátrún sin. D'fhás Máire leis an ngrá a thug sé di agus fuair sí a neart féin.

Is laoch é Pádraig de Róiste chomh maith. Chabhraigh sé le Séamus in am an ghátair. Tuigeann an léitheoir nach mbeadh na leannáin in ann éalú gan Pádraig. Nuair a d'éalaigh Séamus ó Phaidí, bhí sé gortaithe agus bhí an slabhra ar a rosta fós. Bhí a fhios ag Séamus go raibh sé i dTrá Lí agus chuaigh sé go tigh a chara, Pádraig. Nuair a chuala Pádraig an scéal, bhí déistin air ach bhí plean aige chomh maith! Fuadaíonn é féin agus Séamus Paidí na gCearc. Ansin téann siad go tigh an Chathasaigh agus faigheann siad Máire. Téann siad ar ais go Trá Lí ansin. Cuireann siad Paidí ina bhóthán féin, in áit Shéamuis. Fanann na leannáin thar oíche le Pádraig agus siúlann Pádraig go dtí an traein leo an mhaidin ina dhiaidh sin. Ní bheadh Séamus in ann an plean a chur i gcrích gan a chara, Pádraig. Ar shlí shábháil Pádraig an bheirt ó shaol uaigneach, gruama. Mura gcabhródh Pádraig leo bheadh Máire pósta le Seosamh agus a croí briste agus bheadh Séamus gan a ghrá agus a chroí briste chomh maith. Is fear uasal é Pádraig de Róiste gan dabht.

# *Dochtúir na bPiast*

Tuigeann an léitheoir go bhfuil saol crua ag John Walters. Tá a mhac marbh agus dúnmharaíodh a bhean chéile agus tá sé féin fós i ndáinséar. Is fear misniúil é. Tá brú ollmhór air. Is fear macánta é. Creideann sé in ionracas. Dúnmharaíodh a bhean chéile mar gheall ar a chuid ionracais agus is féidir go mbraitheann sé ciontach faoi sin. Nuair a thagann John go hÉirinn, is léir go dteastaíonn saol ciúin uaidh. Tá an *Mafia* fós ar a thóir agus tá sé i bhfolach uathu. Nuair a fhaigheann Seán agus June Chorlaí corp Delia, tá anbhá orthu. Teastaíonn cabhair ó June agus tugann John an chabhair sin di. Glaonn sé ar na Gardaí agus ar an sagart agus cuireann sé casóg ar an gcorp. Ansin fanann sé le June. Ní haon ionadh ná go bhfuil scanradh ar John nuair a ghlaotar air mar fhinné sa chúirt. Tá a fhios aige ag an bpointe sin go bhfuil *hitman* ar a thóir mar dúnmharaíodh an dochtúir a chruthaigh aghaidh nua do John i Meiricea. Is féidir comhchosúlacht a fheiceáil anseo idir an t-úrscéal *Dochtúir na bPiast* agus an scannán *Face Off*. Cé go bhfuil scanradh air, seasann John suas sa chúirt agus insíonn sé gach rud atá ar eolas aige. Is féidir a mhisneach a fheiceáil sa chás seo. Tá sé féin i ndainséar ach níor chaill sé a ionracas. Tá John in amhras faoi Shéamas Ó Caoimh agus oibríonn sé amach nach bhfuil T.B. ag na hothair san ospidéal. Is féidir a rá go bhfuil sé chomh cliste leis an dochtúir féin. Tá meas ag gach duine ar John. Is fear uasal é. Tá a shaol i ndainséar. Ba cheart go mbeadh sé i bhfolach ach is léir go mbraitheann sé go bhfuil dualgas air don phobal.

Is laoch é Seán Chorlaí chomh maith. Tuigeann an léitheoir go bhfuil máchail ar a intinn ach cuireann an fear seo ionadh air/uirthi nuair a oibríonn sé amach gur dhúnmharaigh Séamas Ó Caoimh a bhean chéile, Delia. Tá a fhios ag an léitheoir go bhfuil intinn páiste ag Seán. " 'Bhuel, níl ach aigne linbh aige,' a dúirt June chun John

a chur sa phictiúr." (lch 136). Ar dtús nuair a fheiceann Seán an corp, ceapann sé go bhfuil Delia ina codladh. Nuair a fheiceann sé an fhuil, tagann scanradh air áfach. Insítear dúinn go dtógann Seán cnaipe as lámh Delia. Tuigeann an léitheoir gur tháinig an cnaipe ó chóta an dúnmharfóra. Is fianaise an-tábhachtach é mar sin. Tá a fhios ag Seán gur tháinig an cnaipe ó chóta Shéamais. Is léir gur Séamas an dúnmharfóir agus tuigeann Seán é sin. Nuair a fheiceann Pádraig, Neans, John, Treasa agus June é sa bhothán agus é ag ligint air go bhfuil sé sa chúirt, tuigeann siad an rud céanna. Is é Seán an fear a thugann fírinne an scéil dúinn. Tá sé soineanta ach tá sé cliste chomh maith. Bhí sé in ann an cnaipe a aithint. Bhí sé in ann na freagraí a fháil ina aonar. Níl an léitheoir sásta nach bhfuil cead ag foireann dlí an chosantóra, Seán a chur ar an steaind. Ní ghlacfaí é mar fhinné ach is finné an-tábhachtach é. Tá an cás go léir ag seasamh air. Faraor, faightear an Sceilpear ciontach sa dúnmharú ach bhí a fhios ag Pádraig, Neans, John, Treasa, Seán, June agus an fhoireann dlí nach raibh sé ciontach. Bhí a fhios ag an léitheoir chomh maith agus is é Séan Chorlaí an chúis. Tá sé íorónta go bhfuil an chúirt toilteanach glacadh le Séamas Ó Caoimh mar fhinné. Ní féidir muinín a bheith ag an gcúirt as. Tá an léitheoir cinnte gur fear neamheiticiúil é. Bhí sé sásta bréaga a insint dá othair agus is féidir a rá go mbeadh sé sásta bréaga a insint sa chúirt chomh maith. Ní bheadh sé ar intinn ag Seán Chorlaí bréaga a insint sa chúirt mar bheadh sé ró-shoineanta.

## *Greenhorn*

Tuigeann an léitheoir go bhfuil an-chumhacht ag an *Mafia* san úrscéal *Greenhorn.* Tá na coirpigh sa *Mafia* an-dainséarach. Seasann siad don olc san úrscéal. Seasann an F.B.I. don mhaith. Tá an F.B.I. ag iarraidh an *Mafia* a chur faoi ghlas. Is é John Williams ceannaire an F.B.I. Is léir go gcreideann an fear seo sa dlí. Sin an tslí

bheatha atá aige. Tá Williams ag iarraidh an dlí a chumhdach. Is fonn proifisiúnta é ach is fonn pearsanta é chomh maith. Insítear dúinn go bhfuair a mhac bás mar gheall ar dhrugaí. Is féidir gur ghoill sin go mór ar Williams. Cé gur fear proifisiúnta é, bheadh cúiteamh ar a aigne. Fuair a mhac bás mar bhí fadhb na ndrugaí aige agus is léir go raibh fearg ar Williams faoi sin. Tá sé ar intinn aige fadhb na ndrugaí a réiteach. Tá a fhios aige go bhfuil an *Mafia* measctha suas i ngnó na ndrugaí, agus tá sé ar intinn aige na coirpigh a chur faoi ghlas. Is fear macánta é Williams. Is fear proifisiúnta é freisin. Úsáideann sé a sheifteanna agus a oibrithe go críonna. Is fear tuisceanach é chomh maith. Tuigeann sé go mbeidh croí Róisín briste nuair a fhoghlaimíonn sí an fhírinne faoi Mhuiris. Sin an fáth a ligeann sé Máire Ní Riain isteach sa phlean. Tuigeann sé go dteastódh cara ó Róisín. Tá Williams in ann Róisín a láimhseáil. Insíonn sé an scéal di i slí chaoin. Tugann sé am di chun í féin a shocrú agus faigheann sé cabhair uaithi chun an plean a chur i gcrích. Tá Williams in ann Muiris a láimhseáil sa tslí chéanna. Tugann sé na fíricí dó. Tá a fhios ag Williams agus ag Muiris nach bhfuil slí éalaithe ann. Tá port Mhuiris seinnte agus caithfidh sé cabhrú le Williams agus leis an F.B.I. Tá plean maith ag Williams. Úsáidfidh sé Muiris mar fhinné agus beirfidh sé ar na coirpigh mhóra. Is plean maith é agus is léir gur fear cliste é Williams. Tá teoiric mhaith aige agus is ceannaire maith é gan dabht ach braitheann na torthaí ar na gníomhairí cosúil le Seán Mac Mathúna, Don Zeliac agus Stan Bolinski.

Is gníomhairí iad Seán Mac Mathúna, Don Zeliac agus Stan Bolinski san F.B.I. Tuigeann an léitheoir gur lean Stan Bolinski Muiris agus lucht na ndrugaí ar feadh bliana. Is post dainséarach é sin ach is léir gur gníomhaire maith é mar fuair sé grianghrafanna tábhachtacha. Ar shlí chuir sé aghaidheanna ar na coirpigh mhóra.

Nuair a thaispeáin Bolinski agus Williams na grianghrafanna do na gníomhairí eile, d'aithin Seán Mac Mathúna Muiris. Bhí Seán in ann cruinniú a eagrú idir Muiris agus John Williams. Ba ghníomh tábhachtach é sin mar bhí Williams in ann labhairt le Muiris go príomháideach agus ní raibh a fhios ag an *Mafia.* Dá mbeadh a fhios acu go raibh Muiris i dteagmháil leis an F.B.I. dhúnmharófaí é. Bhí comhlacht Champabasso i bpóca an F.B.I....beagnach. Tá díomá ar an léitheoir nuair a theipeann ar an bplean. Dúnmharaítear Muiris agus cailleann an F.B.I. a bhfinné. Tá an díomá le feiceáil. "Shiúil John Williams amach doras an bharda agus a cheann faoi aige." (lch 319). Ní féidir an locht a chur ar an F.B.I. Rinne siad a ndícheall. Bhí plean cliste acu ach is é Muiris an fear a scrios an plean. Bhí sé ró-shantach agus sin an fáth a dúnmharaíodh é. Dá mbeadh sé toilteanach cabhair a thabhairt don F.B.I., bheadh saol nua aige agus bheadh clann Champabasso i dtóin príosúin. Bheadh sé féin slán sábháilte. Rinne John Williams, Stan Bolinski, Seán Mac Mathúna agus Don Zeliac a ndícheall. Ba chás mór é agus bhí na coirpigh mhóra beagnach acu. Ní raibh cumhacht acu ar na heachtraí a tharla ina dhiaidh sin. Bhí siad ag iarraidh Muiris a chosaint ach i bhfocail Laertes i *Hamlet* bhí sé "...hoist by my own petard."

## *Lilí Frainc*

Tá a fhios ag an léitheoir go bhfuil Frainc Ó Súilleabháin scriosta nuair a ionsaítear agus éignítear a bhean chéile, Sinéad. Tá trua aige do Shinéad. Tá sé féin gortaithe mar tá a bhean chéile gortaithe. Is fear fíormhaith é. Tá fearg air freisin agus is féidir an fhearg seo a thuiscint. Tá coir fhíorghránna, bharbartha i gceist ach éalaíonn na coirpigh. Tá sé beagnach dochreidte agus níl Frainc ná an léitheoir sásta leis sin. Tá an léitheoir in ann comhbhá a dhéanamh le Frainc mar braitheann sé/sí an déistin chéanna faoin gcoir. Insítear dúinn go raibh Dónal agus Seoirse Ellis ar deargmheisce

nuair a d'ionsaigh agus a d'éignigh siad Sinéad bhocht ach bhí ciall acu chomh maith. Bhí a fhios ag an mbeirt go raibh gníomh gránna déanta acu. Bhí a fhios acu go mbeadh na Gardaí dá leanúint dá bhfanfadh siad in Éirinn. Sin an fáth a d'éalaigh siad sa luamh go hAlbain. Ní bheadh na Gardaí in ann iad a chur faoi ghlas dá mbeadh siad i dtír eile. Níl aon dabht ach gur fir chliste iad. Tuigeann an léitheoir go raibh Frainc ar buile. Bhí a bhean chéile bhocht gortaithe go dona agus fuair sí bás faoi dheireadh. Níl aon dabht ach go bhfuair Sinéad bás mar briseadh ar a sláinte tar éis an ionsaithe. Ar shlí dúnmharaíodh í. Ghoill sé go mór ar Fhrainc go raibh a fhios ag na Gardaí go ndearna Dónal agus Seoirse an choir ach nach raibh an seans acu iad a chur faoi ghlas. Nuair a tháinig an bheirt ar ais go hÉirinn na blianta ina dhiaidh sin bhí an seans ag Frainc cothrom na féinne a fháil. Insítear dúinn go ndeachaigh sé go dtí na Gardaí go díreach nuair a d'fhoghlaim sé go raibh na coirpigh sa cheantar arís. Ní haon ionadh go raibh an fear bocht trína chéile nuair a chuir an Garda in iúl dó go raibh na cáipéisí dóite. D'éalódh Dónal agus Seoirse don dara uair. Níl Frainc ná an léitheoir sásta. Is fear macánta Frainc agus teastaíonn cothrom na féinne uaidh. Déanann sé an rud ceart. Téann sé go dtí na Gardaí ach ní fhaigheann sé cabhair uathu. Níl an dlí ar a thaobh. Braitheann an léitheoir nach mbeadh sé ceart dá n-éalódh an bheirt arís. Teastaíonn cothrom na féinne ón léitheoir chomh maith. Nuair a ionsaíonn Frainc an bheirt sa bhothán, braitheann sé agus an léitheoir an faoiseamh céanna. Níor díoltas a bhí i gceist ach cúiteamh.

' "Nílim meáite ar sibh a mharú. Ach chomh luath in Éirinn agus a bheidh sibh in ann an gluaisteán a shroichint, mo chomhairle daoibh an bóthar soir a thaisteal tiubh te! Má fheicim go brách arís sibh i ngiorracht leathchéad míle de Bhaile an tSagairt, críochnód an cúram a thosnaíos anocht!...' (lch 99).

Tá na tréithe céanna ag Séamas Ó Baoill is atá ag Frainc Ó Súilleabháin. Tá Séamas ciúin. Tá sé caoin agus tá sé toilteanach aire a thabhairt do Lilí. Nuair a fhaigheann Frainc bás tugann Séamas tacaíocht do Lilí. Cabhraíonn sé léi ag an tsochraid agus coimeádann sé súil uirthi. Tar éis na sochraide cabhraíonn sé léi leis an bhfeirm. Is fear fíormhaith é agus is féidir é a fheiceáil mar stiúrthóir. Tá a fhios aige go bhfuil sé níos sine ná Lilí agus tá sé an-chúramach mar gheall ar sin. Tá Lilí leochaileach ag an bpointe sin agus is féidir leis buntáiste a fháil uirthi más mian leis ach ní dhéanann sé é sin. Tá sé i ngrá léi agus tugann sé aire di. Is fear uasal é Séamas gan dabht. Ní raibh sé sásta an tigh a roinnt le Lilí mar ní raibh siad pósta. Bhog sé isteach chun aire a thabhairt di. Mura mbeadh duine fásta ina c(h)ónaí léi chuirfí Lilí i ndílleachtlann. Tá a lán oilc i saol Lilí ach is é Séamas a laoch. Cabhraíonn sé léi nuair a chailleann sí a hathair, nuair a thógann Ellis a feirm, nuair a éigníonn Ellis í agus nuair a thagann sí go Sasana, tugann sé an fáinne di. Is fear buan é Séamas agus braitheann Lilí air.

## 3.3 Na Fir Mhaithe

### *Tae le Tae*

Is baitsiléir é Páid Chathail ach tuigeann sé an grá atá idir Séamus agus Máire. Nuair a thagann Séamus ag lorg poist ó Pháid Chathail, tugann sé seans dó. Tugann sé an post dó. Is fear uasal é Páid Chathail. Is léir go réitíonn an bheirt go maith le chéile. Is fear buan tuisceanach é Páid Chathail. Tuigeann sé go bhfuil Séamus i gcaidreamh le Máire agus tuigeann sé gur gealt é Seán Ó Cathasaigh ach ní chuireann sé istigh ar an mbeirt. Tugann sé comhairle do Shéamus agus insíonn sé dó go raibh na Gardaí in amhras faoi Sheán Ó Cathasaigh nuair a thit Jimí Tom Muiris le haill ach fágann sé Séamus lena thuairim féin ansin. Is léir go bhfuil Páid Chathail ag súil go n-éireoidh

le Séamus agus Máire. Níl meas ar bith aige ar an gCathasach ach tuigeann sé gur cailín álainn í Máire. Tá brón ar Pháid nuair a théann na leannáin go Sasana ach ceapann sé go bhfuil siad ag déanamh an rud ceart agus tugann sé tacaíocht dóibh. Is féidir go raibh Séamus mar mhac aige. Bhí a fhios ag Páid Chathail go mbeadh uaigneas air nuair a bheadh Séamus imithe go Sasana ach bhí súil aige go mbeadh áthas air le Máire chomh maith. Ní raibh aon gaol ag Páid le Séamus. Bhí Séamus ag obair ar fheirm Pháid ach is léir go raibh an-mheas aige ar Shéamus. Insítear dúinn go bhfágann sé gach rud a bhí aige ag Séamus agus Máire ina uacht. Is fear flaithiúil é. Tá ról tábhachtach ag Páid Chathail. Seasann sé mar athair do Shéamus. Seasann sé don athair grámhar, caoin. Tá codarsnacht ghéar idir Páid Chathail agus Seán Ó Cathasaigh.

Is fear macánta é Piaras an Phóist agus ceannaíonn sé feirm an tSaorsaigh go féaráilte. Tuigeann an léitheoir go dtugann Piaras obair do Shéamus. Cabhraíonn Séamus leis nuair atá sé ag tógáil an chlaí teorainn. Insítear dúinn go dtugann Piaras pá maith do Shéamus agus a bhéilí chomh maith. Is fear saibhir é ach is fear féaráilte é. Tá meas aige ar Shéamus agus tugann sé comhairle dó. Insíonn sé dó go gcaithfidh sé airgead nó talamh a bheith aige chun meas a fháil sa saol seo. B'fhéidir go dtugann sé inspioráid do Shéamus mar ní raibh tada aige féin uair amháin. Chuaigh sé go Meiriceá chun airgead a thuilleamh. Nuair a tháinig sé abhaile bhí praghas na feirme aige. Nuair a thugann Seán Ó Cathasaigh airgead do Phádraig agus do Thraolach chun an claí a scriosadh, ní haon ionadh go raibh Piaras ar buile. Chaith sé a lán airgid ar an gclaí teorainn agus chaith sé a lán ama air chomh maith. Déanann Piaras an rud ceart áfach. Ní bhagraíonn sé ar an gCathasach é féin. Téann sé go dtí na Gardaí. Is léir gur

fear caoin é Piaras agus ní úsáideann sé foréigean chun a fhadhbanna a réiteach. Is fear onórach é. Tá codarsnacht ghéar idir Piaras agus An Cathasach chomh maith.

Nuair a fhaigheann Piaras amach go bhfuil an claí teorainn scriosta, glaonn sé ar na Gardaí. Insíonn sé féin agus Séamus gach atá ar eolas acu dóibh. Tá Piaras, Séamus agus an Garda Clárach Ó Riain cinnte go bhfuil Seán taobh thiar den choir. Is léir nach bhfuil meas ar bith ag Clárach ar Sheán. " 'Ní bheidh ceal fianaise orainn an babhta seo!' " (lch 116). Tuigeann an léitheoir go bhfuil an Garda Ó Riain searbh mar ní raibh sé in ann Seán a chur faoi ghlas nuair a thit Jimí Tom Muiris le haill. Bhí sé ag iarraidh a phost a dhéanamh ach bhí easpa fianaise ann. Bhí sé cinnte go ndearna Seán an dúnmharú ach ní raibh sé in ann aon rud a dhéanamh. Tá an Garda Ó Riain leagtha ar an gCathasach a fháil ciontach sa choir níos déanaí. Glaonn sé isteach an Bleachtaire Pádraig Ághas agus an Bleachtaire Roibeard Hick chun cabhrú leis. Oibríonn an triúr le chéile agus faigheann siad an fhianaise. Tá an triúr an-sásta leis an dtoradh. Faigheann Seán Ó Cathasaigh agus a mhac Micheál barántas. Tá an léitheoir sásta leis an dtoradh chomh maith. Tugann an toradh seo faoiseamh don léitheoir. Gheobhaidh Seán an pionós atá tuillte aige.

## *Dochtúir na bPiast*

Is léir go raibh Séamas Ó Caoimh ag féachaint ar an Dochtúir Ó Fiannachta mar bhagairt. Bhí anbhá air nuair a tuigeadh dó go raibh an Dochtúir Ó Fiannachta ag socrú síos sa pharóiste. Tuigeann an léitheoir gur fear cairdiúil é an Dochtúir Ó Fiannachta. Insítear dúinn go raibh sé ag iarraidh caidreamh cairdiúil a dhéanamh le Séamas. Bheadh an bheirt in ann bheith ag obair sa pharóiste céanna mar bhí a lán oibre ann. Nuair a thuigeann an Dochtúir Ó Fiannachta cad atá á dhéanamh ag

Séamas níl rogha aige áfach. Caithfidh sé an caidreamh eatarthu a bhriseadh. Is fear eiticiúil é Ó Fiannachta. Is léir go mbeadh déistin air nuair a thuig sé go raibh Séamas ag insint dá othair go raibh T.B. acu nuair nach raibh. Nuair a thuigeann Ó Fiannachta an fhírinne, insíonn sé cad atá ar súil don Bhord Sláinte. Is fear macánta é. Ní raibh sé ag iarraidh feall a dhéanamh ar Shéamas ar chor ar bith ach is léir gur fear proifisiúnta é. Níl suim ar bith aige sa *scam*. Tá sé buartha faoi na hothair. Cuireann Séamas Ó Caoimh déistin ar Ó Fiannachta. Úsáideann sé a phost chun buntáiste a fháil ar dhaoine agus is léir nach bhfuil an Dochtúir Ó Fiannachta sásta leis ar chor ar bith. Is dochtúir é Ó Fiannachta. Creideann sé ina phost. Tugann sé aire dá othair. Ní thabharfadh sé cead do Shéamas bréaga a insint dóibh agus cluichí a imirt lena sláinte. Sin an fáth go ndéanann sé an rud ceart agus go nglaonn sé ar an mBord Sláinte. Tá eitic i gceist.

Is coir fhíorghránna dúnmharú Delia. Braitheann an léitheoir déistin nuair a thuigeann sé/sí gur éigníodh agus dúnmharaíodh an bhean bhocht. Insítear dúinn gur bhraith muintir na háite an déistin chéanna. Is léir gur oibrigh na Gardaí go hard chun an coirpeach a fháil agus a chur faoi ghlas. Bhí cothrom na féinne á lorg acu. Nuair a thuigtear don Sháirsint Tim Ó Laoghaire agus don Gharda Dónal Ó Liatháin cé chomh tromchúiseach is a bhí an choir, glaonn siad ar na bleachtairí Enda Ó Coinín agus Liam Ó Gormáin. Is foireann iad. Oibríonn siad le chéile mar tá aidhm chomónta acu. Tuigeann an léitheoir go mbeireann na Gardaí ar an Sceilpear Ó Coileáin an-tapaidh. Is toradh maith é agus tá siad sásta leo féin. Tuigeann siad gur éignigh an Sceilpear Delia agus mar gheall ar sin ceapann siad gur dhúnmharaigh sé í chomh maith. Tá a fhios ag an léitheoir go bhfaightear an Sceilpear ciontach sa dúnmharú chomh maith leis an éigniú. Ar oibrigh na Gardaí ró-thapaidh b'fhéidir? Tuigeann an

léitheoir gur admhaigh an Sceilpear go raibh sé ciontach san éigniú ach go raibh sé daingean nach raibh sé ciontach sa dúnmharú. Ar éist na Gardaí leis? Insítear dúinn nach bhfuil aon fhianaise ann go raibh Séamas san áit nuair a dhúnmharaíodh Delia, mar thóg Seán Chorlaí an cnaipe as lámh Delia, ach is féidir nár fhéach na Gardaí ar an bhfianaise i gceart. Bhí a fhios acu gur shroich Séamas an cruinniú A.A. déanach an oíche sin. Bhí a fhios acu go raibh Delia Uí Chaoimh i gcaidreamh le Máirtín MacNamara agus go raibh réasún ag Séamas í a dhúnmharú. Is léir nár cheistigh na Gardaí Seán Chorlaí i gceart. Bhí an fhianaise aige. Bhí sé soineanta ach bhí sé cliste freisin. Bhí Pádraig Ó Cléirigh in ann an scéal a fháil ó Shéan. D'éirigh le Pádraig nuair a theip ar na Gardaí. Níl aon dabht ach go ndearna na Gardaí a ndícheall. Bhí an fhianaise in easnamh. Bhí intinn linbh ag an bpríomhfhinné. Ní raibh an dlí ar a dtaobh uaireanta, mar shampla, ní ghlacfaí le Seán mar fhinné sa chúirt. Bhí na Gardaí ag iarraidh an coirpeach a fháil ach bhí beirt choirpeach ann. Rinne siad a ndícheall. Chuir siad ceann amháin acu faoi ghlas ach d'éalaigh an príomhchoirpeach mar oibrigh cúrsaí in aghaidh na nGardaí. "Is féidir don té a dúirt gur féidir leis an ndlí bheith chomh cam agus atá sé díreach." (lch 232).

## *Greenhorn*

Buaileann Muiris le Tomás Ó Gráinne ar an eitleán nuair atá sé ag dul go Meiriceá. Aithníonn Tomás go bhfuil Muiris glas agus tugann sé comhairle dó faoi na háiteanna is fearr do na hÉireannaigh i Chicago. Is léir gur fear deas é. Níl suim ag Muiris i gcomhairle an fhir seo ach ní chuireann sé sin cosc ar a chaint! Is fear an-chabhrach é Tomás agus tugann sé seoladh tí bordála do Mhuiris. Tá aithne aige ar an mbean tí, Dela, agus gheobhadh Muiris seomra dá ndéarfadh sé gur stiúraigh Tomás ar an tigh é. Is léir gur fear cairdiúil é Tomás. Cabhraíonn sé le Muiris cé nach bhfuil aithne aige

air. Ní bhfaigheadh sé aon rud as an gcabhair seo ach cuimhníonn sé ar an uair a tháinig sé féin go Meiriceá nuair a bhí sé óg. B'fhéidir gur fear saonta é Tomás. Tá muinín aige as Muiris mar is Éireannach Muiris. Ní thuigeann Tomás gur fear oilc é Muiris. Sin an fáth a chabhraíonn sé leis. Ceapann sé gur buachaill ón tuath é Muiris – buachaill soineanta. Is ón tuath atá sé gan dabht ach bheadh sé in ann Tomás Ó Gráinne a cheannach is a dhíol gan stró ar bith.

Nuair a fhaigheann Muiris seomra sa tigh bordála tá sé sásta go leor. Ag am dinnéir, buaileann sé le Seán Ó Fearaíl, Feistí Finnegan, Tomás Ó Gairbhí, Micheál Holmes agus Dónal Ó Liatháin. Is Éireannaigh iad go léir. Tá siad ag obair do McCormack. Ceapann Seán Ó Fearaíl go bhfuil Muiris cosúil leo. Is Éireannach é. Tá sé ag lorg oibre. Tá Seán toilteanach seans a thabhairt do Mhuiris. Is féidir go gcuimhníonn sé ar an am a tháinig sé féin go Meiriceá ar dtús. Tugann sé post do Mhuiris ar feadh míosa. "Má theastaonn uait, is leat an jab." (lch 12). Cosúil le Tomás Ó Gráinne, tá Seán Ó Fearaíl ag iarraidh cabhrú le Muiris. Níl a fhios aige gur fear fuar neamhthrócaireach é Muiris. Níl a fhios aige nach bhfuil coinsias ar bith ag Muiris. Níl a fhios aige go bhfuil Muiris ag insint bréag faoina cháilíochta. Tá muinín ag Seán as Muiris mar is Éireannaigh an bheirt acu. Tá sé ag iarraidh cabhrú le Muiris mar is léir go bhfanann na hÉireannaigh le chéile i Meiriceá. Is fear maith é Seán Ó Fearaíl cé go bhfuil sé soineanta go leor.

Tuigeann an léitheoir go bhfuil Muiris ag dul amach le Róisín Ní Neachtain. Nuair a chríochníonn sé ag obair le McCormack, tá post ag teastáil uaidh. Is léir nach bhfuil aithne aige ar a lán daoine sa tír. Sin an fáth a chabhraíonn Pádraig Ó Neachtain leis. Tá aithne ag Pádraig ar dhaoine tábhachtacha. Cabhraíonn sé le Muiris post a fháil.

Bheadh pá maith aige agus seasmhacht chomh maith. Is fear grámhar é Pádraig Ó Neachtain. Níl ach iníon amháin aige agus tá sí an-tábhachtach dó. Cabhraíonn Pádraig le Muiris mar tá a fhios aige go bhfuil Róisín i ngrá leis. Dá mbeadh áthas ar Róisín bheadh áthas ar Phádraig agus mar gheall ar sin tá sé toilteanach post a fháil do Mhuiris. Is fear maith é Pádraig. Is fear uasal é. Tá muinín aige as Muiris mar tá muinín ag Róisín as. Is léir go bhfuil Pádraig ag iarraidh an rud ceart a dhéanamh. Tá sé an-tábhachtach dó go bhfuil áthas ar Róisín. Is Éireannach é Pádraig. Ta sé sásta go bhfuil Róisín ag dul amach le Éireannach. Tá tírghrá i gceist chomh maith. Seasann na hÉireannaigh le chéile. Ní chreideann Pádraig go bhfuil dochar i Muiris mar is as a thír dúchais é. Tá Pádraig ag iarraidh na leannáin a chur ar an mbealach cheart. Tá sé ag iarraidh bheith cabhrach. Ní raibh a fhios aige cé chomh dainséarach is atá Muiris agus ní bheadh sé in ann Róisín a chosaint uaidh dá mbeadh a fhios aige mar bhí sí i ngrá leis.

## *Lilí Frainc*

Tagann an Dochtúir Ó Cinnéide go tigh Mhéibhín chun aire a thabhairt do Shinéad tar éis an ionsaithe. Bhí úafás air nuair a chonaic sé í. Aithníonn sé go bhfuil Sinéad gortaithe go dona. Caitheann sé daichead nóiméad léi i dtigh Mhéibhín agus is léir go bhfuil sé ag iarraidh í a chur ar a suaimhneas. Ansin tugann sé Sinéad go dtí an t-ospidéal i dTrá Lí. Is léir gur fear caoin é Labhrás Ó Cinnéide. Baineadh geit as nuair a chonaic sé an bhean bhocht. Tuigeann sé go dteastódh an aire is fearr uaithi. Sin an fáth go dtugann sé an cás don Dochtúir Seán Ó Gráda. Insítear dúinn gur saineolaí é i gcásanna mar sin. Cé go bhfuil cás Shinéid i lámha an dochtúra eile, coimeádann Labhrás súil ar Shinéad san ospidéal. Éisteann sé le Frainc nuair atá sé trína chéile. Is dochtúir maith é agus tuigeann sé cé chomh leochaileach is atá Sinéad agus Frainc. Is

léir go dtugann sé aire spéisialta do Shinéad mar tá sí ag súil le leanbh. Nuair a fhaigheann Sinéad bás, tá fearg agus díomá air. Is léir gur bhraith sé go raibh sé freagrach aisti. Rinne sé a dhícheall mar dhochtúir agus mar chara. Nuair a insíonn sé an drochscéal do Fhrainc, is léir go bhfuil trua aige dó. Déanann sé iarracht fearg Frainc a mhúchadh agus tugann sé comhairle dó gur cheart go ndíreodh sé a aird ar a iníon álainn. ' "Socair, a Frainc! Tá iníon óg anois agat. B'fhearr duit do chroí is do shláinte a dhíriú ina treo sin. Beidh ort mar athair is máthair aici!" ' (lch 65).

Tá úafás ar an Sáirsint Seán Pender nuair a fhoghlaimíonn sé cad a tharla do Shinéad. Tá sé leagtha ar na coirpigh a chur faoi ghlas. Oibríonn sé féin agus an Garda Uinseann Ó Baoill go hard is go tapaidh. Nuair a fhaigheann sé an seans, labhrann sé le Sinéad. Nuair atá a ráiteas cloiste aige agus an fhianaise go léir bailithe aige, tosaíonn sé an cuardach. Is fear proifisiúnta é. Insítear dúinn go labhrann na Gardaí le muintir na háite. Nuair a labhrann an Garda Ó Baoill le Dolores Ellis, tá a fhios aige go bhfuil na coirpigh aige – Dónal agus Seoirse Ellis. Is fir dhíograiseacha iad Seán Pender agus Uinseann Ó Baoill. Creideann siad sa dlí. Déanann siad a ndícheall chun an bheirt a fháil. Tá siad cliste agus faigheann siad amach cé a rinne an choir ghránna seo an-tapaidh. Braitheann an léitheoir an díomá atá orthu nuair a thuigtear dóibh go bhfuil na coirpigh éalaithe i luamh go Sasana. Ní féidir iad a chur faoi ghlas mar tá siad i dtír eile. ' "Beidh fuar againn anois a bheith ar a dtóir! Tá siad ag déanamh ar chósta na Breataine faoin dtráth seo is dócha....' (lch 44).

Tá Tadhg de Brún ag obair leis an Roinn Sláinte. Tuigeann an léitheoir go bhfuil imní air faoi Lilí mar is dílleachta í agus tá sí ina cónaí ina haonar. Tá Tadhg ag iarraidh í a chosaint. Tuigeann sé go bhfuil Lilí in ann aire a thabhairt di féin, tá ciall aige, ach

caitheann sé a phost a dhéanamh i gceart. Nuair a bhog Séamas isteach sa tigh le Lilí, bhí Tadhg de Brún agus an Roinn Sláinte sásta go leor. Is léir go n-aithníonn Tadhg go ndéanfadh sé i bhfad níos mó dochar do Lilí dá dtógfaí í as a baile dúchais. Nuair a dhéanann James Ellis gearán go bhfuil Lilí ag roinnt tí le fear agus iad gan a bheith pósta, níl rogha ag Tadhg de Brún. Cuireann Ellis agus an tAthair de Búrca brú air. Caithfidh sé Lilí agus Séamas a scaradh. Nuair a thagann Tadhg go dtí tigh Lilí arís, tá Séamas imithe cheana féin. Cuireann Tadhg Lilí faoi dhíon Ellis mar is léir go gceapann sé go mbeadh sí níos fearr ina baile dúchais ná i ndílleachtlann éigin. Bheadh sí níos cóngaraí dá tigh is dá feirm. Faraor, dá mbeadh a fhios aige cad a bheadh i ndán di, phiocfadh sé an dílleachtlann, níl aon dabht faoi sin.

## 3.4 Fir Mhaithe, Roghanna Amaideacha

### *Tae le Tae*

Leanann Micheál Ó Cathasaigh a athair timpeall na háite, cosúil le coileán. Déanann sé gach rud a insíonn Seán dó. Is fear lag é. Níl neart ar bith ann. Ag an am céanna níl olc ar bith san fhear seo. Tá sé fíor go nglacann sé páirt i ngach plean neamhdhleathach a smaoiníonn a athair air, ach tá sé soiléir go bhfuil scanradh air roimh Shéan. Ar shlí tá trua ag an léitheoir do Mhicheál. Tá neart a dheirfiúra in easnamh air. Níl sé in ann a dhroim a chasadh ar a athair mar tá sé ró-lag. Tá sé i gcónaí ag súil go bhfaighidh sé dea-mheas ó Sheán. Déanann sé iarrachtaí smaointe maithe a chur faoina bhráid, mar shampla, insíonn sé do Sheán go scriosfadh Pádraig agus Traolach an claí teorainn. Ar shlí is páiste é ag iarraidh grá a athar a fháil. Ní fear cliste é, ní thuigeann sé nach bhfaighidh sé an grá go deo. Tá Seán ró-fhuar. Ní thugann sé grá d'éinne. Insítear dúinn gur phós Micheál Nóirin Tom agus gurb fhear

difriúil é as sin amach. B'fhéidir gur athraigh sé mar fuair sé an grá agus an meas a bhí ag teastáil uaidh óna bhean chéile. Nílimid cinnte ach is féidir. Táimid cinnte, áfach, gurb fhear flaithiúil é nuair a bhí sé saor óna athair. "...dhein fear breá dhó, a bhí fial flaithiúil agus cabhrach lena chomharsain." (lch 220).

Tuigeann an léitheoir gur fear méanaosta é Seosamh Ó Ceannabháin. Is léir go bhfuil an fear seo lán dena thábhacht féin. Tá sé ar intinn aige cailín óg a phósadh. Níl Máire ach fiche bliain d'aois. Tá feirm ag Seosamh agus ceapann sé go mbeadh an-ghnaoi ag cailín air. Cé go bhfuil Seosamh uaibhreach níl aon dochar ann. Is baitsiléir é agus is léir go gceapann sé go bhfuil sé in am bean a fháil! Níl sé i ngrá le Máire Ní Chathasaigh mar níl aithne aige uirthi. Tá a fhios aige gur bean dhathúil í agus tá sé sásta go leor leis sin. Braitheann an léitheoir go mbeadh Seosamh sásta dá mbeadh oidhre agus bean tí aige! Níl sé ag iarraidh Máire a ghortú, áfach. Ní thuigeann sé go bhfuil sí i ngrá le Séamus. Ceapann sé go mbeadh áthas uirthi é a phósadh mar tá sé saibhir! Is fear sean-fhaiseanta é gan dabht ar bith. Creideann sé gurb é an talamh an rud is tábhachtaí. Nuair a insíonn Séamus dó go bhfuil sé féin agus Máire i ngrá le chéile, ní chreideann Seosamh é. Ní chreideann sé go bpiocfadh Máire buachaill aimsire ina áit. Sin an meon a bhí aige – meon sean-fhaiseanta. Taispeánann Seosamh go bhfuil sé dílis do Mháire, áfach. Nuair a insíonn Séamus dó go bhfuil Máire ag iompar clainne, tá fearg air agus cosnaíonn sé a hainm. ' "A leithéid de rud a rá faoi charachtar aon chailín, agus is dócha gur tusa an t-athair! Seo leat a thrompalláin gan mheas. Gaibh do chapall nó preab ar do rothar sara mbrisfead gach cnámh id chorp!" ' (lch 155).

Is é Micilín an Chleamhnais an fear a dhéanann an cleamhnas idir Máire Ní Chathasaigh agus Seosamh Ó Ceannabháin. Tuigeann an léitheoir gur ghoill an cleamhnas seo go mór ar Mháire agus ar Shéamus ach ní raibh sé ar intinn ag Micilín iad a ghortú. Is léir gur cheap sé go raibh tallann aige sa phost seo. Bhí sé ag iarraidh Máire agus Seosamh a chur le chéile mar is iníon feirmeora í Máire agus is feirmeoir é Seosamh. Bhí an stádas céanna ag an mbeirt. Bhí Seosamh saibhir agus ba mhaith an dóigh mná é! Ba phost tábhachtach é an basadóir sna laethanta sin. Ní raibh aon dochar i Micilin i ndáiríre. Bhí sé ag iarraidh cleamhnas maith a dhéanamh. Is léir gur fear seanfhaiseanta é chomh maith. Creideann sé nach bhfuil aon rud ag teastáil ó mhná ach an saibhreas! Nuair a bhí sé ag déanamh an chleamhnais idir Seosamh agus Máire níor thug sé faoi deara cé chomh tábhachtach is atá an grá. Sin an botún a rinne sé!

## *Dochtúir na bPiast*

Is polaiteoir é Máirtín MacNamara. Tá stádas ard aige sa cheantar. Tá sé pósta agus tá post maith aige. Cheapfaí go mbeadh sé sásta! Tuigeann an léitheoir go bhfuil suim ag Máirtín i mná. Tosaíonn sé caidreamh le Delia Uí Chaoimh. Is fear adhaltrach é Máirtín agus is léir go ndéanann sé dearmad glan ar a bhean chéile nuair a fheiceann sé bean dhathúil eile. Ach ag an am céanna is léir nach coirpeach é. Is fear gan chiall é ach níl sé ag iarraidh éinne a ghortú. Níl sé ar intinn aige a bhean chéile a fhágáil agus níl sé ag iarraidh an caidreamh idir Séamas agus Delia a scriosadh. Níl ach sult ar a intinn. Nuair a insíonn Delia dó go bhfuil duine éigin ag iarraidh dúmhál a dhéanamh uirthi, tá anbhá ar Mháirtín. Is léir go smaoiníonn sé ar an scannal a bheadh rompu. Tuigeann an léitheoir go dtréigeann Máirtín Delia agus fágann sé í chun an fhadhb a réiteach ina haonar. Níl an léitheoir sásta leis ach is léir go bhfuil sé ag smaoineamh

ar a phost, a stádas agus a bhean chéile. Is Teachta Dála é agus níl sé ag iarraidh scannal a tharraingt air féin agus ní bheadh sé féaráilte an scannal sin a tharraingt ar a bhean chéile. Cé go dtréigeann sé a leannán ní féidir é a cháineadh go hiomlán. Is léir go raibh anbhá air nuair a chuala sé an scéal ar dtús. Is léir nach raibh a fhios aige go mbeadh torthaí a gcaidrimh chomh gránna. Is léir gur cheap sé nach raibh an duine taobh thiar den dúmhál lán dáiríre. Bhí sé trina chéile nuair a chuala sé cad a bhí ar siúl ach níor thug Delia seans dó é féin a shocrú. Chonaic sí go raibh sé buartha agus thug sí an ciúnas a bhí air mar asachán. Bhí sí ar buile. "…téir abhaile go dtí do bhean chéile agus ná lige Dia go bhfeicfinn go deo arís tú' " (lch 118). Is í Delia a chur stop leis an gcaidreamh mar bhí fearg uirthi. Tá sé fíor nach raibh Máirtín ag iarraidh í a choinneáil ach tuigeann an léitheoir go raibh aiféala air ag an bpointe sin go raibh sé measctha suas léi. Bhí sé ag smaoineamh ar a cháil agus ar a bhean chéile. Tá a fhios ag an léitheoir go séanann Máirtín MacNamara go raibh sé i gcaidreamh le Delia Uí Chaoimh do na Gardaí. Faoin am seo tá Delia marbh agus tá Máirtín fós ag iarraidh a phost is a phósadh a chosaint. Nuair a insíonn an Sceilpear don chúirt go bhfaca sé Delia agus Máirtín sa leaba le chéile, tá eagla ar Mháirtín. Tá a fhios aige go bhfuil sé scriosta anois. Bheadh an scéal go léir sna páipéir. "Chuirfeadh an scéal seo deireadh le pósadh. Sea, agus chomh maith leis sin bheadh a ghairm bheatha i mbaol." (lch 212). Ní coirpeach é Máirtín MacNamara. Ní fear oilc é. Níl dochar ann. Rinne sé rogha amaideach. Thosaigh sé caidreamh le bean phósta nuair a bhí sé féin pósta chomh maith. Feiceann an léitheoir an t-aiféala atá air nuair a thuigtear dó go bhfuil an scéal ag duine éigin. Níl sé ag iarraidh a bhean chéile a ghortú. Is léir go gcabhródh sé le Delia dá mbeadh a fhios aige cé chomh dainséarach is a bhí an cás. Is léir gur cheap sé go raibh amadán éigin ag iarraidh airgead éasca a dhéanamh. Níor tháinig éigniú ná dúnmharú istigh ina intinn. Is léir go raibh sé ag súil go stopfadh an

coirpeach leis an dúmhál dá mbeadh sé féin agus Delia scartha óna chéile. Níl aon dabht ach gur fear lag é Máirín MacNamara. D'inis sé bréag amháin agus is léir nach bhfaca sé slí éalaithe as na bréaga as sin amach. Ní laoch é Máirtín ach ní coirpeach é. Ní raibh sé ag iarraidh éinne a ghortú. Níl dochar ná olc ann ach níl sé foirfe. Rinne sé roghanna amaideacha agus chaill sé gach rud. Tá trua ag an léitheoir dó ag an deireadh mar scriostar é mar gheall ar a roghanna féin agus braitheann an léitheoir go bhfaigheann sé pionós atá ró-dhian.

## *Greenhorn*

Nuair a bhuaileann Muiris Ó Fiannachta leis na hÉireannaigh eile sa tigh bordála, cuireann siad go léir fáilte roimhe ach amháin, Feistí Finnegan. Is léir nach dtaitníonn Muiris leis ar chor ar bith. Tá a fhios aige nach bhfuil Muiris ag insint na fírinne faoina cháilíochtaí agus faoin líon oibre a bhí aige in Éirinn. ' "A leithéid de *bhullshit*, ní chuala ó d'fhágas Éirinn. Má bhí an oiread sin oibre agat in Éirinn, cad sa foc atá tú ag déanamh anseo?' (lch 10). Níl muinín ag Feistí as Muiris. Is fear óg é Muiris agus tá an iomarca le rá aige. Nuair a chuireann Seán Ó Fearaíl Muiris ag obair leis níl Feistí sásta. Is léir go bhfuil Feistí in ann breithiúnas cruinn a dhéanamh ar dhuine. Tuigeann sé go díreach nach bhfuil maith ar bith i Muiris ach ní fear proifisiúnta é. Níl sé in ann an fuath atá aige ar Mhuiris a cheilt nuair atá siad ag obair. Tugann sé ordú do Mhuiris dul amach ar na sceaifilí nuair atá sé ró-ghaofar. Is ordú amaideach é sin. Bheadh Muiris agus an bheirt a bhí ag obair in éineacht leis, Lamar agus Ron, i mbaol dá ndéanfadh siad é sin. Táimid cinnte nach bhfuil Feistí ag iarraidh iad a chur i mbaol. Níl an t-olc sin ann ach goilleann Muiris go mór air. Ní maith le Feistí é. Tá Muiris ró-chinnte agus tá sé lán de féin agus níl Feistí sásta leis sin. Tuigeann an léitheoir go bhfuil Feistí Finnegan ag iarraidh an lámh in uachtar a fháil ar Mhuiris.

Tá sé in amhras faoi agus tá an ceart aige. Déanann sé botún, áfach, mar taispeánann sé an míthaitneamh seo do Mhuiris agus is fear dainséarach é Muiris. Tuigeann Muiris nach bhfuil meas ar bith ag Feistí air agus cuireann sin fearg air. Ní thaispeánann Muiris dílseacht d'éinne ach nuair atá a fhios aige go bhfuil Feistí in amhras faoi tá sé ar buile. Tuigeann an léitheoir nach bhfuil dochar i bhFeistí. Tá sé béalscaoilteach ach níl sé foréigeanach. Nuair a thugann sé an t-ordú do Mhuiris dul amach ar na sceaifilí, tagann fearg scanrúil ar Mhuiris. Baintear geit as Feistí agus baintear geit as an léitheoir chomh maith. Cuireann Muiris suas i gcoinne bíoma iarainn Feistí. Is fear láidir é Feistí ach ní amadán é. Ní chuireann sé isteach ar Mhuiris tar éis na heachtra sin. Cailleann Feistí meas óna stiúrthóir, Seán Ó Fearaíl, mar gheall ar an eachtra sin. Bhí sé ró-ghaofar chun dul amach ar na sceaifilí agus bhí sin ar eolas ag Muiris. Bhí sé ar eolas ag Seán Ó Fearaíl chomh maith agus braitheann an léitheoir go raibh sé ar eolas ag Feistí Finnegan. Bhí an fuath a bhí aige ar Mhuiris sa tslí agus ní raibh sé in ann breithiúnas ceart a dhéanamh. Bhí sé ag iarraidh Muiris a chur ina áit. Cé go bhfuil ról beag ag Feistí Finnegan san úrscéal seo is ról tábhachtach é. Tugann Feistí nod don léitheoir go bhfuil Muiris bréagach nuair a phiocann sé suas nach bhfuil sé ag insint na fírinne faoina cháilíochtaí. Ansin brúann sé Muiris go himeall a fhoighne mar tá sé i gcónaí ag tabhairt asachán dó. Nuair a ionsaíonn Muiris Feistí agus iad ag obair, tá a fhios ag an léitheoir gur fear dainséarach é Muiris. Braitheann an léitheoir míchompordach ag an bpointe seo mar cé go bhfuil Feistí Finnegan ag cur isteach ar Mhuiris níl sé/sí sásta lena fhrithghníomh. Bhí an frithghníomh sin neamhriachtanach. Is léir go raibh scanradh ar Fheistí roimh Mhuiris mar bhí dath an bháis air. Níl an léitheoir sásta leis sin agus tá sé/sí beagáinín neirbhíseach faoi Mhuiris anois. Cad a dhéanfadh sé dá ndéanfadh duine éigin feall air i ndáirire?

# *Lilí Frainc*

Níl aon dabht ach gur fear cráifeach é an tAthair de Búrca. Is sagart é agus is fear dáiríre é. Is fear sean-fhaiseanta é chomh maith. Ceapann sé go bhfuil dualgas aige dá phobal. Tá a fhios ag Ellis go mbeadh sé ar buile nuair a thuigfí dó go raibh Lilí agus Séamas ina gcónaí le chéile. Sin an fáth go n-insíonn Ellis an scéal dó ach ní insíonn Ellis an fhírinne. Tugann Ellis nod don sagart go bhfuil caidreamh gnéasach i gceist. Tá a fhios ag an léitheoir nach bhfuil sin fíor. Insítear dúinn go bhfuil fearg an domhain ar an sagart nuair a chloiseann sé an scéal. Ceapann sé go bhfuil Séamas ag iarraidh buntáiste a fháil ar Lilí agus tá sé buartha faoi ainm agus anam Lilí. Ceapann an tAthair de Búrca go bhfuil sé ag déanamh an rud ceart nuair a ghlaonn sé ar an Roinn Sláinte agus ar na Gardaí. Ceapann sé go bhfuil sé ag déanamh an rud ceart nuair a chabhraíonn sé le Ellis feirm Lilí a fháil ar cíos, agus nuair a chuireann sé féin agus an Roinn Sláinte Lilí faoi dhíon Ellis, tá sé an-sásta mar bheadh Lilí fós ina cónaí ina háit dúchais. Nuair a fhógraíonn sé Lilí ón altóir, ceapann sé go bhfuil sé ag sábháil a hanama! Rinne an tAthair de Búrca botún ollmhór. Bhí muinín aige as James Ellis. Is léir gur fear amaideach é an sagart. Ní fhaca sé James Ellis mar an t-ainmhí a bhí ann. Chonaic sé a shaibhreas agus a stádas. Chreid an tAthair de Búrca gach rud a d'inis Ellis dó. Níor éist sé le Lilí. Is léir gur fear poimpéiseach, ardnósach é. Tá sé lán dena thábhacht féin. Chonaic sé James Ellis mar dhiongbháil agus chonaic sé Lilí mar óinseach. Dá mbeadh a fhios aige! Tá íoróin throm le feiceáil anseo. Is é Ellis an bithiúnach san úrscéal seo. Tá sé lán d'olc. Is fear neamhscrupallach é ach feiceann an léitheoir an sagart taobh le taobh leis ag iarraidh é a shásamh! D'fhulaing Lilí mar gheall ar ghníomhartha an sagairt. B'í Lilí an duine a fágadh ina haonar i lámha Ellis. Bhí a fhios aici go mbeadh sí ceart go leor dá bhfágfaí í ina tigh féin ach níor éist an sagart léi. Is léir nach raibh sé in ann an pobal óg a thuiscint. Chuir sé na

Gardaí ar thóir Séamais agus thug sé Lilí d'Ellis ar phláta! Braitheann an léitheoir frustrachas leis an bhfear seo. Ceapann sé go bhfuil na freagraí go léir aige. Is fear dogmach é ach ní fear olc é. Ag deireadh an lae tá sé ag iarraidh Lilí a chosaint. Tá sé ag iarraidh í a chur ar an mbealach ceart. Creideann sé ina reiligiún. Dá mbeadh a fhios aige cad a bhí ar intinn Ellis bheadh úafás air. Tá moráltacht aige, níl aon dabht faoi sin. Is mór an trua é go bhfuil Ellis in ann an mhoráltacht seo a láimhseáil. Níl aon olc ins an tAthair de Búrca ach scriostar saol Lilí mar gheall ar na roghanna a rinne sé. ' "Fear agus bean faoi dhíon tí gan cuing an phósta! Níl inti ach páiste! Cuirfeadsa stad leis seo mar chúram!"' (lch 157).

# Na Coirpigh

***Tae le Tae***

| Ainm | Aidiachtaí & Ainmfhocail a chuireann síos orthu |
|---|---|
| Seán Ó Cathasaigh | bullaí, cladhaire, crua, dainséarach, dúnmharfóir?, foréigeanach, fuar, gealt, santach, |
| Pádraig agus Traolach Ó Beaglaoich | alcólaigh, éadóchasach. |
| Paidí na gCearc | cruálach, dainséarach, fuar |

***Dochtúir na bPiast***

| Ainm | Aidiachtaí & Ainmfhocail a chuireann síos orthu |
|---|---|
| Séamas Ó Caoimh | cliste, dainséarach, dúnmharfóir, fuar, slíbhín. |
| An Sceilpear Ó Coileáin | aineolach, amadán, dainséarach, neamhscrupallach. |
| Jimí Ó Dálaigh | amadán, uaigneach. |

***Greenhorn***

| Ainm | Aidiachtaí & Ainmfhocail a chuireann síos orthu |
|---|---|
| Muiris Ó Fiannachta | cliste, dainséarach, dúnmharfóir, fuar, leithleasach, meicniúil, neamhthrócaireach, santach. |
| Na Comhlachtaí | crua, dainséarach, dílis!, neamhscrupallach, neamhthrócaireach, . |

***Lilí Frainc***

| Ainm | Aidiachtaí & Ainmfhocail a chuireann síos orthu |
|---|---|
| James Ellis | cliste, craiceáilte, dainséarach, foréigeanach, olc, santach. |
| Dónal agus Seoirse Ellis | barbartha, cruálach, dainséarach, foréigeanach, olc. |

# Na Laochra

***Tae le Tae***

| Ainm | Aidiachtaí & Ainmfhocail a chuireann síos orthu |
|---|---|
| Séamus Ó Cearúill | caoin, cneasta, dílis, macánta, láidir. |
| Pádraig de Róiste | cliste, dílis, uasal. |

***Dochtúir na bPiast***

| Ainm | Aidiachtaí & Ainmfhocail a chuireann síos orthu |
|---|---|
| John Walters | cliste, cneasta, misniúil, macánta, uasal. |
| Seán Chorlaí | cliste, soineanta. |

***Greenhorn***

| Ainm | Aidiachtaí & Ainmfhocail a chuireann síos orthu |
|---|---|
| John Williams | cliste, díograiseach, macánta, proifisiúnta, tuisceanach. |
| Gníomhairí an F.B.I. | cliste, díograiseach, proifisiúnta. |

***Lilí Frainc***

| Ainm | Aidiachtaí & Ainmfhocail a chuireann síos orthu |
|---|---|
| Frainc Ó Súilleabháin | caoin, cneasta, macánta, maith. |
| Séamas Ó Baoill | buan, caoin, ciúin, maith, uasal. |

# Na Fir Mhaithe

***Tae le Tae***

| Ainm | Aidiachtaí & Ainmfhocail a chuireann síos orthu |
|---|---|
| Páid Chathail | baitsiléir, buan, caoin, flaithiúil, grámhar, tuisceanach, uasal. |
| Piaras an Phóist | caoin, féaráilte, macánta, saibhir, uasal. |
| An Garda Clárach Ó Riain | díograiseach, maith, searbh. |

***Dochtúir na bPiast***

| Ainm | Aidiachtaí & Ainmfhocail a chuireann síos orthu |
|---|---|
| An Dochtúir Ó Fiannachta | cairdiúil, eiticiúil, macánta, proifisiúnta. |
| Na Gardaí agus na Bleachtairí | díograiseach. |

***Greenhorn***

| Ainm | Aidiachtaí & Ainmfhocail a chuireann síos orthu |
|---|---|
| Tomás Ó Gráinne | cabhrach, cairdiúil, deas, saonta. |
| Seán Ó Fearaíl | cabhrach, maith, soineanta. |
| Pádraig Ó Neachtain | cabhrach, grámhar, maith, uasal. |

***Lilí Frainc***

| Ainm | Aidiachtaí & Ainmfhocail a chuireann síos orthu |
|---|---|
| An Dochtúir Labhrás Ó Cinnéide | caoin, maith, proifisiúnta |
| An Sáirsint agus an Garda | cliste, díograiseach. |
| Tadhg de Brún | cliste, cneasta. |

# Fir Mhaithe, Roghanna Amaideacha

***Tae le Tae***

| Ainm | Aidiachtaí & Ainmfhocail a chuireann síos orthu |
|---|---|
| Micheál Ó Cathasaigh | flaithiúil, lag. |
| Seosamh Ó Ceannabháin | baitsiléir, dílis, méanaosta, sean-fhaiseanta, uaibhreach. |
| Micilín an Chleamhnais | basadóir, sean-fhaiseanta. |

***Dochtúir na bPiast***

| Ainm | Aidiachtaí & Ainmfhocail a chuireann síos orthu |
|---|---|
| Máirtín MacNamara | adhaltrach, lag. |

***Greenhorn***

| Ainm | Aidiachtaí & Ainmfhocail a chuireann síos orthu |
|---|---|
| Feistí Finnegan | béalscaoilteach, breitheamh maith, láidir. |

***Lilí Frainc***

| Ainm | Aidiachtaí & Ainmfhocail a chuireann síos orthu |
|---|---|
| An tAthair de Búrca | amaideach, ardnósach, cráifeach, dáiríre, dogmach, poimpéiseach, seanfhaiseanta. |

# Caibidil 4: Ról na mBan

Is féidir na carachtair bhaineanna a ghrúpáil mar a leanas: íobartaigh, mná misniúla maithe agus mná laga. Is íobartaigh iad na príomhcharachtair. Tá siad leochaileach. Tá a neart féin in easnamh acu. Tá fear nó fir éigin ina saol atá ag déanamh cos ar bolg orthu. An féidir leo an t-ansmacht seo a chur díobh nó an bhfaighidh an t-aintiarna an lámh in uachtar? Is mna laga iad na mioncharachtair. Níl olc iontu ach déanann siad roghanna amaideacha. Tá scanradh orthu roimh údáras agus níl siad toilteanach iad féin a chur sa spotsholas. Is féidir neart a fheiceáil ag na mná misniúla maithe. Creideann siad i gcothrom na féinne. Cabhraíonn siad le daoine atá i dtrioblóid. Tá siad toilteanach an rud ceart a dhéanamh i gcónaí cé go bhfuil fórsa olc ag bagairt orthu.

## 4.1 Na hÍobartaigh

### *Tae le Tae*

Insítear dúinn gur bean óg, dhathúil í Máire Ní Chathasaigh. Tá caidreamh maith aici lena máthair mar is iníon ghrámhar í. Níl meas ar bith aici ar a hathair áfach. Tuigeann Máire nach bhfuil grá ag Seán di agus mar gheall ar sin níl Máire in ann an grá nádúrtha atá aici dó a chothú. Braitheann an léitheoir gur bean láidir í Máire ach cuireann a hathair a neart faoi smacht i gcónaí. Titeann Máire i ngrá le Séamus Ó Cearúill. Is rud nádúrtha é sin. Piocann sí fear caoin, cneasta di féin ach is léir ón tús go bhfuil scanradh uirthi roimh a hathair. Tá sí fiche bliain d'aois ach níl sí in ann a roghanna féin a dhéanamh. Níl sí in ann an grá idir í féin agus Séamus a thaispeáint dá hathair. Ar lámh amháin is bean chliste í mar briseann sí an fáinne fí nuair a

roghnaíonn sí Séamus mar leannán. Ní leanann sí sampla a máthar – bean atá pósta le fear foréigeanach, ach ar an lámh eile tá sí cosúil le páiste mar coimeádann sí an caidreamh idir í féin agus Séamus faoi cheilt. Níl sí toilteanach fraoch a hathair a tharraingt uirthi féin. Nuair a thuigeann Máire go bhfuil sí ag súil le leanbh, tá anbhá uirthi. Níl sí in ann í féin a shocrú. Níl sí in ann aon rud éifeachtach a dhéanamh. Téann sí go Séamus leis an bhfadhb. Is léir go mbraitheann Máire air chun na freagraí a fháil. Nuair a gheallann Séamus di go bpósfaidh sé í, tá faoiseamh ar Mháire agus tá sí ar bís. Cad a tharlódh dá dtréigfeadh Séamus í? An mbeadh sí in ann saol fiúntach a fhorbairt di féin? Braitheann an léitheoir nach bhfuil plean ar bith ag Máire. Tuigeann sí go dteastaíonn Séamus uaithi ach níl sí toilteanach a droim a chasadh ar a hathair. Cad a tharlódh mura mbeadh sí ag iompar clainne? An n-éalódh sí le Séamus ansin? Níl aon dabht ach go bhfuil sí i ngrá leis ach níl an léitheoir cinnte go mbeadh an neart aici a droim a chasadh ar Sheán mura mbeadh an leanbh i gceist. Ar shlí, tá Máire stróicthe idir Séamus agus Seán. Tá sé fíor go bhfuil sí i gcónaí ag tabhairt amach faoi Sheán ach nuair a insíonn sí do Shéamus an plean atá ag Seán faoin gclaí teorainn, níl cead ag Séamus a hainm a phlé. Is príomhfhinné í ach níl sí toilteanach a hathair a chur faoi ghlas. Tá scanradh uirthi roimhe gan dabht ach braitheann an léitheoir go bhfuil dílse i gceist chomh maith. Insítear dúinn gur tháinig Máire abhaile ar cuairt ó Shasana go rialta. Is léir go raibh sí in ann maithiúnas a thabhairt dá hathair. Rinne sé iarracht í a "dhíol" ach níor chas sí a droim leis. Ní dhearna sí dearmad ar a tuismitheoirí. B'fhéidir go dtaispeánann an maithiúnas seo cé chomh láidir is atá Máire Ní Chathasaigh ach b'fhéidir go dtaispeánann sé go bhfuil sí fós ag lorg dea-mheas a hathar.

Insítear dúinn gur bean chaoin, chneasta í Bríd Ní Chathasaigh. Is bean chéile agus máthair í. Tá ról tábhachtach aici sa tigh ach braitheann an léitheoir gur bean dhímríoch í. Tá eachtraí tubaisteacha ag tarlú ina timpeall agus ní dhéanann sí aon rud chun stop a chur leo. Tá sí pósta le fear foréigeanach agus braitheann an léitheoir nach bhfuil sí ag iarraidh aon rud a dhéanamh a chuirfeadh fearg air. Is féidir an meon sin a thuiscint ar shlí ach déanann sí dearmad ar a dualgas mar mháthair. Tá a mac, Micheál, ag caitheamh an iomarca ama le Seán is tá sé ag forbairt béas agus nósanna atá ró-chosúil lena athair ach ní dhéanann Bríd iarracht é a chur ar an mbealach ceart. Tuigeann Bríd go bhfuil a iníon, Máire, ag dul amach le buachaill aimsire i ngan fhios do Sheán ach ní dhéanann sí iarracht comhairle a thabhairt do Mháire. Nuair a thuigeann Bríd go bhfuil Máire ag súil le leanbh, tá anbhá uirthi agus tá sí trína chéile. Tá sé soiléir go bhfuil sí buartha faoi Mháire ach ní chabhraíonn sí léi. Nuair a insíonn Máire di go n-éalóidh sí le Séamus ní chuireann Bríd isteach orthu. Tá scanradh uirthi roimh a fear céile agus tá náire uirthi roimh na comharsana. " 'Nár bhreá liom an neomat seo bás breá naofa d'fháil!" (lch 130). Tá grá mór idir Bríd agus a páistí, tá sin cinnte, ach ar shlí, teipeann uirthi mar mháthair. Tá sé fíor go bhfuil grá aici dá páistí ach níl sí in ann a dualgas mar stiúrthóir a chomhlíonadh mar tá sí curtha i ndaoirse ag a fear céile. Tá Bríd ciúin mar braitheann sí nach bhfuil rogha aici. Níl sí ag iarraidh fearg Seán a tharraingt uirthi féin. Tá saol ciúin ag teastáil uaithi. Braitheann an léitheoir go dteastaíonn saoirse uaithi ach níl an neart aici an tsaoirse seo a fháil. Tá súil aici go mbeidh áthas ar a leanaí ach níl sí in ann cabhrú leo. Tuigeann an léitheoir go bhfanann Bríd le Seán cé go bhfuil a fhios aici cén sórt fir atá ann. Tá scanradh uirthi roimhe ach tá sí dílis dó chomh maith. B'fhéidir go raibh saol níos fearr aici nuair a fuair Seán an stróc. Ní raibh an chumhacht chéanna aige as sin amach.

# *Dochtúir na bPiast*

Tuigeann an léitheoir gurb as Lancashire, Sasana, do Delia Uí Chaoimh. Insítear dúinn gurb as teaghlach saibhir í. Tá saibhreas ag teastáil uaithi i gcónaí. Níl Delia sásta nach bhfuil a fear céile ach ag tosú amach mar dhochtúir, mar teastaíonn am uaidh chun an saibhreas seo a thuilleamh. Is bean mhífhoighneach í. Tuigeann an léitheoir go bhfaigheann Delia iasacht airgid óna tuismitheoirí chun tigh a cheannach. Tá a fhios aici go gcuirfidh an iasacht sin náire an domhain ar a fear céile ach is cuma léi. Is bean leithleasach, neamhmhothálach í. Nuair atá Séamas ag obair gach lá, tá Delia fágtha sa tigh gan faic lé déanamh aici. Is léir nach maith léi é sin. B'fhéidir go bhfuil uaigneas uirthi ach ní fhaigheann sí post nó aon rud fiúntach mar sin. Tosaíonn sí caidreamh le Máirtín MacNamara. Braitheann an léitheoir go dtothlaíonn aire uaithi. Tá sé soiléir go bhfuil fadhbanna aici. Ólann sí an iomarca. Nuair atá sí ar meisce, teastaíonn cion uaithi. B'fhéidir gur sin an fáth a luíonn sí le Máirtín MacNamara agus Jeaic Ó Laoghaire. Goilleann sé go mór ar Delia nach ndíríonn Séamas a aird uirthi. Ní thuigeann sí go bhfuil sé ag iarraidh a chliantacht a lainseáil. Is féidir go bhfuil uaigneas uirthi nuair a thosaíonn sí an caidreamh le Máirtín ach nuair a chríochnaíonn an caidreamh sin, tá sí gortaithe agus tá uaigneas uirthi arís agus luíonn sí le Jeaic Ó Laoghaire. Is léir go bhfuil meon suaite ag an mbean seo. Meascann sí gnéas le grá. Níl sí in ann í féin a chur in iúl do Shéamas. Ní labhrann sí leis agus fásann an t-olc eatarthu. Tá nod ann go bhfuil sí fós i ngrá le Séamas áfach. Déanann sí a dícheall an caidreamh idir í féin agus Máirtín a choimeád mar rún cé go bhfuil an Sceilpear ag déanamh dúmhála uirthi. An ndéanfadh sí é sin dá mbeadh sí críochnaithe le Séamas? Ní thuigeann Delia go bhfuil gach rud ar eolas ag Séamas cheana féin. B'fhéidir go bhfuil dóchas aici fós go gcuirfidh siad an pósadh ar an mbealach ceart arís. Nuair a fhaigheann Delia amach go bhfuil Séamas imithe go Trá

Lí thar oíche, tá ionadh uirthi agus tá sí gortaithe mar níor inis sé di go raibh sé ag dul. Níl Delia foirfe ach tuigeann an léitheoir gur óinseach uaigneach í. Níl clú aici go bhfuil a fear céile i gcaidreamh le Bríd Ní Cheannabháin. Nuair a dhéanann an Sceilpear dúmhál uirthi, tá Delia trína chéile. Tá scanradh uirthi roimh Shéamas agus roimh an dúmhálaí. Tá trua ag an léitheoir di ag an bpointe seo mar feiceann sé /sí cé chomh héadóchasach is atá sí. Níl an t-airgead aici is níl sí in ann an t-airgead a fháil ach ag an am céanna tá sí ag iarraidh an scannal a choimeád faoi cheilt. Tá sí tréigthe ag Máirtín cé gur leis an fhadhb chomh maith. Éigníonn an Sceilpear í agus dúnmharaíonn a fear céile í. Is íobartach í Delia gan dabht. Tá sí scriosta ag na fir ina saol. Úsáideann Máirtín í agus tréigeann sé í nuair atá sí i dtrioblóid mhór. Déanann an Sceilpear dúmhál agus ionsaí gnéasach uirthi agus dúnmharaíonn Séamas í. Tá bás gránna aici. Níl seans aici í féin a chosaint. Níl inti ach bean leochaileach, amaideach.

Insítear dúinn gur dúnmharaíodh Celeste Plushnack (bean chéile John Walters). Is féidir a rá go raibh sí san áit mhícheart ag an am míceart. Tuigeann an léitheoir go bhfuair a mac bás mar gheall ar dhrugaí. Is féidir a thuiscint go raibh brón ollmhór uirthi. Ní raibh fearg uirthi cosúil lena fear céile áfach. Ní raibh sí sásta nuair a thug a fear céile fianaise don F.B.I. faoi Paul the Rat Reno. Bhí scanradh uirthi roimh lucht na ndrugaí agus bhí an ceart aici. Theastaigh uaithi dearmad a dhéanamh orthu agus tús úr a dhéanamh. “D’impigh Celeste air fanacht glan dóibh siúd a bhí bainteach leis an *Mafia*, mar gur daoine míthrócaireacha iad ná raibh eagla Dé ná na síoraíochta orthu.” (lch 48). Nuair nár éist a fear céile léi, níor tháinig fearg uirthi. Thug sí tacaíocht dó. Is léir gur bhean thuisceanach í. Thuig sí gur theastaigh cúiteamh óna fear céile agus níor sheas sí sa tslí. Ach is í Celeste a fuair an pionós. Dúnmharaíodh í mar gheall ar ghníomhartha a fir céile. Chaill Celeste a saol mar thug a fear céile

fianaise don F.B.I. faoi choirpeach mór sa *Mafia.* Tuigeann an léitheoir go raibh an *hitman* ag iarraidh John a mharú ach bhí John imithe go dtí an siopa. Dúnmharaíodh Celeste chun John a ghortú. B'fhógairt an dúnmharú do John fanacht ón gcúirt. B'íobartach soineanta í Celeste.

## *Greenhorn*

Tá triúr íobartach le feiceáil i *Greenhorn*; Máire Ní Mháille, Róisín Ní Neachtain agus Sofia Campabasso. Tuigeann an léitheoir go raibh Máire i gcaidreamh le Muiris Ó Fiannachta sular fhág sé Éire. Tá nod ann go raibh Máire agus Muiris geallta le chéile mar insítear dúinn go raibh sé ar intinn ag Máire teacht go Meiriceá nuair a bhí Muiris socraithe ann. Is léir nach dtuigeann Máire cad atá ar siúl mar scríobhann sí litreacha chuige i rith an úrscéil agus sna litreacha impíonn sí ar Mhuiris teagmháil a dhéanamh léi. Tá sé soiléir go bhfuil Máire i ngrá le Muiris agus gur fíorghrá atá i gceist. Is féidir gur fhás an bheirt suas le chéile, gur chairde iad ar dtús agus ansin leannáin. Is féidir a fheiceáil go raibh muinín ag Máire as Muiris agus go raibh sí caillte nuair a bhí sé imithe go Meiriceá. Bhí Máire tréigthe ag a leannán ach ní raibh a fhios aici mar níor inis sé an fhírinne di. Bhí sí fágtha ina haonar in Éirinn agus í ag feitheamh air. Is léir gur bean dhílis í Máire. Nuair a d'imigh a grá thar lear, ní dhearna sí dearmad air. Bhí sí ag fanacht leis . Tar éis tamaill, tuigeann Máire go bhfuil sí tréigthe. Tugann sí seans amháin do Mhuiris sa litir dheireanach mar tugann sí trí sheachtain dó chun teagmháil a dhéanamh léi sula gcuireann sí é go cúl a cinn. Feiceann an léitheoir cé chomh héadóchasach is atá Máire ag an bpointe seo. Tá sí ag iarraidh bheith bródúil ach ag an am céanna is léir go dtabharfadh sí maithiúnas dó dá dtiocfadh sé ar ais chuici. Tuigeann an léitheoir go dtéann Máire go dtí an Astráil faoi dheireadh. Is féidir gur theastaigh tús úr uaithi mar fágadh í le cuimhní searbha.

Nuair a bhuaileann an léitheoir le Róisín Ní Neachtain ar dtús ceapann sé/sí gur bean neamhspleách í. Tá post maith aici sa bhanc. Tá carr aici agus tá árasán aici. Nuair a chasann Róisín le Muiris, cailleann sí a neamhspleáchas. Níl aon dabht ach go bhfuil sí i ngrá leis ach tá sí dall leis an ngrá seo. Ar dtús tá Róisín sásta leis an gcaidreamh idir í féin agus Muiris ach tar éis tamaill, feiceann sí féin agus an léitheoir na blosсthaí. Aithníonn Róisín nach bhfuil rudaí i gceart. Uair amháin bhí coinne aici le Muiris ag a leathuair tar éis a hocht agus níor tháinig sé go dtí tar éis a deich a chlog. Uair amháin eile ní fhaca sí é ar feadh coicíse. Is léir go bhfuil sí in amhras faoi ach creideann sí gach rud a thagann as a bhéal! Is féidir gur rogha é sin. Braitheann an léitheoir go mbeadh Róisín in ann leithscéalta Muiris a bhréagnú dá gceistódh sí é go cruinn. Is féidir go bhfuil a fhios aici go bhfuil sé ag insint bréag di ach go bhfuil sí chomh mór i ngrá leis go roghnaíonn sí an t-aineolas. Braitheann an léitheoir go gcailleann Róisín a neart féin nuair atá sí ag dul amach le Muiris. Bhí an t-ádh le Róisín go raibh a fhios ag an F.B.I. nach raibh aon bhaint aici leis na postanna neamhdhleathacha a roghnaigh Muiris. Bhí an t-ádh léi gur chreid an F.B.I. go raibh sí aineolach faoin saol eile a bhí ag Muiris mar is scéal dochreidte é! Ach fágtar í le croí briste. Bhí sí go mór i ngrá le Muiris. Bhí sí dílis dó agus tá sí scriosta nuair a fhaigheann sí amach cén sórt fir a roghnaigh sí mar leannán. Tá scanradh uirthi chomh maith mar tuigtear di gur fear dainséarach é Muiris. "'Ach má bhrisim fiú anois leis, b'fhéidir gur ar ghrinneall Loch Michigan a gheofaí mo chorp'" (lch 252). Bhris Muiris a croí agus is rud úafásach é sin. Fágtar í agus í uaigneach agus gortaithe ach fágtar í le heagla ollmhór chomh maith. Bhí a fhios ag an gcomhlacht go raibh Róisín ag dul amach le Muiris. Beidh sí i gcónaí ag féachaint thar a gualainn.

Tuigeann an léitheoir gur ceannaire an chomhlachta í Sofia Campabasso nuair a théann a hathair amach ar phinsean. Tá suim ag Sofia i ngnó na ndrugaí mar tá saibhreas le fáil sa ghnó sin. Is gnó neamhdhleathach é gnó na ndrugaí ach níl Sofia buartha faoi sin. Scriosann drugaí saolta ach is cuma le Sofia. Tá a fhios ag Sofia go mbeadh fearg ar a hathair dá mbeadh a fhios aige go mbeadh an comhlacht measctha suas i ngnó na ndrugaí ach níl sí buartha faoi. Taispeánann an neamhshuim seo nach bhfuil meas aici ar a hathair. Braitheann an léitheoir gur bean fhuar í nuair a thréigeann sí Tony Corrali i bhfaobhar Muiris. Tá Tony Corrali craiceáilte fuithi ach níl meas aici air ach an oiread. Luíonn sí le Muiris nuair atá sí fós ag dul amach le Tony agus nuair atá fearg ar Tony faoin bhfeall sin, bagraíonn Sofia air agus seolann sí go dtí an Cholóim é! Tá cumhacht ollmhór ag Sofia agus tá sí neamhthrócaireach leis an gcumhacht sin. Ach nuair a fhaigheann Sofia amach go bhfuil sí ag iompar clainne, tá eagla an domhain uirthi. Tá scanradh uirthi roimh a hathair agus roimh an bpobal mar ba scannal mór é ag an am sin bheith ag iompar clainne lasmuigh de chuing an phósta. Nuair a insíonn Muiris di go bpósfaidh sé í, is léir go bhfuil faoiseamh uirthi. Níl sí i ngrá le Muiris ach teastaíonn an fáinne uaithi chun éalú ón scannal. Nuair a dhéanann Muiris feall uirthi, tá sí ar buile agus dúnmharaítear Muiris mar gheall ar an bhfearg atá uirthi. Ach tá Sofia scriosta chomh maith. Tá sí fágtha ina haonar agus í ag súil le leanbh agus caithfidh sí an scéal a insint don *Don* anois.

## *Lilí Frainc*

Is bean chéile í Sinéad Ní Shúilleabháin. Tá sí pósta le Frainc Ó Súilleabháin agus tuigeann an léitheoir gur pósadh maith é. Nuair a thugann Lord Harrington seans don bheirt a bhfeirm a cheannach, is í Sinéad a scríobh an litir chuig teaghlach a fir céile i Meiriceá ag lorg iasacht airgid. Is léir go bhfuair Sinéad oideachas mar insítear dúinn

go bhfuil sí in ann léamh agus scríobh. Nuair a théann Frainc go dtí an tigh mór chun an fheirm a cheannach, téann Sinéad in éineacht leis. Is léir go bhfuil suim aici i dtalamh chomh maith leis an tigh! Níl aon dabht ach go dtuigeann Sinéad nach bhfuil meas ar bith ag Frainc ar na Sasanaigh agus tá sí in ann é a shocrú i slí chaoin nuair atá sé ag radaireacht! Nuair a cheapann Sinéad go bhfuil sí ag súil le leanbh, ní insíonn sí an scéal do Fhrainc. Níl sí ag iarraidh é a chur ar bís gan chúis. Is léir gur bean mhothálach, chneasta í. Nuair a fheiceann Sinéad Dónal agus Seoirse Ellis ar dtús, tugann sí faoi deara go bhfuil cuma olc orthu. Is breitheamh maith í. Déanann sí iarracht éalú uathu ach níl seans aici. Faigheann Sinéad greasáil mhíthrócaireach agus déantar ionsaí gnéasach uirthi chomh maith. Braitheann an léitheoir go bhfuil an t-ádh léi go maireann sí tar éis an ionsaithe. Is léir gur bean láidir, shláintiúil í. Nuair a thagann Sinéad abhaile ón ospidéal, tá sé soiléir go bhfuil sí trína chéile. Tá náire uirthi agus insíonn sí do Mhéibhín go bhfuil sí neirbhíseach mar caithfidh sí leaba a roinnt le Frainc. Braitheann an léitheoir go bhfuil sé sin an-bhrónach mar is léir go bhfuil grá mór idir an bheirt ach anois tá náire ar Shinéad roimh Fhrainc. Insítear dúinn go gcailleann Sinéad a neart fisiceach agus maoithneach tar éis an ionsaithe. "Gach mí a d'imigh, bhí sláinte Shinéid ag dul i léig,..." (lch 59). Cé go bhfuil leanbh ar an tslí, is léir nach bhfuil Sinéad in ann dearmad a dhéanamh ar an ionsaí. Tá trua ag an léitheoir di ag an bpointe seo mar tuigeann sé/sí gur theastaigh leanbh ó Shinéad ar feadh na mblianta. Anois tá an seans aici bheith ina máthair ach tá an t-áthas a bhí uirthi caillte anois. Tá an t-ionsaí ar a hintinn an t-am go léir, ní an leanbh. Maireann Sinéad go dtí go bhfeiceann sí an leanbh agus is léir go bhfuil grá aici di ach ansin faigheann Sinéad bás mar scriosadh a spiorad agus a neart ag an ionsaí.

Insítear dúinn gur tógadh Lilí idir Frainc agus Méibhín. Tuigeann an léitheoir go gcabhraíonn sí le Frainc agus le Méibhín sna tithe agus is léir gur bean tí fuinniúil í. Freastalaíonn Lilí ar scoil chomh maith agus faigheann sí oideachas di féin. Nuair a fhaigheann Méibhín agus a hathair bás, tá an-bhrón ar Lilí agus feiceann an léitheoir cé chomh grámhar is atá sí. Feiceann an léitheoir cé chomh láidir is atá sí chomh maith. Tar éis bás a hathar is dílleachta Lilí. Níl sí ach cúig bliana d'aois ach taispeánann sí cé chomh cumasach is atá sí mar tugann sí aire do na hainmhithe agus do na tithe léi féin. Nuair a insíonn an bheirt ón Roinn Sláinte di go gcaithfeadh duine fásta bheith ina c(h)ónaí léi, impíonn sí ar Shéamas teacht chun cónaithe léi. Is bean chliste í agus tá déanamh gnó inti. Rinne Lilí a dícheall chun na tithe agus na feirmeacha a choimeád ach chaill sí an cath do James Ellis. Ní raibh an locht ar Lilí áfach, mar ní bhfuair sí an tacaíocht a fuair Ellis ón sagart is ón dlí. Bhí scanradh ar Lilí roimh James Ellis ón tús agus bhí cúis mhaith aici. Éisteann sí go cúramach le Siobhán, a insíonn di an doras a chur faoi ghlas gach oíche, agus tuigeann Lilí gur éignigh deartháireacha Ellis a máthair féin. Ach ní féidir Lilí í féin a chosaint nuair a ionsaíonn Ellis í. Níl inti ach cailín óg agus is fear láidir é Ellis. Nuair a éigníonn Ellis í, tá Lilí trína chéile agus tá náire uirthi ach coimeádann sí a neart. Téann sí go Sasana. Traenálann sí mar bhanaltra agus faigheann sí an fáinne óna leannán, Séamas Ó Baoill. Tá sí leagtha ar shaol maith a fhorbairt di féin. Nuair a fhaigheann Séamas bás, athraíonn rudaí áfach. Tá lionndubh uirthi agus braitheann an léitheoir go gcailleann sí an neart a bhí aici go dtí seo. Níl suim ag Lilí in aon rud ach díoltas. Tá an cailín caoin, cneasta imithe ag an bpointe seo. Is léir go bhfuil Lilí dall leis an lionndubh atá uirthi. Tá sé fíor go mbaineann Lilí díoltas amach ar Ellis ach braitheann an léitheoir nach bhfuil faoiseamh ag baint leis an díoltas seo. Níl Lilí in

ann smaoineamh ar an todhchaí cé go bhfuil Ellis marbh. Cuireann sí lámh ina bás féin. Braitheann an léitheoir go raibh a spiorad marbh i bhfad roimhe sin.

## 4.2 Na Mná Misniúla Maithe

### *Tae le Tae*

Ní thugtar a lán eolais don léitheoir faoi shaol Nóirín Tom ach tá ról tábhachtach aici i saol Mháire. Tuigeann an léitheoir gur fhás an bheirt suas le chéile. Is as an áit chéanna iad. Nuair a thagann Séamus Ó Cearúill go dtí an áit tá gach cailín sa cheantar ar bís mar insítear dúinn go bhfuil ganntanas fear san áit. Is léir go bhfuil Nóirín Tom ar bís chomh maith ach nuair a thosaíonn Máire ag dul amach leis, tá áthas ar Nóirín Tom. Níl éad uirthi cosúil leis na cailíní eile sa cheantar. Is léir go bhfuil áthas ar Nóirín Tom mar tá áthas ar Mháire. Is fíorchara í. Foghlaimíonn Nóirín Tom ó Mhicheál go ndearna Seán cleamhnas do Mháire le Seosamh Ó Ceannabháin. Nuair a bhuaileann sí le Máire ag an siopa, is léir go bhfuil trua aici di. Nuair a insíonn Máire di go mbeidh sí féin agus Séamus ag dul go Sasana, tá Nóirín Tom ar bís. '"Ó a leithéid de scéal grá, pleascfad le háthas.' (lch 174). Tá áthas ar Nóirín Tom go mbeidh seans ag Máire éalú ón gcleamhnas agus óna hathair cancrach. Ní smaoiníonn sí go mbeidh sí fágtha san áit gan a cara. Níl an meon sin aici. Ní bean leithleasach í. Tá sí i gcónaí ag smaoineamh ar shuaimhneas Mháire. Éisteann Nóirín Tom lena fadhbanna agus ní thugann sí breithiúnas di. Nuair a insíonn Máire di go bhfuil sí ag súil le leanbh, tugann Nóirín Tom tacaíocht di. Ní mhaslaíonn sí Máire cé gur scannal mór é bheith ag iompar clainne lasmuigh de chuing an phósta sna laethanta sin. Tuigeann an léitheoir gur inis Nóirín Tom do Mháirín Silbhí go raibh Máire ag súil le leanbh. Ba rogha amaideach é sin ach is féidir gur cheap sí nach

mbeadh aon dochar ann, mar bhí Máire ag dul go Sasana agus ní féidir leanbh a chur faoi cheilt ar aon nós. Is dócha nach raibh a fhios aici go scaoilfeadh Máirín Silbhí an rún le gach duine eile sa cheantar! Nuair a labhrann Nóirín Tom le Páid Chathail, tuigtear di gur tharla rud éigin do Shéamus. Tá a fhios aici go bhfuil Máire ag feitheamh leis sa Daingean i dtigh tábhairne an Phóist. Faigheann Nóirín Tom í agus insíonn sí an scéal di. Is féidir a thuiscint go bhfuil Máire trína chéile ach tá an t-ádh léi go bhfuil cara maith aici. Cabhraíonn Nóirín Tom léi í féin a shocrú. Téann sí go dtí tiománaí an leoraí le Máire chun a chur in iúl dó nach mbeidh Máire agus Séamus ag taisteal leis. Téann sí le Máire go dtí fear an tábhairne agus Tom Johnny chun a fháil amach cad a tharla. Ansin cuardaíonn sí dhá thaobh an bhóthair le Máire. Is fíorchara í Nóirín Tom. Nuair atá áthas ar Mháire, tá áthas uirthi. Nuair atá Máire gortaithe, tá sí gortaithe chomh maith. Seasann sí lena taobh i gcónaí is tugann sí tacaíocht ollmhór di.

Tuigeann an léitheoir gur phós Nóirín Tom Micheál Ó Cathasaigh faoi dheireadh. Ar dtús níl an léitheoir in ann é sin a chreidiúint mar b'fhear snámhach, leithleasach é i rith an úrscéil ach insítear dúinn go ndearna Nóirín Tom fear breá dó. Is féidir gur shábháil sí an fear seo ar shlí. Is féidir gur thug sí faoi deara nach raibh aige sa domhan ach drochshampla a athar. Aithníonn sí nach bhfuil aon dochar ann i ndáiríre. Tugann sí seans dó. Braitheann an léitheoir gur sheas Nóirín Tom mar stiúrthóir do Mhicheál. Múineann sí béasa agus nósanna cearta dó nuair atá sí pósta leis. Insítear dúinn gurbh fhear fial é nuair a bhí sé pósta le Nóirín Tom. Níor fhoghlaim sé flaithiúlacht ó Sheán Ó Cathasaigh! Is féidir gur thug Nóirín Tom an tacaíocht chéanna do Mhicheál is a thug sí do Mháire. Feiceann sí rud éigin i Micheál – rud éigin maith nach bhfeiceann a theaghlach féin ná an léitheoir ann. Braitheann an

léitheoir gur fhás Micheál mar dhuine faoi ghrá Nóirín Tom. Cabhraíonn sí leis éalú ó ghreim a athar. Tá ról tábhachtach ag Nóirín Tom i saol Mháire agus i saol Micil. Tugann sí tacaíocht don bheirt. Tá grá aici don bheirt. Is dlúthchara í don bheirt. Déanann sí a dícheall mar chara is mar bhean chéile.

## *Dochtúir na bPiast*

Is léir gur bhean shaibhir í Mrs. Harrington. Bhí sí ina cónaí sa tigh mór agus bhí June Chorlaí ag obair aici sa tigh agus bhí Seán Chorlaí ag obair aici sa ghairdín. Is léir gur mháistreás mhaith í mar bhí June agus Seán sásta ag obair sa tigh mór. Is léir ón uacht a d'fhág Mrs. Harrington ina diaidh go raibh cion aici don bheirt. Insíonn an t-aturnae, Pól Ó Dúlaing, do June go bhfuil cead aici agus ag Seán fanacht ag obair sa tigh mór go dtí go ndíolfaí é. D'íocfaí as an obair iad agus bheadh siad in ann an tsiopadóireacht a dhéanamh in Ollmhargadh Uí Cheallaigh fós agus d'íocfaí as an mbille chomh maith. "'Ó sea, tá a thuilleadh, an duine a cheannóidh an tigh, beidh ísliú le teacht ar an bpraghas má thógann sé nó sí an bheirt agaibh in aimsir." (lch, 23). Is léir gur bhean chneasta í Mrs. Harrington. Thug sí postanna do June agus do Sheán agus rinne sí iarracht aire a thabhairt dóibh tar éis a báis chomh maith. Is léir go raibh sí an-ceanúil orthu agus taispeánann sí a buíochas dóibh as a séirbhís san uacht. Tuigeann an léitheoir nach raibh páiste ar bith ag Mrs. Harrington. B'fhéidir go bhfaca sí June agus Seán mar pháistí mar insítear dúinn gur thóg a máthair iad go dtí an tigh mór léi nuair a bhí sí ag obair ann. Chonaic Mrs. Harrington iad ag fás suas. Ar shlí, thug sí aire dóibh a saolta go léir mar bhí a máthair fostaithe sa tigh mór agus bhí cead aici iad a thabhairt go dtí an tigh mór léi. Ansin thug Mrs. Harrington postanna dóibh. Braitheann an léitheoir go ndearna Mrs. Harrington iarracht June agus Seán a chosaint nuair a bhí sí beo agus tar éis a báis.

Is bean shingil í June Chorlaí. Níl sí pósta agus níl aon pháistí aici ach tá ualach mór uirthi. Tá uirthi aire a thabhairt dá dearthár, Seán. Tuigeann an léitheoir go bhfuil aigne linbh aige agus mar gheall ar sin tá cúram ollmhór ar June. Caitheann sí aire a thabhairt dó gach lá is gach oíche. Sin an fáth go bhfuil an post atá aici sa tigh mór chomh tábhachtach di. Tá sí in ann Seán a thabhairt go dtí an tigh léi. Ní bhfaigheadh sí an seans céanna aon áit eile. Braitheann an léitheoir go bhfuil saol crua ag June. Nuair a fuair a máthair bás, fágadh í le Seán. Níl aon dabht ach go bhfuil grá mór aici dá dearthár ach ag an am céanna is bean óg í agus ní bhfuair sí seans bheith óg. Tá intinn páiste ag Seán ach tá neart fir aige chomh maith. Tá post deacair ag June gan dabht. Tá uirthi bheith ag obair chun airgead a thuilleamh agus tá uirthi aire a thabhairt do Sheán chomh maith. Tuigeann an léitheoir gur bean chneasta í June. Is deirfiúr mhaith í do Sheán agus coimeádann sí é ar an mbealach ceart. Cé go bhfuil ualach trom ar June níl brón uirthi. Is bean chroíúil í i rith an úrscéil. Thuigfeadh an léitheoir dá mbeadh sí searbh mar ní raibh na seansanna céanna aici is a bhí ag cailíní eile ar chomhaois léi. Ní bhfuair sí seans bheith ag dul amach lena cairde. Ní raibh an seans aici bualadh le fear agus pósadh leis. Ní raibh an seans aici leanbh a shaolú. Ach níl June searbh. Uaireanta, bíonn sí buartha agus is féidir é sin a thuiscint. Tá sí i gcónaí ag smaoineamh ar Sheán agus ar cad atá i ndán dó ach coimeádann sí an bhuairt seo faoi cheilt. Níl sí ag iarraidh a himní a thaispeáint do Sheán. Teastaíonn suaimhneas Sheáin uaithi. Is léir gur bean láidir í June. Glacann sí le toil Dé agus déanann sí a dícheall gan ghearán aisti.

Is bean chéile agus máthair í Neans Ní Chléirigh. Is baintreach í Treasa Ní Liatháin. Nuair a thagann John Walters go dtí an áit ar dtús, téann Neans go dtí a thigh chun fáilte a chur roimhe. Tuigeann Neans gur strainséir é John agus gur féidir go bhfuil

uaigneas air. Is bean chairdiúil í Neans agus déanann sí iarracht John a chur ar a shuaimhneas. Aithníonn Neans gur fear díscréideach é John agus go bhfuil rún éigin aige. Is léir gur bean chliste í. Nuair a thagann John ar cuairt chuig Neans agus Pádraig, tugann Neans cuireadh dó teacht amach leo go dtí tigh tábhairne Julia Fitz. Cuireann sí John in aithne do Threasa ann. Cuireann Treasa fáilte roimh John chomh maith. Tá sé soiléir gur bean chairdiúil í. Tosaíonn sí ag dul amach le John. Nuair a scaoileann John a rún leo, tugann na mná tacaíocht dó. Is cairde maithe iad. Nuair a fhaigheann Mrs. Harrington agus Delia Uí Chaoimh bás, tugann Neans agus Treasa tacaíocht do June. Is comharsana maithe iad agus is léir go bhfuil muinín ag John Walters agus ag June Chorlaí astu. Tá sé soiléir go gcreideann Neans agus Treasa sa tslí cheart. Tá grá agus meas acu dá gcomharsana.

## *Greenhorn*

Is le Della Triboulet an tigh bordála i Chicago, Meiriceá. Is baintreach í Della. Cuireann sí fáilte mhór roimh Mhuiris nuair a thagann sé go dtí an áit ar dtús. Tá sé soiléir gur bean chairdiúil í. Tuigeann Della go bhfuil Muiris tuirseach traochta tar éis an turais. Tugann sí cupán caife agus ceapaire dó agus taispeánann sí a sheomra dó. Insítear dúinn gur seomra breá é agus tuigeann an léitheoir gur bean chneasta fhéaráilte í leis na daoine atá ag bordáil léi. Tugann Della seans do Mhuiris é féin a shocrú sa seomra. Ag am dinnéir, feiceann Della nár fhan Muiris i dtigh bordála riamh mar tá an bia go léir sciobtha ag na fir eile sula bhfaigheann Muiris an seans aon rud a fháil. Is bean thuisceanach í Della agus tugann sí pláta bia do Mhuiris. Tá sí flaithiúil. Nuair a thuigeann Della nach bhfuil na fir eile ag cur fáilte roimh Mhuiris, tá fearg uirthi agus tugann sí amach dóibh. Is léir nach gcuirfidh sí suas le daoine suaracha. Tuigeann sí nach raibh Muiris as baile riamh agus braitheann sí gur féidir go bhfuil

uaigneas air. Déanann sí a dícheall chun é a chur ar a shuaimhneas agus teastaíonn uaithi go ndéanfaidh na fir eile an rud céanna. Is bean ghnó í Della. Cuireann sí seomraí agus bia ar fáil do dhaoine ar praghas. Ach seasann sí mar mháthair do na fir sa tigh bordála chomh maith. Ullmhaíonn sí a mbéilí dóibh. Glaonn sí orthu ar maidin agus tugann sí comhairle dóibh faoina mbéasa. Braitheann an léitheoir go dtaitníonn a post léi. Tá sé soiléir go dteastaíonn comhluadar uaithi. Cé go dtugann sí aire do na fir, ní chuireann sí isteach orthu. Tugann sí treoracha do Mhuiris ar thigh tábhairne agus tuigeann an léitheoir go bhfuil na fir in ann teacht agus imeacht aon uair atá oiriúnach dóibh féin. Is bean fháilteach, chroíúil í Della. Is bean tí deise í agus déanann sí iarracht áit chompordach a chur ar fáil do na fir.

Tuigeann an léitheoir go bhfuil Máire Ní Riain i gcaidreamh le Seán Mac Mathúna. Tuigeann sí go bhfuil post deacair aige mar ghníomhaire san F.B.I. agus tuigeann sí nach bhfuil cead aige labhairt léi faoina obair. Glacann Máire nach bhfuil baint aici sa pháirt sin de agus tugann sí tacaíocht dó mar tá a fhios aici gur post dainséarach é. Nuair a bhuaileann Máire le Muiris Ó Fiannachta ar dtús, cuireann sí fáilte roimhe agus tugann sí cuireadh dó bheith ina shuí leo. Tá sé soiléir gur bean chairdiúil í agus déanann sí a dícheall Muiris a chur ar a shuaimhneas. Nuair a insíonn John Williams agus Seán Mac Mathúna do Róisín cén sórt fir é Muiris, tá Máire ann chun tacaíocht a thabhairt di. Is cara maith í. Tá trua aici do Róisín agus tuigeann sí go bhfuil a croí briste. Níl sí in ann aon rud praiticiúil a dhéanamh mar ní féidir croí briste a dheisiú ach tá sí ann agus tá sí ag iarraidh cabhrú le Róisín. Tá nod ann gur bean dhíscréideach í Máire mar tá ceannaire an F.B.I, John Williams, ag iarraidh go mbeidh Máire i láthair nuair a insíonn sé an scéal do Róisín. Éisteann Máire leis an scéal go léir. Tá gnó príomháideach an F.B.I ar eolas aici ach tuigeann an léitheoir

nach n-osclóidh sí a béal. Tá muinín ag an F.B.I aisti. Tá muinín ag gach duine aisti – John Williams, Seán Mac Mathúna, Róisín Ní Neachtain agus fiú Muiris Ó Fiannachta. Is bean mhaith í Máire agus tá an léitheoir agus na carachtair i *Greenhorn* in ann an mhaith a fheiceáil inti.

Tá ról beag ag Eibhlín Ní Chochláin san úrscéal seo ach tá sé soiléir go bhfuil ról tábhachtach aici i saol John Williams. "....chomh tábhachtach lena lámh dheis, a deireadh sé...." (lch 82). Is rúnaí príomháideach í Eibhlín do John. Tá sé soiléir go bhfuair sí oideachas maith mar oibríonn sí taobh le taobh le ceannaire an F.B.I. Insítear dúinn go bhfuil sí i gcaidreamh le John Williams ar feadh cúig bliana chomh maith. Is féidir a rá gur sean-nath atá againn anseo – an rúnaí agus an máistir ach braitheann an léitheoir go bhfuil fíorghrá idir an bheirt. Tuigeann Eibhlín go bhfuil fadhbanna ag John. Tá a fhios aici go bhfuair a mhac bás mar gheall ar dhrugaí agus gur fhág a bhean chéile é. Níl Eibhlín ag iarraidh é a fhágáil áfach. Is léir go bhfuil sí i ngrá leis agus is féidir gur chabhraigh sí leis in am an ghátair. Is féidir gur thug Eibhlín cúis bheith beo do Williams mar bhí gach rud caillte aige roimhe sin. Braitheann an léitheoir gurbh í Eibhlín a chur Williams le chéile arís. Is féidir gur thug sí tacaíocht dó nuair a bhí tacaíocht ag teastáil uaidh. Is léir go bhfuil sí dílis dó agus taispeánann an dílseacht sin don léitheoir cé chomh macánta is atá sí mar bhean.

## *Lilí Frainc*

Is bean shingil í Méibhín Ní Chaoimh. Nuair a ionsaítear Sinéad Ní Shúilleabháin, cabhraíonn Méibhín léi is le Frainc. Nuair a fheiceann Méibhín Sinéad, tá úafás uirthi. Glanann sí na gortaithe a fuair Sinéad agus déanann sí puins di. Déanann sí iarracht Sinéad a chur ar a suaimhneas. Is léir gur bean chneasta í Méibhín agus déanann sí a

dícheall chun sólás a thabhairt do Shinéad agus do Fhrainc. Nuair a insíonn Sinéad di go bhfuil náire uirthi roimh Fhrainc, tugann Méibhín comhairle di. '"...Ní féidir leat cúl a thabhairt do Fhrainc. Beidh ort troid i gcoinne na smaointe atá i do cheann de bharr an drocheachtra...' (lch 47). Is fíorchara í Méibhín do Shinéad. Tá sí toilteanach éisteacht lena fadhbanna agus cabhraíonn sí léi nuair is féidir. Nuair a fhaigheann Sinéad bás, tá Méibhín trína chéile. Ba chosúil le deirfiúracha iad. Cé go bhfuil brón an domhain uirthi, tá Méibhín in ann bheith praiticiúil. Smaoiníonn sí ar Fhrainc is ar an leanbh. Tógann sí Lilí in éineacht le Frainc. Seasann sí mar mháthair do Lilí. Tá sí an-bhródúil aisti agus cheapfaí gur léi Lilí. Tuigeann an léitheoir go seasann sí don mháthair ghrámhar. Tá meas ag Frainc agus ag Lilí ar Mhéibhín. Is féidir é sin a thuiscint. Nuair a fuair Sinéad bás, thóg Méibhín a ról mar mháthair. Ní raibh sí ag iarraidh a háit a thógáil áfach. Labhrann sí faoi Shinéad le Lilí is le Frainc go minic. Coimeádann sí a cuimhne beo. Tá sé soiléir go raibh trua ag Méibhín do Fhrainc agus do Lilí. Chaith sí na blianta ag cabhrú leo. Braitheann an léitheoir go bhfuil croí mór aici.

Tá trua ag an léitheoir do Dolores Ellis mar tá sí pósta le fear olc. Nuair a fhaigheann Dolores amach cad a tharla do Shinéad Ní Shúilleabháin, tá déistin uirthi. Tuigeann sí go ndearna Dónal agus Seoirse – deartháireacha a fir chéile an gníomh. Insíonn Dolores gach rud atá ar eolas aici fúthu do na Gardaí. Tá sé soiléir gur bean mhisniúil í mar tuigeann sí go mbeidh a fear céile ar buile nuair a thuigtear dó gur chabhraigh sí leis na Gardaí, ach déanann sí é ar aon nós. Tuigeann Dolores gur scrios an t-ionsaí Sinéad agus nuair a fhaigeann Sinéad bás, tá brón uirthi. Is bean fhíreanach í. Is fuath léi gníomhartha a fir céile agus a dheartháireacha ach níl an chumhacht aici chun stop a chur leo. Déanann sí a dícheall áfach. Cosnaíonn sí na cailíní aimsire ó dhrúis a fir

céile agus ó dhrúis a dheartháireacha cé go bhfaigheann sí féin an pionós. Nuair a éalaíonn Dolores ó Ellis faoi dheireadh, níl an léitheoir in ann locht a chur uirthi. Ba bhean mhaith í in áit olc. Déanann sí iarrachtaí chun an t-olc a dhíbirt ach tá an t-olc ró-láidir di.

Ag an am a ionsaítear Sinéad Ní Shúilleabháin, is í Máire Ní Riain atá fostaithe mar chailín aimsire sa tigh mór. Nuair a thagann Frainc go dtí an tigh mór ag iarraidh ceisteanna a chur uirthi, is léir go bhfuil sí an-neirbhíseach. Níl sí ag iarraidh labhairt leis mar tá scanradh uirthi roimh James Ellis. Ach tá sé soiléir go gcreideann Máire i gcothrom na féinne agus buaileann sí le Frainc an Domhnach ina dhiaidh sin agus insíonn sí gach atá ar eolas aici dó. Insíonn sí dó go raibh an t-ádh léi nár éigníodh í féin agus insíonn sí an fhianaise a thug Dolores Ellis do na Gardaí dó. Ar shlí, cuireann Máire í féin i mbaol nuair a labhrann sí le Frainc. Dá mbeadh a fhios ag Ellis, chaillfeadh sí a post agus d'fhulaingeodh sí a dhíbheirg chomh maith. Is bean mhisniúil í agus cuireann sí an fhírinne roimh an eagla atá uirthi. Ag an am a thógann Ellis Lilí faoina dhíon féin, tá Siobhán Nic Amhlaoibh fostaithe sa tigh mór mar chailín aimsire. Tuigeann an léitheoir go mbeidh sí ag imeacht go Meirceá go luath ach úsáideann sí an t-am atá fágtha aici chun comhairle a thabhairt do Lilí. Is léir gur bean chroíúil í Siobhán mar déanann sí iarracht áthas a chur ar Lilí. Múineann sí a cúraimí do Lilí agus insíonn sí di gan dul a chodladh nuair nach bhfuil doras an seomra faoi ghlas. Tá Siobhán ar bís mar beidh sí ag fágáil na háite ach déanann sí a dícheall chun Lilí a chur ar a suaimhneas agus ar an mbealach ceart sula bhfágann sí an áit. Is léir gur bean chabhrach í.

Is cara maith í Síle Ní Bhriain do Lilí. Tugann Síle tacaíocht do Lilí in am an ghátair. Nuair atá an sagart ag fógairt Lilí ón altóir, tá déistin ar Shíle. Ní aontaíonn sí leis an bpionós sin ar chor ar bith. '…Seo é 1940! Níor cheart do mhná a bheith ag cur suas lena leithéidí seo!"' (lch 177). Suíonn Síle in aice le Lilí nuair atá an sagart dá fógairt. Tá sí ag iarraidh tacaíocht a thabhairt di. Is léir go gcuireann an sagart fearg ar Shíle. Creideann sí sa tslí cheart ach ní chreideann sí go gcuirfidh "náire" Lilí ar an mbealach ceart. Sin an fáth a fhágann sí an séipéal ag tarraingt Lilí ina diaidh! Feiceann sí an sagart mar bhullaí agus ceapann an léitheoir go bhfuil an ceart aici. Mar a dúirt Father Andrew Greeley "*The Catholic Church has yet to make its peace with the inevitability of the freedom of its laity. It does not like one bit the laity's assumption of the right to make its own decisions, and of its demand that it be persuaded instead of ordered.*" (lch 2). Insítear dúinn go dtéann Síle agus Lilí go hAifreann i bparóiste eile agus go gcaitheann Lilí a ham saor le Síle. Is léir go bhfaigheann Lilí sólás ón mbean phraiticiúil seo. Tugann Síle comhairle do Lilí, mar shampla, deir sí léi gur ceart go n-imeodh sí as tigh Ellis. Tá sí ag iarraidh Lilí a chosaint. Tugann sí structúr éigin do shaol Lilí. Is bean fhíordheas í Síle agus déanann sí a dícheall chun Lilí a choimeád slán sábháilte.

Buaileann Lilí le Fiona Nic Cárthaigh ar an mbád go Sasana. Tuigeann Fiona gur cailín óg í Lilí agus tugann sí aire di as sin amach. Tugann Fiona áit cónaithe do Lilí agus téann sí go dtí an campa airm léi chun Séamas a fheiceáil. Nuair a fhaigheann siad amach go bhfuil Séamas imithe ag troid, tugann Fiona tacaíocht agus sólás do Lilí mar tá sí trína chéile. Is léir gur cara maith í. Cabhraíonn Fiona le Lilí lena slí bheatha chomh maith. Cuireann sí Lilí in aithne don Dochtúir Des Houghton agus insíonn sí don dochtúir gur mhaith le Lilí traenáil mar bhanaltra. Is í Fiona a

chuireann Lilí ar an mbealach ceart i Sasana. Nuair a thuigtear dó Fiona go bhfuil Séamas gortaithe do dona, impíonn sí ar an saighdiúir a tháinig leis an drochscéal gan an scéal a insint do Lilí go dtí an lá ina dhiaidh sin. Bhí a fhios aici nach mbeadh Lilí in ann a scruduithe a dhéanamh dá mbeadh a fhios aici go raibh Séamas sa staid sin. Thuig sí nach mbeadh Lilí in ann aon rud a dhéanamh nó nach mbeadh sí in ann é a fheiceáil dá mbeadh a fhios aici. Tá Fiona ag smaoineamh ar Lilí. Tá sí ag iarraidh go mbeidh slí bheatha mhaith ag Lilí. Nuair a fhoghlaimíonn Lilí go bhfuil Séamas marbh, tugann Fiona sólás di agus téann sí go dtí an tsochraid léi. Is cara dílis í Fiona cosúil le Síle Ní Bhriain agus braitheann an léitheoir gur rud aisteach é go ndéanann Lilí dearmad uirthi san uacht.

## 4.3 Na Mná Laga

### *Tae le Tae*

Tá scata ban i *Tae le Tae* atá cúngaigeanta. Ligeann siad orthu go bhfuil siad cráifeach ach níl iontu ach mná suaracha. Is lucht na cúlchainte iad. Níl ach ról beag acu san úrscéal seo ach is ról tábhachtach é mar cuireann siad in iúl don léitheoir cé chomh dochrach is atá an t-aineolas. I gcaibidil a dó, insítear dúinn go raibh Máire agus Séamus ag féachaint ar a chéile san Aifreann. Tuigeann an léitheoir go bhfaca Nuala Dhá iad agus go dtugann sí amach do Mháire. An argóint atá aici ná go raibh siad ag féachaint ar a chéile i dtigh Dé seachas bheith ag rá a bpaidreacha. Dá mbeadh sí féin ag paidreoireacht, ní ag féachaint ar Mháire is ar Shéamus a bheadh sí! Braitheann an léitheoir gur bean shuarach í Nuala Dhá. Deir sí le Máire go n-inseoidh sí an scéal do Sheán Ó Cathasaigh. Ní thuigeann an léitheoir an fáth go bhfuil sí ag cur isteach orthu. Ceapann Nuala gur fear uasal é Seán. Tugann an tuairim sin nod don léitheoir

gur óinseach cheart í mar tá a fhios ag gach duine eile sa pharóiste gur gealt é! Dá n-inseodh Nuala an scéal do Sheán bheadh Máire i dtrioblóid ollmhór. Níl Nuala in ann a srón a choimeád as gnó daoine eile. Dá n-inseodh sí an scéal do Sheán faoi Mháire agus Shéamus, dhéanfadh sí dochar ollmhór do Mháire.

Nuair a scaoil Nóirín Tom le Máirín Silbhí go raibh Máire Ní Chathasaigh ag iompar clainne, ní raibh Máirín in ann an rún a choimeád di féin. Tar éis tamaill, bhí a fhios ag Neil Pheatsaí, Muireann Uí Ghríofa, Bríd de Barra agus Meaíg Ní Shúilleabháin. Feiceann an léitheoir iad ag an Aifreann agus iad ag magadh faoi Mháire. Dá mbeadh trócaire iontu, bheadh trua acu do Mháire ach ní shin an cás. Tá siad le feiceáil ag cogarnaíl faoi Mháire san Aifreann. Tá siad ag baint sult as a mí-ádh. Tá íoróin throm le feiceáil anseo mar tá na mná céanna i dtigh Dé ach déanann siad dearmad glan ar a mbéasa agus ar thrócaire dá gcomharsain. Ní Críostaithe iad. Feiceann siad Máire mar ábhar cúlchainte. Baineann siad gliondar as a cruachás. Ní thugann siad tacaíocht ná comhairdeas di. Casann siad a dromanna uirthi agus déanann siad ceap magaidh di. Níl aon dabht ach gur scannal mór é ag an am ach baineann na mná seo taitneamh as an scannal. Ní smaoiníonn siad gur leanbh atá i gceist – leanbh nach ndearna dochar d'éinne. Tá déistin ar an léitheoir nuair a dhéanann Bríd iarracht náire a chur ar Mháire. "'N'fheadar," ar sí go magúil le Meaíg, "an scailp slaghdáin atá ar Mháire Ní Chathasaigh leis na balcaisí ar fad atá uirthi...nó an amhlaidh atá sí ag clúdach a boilg.'" (lch 137). Is mná béalscaoilteacha na mná seo. Níl siad sásta go dtí go bhfuil mí-ádh ar dhuine. Téann siad go dtí an Aifreann go rialta ach níl aon mhaith iontu. Is fimínigh iad.

## *Dochtúir na bPiast*

Is cairde iad Delia Uí Chaoimh agus Bríd Ní hÉalaí. Tá Bríd pósta leis an tréidlia, Seán Ó hÉalaí. Tugann sé sin nod don léitheoir gur bean shaibhir í. Nuair a thagann Delia agus Séamas go dtí an áit ar dtús, cuireann Bríd fáilte mhór rompu. Is léir go gcreideann sí go bhfuil siad ar chomhstádas léi mar is dochtúir é Séamas. Insíonn Bríd do Delia go bhfuil tigh Mrs. Harrington le díol. Ceapann an léitheoir gur bean chabhrach í. Nuair a thugann Bríd cuireadh do Delia agus Shéamas teacht go dtí a tigh chun dinnéar a ithe, tá sé ar intinn aici iad a chur in aithne do huaisle na háite – an t-aturnae Pól Ó Dúlaing, Liam de Brún (bainisteoir na hUachtarlainne agus suíochán aige ar an gComhairle Chontae) agus a bhean chéile Síle, an Teachta Dála Máirtín MacNamara agus an Dochtúir Brian Ó Ríordáin. Tá sé soiléir gur bean ardnósach í Bríd. Ceapann sí go bhfuil stádas ard aici sa tsochaí agus níl sí toilteanach bheith measctha suas leis na daoine ísle. '"Bhuel fan go gcuirfir aithne ar uaisle na háite. Beidh tú níos mó ar do shuaimhneas. Tá ár bhfáinne féin de chairde againn..." (lch 30). Nuair a thugann Bríd faoi deara cad atá ar siúl idir Delia agus Máirtín, tugann sí rabhadh do Delia faoi Mháirtín. Insíonn sí di gur fear adhaltrach é. Is léir nach n-aontaíonn Bríd le adhaltranas agus tugann sé sin nod don léitheoir go bhfuil moráltacht aici. Ach tréigeann Bríd Delia nuair atá cara ag teastáil uaithi. Tuigeann an léitheoir nach bhfuil Delia in ann an trí chéad punt a fháil don dúmhálaí. Is léir go bhfuil imní an domhain uirthi. Nuair a théann Delia go Bríd Ní hÉalaí ag lorg iasacht airgid, casann Bríd a droim uirthi. Diúltaíonn Bríd an iasacht airgid do Delia. Braitheann an léitheoir nach cara maith í Bríd. Ba cheart go mbeadh a fhios aici nach bhfuil gach rud ceart go leor dá mbeadh Delia ag lorg iasacht airgid uaithi. Tá aithne ag Bríd ar Delia. Tuigeann sí gur bean bhródúil í Delia agus tuigeann sí nach mbeadh sí ag lorg iasacht airgid ó éinne mura mbeadh sí éadóchasach. Ach ní chuireann Bríd

ceist ar bith uirthi. Ní aithníonn sí go bhfuil Delia trína chéile. Braitheann an léitheoir go bhfuil a fhios ag Bríd go bhfuil Delia i dtrioblóid ach níl sí ag iarraidh scannal a tharraingt uirthi féin. Is bean leithleasach í. Is féidir go bhfeiceann sí an caidreamh idir í féin agus Delia mar bhotún agus braitheann an léitheoir go bhfuil sí ag iarraidh an caidreamh sin a chur ar ceal. Insíonn sí do Delia nach bhfuil an t-airgead aici ach tuigeann Delia agus an léitheoir gur bréag é sin. Ní cara maith í Bríd agus tá sé soiléir go gceapann sí go bhfuil Delia Uí Chaoimh ró-chomónta di.

Chreidfaí gur bean chaoin chneasta í an bhanaltra, Bríd Ní Cheannabháin, mar sin an post atá aici – ag cabhrú le daoine atá tinn. Ach ní shin an cás ar chor ar bith. Tosaíonn Bríd caidreamh le fear atá pósta. Tá a fhios aici go bhfuil an Dochtúir Séamas Ó Caoimh pósta ach is cuma léi. Is léir nach bhfuil moráltacht ar bith aici. Tuigeann sí gur féidir go scriosfaidh sí an pósadh idir Séamas agus Delia ach níl sí buartha fúthu. Tá sé soiléir gur bean leithleasach í. Ní smaoiníonn sí ar Delia. Níl sí buartha faoi na comharsana nó faoi lucht na cúlchainte ach an oiread. Braitheann an léitheoir gur bean chrua í. Cén fáth gur phioc Bríd an Dochtúir Séamas Ó Caoimh mar leannán? Insítear dúinn gur fear dathúil é Séamas ach braitheann an léitheoir go bhfuil níos mó sa scéal. Is féidir go bhfaca Bríd go raibh todhchaí mhaith ag Séamas mar dhochtúir. Is féidir go bhfaca sí go raibh Séamas leochaileach mar tuigeann an léitheoir go raibh Séamas trína chéile nuair a fuair sé amach faoi Delia agus Mháirtín ar dtús. Níl meas ag Bríd ar dhaoine eile. Santaíonn sí fear atá pósta le bean eile. Taispeánann an gníomh sin dúinn gur bean neamhthrócaireach í. Tuigeann an léitheoir go raibh a fhios ag Bríd faoin *scam* a bhí ar siúl ag Séamas san ospidéal. Bhí a fhios aici go raibh sé ag insint do na hothair go raibh T.B acu nuair nach raibh ach fliú trom acu. Ní dhearna Bríd aon rud chun stop a chur leis an *scam* seo áfach. Thuig

sí go raibh an Dochtúir Ó Caoimh ag baint úsáide as x-gathanna bréagacha. Thuig sí nach raibh T.B. ag na hothair. Cé go ndúirt sí ón tús nach mbeadh sí toilteanach bheith measctha suas leis an bplean, bhí a fhios aici cad a bhí á dhéanamh ag Séamas agus d'fhan sí ina tost. Braitheann an léitheoir go bhfuil sí ciontach chomh maith le Séamas. Níl meas ag Bríd Ní Cheannabháin ar dhaoine eile. Déanann sí dearmad glan ar Delia nuair a thosaíonn sí caidreamh le Séamas agus ar shlí, tugann sí cead do Shéamas a phlean a chur i gcrích san ospidéal. Is cuma léi faoi na hothair. Is bean fhuar í.

## *Greenhorn*

Ní insítear aon rud dúinn faoi bhean chéile John Williams ach gur fhág sí é. Cuireann an briathar sin "fág" an locht uirthi, ní ar John. Tuigeann an léitheoir gur féidir go raibh fadhbanna acu ach is í an bhean a d'fhág an fear sa chás seo. Níl a fhios ag an léitheoir cén fáth ach tuigeann sé/sé go raibh brú ar an mbeirt. Insítear dúinn go bhfuair a mac bás mar gheall ar dhrugaí. Ina dhiaidh sin d'fhág bean chéile Williams é. Tá nod anseo gurbh é bás a mic an rud a chur deireadh leis an bpósadh. Is féidir go raibh lionndubh ar an mbean seo tar éis bás a mic. Níl an léitheoir cinnte ach is féidir. Braitheann an léitheoir gur fhág bean chéile Williams é in am an ghátair. Ní raibh an seans acu a bhfadhbanna a réiteach mar d'éalaigh sí óna fear céile ag an am a bhí sí ag teastáil uaidh. Insítear dúinn go mbraitheann John Williams ar Eibhlín Ní Chochláin ó d'fhág a bhean chéile é. Tá sé soiléir gur theastaigh tacaíocht uaidh nuair a fuair a mhac bás ach níor thug a bhean chéile an tacaíocht sin dó. Thréig sí é agus thug sí a ról mar bhean chéile do bhean eile. An féidir a rá gur theip uirthi mar bhean chéile? Is ceist chonspóideach í sin ach caithfidh muid an cheist seo a chur. Is í bean chéile Williams a d'fhág an pósadh, ní Williams féin. Tá difríocht ollmhór idir an dá chás.

Dá bhfágfadh Williams í bheadh trua againn di ach is í an mhalairt a tharla. Is féidir go raibh fadhbanna aici. Tá a fhios aici go raibh fadhb na ndrugaí ag a mac. B'fhéidir gur bhraith sí gur theip uirthi mar mháthair. Bheadh éinne éadóchasach dá mbeadh a bpáiste i ngreim na ndrugaí. Is féidir go raibh an phian ró-láidir agus nach raibh sí in ann fanacht le John. Is féidir gur theastaigh tús úr uaithi. Ní féidir bheith dá cáineadh dá mbeadh sé sin an cás. Níl an léitheoir cinnte faoi aon rud a bhaineann leis an mbean seo. Is bean dothuigthe í. Ach tá rud amháin cinnte, cuireann an scríbhneoir John Williams os ár gcomhair mar fhear uasal, mar fhear gan locht. Más fear gan locht é John Williams, cén fáth gur fhág a bhean chéile é? Cloiseann an léitheoir an cheist chéanna an t-am go léir. Cé nach bhfuil na fíricí ag an léitheoir faoi bhean chéile John Williams, tugann an scríbhneoir nod láidir dúinn gur theip ar an bpósadh mar gheall uirthi. Cuirtear John i láthair mar fhear proifisiúnta a chreideann sa tslí cheart agus cuirtear a bhean chéile i láthair in aon líne amháin nuair a insítear dúinn gur fhág sí a fear céile.

## *Lilí Frainc*

Tá Muireann Nic Cárthaigh agus Mairéad Ní Néill ina gcónaí sa cheantar céanna is atá Lilí ina cónaí ann. Is comharsana iad le Lilí agus tá aithne acu uirthi ar feadh na mblianta. Is léir go bhfuil trua ag Muireann agus ag Mairéad do Lilí. Tuigeann an léitheoir go raibh a fhios ag gach duine sa cheantar go raibh Lilí ina cónaí le Séamas. An difríocht atá idir an sagart is an pobal ná go dtuigeann an pobal an fáth gurb é sin an cás. Tuigeann an pobal gur socrú soineanta é. Is léir nach n-aontaíonn Muireann agus Mairéad leis an bpionós atá i ndán do Lilí. Tuigeann siad go mbeidh náire uirthi os comhair an phobail. Braitheann an léitheoir go gceapann Muireann agus Mairéad gur nós seanfhaiseanta é nuair a fhógraíonn an sagart duine ón altóir. Sin an fáth a

shuíonn siad in aice le Lilí ar an stól is cóngaraí don altóir. Tá siad ag iarraidh tacaíocht a thabhairt di. Is léir gur mná cneasta iad atá ag iarraidh cabhrú lena gcomharsain. Ach teipeann a misneach orthu ag an bpointe is tábhachtaí san Aifreann. Tá an tAthair de Búrca ar buile. Fógraíonn sé Lilí ón altóir. Ansin tagann fearg ar Shíle Ní Bhriain. Ní aontaíonn sí leis an tslí atá an sagart ag labhairt faoi Lilí leis an bpobal. Tuigeann sí nach ndéanfaidh sé aon mhaith do Lilí. Tá a fhios ag an léitheoir go bhfuil Síle ar tí íde béil a thabhairt don sagart agus braitheann an léitheoir nach ndéanfadh sé aon dochar dó! Is í Mairéad Ní Néill a stopann Síle. Tá sé soiléir go bhfuil Mairéad ag iarraidh cabhrú le Síle agus go bhfuil sí ag iarraidh í a choimeád as trioblóid. Tá nod anseo, áfach, go bhfuil scanradh ar Mhairéad roimh an sagart. Braitheann an léitheoir go bhfuil aiféala uirthi gur shuigh sí in aice le Lilí mar níl an bhean seo in ann í féin a chur i gcion roimh an sagart. Is radharc úafásach é an radharc seo agus is féidir a thuiscint an fáth go bhfuil Mairéad ag crith le heagla. Tá an sagart ar deargbhuile agus tá a fhios ag an bpobal an chumhacht atá ag an sagart. Tá díomá ar an léitheoir nuair a chailleann Mairéad a misneach. Insíonn sí do Lilí dul go dtí an altóir. Is gníomh cladhartha an gníomh seo. Bhí rogha ag Mairéad. Chuir sí í féin sa suíochán tosaigh le Lilí. Thug sí dóchas do Lilí go raibh tacaíocht aici ach ansin thóg sí an tacaíocht sin ar ais arís. Faraor ach leanann Muireann drochshampla Mhairéid. '"Téanam! Tar go dtí ráil na haltóra, a Lilí!" arsa Muireann' (lch 178). Tuigeann an léitheoir gur shuigh Muireann agus Mairéad in aice le Lilí le dea-rún a dhéanamh. Is mná maithe iad ach tá an misneach in easnamh acu. Níl siad in ann a ndea-rún a chomhlíonadh mar is léir go bhfuil tuairim an sagairt an-tábhachtach dóibh. Níl siad in ann na ceangail atá acu leis an sagart a bhriseadh. '" Sea," arsa Mairéad, "tá mo dhícheall déanta agamsa!" Chas sí ar a sáil agus shiúil síos i dtreo suíocháin i lár an tsáipéil. Lean Muireann í.' (lch 178). Is féidir a meon a thuiscint ar shlí. B'fhear

cumhachtach an sagart ag an am sin ach níl aon dabht ann ach go ligeann siad síos Lilí.

# Na hÍobartaigh

***Tae le Tae***

| Ainm | Aidiachtaí & Ainmfhocail a chuireann síos orthu |
| --- | --- |
| Máire Ní Chathasaigh | cliste, dathúil, dílis, grámhar, láidir, óg. |
| Bríd Ní Chathasaigh | caoin, ciúin, cneasta, dílis, dímríoch, lag. |

***Dochtúir na bPiast***

| Ainm | Aidiachtaí & Ainmfhocail a chuireann síos orthu |
| --- | --- |
| Delia Uí Chaoimh | amaideach, éadóchasach, leithleasach, leochaileach, mífhoighneach, neamhmhothálach, saibhir, suaite, uaigneach. |
| Celeste Plushnack | soineanta, tuisceanach. |

***Greenhorn***

| Ainm | Aidiachtaí & Ainmfhocail a chuireann síos orthu |
| --- | --- |
| Máire Ní Mháille | bródúil, dílis, éadóchasach. |
| Róisín Ní Neachtain | aineolach, "dall", dílis, neamhspleách, uaigneach. |
| Sofia Campabasso | fuar, neamhthrócaireach. |

***Lilí Frainc***

| Ainm | Aidiachtaí & Ainmfhocail a chuireann síos orthu |
| --- | --- |
| Sinéad Ní Shúilleabháin | breitheamh maith, caoin, cliste, cneasta, láidir, mothálach, neirbhíseach. |
| Lilí Ní Shúilleabháin | caoin, cliste, cneasta, cumasach, fuinniúil, grámhar, láidir. |

# Na Mná Misniúla Maithe

***Tae le Tae***

| Ainm | Aidiachtaí & Ainmfhocail a chuireann síos orthu |
|---|---|
| Nóirín Tom | béalscaoilteach, cabhrach, fíorchara, grámhar, stiúrthóir. |

***Dochtúir na bPiast***

| Ainm | Aidiachtaí & Ainmfhocail a chuireann síos orthu |
|---|---|
| Mrs. Harrington | cneasta, cosantóir, flaithiúil, saibhir. |
| June Chorlaí | cneasta, croíúil, láidir, singil. |
| Neans Ní Chléirigh | cairdiúil, cliste. |
| Treasa Ní Liatháin | cairdiúil, dílis. |

***Greenhorn***

| Ainm | Aidiachtaí & Ainmfhocail a chuireann síos orthu |
|---|---|
| Della Triboulet | bean ghnó, cairdiúil, cneasta, croíúil, deas, fáilteach, féaráilte, flaithiúil, tuisceanach. |
| Máire Ní Riain | cairdiúil, díscréideach, maith. |
| Eibhlín Ní Chochláin | cliste, dílis, macánta. |

***Lilí Frainc***

| Ainm | Aidiachtaí & Ainmfhocail a chuireann síos orthu |
|---|---|
| Méibhín Ní Chaoimh | cneasta, fíorchara, grámhar, praiticiúil, singil. |
| Dolores Ellis | cosantóir, fíreanach, misniúil. |
| Máire Ní Riain | misniúil, neirbhíseach. |
| Siobhán Nic Amhlaoibh | cabhrach, croíúil |
| Síle Ní Bhriain | cneasta, deas, láidir, praiticiúil. |
| Fiona Nic Cárthaigh | caoin, dílis. |

# Na Mná Laga

***Tae le Tae***

| Ainm | Aidiachtaí & Ainmfhocail a chuireann síos orthu |
|---|---|
| Nuala Dhá | óinseach, suarach. |
| Máirín Silbhí & Neil Pheatsaí & Muireann Uí Ghríofa & Bríd de Barra & Meaíg Ní Shúilleabháin | béalscaoilteach, fimínigh. |

***Dochtúir na bPiast***

| Ainm | Aidiachtaí & Ainmfhocail a chuireann síos orthu |
|---|---|
| Bríd Ní hÉalaí | ardnósach, cabhrach, leithleasach, saibhir. |
| Bríd Ní Cheannabháin | crua, fuar, leithleasach, neamhthrócaireach. |

***Greenhorn***

| Ainm | Aidiachtaí & Ainmfhocail a chuireann síos orthu. |
|---|---|
| Bean chéile Williams | brónach?, dothuigthe, éadóchasach?, leithleasach? |

***Lilí Frainc***

| Ainm | Aidiachtaí & Ainmfhocail a chuireann síos orthu |
|---|---|
| Muireann Nic Cárthaigh & Mairéad Ní Néill | cabhrach, cneasta, maith, neamhmhisniúil. |

# Caibidil 5: Na Leabhair Dírbheathaisnéise

## *A Thig Ná Tit Orm*

Foilsíodh *A Thig Ná Tit Orm* don chéad uair i 1987. Is leabhar é seo a scríobhadh faoi shaol an údair agus é ag fás suas. Ní féidir glacadh leis an leabhar go díreach mar leabhar dírbheathaisnéise áfach mar tá an léitheoir ag brath ar chuimhní an údair. Mar a dúirt Richard N. Coe:

> The Childhood, by contrast, narrates the development of the hero (who specifically *is* to be identified with the author) from the point of non-awareness to a point of total awareness of himself as an individual, and particularly as a writer and as a *poet*, who will produce, as evidence of his mature poet identity, the Childhood which he has written. (lch 9).

In *A Thig Ná Tit Orm*, buaileann an léitheoir le Maidhc agus é an-óg. Feiceann an léitheoir Maidhc ag fás suas. Téann Maidhc ar bhealach an fháis agus téann an léitheoir ar an mbealach leis. Pléifear téamaí agus carachtair sa chaibidil seo chun anailís chritice a dhéanamh ar an leabhar áirithe seo.

## 5.1 Téama na hÓige

Nuair a bhuaileann an léitheoir le Maidhc ar dtús i gcaibidil a haon, níl ann ach buachaill óg. Níl sé ach cúig bliana d'aois. Ag tús an leabhair, tá Maidhc ag tosú ar scoil ach níl sé ró-shásta faoi sin, "Ach a Mham...Táim ró-bheag chun dul ar scoil." (lch 7). Is léir go raibh scanradh air cosúil le gach páiste agus é/í ag tosú ar scoil. Ach insíonn an t-údar don léitheoir go raibh Maidhc óg ceart go leor nuair a shocraigh sé síos agus nuair a bhuail sé lena chairde. Tar éis tamaill bhí sé ag súgradh is ag troid leis na páistí eile! Úsáideann an t-údar agallamh beirte chun gátar an pháiste a chur in iúl don léitheoir agus cuireann an tseift seo leis an éifeacht ach an féidir go gcuimhníonn an t-údar ar an gcomhrá a bhí aige lena mháthair agus é cúig bliana

d'aois? I gcaibidil a dó, feiceann an léitheoir an cigire trí shúile an pháiste. Ceapann Maidhc gur fear iontach é an cigire mar fuair na mic léinn go léir sos ag a deich a chlog ar maidin! Sa tslí seo, feiceann muid cé chomh soineanta is atá an páiste óg. Tá gach rud simplí i súile an pháiste. Bheadh imní ar an múinteoir roimh an gcigire ach ní roinneann an páiste an imní leis/léi. Ní thuigeann Maidhc cé chomh tábhachtach is atá an cigire. Éalaíonn an páiste óg ó bhuairt an tsaoil ar feadh tamaill mar gheall ar an aineolas. Is léir nach aingeal é Maidhc ar chor ar bith. Bíonn sé i dtrioblóid go minic. Cuireann Ó Sé fiosracht an pháiste os comhair an léitheora, mar shampla, bhí Maidhc dhá bhliain déag d'aois nuair a bhain sé gal as a chéad thoitín. Chaith sé an toitín ar fad agus ansin bhí sé an-tinn! Níor fhoghlaim sé aon rud áfach. Insítear dúinn go raibh saghas laochais ag baint leis na toitíní ag an am sin agus bhí fonn air a bheith cosúil leis na buachaillí móra. Bíonn fonn ar dhaoine óga, go mórmhór ar dhéagóirí go nglacfaí i ngrúpa amháin nó i ngrúpa eile iad. Is léir go raibh an saol mar an gcéanna i 1954. Nuair a dhíolann Maidhc na huibheacha ar bhainisteoir na huachtarlainne i ngan fhios dá thuismitheoirí, feiceann an léitheoir nach dtagann ciall roimh aois. Bhí a athair, Dainín, ar buile mar bhí sicíní in ocht gcinn agus bhí ceithre cinn de ghlugair orthu chomh maith. Cailleadh na sicíní go léir. Ar fhan Maidhc chun an pionós a fháil? Níor fhan! Rith sé ar nós na gaoithe! Insítear dúinn go raibh suim ag Maidhc sa cheol cosúil le gach buachaill óg nó déagóir. Cheannaigh sé féin agus a theaghlach bosca ceoil. D'fhoghlaim Maidhc conas a sheinntear an bosca ceoil agus is léir go raibh tallann aige. D'úsáid sé an tallann sin nuair a sheinn sé ag na céilithe beaga i Halla na Muirí i samhradh na bliana 1958. Bhuail Maidhc le cailín darbh ainm Éibhlín ag an gcéad chéilí. Chaith siad an mí ag dul amach le chéile. Feiceann an léitheoir an "chéad ghrá" anseo agus an briseadh croí a théann leis! Fuair Maidhc pas

i ngach ábhar sa ghruptheastas. Bhí áthas air. D'fhág sé an scoil ansin. Is é sin deireadh na hóige.

> Not infrequently, we encounter Childhoods which have a "double" ending: a clear cut climax at the age of twelve or thirteen, followed by a long, dull, unspeakably painful period of adolescence, and then the gradual build-up to a second, definitive climax some six or seven years after the first. (Coe, Lch 77).

Nuair a fhágann Maidhc an scoil, is é sin an chéad dréimríocht ach níl an fás críochnaithe fós. Tá an dara dréimríocht le feiceáil blianta níos deireanaí i Meiriceá nuair a phósann sé Cáit. Cuireann an t-údar Maidhc ós ár gcomhair mar rógaire. Bhí sé lán de spraoi agus é óg. Rinne sé rudaí a dhéanann gach duine óg nó déagóir. D'fhás sé suas agus rinne sé botúin ar an tslí. Taispeánann Ó Sé don léitheoir cé chomh soineanta is atá an páiste óg. Ní smaoiníonn an páiste óg ar iarmhairtí. Déanann sé/sí an gníomh ar dtús agus ansin smaoiníonn sé/sí. Níl dochar iontu áfach. Tá siad ag fás cosúil linn go léir.

## 5.2 Téama na hImirce

Tá téama na himirce an-láidir in *A Thig Ná Tit Orm*. Cé gur éirigh le Maidhc sa ghruptheastas, ní raibh sé in ann post a fháil mar phríntíseach ag aon cheardaí sa cheantar. Is léir go raibh postanna gann ag an am sin. Shocraigh Maidhc ar dhul go Sasana ansin. Ní raibh sé ach sé bliana déag d'aois ag an am sin ach is léir nach raibh rogha aige. Tuigeann an léitheoir go bhfuair Maidhc iasacht tríocha punt óna chara, Muiris, chun dul go Sasana. Tuigeann an léitheoir nár inis sé dá theaghlach go raibh sé ag dul ar imirce. Ach cén fáth? B'fhéidir go raibh sé faoi bhrú. Ní raibh ann ach buachaill i ndáiríre. Bhí sé críochnaithe leis an scoil ach ní raibh sé in ann post a fháil. B'fhéidir nár mhaith leis bheith ag seasamh ar a thuismitheoirí ach dá n-inseodh sé dóibh cad a bhí ar intinn aige, chuirfeadh siad ina choinne. Is léir go raibh scanradh

agus uaigneas air nuair a d'fhág sé an tigh, "Leis sin tháinig tocht éigin i mo scornaigh féin agus ba dheacair liom na deora a choimeád siar." (lch 83). Tá trua ag an léitheoir dó tar éis an líne sin a léamh. Ar an mbád go Sasana, baineann Maidhc taitneamh as an gcraic ach cuireann sé in iúl dúinn go raibh an bád dubh le daoine. Is léir go raibh a lán Éireannach ag dul ar imirce. Tuigeann an léitheoir go raibh deartháir Maidhc, Dónal, i Sasana cheana féin. Tá sé soiléir nach raibh postanna le fáil in Éirinn nuair a bhí Dónal dá lorg ach an oiread. Socraíonn Maidhc síos go tapaidh i Sasana. Faigheann sé post i United Aircoil agus tá saol sóisialta maith aige. Tar éis tamaill, fágann sé United Aircoil agus tosaíonn sé ag obair le Murphy's. Insítear dúinn go raibh Maidhc agus Dónal sásta go leor. Fuair siad lóistín le chéile. Faraor, bhí orthu an lóistín a fhágáil mar bhí beirt Éireannach eile ag tabhairt trioblóide don óstóir. Shocraigh siad ar dhul abhaile go hÉirinn. Ach ní bheadh siad in ann fanacht in Éirinn mar bhí postanna gann fós. Bheadh orthu dul go Meiriceá ansin. Tuigeann an léitheoir gur chaith a n-athair,Dainín féin, deich mbliana i Meiriceá. Sa tslí seo, taispeánann Ó Sé don léitheoir gur rud nádúrtha í an imirce in Éirinn. Ní raibh rogha ann i ndáiríre. Ar an fichiú lá de Dheireadh Fómhair 1959, chuaigh Maidhc agus Dónal go Meiriceá. Chuaigh a ndeartháir, Seán, ar imirce go Meiriceá i 1947. Bhí deartháir eile acu, Paidí, agus a ndeirfiúr, Máirín, i Meiriceá chomh maith. Is é sin cúigear as teaghlach amháin. Tá sé beagnach dochreidte ach sin mar a bhí an saol in Éirinn ag an am sin. Ní raibh postanna le fáil agus mar gheall air sin ní raibh rogha ag muintir na hÉireann. Bhí orthu dul ar imirce. Tuigeann an léitheoir go ndeachaigh Maidhc ar imirce dhá uair. Chuaigh sé go Sasana ar dtús agus ansin go Meiriceá. Sa dá áit, bhuail sé lena lán Éireannach. Sa leabhar seo, tríd na tagairtí a dhéanann sé do na cúigear as a theaghlach féin agus na hÉireannaigh a bhuaileann sé leo ar a

bhealach, cuireann Ó Sé in iúl don léitheoir cé chomh tábhachtach is a bhí an imirce i saol na nÉireannach ag an am sin.

## 5.3 Téama an Ghrá

Admhaíonn an t-údar nárbh aingeal é ar chor ar bith ach ag an am céanna ba dhuine maoithneach é chomh maith. Is léir go bhfuil fíorghrá aige dá áit dúchais. Tuigeann an léitheoir go raibh sé ina chónaí faoin tuath. Bhí páirceanna agus cnoic ina thimpeall agus insítear dúinn gur bhreá leis a n-áilleacht go mórmhór nuair a tháinig sé abhaile tar éis na himirce. Cuimhníonn sé gur chaith sé a lán ama ag iascaireacht san abhainn nó ag rothaíocht ar na bóithre nó ag imirt caide leis na buachaillí nuair a bhí sé ina bhuachaill óg. Tá áthas ar Mhaidhc nuair a thagann sé abhaile ó Shasana. Tá sé soiléir go bhfuil sé bródúil as a áit dúchais. ' "Táim ag tógaint isteach radharcanna anois nár thógas ceann dóibh riamh roimhe seo, dá mhéid uaireanta a ghabhas ann." ' (lch 149). Tuigeann an léitheoir go bhfuil fíorghrá idir Maidhc agus a theaghlach chomh maith. Tá uaigneas air nuair a fhágann sé a Mham, a Dhaid agus Tomás beag chun dul ar imirce go Sasana. Bhí an-bhrón air agus ba bheag nár chaoin sé. Nuair a shroiceann sé Sasana, téann sé go dtí lóistín a dhearthár go díreach. Is gníomh nádúrtha é sin. Tuigeann an léitheoir go ndeachaigh Maidhc agus Dónal go Meiriceá le chéile agus gur fhan siad lena dteaghlach ansin. Tá sé soiléir go bhfuil ceangal an-láidir sa teaghlach seo. Ní fhaca Maidhc agus Dónal a dheartháir, Seán, ó 1947 ach cuireann sé fáilte mhor rompu. Braithimid gurb é an teaghlach an rud is tábhachtaí i saol an údair. Is rud nádúrtha é sin ach is rud álainn é chomh maith. Nuair a bhí Maidhc ar imirce, bhuail sé lena lán daoine. Bhí saol sóisialta maith aige. Is cuimhin linn an chéad uair a chas sé le Cáit. Bhí sé ar meisce agus ní raibh sé ag dul i bhfeidhm uirthi ar chor ar bith! Thug sí a huimhir dó ar aon nós agus pósadh iad faoi dheireadh. Níl aon dabht

ag an léitheoir ach gurb é an fíorghrá atá i gceist anseo arís. Tháinig Maidhc, Cáit agus a mbeirt pháiste abhaile go hÉirinn ar an 19 Márta 1969. Braitheann an léitheoir go bhfuil téama an ghrá an-láidir in *A Thig Ná Tit Orm*. Tá sé fíor nach scríobhann Ó Sé faoin ngrá go díreach ach tá an téama ann tríd an leabhar. Bhí ceangal an-láidir agus an-buan ina theaghlach féin. Sheas a theaghlach le chéile agus thug siad aire dá chéile. Tuigeann an léitheoir gur thit Maidhc i ngrá le Cáit go tapaidh. Is anseo a thuigtear don léitheoir gur fear é Maidhc anois. Tá an buachaill agus an déagóir imithe go deo. Tuigeann an léitheoir gur fhan Maidhc, Cáit agus a mbeirt pháiste i Meiriceá ar feadh tamaill ach theastaigh uathu, go mórmhór ó Mhaidhc teacht abhaile go hÉirinn. Bhí a fhios aige go raibh Chicago ag éirí níos dainséaraí. Bhí beirt pháiste óga aige. Mhothaigh sé go mbeadh sé i bhfad níos fearr iad a thógáil in Éirinn. Tháinig siad abhaile mar gheall ar an ngrá a bhí acu dá chéile, dá dteaghlaigh, dá gclann agus dá n-áit dúchais. Is grá simplí agus foirfe atá i gceist againn anseo. Ní chuireann Ó Sé béim ar an téama seo ach tá téama an ghrá le feiceáil sa leabhar seo gan dabht. Tá sé le feiceáil i measc na gcleasanna, na dtroideanna agus an ghrinn.

## *Mura mBuafam-Suathfam*

Foilsíodh *Mura mBuafam-Suathfam* don chéad uair i 2003. Is leabhar dírbheathaisnéise é. Scríobhadh an leabhar seo faoi shaol an údair tar éis na himirce. Tosaíonn an leabhar seo nuair a thagann an t-údar abhaile ó Mheiriceá chun socrú síos ina áit dúchais. Tá Maidhc pósta faoin am seo agus tá beirt pháiste aige. Téann an léitheoir ar bhealach le Maidhc arís agus é/í ag léamh an leabhair seo. Tá Maidhc tagtha abhaile tar éis aon bhliain déag ar imirce agus anois caithfidh sé aithne a chur ar a áit dúchais arís. Pléifear téamaí agus carachtair arís chun anailís chritice a dhéanamh ar an leabhar dírbheathaisnéise seo.

## 5.4 Téama na Tuaithe

Tuigeann an léitheoir go dtagann Maidhc, a bhean chéile, Cáit, agus a mbeirt pháiste, Deirdre agus Caoimhín, abhaile go hÉirinn ó Chicago, Meiriceá. Insítear dúinn go raibh cúiseanna maithe ag Maidhc agus Cáit chun an athrú sin a dhéanamh. Bhí Chicago ag éirí níos dainséaraí gach lá agus theastaigh uathu a bpáistí a thógáil faoin tuath. Is léir gurb athrú mór an t-athrú sin dóibh. Bhí aon bhliain déag caite ag Maidhc ar imirce. Bhí post maith aige i Chicago agus is dócha go raibh cairde acu ann chomh maith. Ní raibh a fhios acu cad iad na hathruithe a bhí tagtha ar a n-áit dúchais in Éirinn. Ní bheadh post ag Maidhc. Ní bheadh a dtigh féin acu. Ba dheacair an rogha í ach thóg siad an seans agus is léir nár mhothaigh siad aon aiféala. Nuair a thagann siad abhaile ar dtús, fanann Cáit agus na páistí lena teaghlach agus fanann Maidhc lena theaghlach féin. Is léir go bhfuil Maidhc buartha faoin aistriú. Tá a fhios aige go bhfuil cúraimí aige anois agus teastaíonn uaidh go mbeidh a bhean chéile agus a pháistí sásta leis an aistriú. Tuigeann an léitheoir go socraíonn siad síos go tapaidh áfach agus tá faoiseamh ar Mhaidhc go bhfuil siad sásta. Insítear dúinn go bhfuil Cáit toilteanach bheith ina cónaí le tuismitheoirí a fir céile nuair atá siad ag tógáil a dtí féin. Foghlaimíonn an léitheoir go bhfaigheann Maidhc post go luath. Buaileann sé le seanchara leis, Dónal Ó hÉalaí, agus insíonn Dónal dó go bhfuil postanna le fáil in uachtarlann an Daingin. Tá Dónal toilteanach labhairt le duine ón uachtarlann ar a shon. Sa tslí seo, taispeánann Ó Sé don léitheoir cé chomh neamhfhoirmiúil is atá saol na tuaithe. Faigheann Maidhc an post. Taispeánann an t-údar don léitheoir go bhfuil muintir na tuaithe toilteanach cabhrú lena chéile. Tá comhoibriú le feiceáil againn anseo. Cabhraíonn Dónal le Maidhc an post a fháil ach ní ligeann Maidhc Dónal síos. Tuigeann an léitheoir gur chaith Maidhc blianta ag obair go hard san uachtarlann. Insítear dúinn go bhfuair Maidhc láthair tí óna thuismitheoirí. Is léir go bhfuil siad

leagtha ar gach cúnamh a thabhairt dó tar éis a thréimhse ar imirce. Is féidir nósanna Meiriceánacha a fheiceáil in Cáit tar éis na mblianta atá caite aici ann, mar shampla, teastaíonn uaithi go dtabharfaidh sí féin agus Maidhc praghas féarálta dá thuismitheoirí ar an láthair tí. Tuigeann Maidhc nach nglacfaidh a thuismitheoirí le hairgead. B'é an nós i saol na tuaithe ná go dtabharfadh na tuismitheoirí láthair tí dá bpáistí mar bhronntanas nuair a d'fhág siad an nead, dá mbeadh talamh acu. ' "Bhuel, ní ghlacfaidís le hairgead ach ceannód a luach i dtroscáin agus b'fheidir cuisneoir don dtigh." ' (lch 23). Nuair atá Maidhc ag tógáil an tí, cabhraíonn a dhearthháir, Tomás, leis ar thuarastal cuí. Insítear dúinn go ndéanann Maidhc an chuid is mo den obair ar an tigh – an tsiúnéireacht agus an phlúiméireacht. Is é Tomás a dhéanann an tsaoirseacht. Tuigeann an léitheoir go gcabhraíonn Dainín agus na comharsana le Maidhc chomh maith. Tá codarsnacht ghéar le feiceáil i *Mura mBuafam-Suathfam* idir saol na tuaithe agus saol na cathrach. Tá sé soiléir gur fearr leis an t-údar saol na tuaithe. Braitheann sé gur saol níos suaimhní é. Níl deifir ar mhuintir na tuaithe i gcónaí. Tógann muintir na tuaithe an t-am chun beannacht a thabhairt dá gcomharsana. Cabhraíonn muintir na tuaithe lena gcomharsana. Tá nod ann go bhfuil saol na tuaithe níos pearsanta ná saol na cathrach. Tá Maidhc agus Cáit cinnte go ndearna siad an rud ceart nuair a théann siad ar turas go Chicago cúpla bliain tar éis dóibh filleadh abhaile. ' "Ó a Dhia na Glóire, cathain atá an chéad eitleán abhaile? Níl suaimhneas Dé ag éinne sa chathair seo!" ' (lch 155).

## 5.5 Téama an Bháis

Tiomnaíonn an t-údar caibidil iomlán dá theaghlach atá marbh anois. Is caibidil álainn bhrónach í seo a chuireann tocht ar chroí an léitheora. Fuair máthair an údair bás ar dtús. Fuair sí bás i 1972. Insítear dúinn gur bhuail fliú trom í agus gur thug sí

seachtain sa leaba. Is léir gur cheap an teaghlach go raibh sí ag teacht chuici féin arís ach d'éag sí go tobann. Cuireann an t-údar in iúl don léitheoir go raibh an teaghlach scriosta ina diaidh. Is rud deacair, úafásach é bás na máthar agus mar a dúirt an t-údar féin, "Mothaíonn gach duine an croíbhrú nuair a imíonn aon duine de na tuismitheoirí." (lch 156).

Nuair a dhéanann an t-údar cur síos ar bhás Thomáis, tagann tocht ar chroí an léitheora. Bhí ailse ar Thomás agus tá sé soiléir gur fhulaing sé mar insítear dúinn nach raibh fágtha ann ach craiceann agus cnámha. Tá sé soiléir go raibh sé deacair ar an údar a dheartháir a fheiceáil sa chruth sin. B'fhuath le Maidhc é a fheiceáil i bpian agus i gcruachás. Insíonn sé don léitheoir gur ghuí sé chun Dé go dtógfadh Sé Tomás go Neamh chun deireadh a chur lena fhulaingt. Braitheann an léitheoir go bhfuil sé deacair ar an údar é sin a rá ach is léir go raibh sé ag smaoineamh ar a dheartháir bocht tinn san ospidéal, ní air féin. Bhí an t-údar ina sheasamh cois na leapan nuair a fuair Tomás bás i 1975. Insítear dúinn gur mhothaigh sé faoiseamh mar ní raibh a dheartháir ag fulaingt anois. Is fíorghrá atá i gceist againn anseo. Cé go raibh an t-údar ag iarraidh go mairfeadh Tomás, theastaigh uaidh go dtiocfadh deireadh leis an bhfulaingt. Admhaíonn an t-údar don léitheoir gur chuir bás Thomáis as dó agus go raibh ualach ar a chroí ina dhiaidh. Tá sé soiléir gur fhág bás Thomáis marc ar an údar. Tiomnaíonn sé dán dó ina chnuasach filíochta, *Citeal na Stoirme*, agus tá an t-éadóchas céanna le mothú sa dán áirithe sin.

Fuair athair an údair bás i 1983. Bhí an t-údar féin ag caint le Dainín an lá céanna. Thug Dainín comhairle dó comhla a chur ar fhráma an dorais sa gharáiste nua. Uair an chloig ina dhiaidh sin, bhí Dainín marbh. Cé gur sheanfhear é, ba bhás tobann é. Is

léir go bhfuil faoiseamh ar an údar go raibh bás suaimhneach ag a athair mar chonaic sé an iomarca fulaingthe nuair a bhí Tomás tinn. Braitheann an léitheoir go bhfuil meas agus grá ollmhór ag an údar dá athair. Insítear dúinn go bhfuair sé bás mar a mhair sé – go ciúin agus lena phíopa ina láimh. Cé go bhfuil brón nádúrtha ar an údar tar éis bhás a athar, glacann sé leis an mbás seo mar is bás nádúrtha é. Ba sheanfhear é Dainín agus bhí saol suaimhneach caite aige. ' "Á mhuise, beannacht Dé le d'anam, a Dainín, d'imís uainn go ciúin!" ' (lch 159).

Nuair a fuair deirfiúr an údair bás i Meiriceá i 1984, baineadh geit as. Chonaic sé Máirín an bhliain roimhe sin ag sochraid Dainín agus insíonn sé dúinn nach raibh sí tinn riamh ina saol. Is é taom croí a mharaigh Máirín agus is léir go gcuireann a bás as don údar. "Tháinig an oiread laigíocht ar mo chosa go raibh orm suí ar an gcathaoir le hais leis an bhfón." (lch 160). Tuigeann an léitheoir go bhfuair deartháir an údair, Dónal, bás dhá bhliain déag i ndiaidh Mháirín agus a dhearthái eile, Paidí, dhá bhliain ina dhiaidh sin. Tá sé beagnach dochreidte gur chnag an bás ar dhoras an teaghlaigh sin an oiread sin amanna. Tá trua ag an léitheoir don údar. Tá sé soiléir gur fhulaing sé mar gheall ar gach cailliúint agus go gcronaíonn sé a theaghlach atá marbh ach is féidir gur an t-ualach is cruálaí ná bás a iníne, Deirdre. "Sin é an t-eachtra a strac an croí asam agus ní dóigh liom go dtiocfad as go hiomlán go brách." (lch 164). Insítear dúinn go bhfuair Deirdre bás i 2002 agus níl aon dabht ach go bhfuil croí an údair briste ina diaidh. Labhrann an t-údar faoina theaghlach atá marbh le cion is le grá. Níl aon dabht ach go gcronaíonn sé iad ach níl sé searbh ar chor ar bith. Braitheann an léitheoir go ndéileálann an t-údar le téama an bháis go mothálach agus is féidir go gcreideann sé go bhfuil siad in áit níos fearr anois mar is léir go bhfuil creideamh láidir aige.

## 5.6 Téama an Ghrá

Tá téama an ghrá an-láidir sa leabhar dírbheathaisnéise seo. Cé nach bpléann an t-údar an grá go díreach, tá sé le feiceáil i ngach abairt a scríobhadh sa leabhar. Mar atá soiléir in *A Thig Ná Tit Orm* chomh maith, tá grá mór ag an údar dá áit dúchais le feiceáil i *Mura mBuathfam- Suathfam*. Tagann sé abhaile tar éis na blianta caite ar imirce i Sasana agus i Meiriceá. Íobraíonn sé a phost maith agus an compord atá aige i Chicago chun teacht abhaile. Tá air tús nua a dhéanamh ina áit dúchais – post a fháil agus tigh a thógáil ach insíonn sé don léitheoir go bhfuil sé cinnte go ndearna sé an rud ceart. Is breá leis áilleacht na háite agus tógann sé isteach na radharcanna álainne gach lá agus é ag obair. Is breá leis an choiscéim éasca atá leis ina áit dúchais. Tá áthas air go bhfuil sé in ann a pháistí a thógáil lena dteanga dhúchais ina dtimpeall. Is breá leis go bhfuil aithne ag muintir na háite ar a chéile. Braitheann an léitheoir go gcríochnaíonn a áit dúchais é. Bhí píosa tábhachtach de in easnamh nuair a bhí sé ar imirce agus fuair sé an píosa sin nuair a tháinig sé abhaile.

Tiomnaíonn an t-údar caibidil iomlán dá bhean chéile sa leabhar seo. Is léir go bhfuil meas ollmhór aige uirthi. Is léir go bhfuil sé fós i ngrá léi tar éis na blianta atá caite acu le chéile. Tugann sé ardmholadh di sa chaibidil áirithe seo. Insíonn an t-údar dúinn go raibh sé buartha nach mbeadh Cáit in ann socrú síos i gCarrachán mar ní cainteoir dúchais í ach tar éis cúpla bliain, bhí sí in ann an Ghaeilge a labhairt go líofa. Braitheann an léitheoir go bhfuil an t-údar bródúil as a bhean chéile. Insítear dúinn gur oibrí maith í Cáit.. Cé go raibh a bpáistí féin acu, bhí Cáit toilteanach scoláirí a bheadh ag foghlaim na Gaeilge a thógáil isteach sa tigh i rith an tsamhraidh. Chabhraigh Cáit leis na scoláirí an teanga a fhoghlaim. Insíonn an t-údar dúinn "Is í Cáit a thóg ár gclann agus caithfead a rá go ndein sí a cúram go slachtmhar." (lch

154). Molann an t-údar a bhean chéile. Is léir gur máthair iontach í. Thug sí na buachaillí go dtí a gcluichí caide agus thug sí na cailíní go dtí a bhfeiseanna rince. Choiméad sí súil ghéar ar na páistí agus thug sí aire mhaith dóibh. Déanann an t-údar iarracht a bhean chéile a mholadh sa chaibidil seo agus tá sé soiléir go bhfuil sí an-tábhachtach dó.

Insíonn an t-údar don léitheoir gur bhronn Dia cúigear páiste air agus ar a bhean chéile. Tá grá simplí foirfe an athar le feiceáil sa chaibidil dheireanach nuair a labhrann an t-údar faoina pháistí. Is é Caoimhín an duine is sine sa chlann. Is bunmhúinteoir é agus is ceoltóir traidisiúnta é chomh maith. Faraor, fuair a iníon, Deirdre, bás i mí na Nollag 2002. Chaith sí seacht mbliana déag i Meiriceá. Bhí sí pósta le fear darbh ainm Declan Fagan. Bhí beirt pháiste aici. Tuigeann an léitheoir go bhfuil croí an údair briste ina diaidh. Is búistéir é Dónal. Oibríonn Daithí do TG4 agus oibríonn Máire-Áine don Roinn Sláinte. Tá sé soiléir go bhfuil an t-údar bródúil as a pháistí go léir. Tugann sé moladh dóibh agus is léir go bhfuil grá neamhchoinníollach aige dóibh.

Is féidir gurb é téama an ghrá an téama is tábhachtaí sa leabhair dírbheathaisnéise seo. Tá grá le feiceáil sa leabhar seo ó thús go deireadh. Is grá nádúrtha atá i gceist againn anseo – grá dá áit dúchais, grá dá bhean chéile, grá dá pháistí agus grá dá theaghlach. Cé nach bpléitear an grá go díreach, tá sé le feiceáil go soiléir i slí amháin no i slí eile i ngach caibidil.

# Na Carachtair

## 5.7 Maidhc Dainín Ó Sé

"To write *about* himself as a child, the writer must have ceased to *be* a child. (Coe, lch 77). Is é Maidhc Dainín Ó Sé an príomhcharachtar in *A Thig Ná Tit Orm* agus *Mura mBuafam-Suathfam.* Roinneann Ó Sé scéal a shaoil leis an léitheoir trí na leabhair dírbheathaisnéise seo. Buaileann an léitheoir le Maidhc ar dtús nuair nach bhfuil sé ach cúig bliana d'aois agus fágann Maidhc slán ar an léitheoir nuair atá sé timpeall seasca nó aon bhliain is seasca d'aois. Is fear é atá toilteanach a thaithí a roinnt leis an léitheoir. Tuigeann an léitheoir go ndeachaigh Maidhc ar imirce nuair nach raibh sé ach sé bliana déag d'aois. Tá sé soiléir gur oibrí maith é. Bhí postanna gann ag an am sin in Éirinn agus cé nach raibh ann ach buachaill, ní raibh sé sásta bheith ag seasamh ar a thuismitheoirí. Nuair a théann sé go Sasana, téann sé amach go díreach chun post a fháil. Taispeánann Maidhc an ghlóirmhian chéanna nuair a théann sé go Meiriceá. Faigheann sé post maith le Sears Roebuck agus mar gheall ar a obair chrua, faigheann sé ardú céime leo i dtamall gearr. Nuair a thagann Maidhc abhaile go hÉirinn, tá an ghlóirmhian chéanna aige agus faigheann sé post in uachtarlann an Daingin go tapaidh. Níl scanradh ar an bhfear seo roimh obair chrua. Is léir gur fear fuinniúil é. Tuigeann an léitheoir go bhfuil tallann an cheoil ag Maidhc. Níl aon dabht ach gur breá leis an ceol ach úsáideann sé an tallann seo mar shlí bheatha chomh maith. Insítear dúinn gur sheinn sé i dtithe tábhairne agus i gclubanna agus in óstáin i rith a shaoil. Is féidir gnó-eagraí a chur air. Thóg sé an seans airgead breise a thuilleamh ag déanamh an rud a chonaic sé mar chaitheamh aimsire. Bhí sé ag obair i rith an lae agus bhí air bheith ag seinm in áit éigin san oíche chomh maith. Braitheann an léitheoir go mbeadh éinne tuirseach traochta agus é/í ag obair dhá phost ach níl an t-

údar ag gearán. Tá nod ann go bhfuil áthas air go raibh an tsláinte aige chun an obair a dhéanamh. Labhrann Maidhc faoina theaghlach go minic. Tá sé soiléir go bhfuil siad an-tábhachtach dó. Cuimhníonn sé ar a athair, Dainín, agus a mháthair le cion. Tiomnaíonn sé caibidil iomlán do na daoine atá faoin gcré anois. Molann sé a dheartháireacha, Dónal, Paidí agus Tomás agus a deirfiúr Máirín sa chaibidil seo. Is caibidil í seo a spreagann deora i súile an léitheora. Is féidir go dtéann an chaibidil seo i bhfeidhm ar an léitheoir mar chuir sé/sí aithne ar na carachtair seo níos luaithe sna leabhair dírbheathaisnéise. Is é Dónal a bhí i Sasana le Maidhc agus chuaigh sé go Meiriceá leis. Bhí Paidí agus Máirín i Meiriceá leis chomh maith. Chabhraigh Tomás leis a thigh nua a thógáil. Is cuimhin leis an léitheoir cé chomh gairid is atá an teaghlach seo. Is léir go bhfuil brón an domhain ar Mhaidhc mar tá na daoine atá luaite thuas imithe uaidh. Labhrann sé fúthu le cion, le meas is le grá. Níl aon dabht ach gur fear grámhar é. Labhrann sé faoina bhean chéile agus a pháistí sa tslí chéanna. Tá sé soiléir go bhfuil sé bródúil astu go léir. Tá trua ag an léitheoir dó mar chuir bás a iníne isteach go mór air. Tar éis *A Thig Ná Tit Orm* agus *Mura mBuafam-Suathfam* a léamh, braitheann an léitheoir go bhfuil aithne níos fearr aige/aici ar an údar. Is iad na rudaí simplí sa saol seo atá tábhachtach dó – a áit dúchais, a theaghlach, a bhean chéile agus a pháistí. Tá sé paiseanta faoi cheol agus faoin nGaeilge. Braitheann an léitheoir gur fear geanúil é. Is soirbhíoch é agus tá an soirbhíochas seo tógálach. Is féidir go bhfuil Maidhc chomh geanúil mar is léir nach bhfuil a fhios aige an tallann atá aige mar scríbhneoir, mar fhile is mar cheoltóir.

## 5.8 An Teaghlach

Is léir go bhfuil ról tábhachtach ag teaghlach an údair ina shaol. Tá gaol gairid idir an t-údar agus a theaghlach. Is féidir gur mhúnlaigh an gaol gairid seo carachtar an údair.

D'fhás sé suas i dteaghlach mór. Bhí ceathrar deartháireacha agus deirfiúr amháin aige. Cé nach raibh siad saibhir bhí a ndóthain bia acu agus is léir nach raibh an grá in easnamh air. Tá cuimhní álainne aige ar na hoícheanta a shuigh siad timpeall na tine ag éisteacht le scéalta Dainín. " Tá pictiúr im cheann fós den slí a bhímis ar fad in aon scraith amháin timpeall na tine." (lch 23). Tá sé soiléir gur theastaigh ó thuismitheoirí an údair go mbeadh post maith ag Maidhc. D'inis a athair agus a mháthair dó go minic gur ceart go luífeadh sé leis na leabhra. Bhí brionglóid acu dó. Chonaic siad é mar mhúinteoir. Theastaigh uathu go mbeadh saol níos éasca aige ná mar a bhí acu féin. B'iascaire é Dainín agus ba phost deacair é ag obair i ngach aimsir – maith nó olc. Nuair a chuaigh Maidhc a bhealach féin, níor chuir siad isteach air áfach. Roghnaigh Maidhc saol eile dó féin. Ní raibh sé ag iarraidh a bheith ina mhúinteoir. Ní raibh a chroí sna leabhair. Ghlac a thuismitheoirí lena rogha agus thug siad tacaíocht dó i rith a shaoil. Nuair a tháinig sé abhaile ó Mheiriceá lena theaghlach féin, bhí a thuismitheoirí toilteanach é féin agus a theaghlach a thógáil faoina ndíon féin. Insítear dúinn gur thug siad láthair tí dó chomh maith. Labhrann an t-údar faoina thuismitheoirí mar dhaoine cneasta, críonna agus braitheann an léitheoir go bhfuil an t-údar féin chomh daingean mar gheall orthu.

Tuigeann an léitheoir go ndeachaigh Maidhc ar imirce go Sasana mar ní raibh sé in ann post a fháil ina bhaile dúchais. Nuair a shroicheann Maidhc Sasana, téann sé go dtí lóistín a dhearthár, Dónal, go díreach. Insítear dúinn go raibh áthas ar Dhónal nuair a tuigeadh dó go mbeadh Maidhc ag fanacht leis i Sasana. Níl aon dabht ach gur rud deacair é a thuismitheoirí agus a bhaile dúchais a fhágáil ag an aois óg sin ach chabhraigh Dónal leis a chosa a fháil. Ní raibh sé ina aonar. Bhí Dónal ann chun súil a choimeád air ach is léir nár chuir sé isteach air. Thug sé spás do Mhaidhc a bhealach

féin a fháil i Sasana ach bhí sé ann dá mbeadh sé ag teastáil ó Mhaidhc. Nuair a chuaigh Maidhc agus Dónal go Meiriceá, rinne Seán, Paidí agus Máirín an rud céanna dóibh. Chabhraigh siad leo a chosa a fháil ach níor chuir siad isteach orthu. Tá sé soiléir go bhfuil ceangal láidir sa teaghlach seo. Níl aon dabht ach go raibh grúpa tacaíochta ag Maidhc i rith a shaoil. Bhí ról tábhachtach ag a theaghlach ina shaol agus nuair a fuair a thuismitheoirí, Tomás, Máirín, Dónal agus Paidí bás, mhothaigh sé an chailliúint go trom. Ní haon ionadh ach go raibh tionchar mór ag a bhean chéile agus ag a pháistí ar shaol an údair. Admhaíonn an t-údar don léitheoir gur athraigh a shaol an oíche a bhuail sé le Cáit i Chicago. Chuir sí i bhfeidhm air go díreach agus thit sé i ngrá léi go tapaidh. Phós sé Cáit ar an ochtú lá fichead d'Aibreán 1962. Is léir gur foireann mhaith iad Maidhc agus Cáit. Nuair a theastaigh ó Mhaidhc teacht abhaile go hÉirinn, bhí Cáit toilteanach teacht leis. Tuigeann an léitheoir go raibh an t-údar buartha nach mbeadh Cáit agus na páistí sásta faoin aistriú. Tuigeadh dó go raibh cúraimí air. Bhí daoine eile ag brath air ach níl aon dabht ach go raibh suaimhneas air gur shin an cás. Braitheann an léitheoir go seasann áthas an údair ar áthas a mhná chéile agus a ghearrcach. Is iadsan na daoine is tábhachtaí ina shaol agus tá gach rud a dhéanann sé mar gheall orthu. Bhog sé ó Mheiriceá go hÉirinn mar cheap sé go raibh Chicago ró-dhainséarach agus bhí sé ag iarraidh go bhfásfadh a pháistí suas in áit shábháilte. Is iad a bhean chéile agus a pháistí a thugann suaimhneas don údar. Is léir gurb iadsan a chúis bheith beo.

## 5.9 Na Cairde

Ní féidir na cairde go léir a theaghmhaigh saol an údair a phlé san alt áirithe seo. Is leis an t-údar cairde i ngach áit, in Éirinn, i Sasana agus i Meiriceá. Bhuail sé le cairde

maithe i rith a shaoil. San alt seo, pléifear beirt de na cairde seo agus an tslí a mhúnlaigh siad a shaol.

Is léir go raibh sé ar intinn ag Maidhc dul ar imirce ar feadh tamaill. Insítear dúinn go raibh sé ar intinn aige an t-airgead a thuill sé ag seinm ceoil i rith an tsamhraidh a úsáid le haghaidh costas an bhóthair. Faraor, ach teipeann ar an bplean sin mar ní bhfuair Maidhc aon airgead as a chuid oibre. Nuair a chloiseann a chara, Muiris, an scéal, tá trua aige do Mhaidhc. Tuigeann sé gur oibrigh Maidhc chun an t-airgead sin a thuilleamh. Nuair a fhaigheann Muiris amach go bhfuil sé ar intinn ag Maidhc dul ar imirce go Sasana, tá ionadh an domhain air. Is léir gur fear ionraic é Muiris mar insíonn sé do Mhaidhc go gceapann sé go bhfuil sé as a mheabhair! Nuair a thugann Muiris faoi deara go bhfuil Maidhc leagtha ar dhul ar imirce, insíonn sé dó go dtabharfaidh sé costas an bhóthair dó ar iasacht. Níl aon dabht ach gur fear flaithiúil é Muiris. Tuigeann an léitheoir go bhfuil Muiris agus Maidhc ar chomhaois. B'fhear óg é Muiris nuair a thit an eachtra seo amach ach is léir go bhfuil carachtar maith aige. Tá a fhios ag Muiris go dteastaíonn go mór ó Mhaidhc dul ar imirce. Níl ag cur isteach air ach easpa airgid. Tá an t-airgead ag Muiris agus tá sé toilteanach é a thabhairt do Mhaidhc ar iasacht. Is cara maith é Muiris. Thug sé an seans do Mhaidhc a neamhspleáchas a fháil. Dá bhfanfadh Maidhc sa bhaile ag an am sin bheadh sé ag seasamh ar a thuismitheoirí agus ghoillfeadh sin go mór air. Is é Muiris a thug an seans dó dul amach sa domhan chun a bhealach féin a fháil.

Insítear dúinn go raibh aithne ag an údar ar fhear ó Chiarraí Thuaidh, Pádraig Ó Conchúir, nuair a bhí sé ar imirce i Chicago, Meiriceá. Oíche amháin, tháinig Maidhc amach as an *Holiday Ballroom* agus bhí sé ar meisce. Thairg Pádraig síob dó agus

thóg Maidhc an tsíob. Bhí Cáit ina suí i gcúl an ghluaisteáin in aice leis. Cé go bhfaca Maidhc Cáit roimhe sin, ní raibh aithne aige uirthi. Is é Pádraig Ó Conchúir a chuir iad in aithne dá chéile. Ní raibh a fhios ag éinne acu ag an am sin ach phósfaí Maidhc agus Cáit faoi dheireadh. Thug sí a huimhir gutháin do Mhaidhc an oíche sin agus tá sé soiléir go raibh suim nach beag acu ina chéile. Insíonn an t-údar dúinn nach raibh sé in ann dearmad a dhéanamh ar Cháit an lá ina dhiaidh sin. "Thagadh Caitlín Nic Gearailt agus a gúna deas gorm uimpi go soiléir os chomhair mo shúl." (lch 200). Bhuail an t-údar lena bhean chéile mar gheall ar a chara, Pádraig. Is féidir a rá go raibh tionchar mór ag Pádraig ar shaol Mhaidhc mar gheall ar sin. D'athraigh cúrsa a shaoil an oíche áirithe sin.

Ní luaitear ach beirt dá chairde san alt seo ach is féidir gur iadsan an bheirt a chur i bhfeidhm ar chúrsa a shaoil den chuid is mó. Is féidir nach mbeadh an seans ag Maidhc dul ar imirce gan Muiris agus nach mbuailfeadh sé le Cáit gan Pádraig. Caithfear a rá áfach, go bhfuil a lán cairde ag Maidhc Dainín Ó Sé – na daoine a d'fhás suas leis, a chairde i Sasana, a chairde i Meiriceá, a chairde a d'oibrigh sé leo, a chairde a sheinn sé ceol leo agus a chairde a bhuail sé leo sa tigh tábhairne. Tá áit áirithe ina chroí dóibh go léir agus labhrann sé fúthu go minic in *A Thig Ná Tit Orm* agus *Mura mBuafam-Suathfam.*

## *Chicago Driver*

Tá struchtúr difriúil le feiceáil i *Chicago Driver* ná atá in *A Thig Ná Tit Orm* agus *Mura mBuafam-Suathfam*. Sa leabhar seo roinneann an t-údar eachtraí óna shaol féin agus scéalta óna athair, Dainín, agus cúpla duine eile leis an léitheoir. Ní leanann an leabhar seo an pátrún a leanann na leabhair dírbheathaisnéise eile. Is féidir tús, corp

agus críoch a fheiceáil iontu. I *Chicago Driver*, pléitear eachtraí fánacha a tharla don údar nó a chuala an t-údar ó dhaoine eile. Cé nach bhfuil pátrún loighciúil le feiceáil sa leabhar áirithe seo, tá téamaí coitianta le feiceáil ann, téamaí atá le feiceáil ina shaothair eile. San alt seo, pléifear na téamaí atá le fáil sa leabhar seo; téama na hóige, téama na hoibre, téama na scéalaíochta agus téama na tuaithe.

## 5.10 Téama na hÓige

Roinneann an t-údar seacht scéal leis an léitheoir ina bpléann sé eachtraí a tharla nuair a bhí sé féin ina bhuachaill óg. Tá téama na hóige an-láidir sna scéalta seo. Feiceann an léitheoir na heachtraí grinn a tharraing an t-údar air féin nuair a bhí sé óg. Sa tslí seo, pléann an t-údar na botúin a dhéanann aosánaigh agus iad ag fás suas agus an t-oideachas a fhaightear mar gheall ar na botúin seo agus déanann sé siamsa don léitheoir ag an am céanna! In *An Seó Bóthair,* roinneann an t-údar an chéad uair a bhfaca sé a leithéid de rud riamh leis an léitheoir. Ní raibh sé ach deich mbliana d'aois nuair a tháinig an seó bóthair go dtí an áit. Cosúil le gach buachaill óg, bhí Maidhc ag iarraidh dul go dtí an seó chun na scannáin a fheiceáil sa teint. Bhí suim nach beag aige sna báid luascaigh chomh maith ach insítear dúinn go raibh a chroí leagtha ar na scannáin a fheiceáil. Tuigeann an léitheoir nach raibh an t-airgead ag Maidhc chun dul áfach. Tá trua ag an léitheoir dó mar tá díomá an pháiste le feiceáil go soiléir anseo. " Ba thapaidh a d'imigh na sceitimíní dom nuair a chuala go raibh scilling sa doras" (lch 18). Tuilleann Maidhc réal ó lucht an tseó ach tá réal eile in easnamh air. Nuair a thuigeann an léitheoir gur mhúnlaigh Maidhc bonn beannaithe ina réal, tá ionadh air/uirthi. Níl aon dabht ach go raibh Maidhc éadóchasach. Tá an fonn atá air chun dul go dtí an seó chomh láidir nach smaoiníonn sé ar an bpeaca atá á dhéanamh aige. Ag an bpointe áirithe sin, b'é an seó an rud ba thábhachtaí dó. Is féidir le gach duine

cuimhneamh ar a (h)óige féin an meon seo a thuiscint. Is iad na rudaí spraoiúla a thaitníonn le páistí. Nuair a thuigtear do Mhaidhc cad a rinne sé, tá aiféala air. Téann sé go faoistin chun maithiúnas Dé a fháil agus is i mbosca na faoistine a fhaigheann sé oideachas maith! "Thug sé breis is ceathrú uair an chloig ansúd do m'ithe is do mo bhearradh" (lch 22).

I *Tigh Jer Fada,* cuimhníonn an t-údar ar oíche a chaith sé i gcuideachta a athar nuair a bhí sé deich mbliana d'aois. Is léir go mbraitheann an t-údar gur oíche speisialta an oíche sin. B'oíche é nuair a roinn sé suim choitianta lena athair. Téann Maidhc síos go dtí an caladh in éineacht lena athair. Is féidir bród an pháiste a fheiceáil sa scéal seo agus é ag cabhrú lena athair. Is ar an tslí go dtí an caladh a insíonn Dainín do Mhaidhc gur ceart go bhfanfadh sé glan ón iascaireacht mar shlí bheatha. Is í tuairim Dainín ná go bhfuil an iomarca cruacháis ag baint leis an tslí bheatha sin. Teastaíonn uaidh go mbeidh saol níos éasca ag a mhac ná a bhí aige féin. "Ar m'anam nach é sin an oidhreacht ba cheart a fhágaint ag aon fhear óg" (lch 27). Éisteann Maidhc go cúramach lena athair agus cé nach bhfuil sé ach deich mbliana d'aois, tá a fhios aige go bhfuil an ceart ag Dainín. Nuair a thugann Dainín Maidhc ag bothántaíocht go tigh Jer Fada, is léir go bhfuil sceitimíní ar Mhaidhc. Tá sé bródúil mar tuigtear dó go mbeidh sé i measc na ndaoine fásta. Is léir gur pribhléid é sin. Tá codarsnacht ghéar idir óg agus aosta le feiceáil i *Tigh Jer Fada.* Tá saghas cód ann. Caitheann na daoine óga a bheith ciúin agus éisteacht le eagna na ndaoine atá níos sine ná iad féin. Déanann Maidhc é sin agus ní chuireann éinne isteach air. Nuair a dhéanann Johnny Griffin iarracht míniú a thabhairt do na fir eile sa tigh faoin tslí a oibríonn eitleán, tagann fearg an domhain ar Jer Fada. Tugann sé íde béil do Johnny. Is léir go gceapann sé gur ceart go mbeadh níos mó meas ag Johnny ar na daoine níos sine ná é

féin. An ceacht a fhoghlaimíonn Maidhc an oíche áirithe sin ná “is fearr binn béal ina thost”.

San alt *Feairín Uíbh Ráthaigh*, téann an t-údar ar ais go dtí a laethanta scoile agus roinneann sé ceacht a d’fhoghlaim sé óna mháistir scoile leis an léitheoir. Ní bhaineann an ceacht seo leis na hábhair scoile ach le sibhialtacht. Insíonn an máistir scoile do na páistí gur bhuail sé le Feairín Uíbh Ráthaigh timpeall fiche bliain roimhe sin. Ba mhúinteoir scoile an fear áirithe seo. Bhí sé pósta agus bhí triúr páiste aige. Bhí dúil aige san alcól agus nuair a d’fhág a bhean chéile é, luigh sé go hard leis an ól. Fágadh é gan a bhean chéile, gan a pháistí agus gan a phost. Cuireann an máistir scoile in iúl do na páistí gur ceoltóir maith é an fear seo. Sa tslí seo, múineann an máistir scoile do Mhaidhc agus do na páistí eile go bhfuil an t-ádh leo mar tá baile agus bia acu. Tugann an máistir cuireadh don cheoltóir teacht go dtí an scoil chun siamsa a dhéanamh do na páistí. D’íocfadh gach páiste toistiún as an gceol. Aithníonn an t-údar go raibh an máistir scoile ag iarraidh carthanacht a mhúineadh do na mic léinn. Aithníonn an t-údar gur ceacht tábhachtach an ceacht seo. Is féidir go gcuirtear an iomarca béime ar na leabhair in oideachas an lae inniu agus go ndéantar faillí ar nósanna agus béasa bunúsacha. Fuair an t-údar oideachas an lá áirithe sin nach ndearna sé dearmad air go deo. “D’oscail sé mo shúilese agus mé ag tabhairt faoin saol amach.” (lch 47).

Is alt é *Bligeard Sráide* ina insíonn an t-údar don léitheoir faoin am a ndeachaigh sé ar a laethanta saoire go dtí tigh a uncal i nDaingean Uí Chúis. Bhí sé deich mbliana d’aois ag an am sin. Bhí sceitimíní ar Mhaidhc mar bhí sé ag smaoineamh ar na siopaí agus ar na gaolta ann ach bhí sé neirbhíseach chomh maith mar b’é an chéad uair a

d'fhan sé as baile. Is é Dainín a thugann Maidhc go dtí tigh na gCinnéideach agus nuair atá sé imithe abhaile agus an tae ólta ag Maidhc , téann Maidhc, Micheál agus Cyril amach ar an tsráid mhór. Casann siad le Maidhcín Meára ar an tsráid. Tugann Maidhc faoi deara go bhfuil cuma dhoicheallach ar Mhaidhcín agus cé nach bhfuil sé ach deich mbliana d'aois, is breitheamh maith é. Bagraíonn Maidhcín ar Mhaidhc agus déanann sé iarracht a chuid airgid a ghoid uaidh. Nuair a dhiúltaíonn Maidhc dó a chuid airgead a thabhairt dó, buaileann Maidhcín é. Ansin buaileann Maidhc Maidhcín. Nuair a ritheann Maidhcín chun a arm a fháil, tuigeann Maidhc, Micheál agus Cyril go bhfuil a bport seinnte. Socraíonn siad gur fearr rith maith ná drochsheasamh! Ag an bpointe sin déanann Maidhc suas a aigne gur ceart dó dul abhaile. "Dheineas m'aigne suas lom láithreach nárbh aon áit é Baile an Daingin do gharsún ciúin cúthail mar mé féin" (lch 66&67). San alt seo, feiceann an léitheoir an buachaill óg amach sa domhan ina aonar don chéad uair. Tuigtear dó go luath gur domhan scanrúil an domhan seo agus téann sé abhaile go cosaint grámhar a thuismitheoirí.

San alt *Cineama Pharóiste Mórdhach*, cuimhníonn an t-údar siar ar an am a tháinig an phictiúrlann go dtí a bhaile dúchais. Tharla an eachtra seo i 1955. Insítear dúinn gur thóg Séamas Ó Conchubhair sean-thigh Sheán Mhaidhc ar léas chun scannáin a thaispeáint ann. Ar dtús, ní raibh Maidhc ná a chairde in ann an scéal a chreidiúint ach ba scéal fíor é. Is cuimhin leis an údar an chéad scannán a taispeánadh i gCineama na Feothanaí – *High Noon* le Grace Kelly agus Gary Cooper. Bhí ar dhaoine fásta dhá scilling agus ar pháistí scilling a íoc chun an scannán a fheiceáil. Ba chasadh nua ar an saol í an phictiúrlann agus cuimhníonn an t-údar ar na sceitimíní a mhothaigh muintir na háite mar gheall uirthi. Ar dtús taispeánadh *The Pathe News* ar an scáileán. Ansin

taispeánadh *The Grand National*. Roinneann an t-údar eachtra grinn a tharla ag an bpointe seo leis an léitheoir. Nuair a chas na capaill ar an scáileán i dtreo an lucht féachana, baineadh geit as seanfhear a bhí suite ar an stól barraigh. "Chomh luath agus a chas na capaill ina threo léim sé den stól le scanradh agus chrústaigh a chaipín ar na capaill." (lch 118). Sa tslí seo, cuireann an t-údar in iúl don léitheoir an mhíthuiscint a thiteann amach nuair a thagann gléasanna nua-aimseartha ar an saol.

I *Máistir na gCeard*, cuimhníonn an t-údar siar arís ar a óige. Insíonn an t-údar don léitheoir go raibh airgead gann nuair a bhí sé féin ina bhuachaill óg. Tá sé soiléir nach raibh teaghlach an údair saibhir ach níl ach cuimhní álainne ag an údar ar an am sin. Tuigeann an léitheoir gur oibrigh tuismitheoirí an údair go hard agus i bhfocail an údair féin. "Ach rud amháin a déarfad, ná chuaigh éinne againn a chodladh lenár mbolg folamh." ( lch 123). Insítear dúinn gurb é an Satharn lá na siopadóireachta sa Daingean dá mháthair agus is é Seán a bhíodh i bhfeighil an tí nuair a bhíodh sí imithe mar b'é an duine is sine sa theaghlach. Bhíodh ar Sheán na béilí a ullmhú, bia a thabhairt do na sicíní agus aire a thabhairt do na páistí eile. Roinneann an t-údar eachtra grinn a tharla nuair a bhí an mháthair as baile leis an léitheoir. Insítear dúinn gur mharaigh Seán cearc trí thimpiste. Bhí imní an domhain air mar tuigeadh dó go mbeadh sé i dtrioblóid mhór dá gcloisfeadh a mháthair an scéal. Ach smaoinigh Seán ar phlean! Chuir sé péist i mbéal na circe agus chuir sé cloch ar a ceann. D'fhág sé í in aice leis an gclaí. "Nuair a thiocfadh m'athair nó mo mháthair ar an gcearc, ba dhóigh leo go raibh an chearc ar thóir péiste agus go dtit an chloch ar a ceann." (lch 127). Sa tslí seo, cuireann Ó Sé meon an pháiste os comhair an léitheora. Is féidir go ndéanfadh an páiste aon rud chun fearg na dtuismitheoirí a sheachaint. Sa chás áirithe seo, bhí Seán agus na páistí eile ró-shoineanta chun bheith cinnte nach raibh a n-athair

timpeall na háite. Mar atá ar eolas ag an léitheoir, chuala Dainín gach rud a bhí á rá ag na páistí. Ní chuireann sé pionós orthu áfach mar is léir go dtuigeann sé nach bhfuil aon dochar iontu agus gur thimpiste é an dúnmharú!

## 5.11 Téama na hOibre

I *Seachain an Claí*, labhrann Maidhc faoina phost. Insíonn sé dúinn gur chaith sé tamall ag tiomáint leoraí an bhainne. Is léir go dtaitníonn an post seo leis ach pléann sé cúpla rud a chuireann isteach air agus é ag obair. Níl an t-údar sásta le staid na mbóithre in Éirinn. Braitheann sé nach bhfuil na bóithre oiriúnach don líon feithiclí a bhíonn ag taistil orthu. Tuigeann an léitheoir go dtagann a lán turasóirí go dtí áit dúchais an údair ar a laethanta saoire mar cónaíonn sé sa Ghaeltacht. Lá amháin nuair a bhí an t-údar ag tiomáint an leoraí, bhuail sé le cúpla turasóir a bhí i dtrioblóid. Tá sé soiléir gur thóg na mná capall agus carbhán amach ar cíos ach ba chapall stubarnálta an capall agus ní raibh siad in ann í a bhogadh! Insítear dúinn go raibh an bheanghiolla ag labhairt leis an gcapall nuair a bhí sí ag iarraidh í a bhogadh! Fuair an t-údar maide fiúise ón gclaí agus thug sé don bheanghiolla é. " 'Oibrigh an maide uirthi má thagann sí faoin gclaí arís. Tuigfidh sí níos fearr tú.' " (lch 39). Sa tslí seo, cuireann an t-údar in iúl don léitheoir gur féidir go mbuailfeadh sé le aon rud agus é ag obair. Tá sé soiléir go bhfuil an t-údar toilteanach cabhrú le daoine in am an ghátair ach cuireann sé pointe tábhachtach os comhair an léitheora – go gcaithfear a bheith cúramach ar na bóithre mar níl a fhios ag éinne cad a mbeidh timpeall an lúib.

In *Ag Fáil Mo Chosa Arís*, insíonn an t-údar don léitheoir faoin am a tháinig sé abhaile go hÉirinn ó Mheiriceá ar dtús. Is léir go raibh rudaí le déanamh aige sular shocraigh sé síos i gceart. Ar dtús fuair sé post in Uachtarlann an Daingin. Ansin bhí

air tigh a thógáil. Tuigeann an léitheoir gur gheall an t-údar dó féin nár ólfadh sé deoch meisciúil go dtí go mbeadh an tigh críochnaithe aige. Tá sé soiléir gur chuir Maidhc brú ollmhór air féin. Insíonn sé don léitheoir faoin lá a ndeachaigh sé isteach go tigh tábhairne Foxy John ag lorg sreang leitreach. Bhí deifir air agus thug Foxy faoi deara cé chomh teannasach is a bhí sé. Tuigeann an léitheoir gur chuir Foxy John iachall ar Mhaidhc piont agus leathghloine a ól. Mhúin Foxy John ceacht tábhachtach do Mhaidhc an lá áirithe sin. Chuir sé in iúl dó go gcaitheann an cine daonna am a thógáil chun a scíth a ligint. Tá an obair tábhachtach ach tá scíth chomh tábhachtach léi. Ghlac an t-údar le comhairle Foxy agus admhaíonn sé go raibh an ceart aige. "Smaoineod go deo ar an dtráthnóna úd, agus gach tráthnóna as sin amach bhí deoch agam." (lch 102). Chabhraigh comhairle Foxy leis an údar mar thug sé seans dó féin sos beag a thógáil agus mar gheall ar sin níor mhothaigh sé an teannas céanna ina chorp. Cé gur fhoghlaim Maidhc conas a scíth a ligint arís tar éis a thréimhse i Meiriceá, tá sé soiléir gur thóg sé a ról mar sholáthraí an teaghlaigh i ndáiríre. D'oibrigh sé san uachtarlann i rith an lae agus d'oibrigh sé ar an tigh nó sheinn sé san óstán sa tráthnóna.

San alt *Chicago Driver*, insíonn an t-údar scéal a chuala sé ó Fred Sheehy faoina athair féin, Dainín, don léitheoir. D'inis Fred do Mhaidhc gur cheannaigh Dainín gluaisteán heaicní i 1938. Tá ionadh ar an léitheoir ar a chloisint sin mar is smaoineamh nua-aimseartha an smaoineamh sin. Tá sé deacair a chreidiúint go raibh gluaisteán heaicní le fáil san áit iargúlta sin sa bhliain sin. Is léir gur thuig Dainín go raibh sé ag cur seirbhís phráinneach ar fáil do mhuintir na háite agus is é sin an fáth a chuir sé iachall ar an gComhairle Chontae droichead a chur ar an gcaol. Thuig Dainín a chearta agus is léir gur fhear gnó é. Tá sé soiléir go ndearna Dainín gach iarracht a

ghnó a chosaint. Is féidir é sin a fheiceáil nuair a ghoid fear eile a chustaiméirí uaidh. Nuair a bhuaileann Dainín leis an bhfear sin, tiománaí an aráin a thugtar air, i dtigh tábhairne sa Daingean, tagann fearg air. Insítear dúinn gur ionsaigh Dainín an fear sin agus ansin rith tiománaí an aráin amach as an tigh tábhairne! Lean Dainín é! Nuair a d'imigh an fear eile síos an tsráid i veain an aráin, lean Dainín é sa ghluaisteán heaicní agus bhí Seán Beaglaoich bocht in éineacht leis! Insítear dúinn nár stop Dainín go dtí go ndeachaigh sé thar claí. Tá sé soiléir gur fhear cliste é Dainín. Bhunaigh sé gnó fiúntach. Tuigeann an léitheoir gur dhíol Dainín an gluaisteán heaicní faoi dheireadh. Is féidir nach raibh an tslí bheatha sin oiriúnach dó mar bhí dúil san alcól aige ag an am sin. Is féidir a rá áfach go raibh Dainín roimh a am féin ó thaobh smaointe de. Is slí bheatha bhrabúsach í tiománaí heaicní, fiú sa lá atá inniu ann.

## 5.12 Téama na Scéalaíochta

I *Suite Cois Tine*, cuimhníonn an t-údar siar ar an tslí a dhéanadh a athair spraoi do na páistí i rith na n-oícheanta geimhridh. Insítear dúinn gur scéaltóir iontach é Dainín agus cuireann an t-údar pictiúr rómánsach os comhair an léitheora – Dainín ina shuí go compordach ina chaothair shúgáin ag caitheamh a phíopa, na páistí ina suí ina thimpeall in aice na tine. Insítear dúinn go bhfuil cuimhní álainne ag an údar ar na oícheanta sin. Tuigeann an léitheoir gurb í an tréimhse a chaith Dainín ar imirce i Meiriceá ábhar na scéalta go minic. Tá sé soiléir go raibh tallann scéalaíochta ag Dainín. Dá n-inseodh sé scéal púcaí do na páistí, bheadh an scéal chomh réalaíoch ina n-intinn ná go mbeadh tromluí acu an oíche sin. "Ceithre huaire a léimeas aniar sa leaba an oíche sin ag screadaíl is ag béicígh le fuarallas amach trí m'éadan. " (lch 48). Dá n-inseodh sé scéal grinn dóibh ní fada go mbeadh siad sna tríthí gáire. Is féidir go bhfuil sé deacair ar an léitheoir an scéalaíocht a shamhlú mar shiamsa i gcomparáid

leis na gléasanna nua-aimseartha atá le fáil sa lá atá inniu ann – an teilifís, an ríomhaire srl. Níl aon dabht áfach ach gur siamsa fiúntach é mar cothaíonn sé gaol gairid sa teaghlach. San alt seo, roinneann Dainín eachtra a tharla dó i Meiriceá leis na páistí. Titeann an eachtra seo amach nuair a bhí Dainín ag obair le Tom Flaherty i *Boman Dairy*. Déanann Dainín cur síos ar an obair a bhí á dhéanamh aige agus déanann sé cur síos ar eachtra grinn a tharla dó féin agus Tom oíche amháin nuair a ndeachaigh siad go dtí na *Spirituals*. Roinneann an t-údar scéal eile Dainín chomh maith – scéal faoi eachtra a tharla dó oíche amháin nuair a bhí se ag teacht abhaile óna chuid oibre. Tá sé soiléir go raibh Dainín in ann na páistí a chur faoi draíocht lena chuid scéalaíochta agus ní dhearna an t-údar dearmad ar scéalta a athar go deo.

Is scéal eile Dainín é *Mí-ádh an tSaoil*. San alt seo, roinneann an t-údar scéal eile Dainín leis an léitheoir. Titeann an scéal seo amach nuair nach raibh Dainín féin ach dhá bhliain déag d'aois. Insítear dúinn go bhfuair Máire Ní Mhuirthile bás an oíche a saolaíodh mac di. Bhí a fear céile, Seán, fágtha leis an leanbh ina aonar. Tuigeann an léitheoir gur chabhraigh na comharsana go léir le Seán, Pádraig beag a thógáil. Tá pisreog le feiceáil sa scéal seo. Tá nod ann gur lean mí-ádh Pádraig. Chonaic Dainín féin go bhfuair dhá sheilmide bás nuair a cuireadh i lámh Pádraig iad. "Pisreog a bhí sa tsaol go dtagadh daoine áirithe ar an saol le cumhacht nár den tsaol seo agus nárbh ó Dhia." (lch 86). Tuigeann an léitheoir gur thuar Pádraig bás a athar nuair nach raibh sé ach sé bliana déag d'aois. Nuair a fuair a athair bás bhí ar Phádraig dul chun cónaithe lena aintín i bparóiste Chill Ghobnait agus de réir Dainín, chas an saol ina fhábhar as sin amach. Mar a dúirt Dainín, ceapadh go raibh mallacht ar an tigh ina chónaigh Pádraig, ní ar Phádraig féin. Níl a fhios ag an léitheoir an fíor nó bréag an

phisreog sin ach rud amháin atá cinnte ná gur chuir Dainín na páistí agus an léitheoir faoi draíocht leis an scéal seo.

Is alt é *Seán Ó Cochláin, Ceoltóir* ina bhuaileann an léitheoir leis an ceoltóir cumasach sin. Insíonn an t-údar don léitheoir go ndeachaigh Seán ar imirce go Chicago i 1925. Bhí sé ag bordáil le hathair an údair i Meiriceá. Roinneann an t-údar scéal a chuala sé ó Sheán faoina thréimhse i Meiriceá leis an léitheoir san alt seo. Titeann an eachtra seo amach nuair a bhí an *Depression* i Meiriceá. Tuigeann an léitheoir go raibh obair gann. Bhí na tithe tábhairne dúnta ach bhí síbíní neamhdhleathacha le fáil timpeall na cathrach. Is léir go ndeachaigh Seán agus Dainín go dtí ceann de na síbíní sin oíche amháin. Nuair a bhí siad ag ól ar a suaimhneas, cé a tháinig isteach ach Al Kapone agus Kruger! Is é an dara scéal a roinneann Seán le Maidhc an scéal a chuireann tocht ar chroí an léitheora áfach. Bhí an saol ag éirí níos fearr i Meiriceá ag an am a thiteann an eachtra seo amach. Chuaigh Seán go dtí na ráiseanna capaill i *Washington Park*. Ag na ráiseanna bhí Seán suite in aice le cailín óg agus a leanbh agus de réir Seáin, ba chailín álainn í. “Ar m’anam dá mbeinn chun pósadh, dar liom go mbeadh a leithéid de chailín mar chéile uaim, í cainteach, gealgháireach agus an leanbh gleoite ar a glúin ag pógadh a mháthar le gean agus grá.” (lch 96). Nuair a fhoghlaimíonn an léitheoir gur thréig an cailín sin a leanbh, tá ionadh air/uirthi. Taispeánann Ó Sé don léitheoir nach féidir breithiúnas a dhéanamh ar dhuine ar an gcéad amharc. Cheap Seán go raibh cuma mheidhreach ar an gcailín ach caitheann go raibh sí éadóchasach ar fad chun a leanbh a fhágáil ina diaidh le strainséar.

## 5.13 Téama na Tuaithe

San alt, *Turas an Mhaoir*, pléann an t-údar an t-am a tháinig Maor Springfield Mass. ar cuairt go dtí a bhaile dúchais. Tharla an eachtra seo i 1955. Bhí Maidhc féin ar a laethanta saoire ón scoil agus bhí sé ag obair le Paddy Baker ag tógáil a thí nua. Tuigeann an léitheoir gur chol ceathrar é an Maor do Neilí, bean chéile Paddy. Tá sé soiléir go raibh imní ar Neilí ar a chloisint go raibh an Maor ag teacht ar cuairt. Ní raibh an tigh nua críochnaithe go fóill agus ní raibh an sean-thigh oiriúnach do Mhaor! San alt seo, cuireann an t-údar an meon a bhí ag muintir na tuaithe faoi chuairteoirí os comhair an léitheora. Tá sé soiléir go raibh muintir na háite ar bís faoin gcuairt ach ag an am céanna tá imní na mban le feiceáil. Tuigtear dóibh gur fear na cathrach é an Maor. Is fear tábhachtach é ina áit dúchais féin. Is léir go bhfuil muintir ná háite, go mórmhór na mná ag iarraidh fáilte mhór a chur roimh an Maor. Tá siad ag iarraidh dul i bhfeidhm air chomh maith. Is féidir a rá go gcuireann muintir na háite brú orthu féin mar gheall ar chuairt an Mhaoir. Cuireann siad aol ar thigh na fáilte. Ullmhaíonn siad béile galánta dó. Tá sé sin nádúrtha ach tá nod ann go bhfuil na mná chomh teannasach faoi chuairt an Mhaoir nach mbaineann siad a lán taitnimh as! "Mise á rá leat go raibh áthas ar Neilí agus mo mháthair cúl an ghluaisteáin a fheiscint Bóthar an Bhuitsir suas." (lch 73).

I *Nach Suaite é an Bainne*, déanann an t-údar cur síos ar dhíospóireachtaí na bhfeirmeoirí a chloiseann sé nuair atá sé ag tógáil an bhainne uathu. Tá sé soiléir go mbaineann an t-údar sult astu agus roinneann sé eachtra amháin leis an léitheoir chun siamsa a dhéanamh dó/di. Is feirmeoirí beaga seanfhaiseanta atá á phlé ag an údar san alt seo. An mhaidin áirithe atá i gceist ag an údar, tá na feirmeoirí ag gearán faoin Rialtas. An argóint atá á dhéanamh acu ná go ndéanann an Rialtas faillí ar na

feirmeoirí beaga ach tá na polaiteoirí toilteanach an t-airgead a chaitheamh ar *condoms*! Tá sé soiléir go bhfuil meon seanfhaiseanta ag na feirmeoirí áirithe seo. "Ní bheidh cailín óg ná fear sa dúthaigh ná beidh a n-anam damanta ag na diabhal giuirléidí san..." (lch 120). Níl aon dabht ach go bhfuil an meon Caitliceach tuathúil ag na feirmeoirí seo fós – an meon a dheachtaíonn nach bhfuil sé ceart gaol gnéasach a bheith idir bean agus fear gan cuing an phósta. Tuigeann an léitheoir gur fear saonta ceann acu. Ní thuigeann sé cad é an *condom*. Is eachtra grinn an eachtra seo ach is eachtra í a chuireann íomhá rómánsach os comhair an léitheora chomh maith. Is féidir go seasann na feirmeoirí seo don shaol foirfe – saol atá i bhfad ó shalachar na cathrach.

Pléitear tigh bothántaíochta i *Tigh an Dath*. Bhí an bhothántaíocht an-tábhachtach i saol na tuaithe in Éirinn. Chuaigh daoine, go mórmhór na fir ó thigh go tigh ar cuairt. Tháinig na comharsana le chéile i dtigh áirithe chun cártaí a imirt nó chun comhrá a dhéanamh nó chun scéalta a insint. Bhí an bhothántaíocht chomh tábhachtach i saol na tuaithe mar ní raibh na gléasanna nua-aimseartha lé fáil ag an am sin, mar shampla an teilifís, an ríomhaire agus an phictiúrlann. Níl aon dabht ach gur chothaigh an bhothántaíocht gaol gairid idir na comharsana. Insítear dúinn go raibh deichniúr ina gcónaí i dtigh an Dath; é féin, a bhean chéile, Joan, agus a bpáistí Peter, Seán, Séamas, Mick, Mary, Jane, Liz agus Hanna. Fuair Neil bás nuair nach raibh sí ach fiche bliain d'aois leis an eitinn. Tá sé soiléir go bhfuil cuimhní suaimhneacha ag an údar ar thigh Dath. "B'é an tigh ba mhó spóirt agus comhluadair sa pharóiste é na blianta úd." (lch 133). Nuair a cuireadh tigh an Dath faoi ghlas don uair dheireanach, ba dheireadh le ré é. Is léir go mbraitheann an t-údar aiféala go bhfuil an ré sin thart.

Ní théann daoine ag bothántaíocht sa lá atá inniu ann. Is é an teilifís atá ann inniu in áit na bothánaíochta.

# Caibidil 6: An Cnuasach Mionúrscéalta agus An Cnuasach Filíochta

## *Corcán na dTrí gCos*

Cnuasach mionúrscéalta is ea *Corcán na dTrí gCos*. Tá trí mionúrscéal le fáil ann; *Tobac Láidir*, *An Sáirsint Groí* agus *An Poll Duail*. Is féidir an téama céanna a fheiceáil i ngach mionúrscéal, is é sin, téama an fhill. Tá laochra agus coirpigh le fáil i ngach mionúrscéal chomh maith. Tagann fórsa dochrach go dtí an áit chiúin iargúlta i ngach ceann de na mionúrscéalta. Tugann muintir na háite faoi deara nach bhfuil rudaí i gceart agus déanann siad iarrachtaí an fórsa dochrach, is é sin, an coirpeach/na coirpigh a dhíbirt ón áit. Faigheann an mhaith an lámh in uachtar i ngach mionúrscéal. Buann muintir na háite an cath idir maith agus olc agus díbríonn siad na coirpigh le cúnamh na nGardaí.

## 6.1 Téama an Fhill

### *Tobac Láidir*

Insítear dúinn gur áit chiúin iargúlta í Barra an Ghleanna. An tslí bheatha atá ag formhór na ndaoine ná feirmeoir ná iascaire. Tuigeann an léitheoir go bhfuil formhór na ndaoine óga imithe ar imirce mar níl fostaíocht le fáil san áit. In ainneoin na bhfadhbanna seo is léir go bhfuil na daoine atá fágtha san áit sásta. Nuair a thagann lucht na gruaige go dtí an áit, tá anbhá ar mhuintir na háite. Braitheann an léitheoir go raibh siad ag tnúth lena gcomharsana nua ach nuair a bhuaileann siad leis an dream a cheannaíonn tigh Pheats Dhomhnaill, tá siad buartha agus tá cúis mhaith acu. Tá

cuma úafásach ar lucht na gruaige. Insítear dúinn go bhfuil gruaig fhada agus féasóga orthu. Tá siad salach chomh maith. Tuigeann an léitheoir nach coir í sin ach nuair a thuigtear dó/di go bhfuil siad ag fás tobac sa ghairdín laistiar den tigh, tá sé/sí in amhras fúthu. Tá muintir na háite in amhras fúthu chomh maith. Ní thuigeann siad an fáth go bhfuil ceathrar fear i mbarr a sláinte socraithe síos in áit iargúlta mar Bharra an Ghleanna. Ní dhéanann siad maith ar bith san áit ar aon nós. Bíonn cóisir ar siúl acu gach deireadh seachtaine agus iad ag mealladh cailíní na háite isteach sa tigh leo. Nuair a fhaigheann Piaras agus Maidhcil amach go bhfuil lucht na gruaige ag goid gliomach uathu, tá fianaise acu agus ag an léitheoir gur coirpigh iad. Nuair a thuigeann lucht na gruaige go bhfuil a bport seinnte, admhaíonn siad gur ghoid siad na gleamaigh agus geallann siad go n-íocfaidh siad an luach go léir ar ais do Phiaras agus Mhaidhcil. Tá Piaras agus Maidhcil sásta seans a thabhairt dóibh. Cheapfaí go ndéanfadh lucht na gruaige iarracht iad féin a choimeád as trioblóid as sin amach ach ní shin an cás ar chor ar bith. Tuigeann an léitheoir go dtéann John Sheáinín ar cuairt chuig lucht na gruaige gach lá agus go dtugann siad tobac dó. Cheapfaí gur rud deas é sin ach tar éis tamaill, tá John Sheáinín tinn agus tá an léitheoir in amhras faoi lucht na gruaige arís. Ní féidir a thuiscint an fáth go dtugann siad tobac don sheanfhear seo. Níl suim acu sna comharsana ach tugann siad “bronntanas” do John Sheáinín gach lá. Nuair a fhoghlaimíonn an léitheoir go bhfuil speabhraidí ag John Sheáinín, tá a fhios aige/aici cad atá mícheart leis. Is léir go dtugann lucht na gruaige *cannibas* do John Sheáinín seachas tobac. Tá sé deacair a chreidiúint. Níl i John Sheáinín ach seanfhear nach ndéanfadh dochar d’éinne ar bith. Bhí sé ag iarraidh fáilte a chur roimh lucht na gruaige ach ní raibh siad sásta leis. Is léir nach bhfaca siad é mar an chomharsa chairdiúil a bhí ann. Tá sé soiléir go raibh siad ag magadh faoi. Níl aon dabht ann ach go raibh a fhios acu gur fhear soineanta John Sheáinín. Thug siad an *cannabis* dó

chun dochar a dhéanamh dó. Bhí an t-ádh le John Sheáinín nach bhfuair sé bás nó nach cuireadh faoi ghlas i dtigh na ngealt é. Ceapann John Sheáinín go bhfuil cairde maithe aige sna ceathrar atá ina gcónaí i dtigh Pheats Dhomhnaill ach ní cairde iad ar chor ar bith. Tá siad ag iarraidh é a ghortú ar a laghad agus b'fhéidir é a mharú. Is léir go bhfuil lucht na gruaige dainséarach. Ar dtús, ceapann an léitheoir gur fir shalacha leisciúla iad ach tá siad i bhfad níos measa ná sin. Tá sé soiléir gur coirpigh chrua iad. Insítear dúinn go bhfuil siad ag smugláil an *cannabis* amach as an tír agus ag smugláil drugaí de gach saghas isteach sa tír. Rinne siad feall ar mhuintir na háite. Tháinig siad go dtí an áit ag ligint orthu gur theastaigh saol ciúin uathu. Ansin lean siad ar aghaidh ag iarraidh an paróiste a scriosadh. Ghoid siad ní hamháin, gleamaigh ach slí bheatha óna gcomharsana. Rinne siad iarracht John Sheáinín a scriosadh cé gur chuir sé fáilte mhór rompu agus mhúin sé ceird na hiascaireachta dóibh. D'fhás siad *cannabis* agus smugláil siad drugaí isteach sa tír agus amach uaithi chomh maith. Is coireanna gránna iad na coireanna seo – an ghadaíocht, smugláil drugaí agus cad eile? Iarracht duine a dhúnmharú? Tarraingíonn lucht na gruaige dochar ollmhór ar Bharra na Ghleanna. Déanann siad iarracht an áit álainn seo a scriosadh lena mbéasa neamhdhleathacha agus na daoine inti a scriosadh chomh maith. Tuigeann an léitheoir gur daoine maithe soineanta iad muintir na háite. Feiceann sé/sí nach dtógann sé ach ceathrar chun an áit a chur trína chéile. Tá faoiseamh ar mhuintir na háite agus ar an léitheoir nuair a chuirtear na coirpigh faoi ghlas. Nuair atá lucht na gruaige faoi ghlas, tá seans ag muintir na háite a scíth a ligint arís. Beidh siad slán sábháilte ar feadh tamaill ar a laghad. Sa mhionúrscéal seo, is í an mhaith an buaiteoir sa chath idir maith agus olc. Díbríonn an mhaith an t-olc as an áit agus tá síocháin san áit arís. "Cuireadh téarmaí fada príosúin orthu." (lch 65).

## *An Sáirsint Groí*

Tá an mionúrscéal seo suite in áit chiúin iargúlta chomh maith. Titeann na heachtraí amach i gCeantar an Fhóid Bháin. Tá an ceantar seo in aice na farraige. Insítear dúinn nach bhfuil fostaíocht le fáil sa cheantar. Níl na daoine óga imithe ar imirce áfach mar bhí cogadh Vítneam ar siúl i Meiriceá agus dá mbeadh na hÉireannaigh lonnaithe i Meiriceá bheadh orthu páirt a ghlacadh sa chogadh. Insítear dúinn go bhfuil fir óga na háite ag tarraingt an deol. Mura mbeadh an deol le fáil, bheadh orthu an áit a fhágáil. Bhí a fhios ag an Sáirsint Seán Ó Neachtain go ndearna na fir folá oibre chomh maith nuair an bhí an obair le fáil. Is léir nach bhfaca sé an obair seo mar choir mar bhí sé sásta na foirmeacha deol a shíniú. Is féidir go raibh a fhios aige nach mbeadh siad in ann maireachtáil gan an deol mar bhí obair gann san áit. Nuair a fhaigheann an Sáirsint Seán Ó Neachtain bás, tagann an Sáirsint Seán Standún go dtí an áit agus athraíonn rudaí. Céasann sé muintir na háite. Nuair a fhoghlaimíonn sé go bhfuil fir na háite ag tarraingt an deol, feiceann sé deis dó féin. Níl sé ag iarraidh an dlí a chur i bhfeidhm. Déanann sé dúmhál ar mhuintir na háite agus faigheann sé féin na buntáistí go léir. Tuigeann an Sáirsint Seán Standún go ndéanann fir na háite folá oibre nuair atá siad ag tarraingt an deol. Tuigeann sé go mbeadh orthu an áit a fhágáil dá mbeadh an deol bainte díobh. Tá scanradh ar mhuintir na háite roimh an Sáirsint nua. Ní admhaíonn siad go bhfuil siad ag obair nuair atá siad ag tarraingt an deol. Deir siad nach bhfuil siad ach ag cabhrú lena gcomharsana! Tuigeann Seán Standún nach bhfuil sin fíor agus faigheann sé an ceann is fearr ar mhuintir na háite. Deir sé leo gur comharsa é féin leo agus déanann sé dúmhál orthu obair a dhéanamh lá nó dhó sa tseachtain ar a thigh nua gan pá ar bith. Is féidir a thuiscint an fáth go bhfuil muintir na háite trína chéile. Níl rogha acu. Caitheann siad an obair a dhéanamh dó mar braitheann siad air chun an fhoirm deol a shíniú. Dá ndiúltódh siad dó an obair a

dhéanamh ar an tigh, bhainfeadh sé an deol díobh. Is dúmhál atá i gceist againn anseo gan dabht. Is coir í sin ach níl muintir na háite in ann stop a chur leis mar ceapann siad go mbeadh siad féin i dtrioblóid dá ndéanfadh siad gearán faoi. Is fáinne fí é gan dabht. Insítear dúinn nach bhfuil ceadúnas ag iascairí na háite chun an bradán a iascach. Tuigimid go ndearna na hiascairí iarracht ceadúnas a fháil ach dhiúltaigh an Rialtas dóibh gach bliain. Tuigeann an léitheoir nach gcuireann easpa ceadúnais stop ar na hiascairí mar bhí praghas maith ar an mbradán agus theastaigh an t-airgead uathu. Nuair a iarrann an Sáirsint Standún brádán ar Thadhg Ó Scanláin, Thomás Bán agus Sheán Bán saor in aisce, tugann Tadhg íde béil dó. " 'Tá srathar na hainnise curtha agat ar gach duine idir óg agus aosta ó tháinís go dtí an gceantar…' " (lch 84). Tuigeann an léitheoir an fáth go bhfuil fearg ar Thadhg. Tá sé féin agus a chomhoibrithe ag iarraidh slí bheatha a bhaint amach agus tá an Sáirsint ag iarraidh a shaint féin a shásamh arís. Faigheann Tadhg agus a chomhoibrithe an pionós mar gheall ar an íde béil áfach. Tar éis tamaill, tá an *Irish Navy* ar a dtóir agus tá a fhios acu agus ag an léitheoir go ndearna an Sáirsint gearán fúthu. Is coir ghránna í an dúmhál agus tar éis tamaill tá muintir na háite faoi smacht ag an Sáirsint nua ach foghlaimíonn an léitheoir go bhfuil an Sáirsint i bhfad níos measa ná sin fós. Tá sé measctha suas i ngnó na ndrugaí chomh maith. Smuglálann sé cócaoin go hÉirinn ón bhFrainc. Tá sé beagnach dochreidte mar is Sáirsint é. Ba cheart go mbeadh sé ar thóir lucht na ndrugaí ní measctha suas leo! Nuair a fhaigheann an léitheoir amach gur bhleachtaire é an Sáirsint Standún uair amháin agus go bhfuair sé ísliú céime mar bhí sé measctha suas le lucht na ndrugaí, tá a fhios aige/aici gur coirpeach crua é. Tá íoróin throm le feiceáil sa mhionúrscéal seo. Is Sáirsint é an Sáirsint Seán Standún. Ba cheart go mbeadh sé ag cur an dlí i bhfeidhm. Ba cheart go mbeadh sé ag cosaint mhuintir na háite. Déanann sé a mhalairt. Bagraíonn sé ar mhuintir na háite. Déanann

sé cos ar bolg orthu agus déanann sé slábhaithe dóibh. Déanann sé dúmhál orthu agus úsáideann sé an dlí chun a bhuntáistí féin a fháil. Úsáideann sé an sagart paróiste agus na leanaí míchumasacha chun turas go dtí an Fhrainc a fháil saor in aisce agus ar an tslí abhaile smuglálann sé drugaí isteach sa tír! Is í an mhaith an buaiteoir sa mhionúrscéal seo chomh maith. Nuair a insíonn Pádraig Ó Néill do Jimí Jones cad atá ag tarlú i gCeantar an Fhóid Bháin, tá déistin ar Jimí. Tá Jimí sna Gardaí le breis is deich mbliana agus is léir nach n-úsáidfeadh sé a chumhacht chun cos ar bolg a dhéanamh ar dhaoine. Is é Jimí Jones agus Seán Ó Gráda an bheirt a chuireann stop leis an Sáirsint Seán Standún. Seasann siad don mhaith agus díbríonn siad an fórsa olc ó Cheantar an Fhóid Bháin.

## *An Poll Duail*

Tá an mionúrscéal seo suite i gCorca Dhuibhne. Feiceann an léitheoir go n-úsáideann Ó Sé suíomh ciúin iargúlta in aice na farraige arís sa scéal seo. Insítear dúinn gur feirmeoir nó iascaire formhór na ndaoine sa mhionúrscéal seo chomh maith. Nuair a thagann an Rúiseach agus a spéirbhean go dtí an áit, ceapann muintir na háite gur rud ait é. Is lánúin óg iad agus socraíonn siad síos in áit chiúin iargúlta nach bhfuil a lán fostaíochta inti. Tá an cainteoir sa scéal (níl a ainm againn) in amhras fúthu ón tús. Insítear dúinn go mbíonn an cainteoir ag fiach coiníní i ngiorracht cúpla céad slat do Thigh an Bháid, is é sin an tigh a cheannaigh an Rúiseach. Oíche amháin nuair a bhí an cainteoir ag fiach, chonaic sé bád ag teacht go dtí Tigh an Bháid. Bhí beirt fhear sa bhád agus chuaigh siad isteach sa tigh le bosca. Is léir go baineadh geit as an gcainteoir. Ní raibh a fhios aige cad ba cheart dó a dhéanamh. Thuig sé go raibh uisce faoi thalamh ar siúl ach ní raibh fianaise aige. Sin an fáth a insíonn sé an scéal do J.B. Tá a fhios ag an gcainteoir gur chaith J.B. deich mbliana sna Gardaí sular theip a

shláinte air. Tuigeann an léitheoir gur chuir J.B. gléas taifeada in aice leis an poll duail a bhí san urlár sa seomra os cionn an seomra mór faoi bhun an tí. Nuair a éisteann J.B. leis an téip, faigheann sé amach cad atá ar siúl. Insítear dúinn go bhfuil córas radar ar siúl ag na Rúisigh i dTigh an Bháid. Tá sé soiléir go bhfuil an Rúiseach ag spiaireacht ar na Meiriceánaigh. Tuigeann an léitheoir go bhfuil fomhuireáin ó na Stáit Aontaithe ag dul síos suas an cósta agus cabhlach na Banríona ag cabhrú leo. Tá fomhuireáin curtha ag obair ag an Rúis timpeall an chósta chomh maith. Is léir go bhfuil coinbhleacht idir na Meiriceánaigh agus na Rúisigh ach níl an cainteoir ná J.B. sásta go bhfuil siad ag baint úsáide as Éirinn agus iad ag spiaireacht ar a chéile. Ní théann an cainteoir agus J.B. go dtí na Gardaí go díreach mar ceapann J.B. nach bhfuil go leor fianaise acu. Nuair a fhaightear dhá chorp san fharraige, méadaíonn ar imní an chainteora. Tá a fhios aige go bhfuil baint ag an Rúiseach leis na dúnmharaithe. Is léir go bhfuil na Gardaí in amhras faoin Rúiseach faoin am seo mar tagann bleachtairí agus an tArm isteach agus tuigeann an léitheoir go bhfuil siad ag faire ar Thigh an Bháid. Nuair a fhoghlaimíonn an cainteoir go pléascadh bád Phádraig Uí Chonchúir suas agus an criú chomh maith, tagann scanradh air. Téann é féin agus J.B. go dtí na Gardaí agus insíonn siad gach atá ar eolas acu dóibh. Cabhraíonn siad leo mar stiúraíonn siad bleachtaire isteach faoi bhun Thigh an Bháid. Nuair a shéideann an C.I.A Tigh an Bháid, an Rúiseach agus a spéirbhean san aer, faigheann an cainteoir agus J.B. amach nach mbeidh na Gardaí ná na bleachtairí Éireannach ag dul níos faide leis an gcás. Tuigeann siad go bhfuil an eachtra ró-mhór dóibh. Sa mhionúrscéal seo tá na hÉireannaigh soineanta. Níl siad measctha suas sna heachtraí atá ag titim amach. Is iad na Meiriceánaigh agus na Rúisigh atá ag spiaireacht ar a chéile agus ag dúnmharú a chéile. Tagann an Rúiseach go Corca Dhuibhne ag ligint air go dteastaíonn síocháin agus suaimhneas uaidh. Ligeann sé air go bhfuil sé ag cur iris

míosúil le chéile ach tá sé ag déanamh spiaireacht ar na Meiriceánaigh. Úsáideann sé an áit chiúin iargúlta chun a chuid "oibre" a dhéanamh. Déanann sé feall ar mhuintir na háite agus ar Éirinn go ginearálta. Bhí sé féin measctha suas i ngnó dainséarach neamhdhleathach ach nuair a shocraigh sé féin agus an Rúis ar a gcuid oibre a dhéanamh i gCorca Dhuibhne in Éirinn, is léir go mba chuma leo cén tubaiste a tharraingeodh siad ar mhuintir na háite nó ar Éirinn go ginearálta. Bhí an Rúiseach measctha suas leis an spiaireacht agus leis an dúnmharú chomh maith. Is léir go raibh éifeacht úafásach ag a chuid "oibre" ar mhuintir na háite mar fuair criú iascaireachta bás mar gheall air. Nuair a dhúnmharaíonn an C.I.A. an Rúiseach agus a spéirbhean, braitheann an léitheoir go bhfuil faoiseamh ar na Gardaí agus ar na bleachtairí Éireannach mar ní bheidh orthu déileáil leis an gcás. Tá siad sásta dearmad a dhéanamh ar an eachtra go léir agus socraíonn siad ar an bhfírinne a choimeád faoi cheilt. "...'Sé an míniú oifigiúil a thabharfar ar an eachtra seo ná gur phléasc stóras gáis...' " (lch 141). An rud maith é sin? Nach bhfuil ceart ag muintir na háite an fhírinne a bheith ar eolas acu? An bhfuil na Gardaí agus na bleachtairí ag déanamh fill ar mhuintir na háite chomh maith nuair nach n-insíonn siad an fhírinne dóibh? Tuigeann an léitheoir go bhfuil faoiseamh ar an gcainteoir agus ar J.B nuair a chuirtear stop le gníomharthaí an Rúisigh. Is í an mhaith an buaiteoir arís sa mhionúrscéal seo. Nuair atá an t-olc díbrithe as an áit, beidh seans ag muintir na háite a saol a chaitheamh arís gan buairt ná bagairt.

lucht na gruaige agus lucht an bháid agus faigheann siad fianaise a bheadh cabhrach do na Gardaí. Tuigeann siad go mbeidh lucht na gruaige agus lucht an bháid ag bualadh le chéile dhá Dhomhach ina dhiaidh sin. Tuigeann siad go mbeidh lucht na gruaige ag tabhairt an *grass* do lucht an bháid agus go mbeidh lucht an bháid ag tabhairt mála bán do lucht na gruaige. Insíonn Piaras agus Maidhcil gach atá ar eolas acu do na Gardaí. Tuigeann an léitheoir gur thug Piaras sampla den tobac a bhí á fhás ag lucht na gruaige don Gharda Seán Ó Lúing cheana féin. Tuigtear do Phádraig gur *cannabis* atá á chaitheamh ag a athair ní tobac agus insíonn sé an scéal sin do na Gardaí. Tá an fhianaise go léir bailithe ag an triúr agus tugann siad an bleachtaire, Liam, amach ar an bhfarraige agus cabhraíonn siad leis na coirpigh a fháil. "Tá an *dope ring* is mó san Eoraip briste againn!" (lch 63).Tá sé soiléir gur fir mhisniúla iad Piaras, Maidhcil agus Pádraig. Tuigeadh dóibh gur choirpigh chrua iad lucht na gruaige ach bhí siad toilteanach a saol a chur i mbaol ar mhaithe le muintir na háite.

## *An Sáirsint Groí*

Tuigeann an léitheoir go bhfuil Jimí Jones ag obair leis na Gardaí le breis is deich mbliana. Oibríonn sé leis an *drug squad* i mBaile Átha Cliath ach is as Ceantar an Fhóid Bháin é. Tá Jimí pósta le Bridie. Is bleachtaire é Seán Ó Gráda ach ní thugtar aon eolas dúinn faoina shaol pearsanta. Nuair a théann Jimí abhaile ar saoire go dtí Ceantar an Fhóid Bháin, foghlaimíonn sé ó Phádraig Ó Néill cad atá ar siúl ag an Sáirsint Standún. Is léir gur Garda maith é Jimí mar ní dhéanann sé dearmad ar an méid atá cloiste aige cé go bhfuil sé ar saoire. Aithníonn sé an t-ainm Seán Standún agus tuigeann sé gur bhleachtaire é uair amháin a fuair isliú céime mar bhí sé " '...ag teagmháil le coirpigh agus é ag tógaint breabanna airgid...' " (lch 90). Téann Jimí go dtí an Bleachtaire Seán Ó Gráda chun comhairle a fháil uaidh. Tá suim ag Seán Ó

Gráda sa chás chomh maith agus tugann sé cead do Jimí dul ar ais go Ceantar an Fhóid Bháin agus súil a choimeád ar Sheán Standún. Is léir nach bhfuil meas ar bith ag Seán agus ag Jimí ar Standún mar d'ídigh sé an chumhacht a fuair sé lena phost mar Gharda gus mar Bhleachtaire. Nuair a thuigtear do Jimí go bhfuil Standún ag dul go dtí an Fhrainc leis an sagart paróiste agus na leanaí míchumasacha, cuireann sé in iúl do Sheán Ó Gráda go mbeadh sé ró-dhainséarach dó é a leanúint go dtí an Fhrainc. Dá n-aithneodh Standún é bheadh an cás caillte. Is féidir a fheiceáil gur fear proifisiúnta é Jimí. Tá sé toilteanach an cás a thabhairt do Sheán Ó Gráda cé go ndearna sé féin an bhunobair air. Tuigeann an léitheoir go leanann Seán Ó Gráda Seán Standún go dtí an Fhrainc. Is fear misniúil é ar dhá shlí. Ar dtús, dá mbeadh a fhios ag Seán Standún go mbeadh Ó Gráda dá leanúint, bheadh Ó Gráda i ndainséar agus bheadh sé ina aonar i dtír iasachta. An dara cúis ná níl Ó Gráda cinnte go bhfuil aon rud neamhdhleathach ar siúl ag Standún agus dá mbeadh a fhios ag an gcoimisinéir go mbeadh Ó Gráda ag caitheamh airgid dá leanúint bheadh sé i dtrioblóid ollmhór. Ach bhí an ceart ag Jimí Jones agus Seán Ó Gráda. Bhí Seán Standún ag smugláil cocaoin isteach go hÉirinn ón bhFrainc. Beireann Jimí agus Seán air. Tá áthas an domhain ar mhuintir na háite go bhfuil an Sáirsint Standún imithe. Is iad Jimí Jones agus Seán Ó Gráda na laochra mar shábháil siad Ceantar an Fhóid Bháin ón tíoránach

## *An Poll Duail*

Ní thugtar ainm an chainteora dúinn sa mhionúrscéal seo. Ní thugtar aon eolas dúinn faoi ach go bhfuil sé ina chónaí lena mháthair agus go mbíonn sé ag fiach coiníní in aice le Tigh an Bháid. Ní thugtar a lán eolais dúinn faoi J.B. ach an oiread. Tuigimid gur chaith sé deich mbliana sna Gardaí ach ansin theip a shláinte air. Insítear dúinn gur maith leis cúpla piont agus mná chomh maith! Nuair a fheiceann an cainteoir na

fir ag teacht go dtí Tigh an Bháid i ndorchadas na hoíche, tuigtear dó go bhfuil uisce faoi thalamh ar siúl. Tuigeann sé go dteastaíonn tuairim an tsaineolaí uaidh agus sin an fáth a insíonn sé an scéal do J.B. Nuair a fhoghlaimíonn an cainteoir agus J.B. cé chomh dainséarach is atá an Rúiseach, tá scanradh orthu. Ní théann siad go dtí na Gardaí go díreach áfach mar ceapann J.B nach bhfuil go leor fianaise acu. An fir mhisniúla nó an amadáin iad? Coimeádann siad féin súil ar an Rúiseach. Téann siad go dtí Tigh an Bháid i ndorchadas na hoíche agus breathnaíonn siad ar na heachtraí atá ag titim amach. Cad a dhéanfadh siad dá mbéarfadh an Rúiseach agus a chomhoibrithe orthu? Níl a fhios againn ach táimid cinnte go bhfuil siad ag iarraidh a mbaile dúchais agus muintir na háite a chosaint. Cé go bhfuil na Gardaí in amhras faoin Rúiseach cheana féin, is é an cainteoir agus J.B. a thugann fírinne an scéil dóibh. Insíonn siad gach rud atá ar eolas acu do na Gardaí agus na bleachtairí agus tugann siad an téip dóibh. Míníonn an téip do na Gardaí cad atá ar siúl i dTigh an Bháid. Is fianaise thábhachtach í sin agus ní féidir leis na Gardaí an scéal a thuiscint gan an téip. Ní bheadh a fhios ag na Gardaí faoin seomra faoi bhun an tí mura mbeadh an cainteoir agus J.B. ag cabhrú leo. Taispeánann an cainteoir agus J.B. an poll duail don bhleachtaire agus tá seans aige gléas taifeada a chur sa pholl duail mar gheall orthu. Tuigeann an léitheoir gur shéid na Meiriceánaigh Tigh an Bháid, an Rúiseach agus a spéirbhean san aer agus go raibh faoiseamh ar na Gardaí agus ar na Bleachtairí go ndearna siad sin mar thóg siad an cás as lámha na nÉireannach. Ach mura dtarlódh sé sin, bheadh na hÉireannaigh ar an mbealach ceart ar aon nós. Bhí siad ag breathnú ar an gcoirpeach. Bhí fianaise ina choinne. Ní raibh fágtha acu ach é a chur faoi ghlas. Ar shlí, chaill an cainteoir agus J.B a lá. D'aithnigh siad coirpeach crua. Fuair siad fianaise a chuirfí i dtóin príosúin é. Bhí siad cosúil le beirt bhleachtaire. Is laochra iad

ach ghoid na Meiriceánaigh a lá uathu! ' "Tá eolas tugtha ag an mbeirt seo dúinn ná raibh againn cheana agus táimid faoi phribhléid acu." ' (lch 133).

# Na Coirpigh

## *Tobac Láidir*

Is Sasanaigh iad lucht na gruaige. Tá ceathrar acu. Tuigeann an léitheoir nach bhfuil siad bródúil astu féin ná as aon rud. Tá cuma úafásach orthu. Tá siad salach. Tá gruaig fhada agus féasóga orthu. Tá seancharr acu agus cúpla lá tar éis dóibh Barra an Ghleanna a shroisint tá cuma úafásach ar ghairdín an tí. Insítear dúinn nach fir chairdiúla iad. Is léir gur maith leo iad féin a choimeád leo féin. Foghlaimíonn an léitheoir go mbíonn cóisir acu sa tigh gach deireadh seachtaine agus meallann siad cailíní na háite isteach sa tigh. Níl an léitheoir cinnte cad a tharlaíonn ag na cóisirí ach is féidir buille faoi thuairim a thabhairt. Tá lucht na gruaige sásta *cannabis* a thabhairt do sheanfhear soineanta agus is féidir go bhfuil siad toilteanach an druga céanna a thabhairt do chailíní saonta na háite. Tuigimid go bhfuil alcól le fáil ag na cóisirí chomh maith. Nuair a insíonn Máire dá tuismitheoirí go bhfuil sí ag súil le leanbh, tá siad scriosta. Bhí a fhios ag a hathair, is é sin Maidhcil Bhríde an Ghabha gur fir gan maith iad lucht na gruaige. Tá trua ag an léitheoir do Mhaidhcil ag an bpointe seo, nuair a insíonn a iníon dó go bhfuil sí chun ceann amháin acu a phósadh. Ní thaispeánann fear na gruaige, Pól is ainm dó, meas ar bith do Mháire nó dá tuismitheoirí. Nuair a chuireann Maidhcil ceist ar Phól ag fiafraigh de an bhfuil sé i ngrá le Máire, deir Pól ' " Bím i ngrá léi gach oíche!" ' (lch 40). Nuair a thagann lucht na gruaige go dtí Barra an Ghleanna, tarraingíonn siad tranglam anuas ar an áit. Scriosann ceann amháin acu Máire go dtí an pointe go n-imíonn sí as an áit agus ní

fheiceann éinne í arís. Níl aon dabht ach go raibh a tuismitheoirí agus a deirfiúr scrioste nuair a chaill siad í. Ba bheag nár mharaigh lucht na gruaige John Sheáinín mar thug siad *cannabis* dó seachas tobac. Níl a fhios ag an léitheoir cad a bhí ar intinn acu. An raibh siad ag iarraidh é a mharú nó an raibh siad ag magadh faoi nó ar cuma leo? Ghoid siad gleamaigh ó Phiaras agus ó Mhaidhcil gan coinsias ar bith agus bhí siad ag smugláil drugaí isteach sa tír agus amach ón tír agus ag déileáil drugaí sna cathracha. Is léir ó na gníomhartha atá luaite thuas gur fir neamhscrupallacha iad lucht na gruaige. Níl meas acu ar éinne. Níl suim acu in aon rud fiúntach ach saol éasca. Is cuma leo cé a ghortaíonn siad lena ngníomhartha. Ní raibh siad i mBarra an Ghleanna ach timpeall sé mhí agus rinne siad dochar ollmhór sa tréimhse sin. Cad a tharlódh don áit mura mbéarfadh na laochra agus na Gardaí orthu?

## *An Sáirsint Groí*

Insítear dúinn gur bhleachtaire é an Sáirsint Seán Standún uair amháin ach bhí baint aige le lucht na ndrugaí. Thóg sé breabanna uathu agus tá nod ann go raibh sé ag smugláil drugaí chomh maith leis sin. Fuair sé ísliú céime mar gheall ar a chuid gníomhartha agus tugadh post dó mar Sháirsint i gCeantar an Fhóid Bháin. Insítear dúinn go raibh Standún pósta uair amháin agus go raibh leanbh aige ach d'fhág a bhean chéile é tar éis an scannail. Tá bean ina cónaí leis i gCeantar an Fhóid Bháin. Ní féidir meas a bheith ag an léitheoir ar an bhfear seo. Nuair a thagann sé go dtí an áit ar dtús, céasann sé muintir na háite le gnó neamhfhiúntach. Téann sé ó thigh go tigh sa cheantar ag féachaint ar cheadúnais madra. Braitheann an léitheoir go bhfuil sé ag cur ama amú. B'fhéidir go bhfuil sé ag iarraidh muintir na háite a thomhas. Nuair a chuireann an Sáirsint Standún fir na háite ag obair ar a thigh nua lá nó dhó gach seachtain, feiceann an léitheoir cé chomh neamhscrupallach is atá sé. Tuigeann sé go

dteastaíonn an deol ó gach fear san áit mar tá obair gann. Níl siad saibhir nuair atá siad ag tarraingt an deol agus is é sin an fáth a dhéanann siad folá oibre chomh maith. Tá sé sin go léir ar eolas ag an Sáirsint Standún ach feiceann sé go bhfuil seans aige muintir na háite a láimhseáil. Má dhéanann sé dúmhál orthu, gheobhaidh sé a phálás de thigh gan aon airgead a íoc amach ar shaothar. Tá sé soiléir gur fear cliste é Standún. Tá sé in ann buntáiste a fháil ar mhuintir na háite agus úsáideann sé an chumhacht atá aige mar Sháirsint chun an lámh in uachtar a fháil orthu. Nuair a thugann Tadhg Ó Scanláin íde béil dó, tá an íorpais i gcroí an Sháirsint. Sin an fáth a ghlaonn sé ar an *Irish Navy*. Ní dhearna Tadhg agus a chomhoibrithe mar a dúirt sé leo – níor thug siad bradán saor in aisce dó agus déanann sé iarracht a slí bheatha a scriosadh mar gheall ar sin. Is léir go bhfuil sé lán d'olc. Nuair a thuigtear don léitheoir go n-úsáideann Standún na leanaí míchumasacha agus an sagart paróiste chun drugaí a smugláil isteach sa tír, tá déistin air/uirthi. Níl aon mhaith le feiceáil san fhear seo. Seilgeann sé na daoine macánta. Nuair a chuirtear Standún i dtóin príosúin, tá faoiseamh agus áthas ar an léitheoir. "Féach anois go bhfilleann an feall ar an bhfealláire." (lch 104). Ní bheadh lá suaimhnis i gCeantar an Fhóid Bháin arís go deo dá mbeadh Standún fágtha ann.

## *An Poll Duail*

Ceannaíonn an Rúiseach Tigh an Bháid. Ar dtús, ceapann an léitheoir agus muintir na háite go bhfuil saol ciúin ag teastáil uaidh. Tá bean aige ach níl a fhios againn an bhfuil siad pósta nó an bhfuil siad ach ag maireachtáil le chéile. Le cúnamh an chainteora, foghlaimíonn an léitheoir go bhfuil rud éigin neamhdhleathach ar siúl ag an Rúiseach. Tá an Rúiseach ag spiaireacht ar na Meiriceánaigh. Is léir go bhfuil sé ag bailiú eolais fúthu agus ag tabhairt an eolais seo dá Rialtas. Is faisnéiseoir é an

Rúiseach. Tuigeann an léitheoir go bhfaigheann an Rúiseach orduithe óna Rialtas na Meiriceánaigh a dhúnmharú. An feallmharfóir é? Níl an léitheoir cinnte. Táimid cinnte go bhfaightear dhá chorp san fharraige ar aon nós agus braitheann an léitheoir go bhfuil an Rúiseach taobh thiar de na dúnmharaithe. Tá polaitíocht i gceist againn anseo idir dhá chumhacht ollmhóra sa domhan. Ní thugtar na fíricí dúinn áfach. An rud atá cinnte ná go gcuireann an Rúiseach isteach ar shuaimhneas na háite. Tuigeann muintir na háite nach bhfuil rudaí i gceart. Foghlaimíonn an cainteoir agus J.B. gur fear dainséarach é an Rúiseach. Cé mhéad daoine eile atá buartha faoina ghníomhartha aite i gCorca Dhuibhne? Nuair a fhaightear an dá chorp, méadaíonn ar an imní timpeall na háite. Is áit iargúlta í Corca Dhuibhne agus is féidir a rá nach bhfeictear dúnmharú go minic. Insítear dúinn go gcuireann na dúnmharaithe isteach ar obair an lae. Níl muintir na háite in ann an iascaireacht neamhdhleathach a dhéanamh nuair atá na Gardaí timpeall an cheantair. "An fharraige amuigh lán de bhradáin agus mise anseo istigh ag fanacht go mbogfaidh an bhits de bhád cabhlaigh léi as an áit" (lch 125). Cuireann na heachtraí aite atá ag tarlú i gCorca Dhuibhne isteach ar mhuintir na háite. Tá scanradh orthu agus is féidir an scanradh seo a thuiscint. Nuair a shéidtear bád Phádraig Uí Chonchúir agus a chriú san aer, tá anbhá ar an gcainteoir agus ar J.B. B'fhir shoineanta na fir sin agus ní féidir a thuiscint an fáth gur dúnmharaíodh iad. Ar bhotún é? An raibh siad san áit mhícheart ag an am mícheart? Dá mbeadh suaimhneas san áit arís, ba cheart go mbeadh an t-olc díbrithe as an áit. Is é an Rúiseach fréamh an oilc. Cuireann sé isteach ar shíocháin na háite. Níl meas aige ar mhuintir na háite agus an saol suaimhneach a bhí acu sular tháinig sé go Corca Dhuibhne. Tuigeann an léitheoir go ndúnmharaítear an Rúiseach agus a spéirbhean. Bhí bás foréigeanach acu agus níl an léitheoir ag súil leis sin ach tá a fhios aige/aici

go mbeidh suaimhneas i gCorca Dhuibhne arís mar scriosadh an t-olc a bhí ag bagairt na háite

## *Citeal na Stoirme*

Is cnuasach filíochta é *Citeal na Stoirme*. Tá aon dán is tríocha sa chnuasach seo. Chum Ó Sé cuid acu nuair a bhí sé ar imirce thar lear agus chum sé an chuid eile anseo in Éirinn. Is féidir na dánta a roinnt i ngrúpaí mar gheall ar théamaí; an seanshaol in aghaidh an tsaoil nua-aimseartha, téama na himirce, téama an nádúir, téama an bháis, téama na sainte, buntáistí na tuaithe, obair an lae, téama an chreidimh, téama an cheoil agus téama an chogaidh. Mar atá le feiceáil thuas, baineann Ó Sé úsáid as téamaí difriúla ina chuid filíochta ach tá níos mó scríofa aige ar théamaí áirithe. Is féidir a rá tar éis staidéar a dhéanamh ar na húrscéalta, na leabhair dírbheathaisnéise agus na mionúrscéalta a scríobh sé go gcumann Ó Sé filíocht faoi eachtraí atá cóngarach dona chroí féin.

# 6.3 An Seanshaol in aghaidh an tSaoil Nua-aimseartha

***Éagóir***

Is dán é seo faoin teilifís. Insíonn an file don léitheoir gur cheannaigh sé an teilifís i 1973. Bhí a athair féin ina shuí sa chúinne.

> 'I bhfearg ag croitheadh a chinn,
> "Sin deireadh le heachtraí ár sinsear
> Is scéalta púcaí!" ' (lch 10).

Is léir nach bhfuil an file sásta leis an teilifís. Pléann sé áthas a pháistí féin leis an ngléas nua-aimseartha seo ach is léir go mbraitheann sé go bhfuil míbhuntáistí ag

baint leis. Cuireann sé na páistí os ár gcomhair. Tá suim mhór acu sa teilifís. Féachann siad air gach lá tar éis scoile. Nuair a chuireann éinne ceist orthu, ní fhreagaíonn siad mar tá siad ag féachaint ar an teilifís. Úsáideann an file an tslí go bhfuil na páistí i ngreim ag an teilifís chun a thuairim féin a chur in iúl dúinn. Is léir go gcreideann sé go gcuireann an teilifís isteach ar theagmháil thábhachtach idir daoine. Tá an seanshaol imithe – an saol nuair a chuaigh daoine ag bothántaíocht, an saol nuair a shuigh na comharsana síos le chéile ag insint scéalta. Tá an saol nua-aimseartha anseo anois – an saol nuair nach bhfuil an t-am ag daoine bheith ag labhairt le chéile mar tá siad tugtha don teilifís. Is féidir a bhuairt a fheiceáil. Is léir go bhfuil scanradh air go gcaillfidh muintir na hÉireann a mbéasa agus a dteanga dúchais má fhéachann siad ar chláracha iasachta ar an teilifís ar feadh an lae.

***Saoirse***

Is dán é seo faoin lucht siúil. Cruthaíonn an file pictiúr idéalach dúinn faoi shaol an thincéara. Cuireann sé íomhá rómánsach os ár gcomhair – na tincéirí ina suí in aice na tine ag insint scéalta, na leanaí ag brúcht le sláinte. Tugann an file stádas ard don lucht siúil. Braitheann an léitheoir go bhfuil sé ag iarraidh an lucht siúil a chur in iúl mar dhaoine uaisle. Caitheann siad saol simplí amuigh faoin aer. Tógann siad a bpáistí leis an nádúr ina dtimpeall. Tá a dteanga féin acu. Taistealaíonn siad timpeall Éireann gan buairt agus feiceann siad áilleacht na hÉireann. Is saol foirfe atá i gceist ag an bhfile anseo ach tá athrú tobann sa dá líne dheireanacha

> "Tá deireadh go deo leis an ré sin
> Saoirse is neamhspléachas lucht siúil." (lch 15).

Insíonn an file dúinn go bhfuil an saol álainn sin imithe. Níl sé soiléir céard atá i gceist aige áfach. An bhfuil sé ag tagairt don tslí go bhfuil muintir na hÉireann agus an domhan go ginearálta claonta in aghaidh an lucht siúil nó an gceapann sé gur

athraigh a nósanna agus a mbéasa le himeacht ama. Tá íomhá draíochtach a chuireann an file os ár gcomhair faoin lucht siúil imithe i saol an lae inniu. Feictear iad mar ghadaithe, mar dhaoine barbartha salacha.

***Cífidh Maidhc a Thuilleadh***
***Do Mícheál Hurley agus lucht na scéime***

Is dán é seo a chuireann in iúl don léitheoir go bhfuil coiscéim mhall na seanlaethanta imithe agus go bhfuil fuadar agus deifir fágtha ina háit. Tá an file ag labhairt le Mícheál Hurley sa dán seo. Tuigeann an léitheoir go bhfuil Mícheál ag obair leis an gComhairle Chontae ar na bóithre. Is é Mícheál a chuireann an seanshaol i gcomparáid leis an saol nua-aimseartha sa dán seo. Sna seanlaethanta bhí saol álainn éasca ag Mícheál. Bhíodh sé ag siúl faoin ngréin ar bharr na haille nó ag ól sa tigh tábhairne agus d'fhanadh sé sa leaba go déanach gach maidin. Bhí saol iontach aige! Ach tháinig athrú ar an eacnamaíocht agus is léir nach bhfuil Mícheál sásta.

> ' "Ná tarraing chugam an Comhargach,
> Tá imithe, deol, ceol is c'leachta,
> Ina ionad an tsluasiad ghearra
> Le hobair chrua ag sileadh allais." ' (lch 27).

Leis an eacnamaíocht nua, tháinig rath agus postanna. Anois nuair atá Mícheál ag obair, féachann sé siar ar na sean-laethanta le maoithneachas. Déanann sé dearmad ar an mbochtanas áfach. Níl trua ag an bhfile dó. Tugann sé comhairle dó gur ceart go mbeadh sé ag luí leis an obair mar déanfaidh an obair fear dó!

> ' "A Hurley óig, ná bí chomh searbh
> ach lúb do dhrom is tóg an falla,
> clocha trá, stroighin is gaineamh –
> déanfaid san do ghéaga a theannadh!" ' (lch 27).

Is léir go bhfuil an file sásta leis an eacnamaíocht nua. Is féidir na seanlaethanta a fheiceáil le maoithneachas agus is rud maith é sin ach ba laethanta crua iad chomh maith mar bhí easpa oibre agus airgid ann. Bhí formhór na nÉireannach bocht.

D'imigh na daoine óga ar imirce thar lear mar ní raibh fostaíocht le fáil in Éirinn. Bhí ar an bhfile féin dul ar imirce mar gheall ar sin. Is féidir a thuiscint an fáth go bhfáiltíonn sé an fhostaíocht a thagann leis an gComhargach.

***Oscail do Shúile***

Tá an dán seo scríofa faoin tslí atá an saol nua-aimseartha ag scriosadh an tseanshaoil. Sa dán seo, cuireann an file an bheirt laoch os ár gcomhair – Fionn agus Oisín. Insíonn sé dúinn go raibh saoirse acu. Bhí siad in ann siúl timpeall na hÉireann gan buairt ar bith. Cuireann an file in iúl dúinn nach féidir é sin a dhéanamh sna laethanta nua-aimseartha. Cuireann feirmeoirí claíocha teorainn ar a gcuid talaimh. Tuigeann an léitheoir go ndearna na feirmeoirí obair na feirme lena lámha sna seanlaethanta ach anois tá innill acu. Níl an file ag iarraidh slábhaí a dhéanamh do na feirmeoirí ach tuigeann sé go scriosann na gléasanna nua-aimseartha seo an nádúr. Maraíonn na hinill na circe fraoigh agus na traonaigh. Scriostar plandaí, mar shampla, an tor aitinn, na sméara, an dhuilleog sráide agus an tseamróg chomh maith. Nuair a sileann an leasú isteach san fharraige, maraítear na héisc. Braitheann an file go bhfuil an bhéim ar an oideachas sa la atá inniu ann ach go ndéanann ár sochaí dearmad glan ar thábhacht an nádúir. Úsáidtear gléasanna nua-aimseartha chun an obair feirme a dhéanamh anois ach scriostar an nádúr leis na gléasanna nua-aimseartha céanna. Dá gcloífí leis na nósanna feirme ó na seanlaethanta agus dá mbeifí níos cúramaí bheadh todhchaí níos fearr againn.

> "Tá againn ollaimh is mór-léann
> gann ar chiall choitianta an tsaoil,
> ag dul i gcoinnibh nádúir Dé
> 'S ná tuigeann tábhacht an dornáin chré." (lch 28).

### *Athrú Saoil*

Is léir go bhfuil an file buartha faoi na nósanna nua atá tagtha isteach leis an saol nua-aimseartha. Tá sé ag tagairt d'olltáirgeadh. Sna sean-laethanta d'fhás na feirmeoirí a mbia féin, mharaigh siad a bhfeoil féin agus bhí a mbainne féin acu chomh maith. Rinne siad a gcuid iascaireachta féin chomh maith. Bhí a fhios acu cad a bhí siad ag cur ina gcorp. Bhí an bia go léir úr. Sa saol nua-aimseartha, tá an feirmeoir nó an iascaire beag imithe. Is féidir gach rud atá uait a fháil sna siopaí ach tá míbhuntáistí ag dul leis seo. Níl a fhios ag an gcaiteoir cad atá siad ag ceannach i ndáiríre. Is féidir go mbeadh breiseáin dhainséaracha i ngach rud sna laethanta seo. Tá faitíos ar an bhfile go mbeidh daoine an domhain an-tinn tar éis tamaill. Is léir go gcreideann sé gurb í an tseanshlí an tslí is fearr.

> "Gan ribe gruaige ar fhear ná bean,
> Neascóidí is tochas, gan leigheas don screamh
> Nádúir an tsaoil imithe le gaoith,
> Mura ndíreom gan mhoill ar an mbóthar ceart." (lch 47).

### *Focal don gCigire*
### *Samhain 1969*

Is féidir fearg an fhile a fheiceáil sa dán seo. Tuigeann an léitheoir go bhfuil an file bródúil as a áit dúchais. Tá sé brodúil as a theanga dhúchais chomh maith. Is cainteoir dúchais é. D'fhás sé suas ag labhairt na Gaeilge agus thóg sé a chlann trí mheán na Gaeilge chomh maith. Tá an Ghaeilge an-tábhachtach dó. Nuair a deir an cigire nach bhfuil an Ghaeilge go binn ag mac an fhile tar éis an scrudaithe, ní haon ionadh go bhfuil an file ar buile. Creideann sé nach labhrann an cigire ach an Béarla agus é ag obair i mBaile Átha Cliath. Más fíor sin, níl an ceart aige a bheith ag cáineadh mac an fhile – buachaill a d'fhás suas ag labhairt na teanga go líofa. Is léir go bhfuil an file bródúil as a mhac. Ní aontaíonn sé le tuairim an chigire. Ceapann an file go bhfuil an locht ar an gcigire féin. Tá teanga dhúchais na hÉireann tréigthe aige. Is fear é a

dhéanann a chuid oibre trí mheán an Bhéarla. Seasann an Ghaeilge don seanshaol anseo agus seasann an Béarla don saol nua-aimseartha. Níor thréig an file an Ghaeilge riamh agus ceapann sé nach bhfuil sé ceart go bhfuil an chumhacht ag an gcigire an Ghaeilge dhúchais atá aige agus ag a theaghlach a cháineadh. Ní bheadh ag an gcigire ach Gaeilge fhoghlamtha a fuair sé sna leabhair

> Cén teanga a labhrann tú
> I gCathair Bhleá Cliath,
> 'S tú ag comhrá le bodairí
> atá i gceannas do bhuíne
> Tréigeann tú an Ghaelainn
> Gan mhairg gan mhoill
> Béarla níos snásta agat
> Ná banríon Éibhlís." (lch 25).

## 6.4 Téama na hImirce

***Tuata Tuaithe, 1963***

Sa dán seo cuireann an file an chathair i gcomparáid leis an tuath. Is léir go bhfuil sé ar imirce. Ní maith leis saol na cathrach mar tógadh é faoin tuath agus níl sé compordach le fuadar na cathrach. Insíonn sé dúinn nach bhfuil daoine cairdiúil lena chéile sa chathair i gcomparáid leis an tuath nuair atá aithne ag gach duine ar a chéile. Bíonn daoine i gcónaí ag brostú ó áit go háit sa chathair agus ní thógann siad an t-am chun comhrá a dhéanamh le héinne. Is léir go mbraitheann an file go bhfuil áilleacht na tuaithe in easnamh sa chathair. Níl le feiceáil ann ach foirgnimh. Cronaíonn sé na cnoic álainne agus an t-aer úr a bhí aige gach lá i gCiarraí. Cronaíonn sé áilleacht an nádúir.

> "Gan radharc ar phortach móna
> Ná cruach ag binn an tí,
> San earrach na huain óga
> Ag preabadh ar thaobh claí,
> Níl cloisint siota capaill
> Ag seoladh insa ghaoith,
> Ná géimhreach gamhna óga

Ó Pháirc nó ó gharraí." (lch 13).

Cuireann an file in iúl dúinn go bhfuil an chathair níos dainséaraí ná an tuath. Tá eagla ar mhuintir na cathrach i gcónaí agus iad ag siúl síos an tsráid go ndéanfaidh gadaí éigin iarracht a sparán a ghoid. Sa véarsa deireanach, feiceann an léitheoir cé chomh uaigneach is atá an file agus é ar imirce. Luíonn sé ina leaba gach oíche ag smaoineamh ar a bhaile dúchais, ar na cnoic is na sléibhte. Tuigimid go bhfuil tocht ar a chroí agus go gcronaíonn sé a bhaile dúchais agus a theaghlach.

***Machnamh Mhuiris Pheaid***

Is é Muiris Pheaid an cainteoir sa dán seo. Is seanfhear é Muiris. Tá a shaol caite aige. Labhrann Muiris faoin imirce. Insítear dúinn go raibh saol sona ag muintir na háite. Bhíodh rincí agus ceol ar siúl san áit. Ní raibh fostaíocht le fáil san áit áfach agus sin an fáth a ndeachaigh daoine na háite ar imirce. Déanann Muiris Pheaid cur síos ar an mbriseadh croí a bhí ar sheandhaoine na háite nuair a bhí a bpáistí agus a gcomharsana imithe ar imirce. Nuair a bhí sé féin ina fhear óg, chuaigh sé ar imirce go Boston. D'oibrigh sé ann agus bhí sé ag obair le daoine geala, gorma agus dearga. Tuigeann an léitheoir go raibh máistir cruálach aige áfach. Mar a chonaic muid i *Tuata Tuaithe 1963*, tá bagairt an fhoréigin le feiceáil arís sa dán seo i véarsa a cúig.

"Ag siúl na sráide ba mheasa
Stoíche nó luath ar maidin
Bhíodh daoine ann ná feadair
Cén rud é guí chun Dé
Stiúródh in aice falla
'Na láimh bheadh scian fhaobhair fhada
Dhéanfadh tú a scagadh
Nó tú a chur den saol." (lch 17).

Is léir go bhfuil áthas ar Mhuiris Pheaid go raibh an seans aige teacht abhaile. Cuireann sé síos ar an imirceach mar deoraí agus tá trua aige do na daoine nach bhfuair an seans chun teacht abhaile.

***An Deoraí Dubhach***
***Chicago 1962***

Tuigeann an léitheoir go cumadh an dán seo nuair a bhí an file ar imirce i Chicago, Meiriceá. Is dán é seo faoin imirce. Sa chéad véarsa, insíonn an file dúinn go bhfuil sé ina chónaí sa chathair agus níl cara aige. Ní féidir an ráiteas seo a thógáil go liteartha ach is féidir go raibh uaigneas air cé go raibh daoine ina thimpeall. Braitheann an léitheoir go bhfuil an file cumhach. Cuimhníonn an file siar ar a bhaile dúchais. Cuimhníonn sé ar na fir óga shláintiúla agus iad ag obair, ar na cailíní deasa dathúla ag mealladh na bhfear óg ag crosaire an bhóthair, ar na hiascairí agus iad ar an bhfarraige ag déanamh a gcuid oibre. Tá sé soiléir go gcronaíonn an file ní hamháin a bhaile dúchais ach na radharcanna álainne chomh maith. Tá meas aige ar a bhaile dúchais. B'fhéidir nach mbeadh an meas céanna aige ar an áit mura mbeadh sé ar imirce. Tuigeann an file agus é ar imirce i Chicago, Meiriceá go raibh cairde maithe aige ina bhaile dúchais.

> "Tamall beag gearra
> A bhead ar an saol seo,
> Is má fheicim na flaithis
> Is na haingil ró-naofa,
> An mbeidh ann an chneastacht
> Is carthanacht dhílis
> A bhí agam tamall
> In aice Chnoc Bhréanainn." (lch 23).

***Ag Fágaint mo Thí***
***Chicago 1963***

Cumadh an dán seo nuair a bhí an file fós ar imirce i Chicago, Meiriceá ach is ag féachaint siar is atá sé. Cuimhníonn sé ar an lá a d'fhág sé a thigh féin in Éirinn. Bhí uaigneas an domhain air. Ní raibh ach cás beag aige. D'fhéach sé an uair dheireanach ar a mháthair agus ar a athair. Is féidir leis an léitheoir uaigneas an fhile a mhothú ag

an bpointe seo sa dán. Nuair atá sé ar a shlí, tugann sé faoi deara go bhfuil tithe le feiceáil agus iad tréigthe mar gheall ar an imirce. Smaoiníonn sé ar scéal na hÉireann.

> "Is tubaisteach do scéalsa a Éire
> A chailleann do chlann tré dheoraíocht,
> Fágann tú bocht dealbh tréigthe
> Do bhranair gan each gan treathaí
> Seandaoine críonna gan bhriathair
> Scailp ghruama an bhróin ar a gcroí,
> A gclann i bhfad ós na sléibhte
> Gan spailpín chun baint na bprátaí." (lch 32).

Insítear dúinn go smaoiníonn an file ar Éirinn nuair atá sé i mbun oibre i Chicago. Cuireann sé áilleacht na hÉireann i gcomparáid leis na daoine crua i Chicago. Sa véarsa deireanach, fágann an file slán ar Éirinn. Labhrann sé léi mar dhuine/leannán. Insíonn sé di go bhfuil sí i gcónaí ina smaointe. Is léir go bhfuil eagla air nach bhfeicfidh sé Éire arís agus déanann sé cinnte go bhfuil a fhios aici agus ag an léitheoir gur mhaith leis bheith faoi chré in Éirinn ina bhaile dúchais.

***Mo shlán chun Paróiste Mórdhach***
***Londain 1959***

Tuigeann an léitheoir gur cumadh an dán seo nuair a bhí an file ar imirce i Londain, Sasana. Is é Londain an chéad áit a ndeachaigh an file ar imirce agus b'fhear óg é ag an am sin. Braitheann an file gur deoraí é. Tá sé ar imirce i gcathair iasachta i bhfad óna bhaile dúchais. Luann sé nádúr arís sa dán seo. Ní féidir na páirceanna fraoigh a fheiceáil sa chathair. Ní féidir ceol na n-éan a chloisint. Cuireann an file in iúl dúinn go raibh air dul ar imirce go Sasana mar ní raibh fostaíocht le fáil ina bhaile dúchais.

> "Cruatan an tsaoil
> A sheol mé aniar
> 'S mé anseo i lár Londain
> Go caointeach
> Do gach fear is mnaoi
> D'fhágas im dhiaidh
> A bpócaí go folamh
> Gan líonadh" (Ó Sé, lch 34).

Tá an file dóchasach sa dán seo. Deir sé go n-oibreoidh sé. Tá sé leagtha ar shaibhreas a thuilleamh nuair atá an seans aige. Sa véarsa deireanach, insíonn an file don léitheoir go dtiocfaidh sé abhaile faoi dheireadh. Tá sé cinnte faoi sin agus is léir go bhfuil a chroí fós in Éirinn in aice le Cnoc Bhréanainn.

***Citeal na Stoirme***
***Chicago, 1964***

Dán eile é seo a cumadh i Chicago, Meiriceá. Insíonn an file dúinn cé chomh brónach is a bhí sé nuair a bhí air a bhaile dúchais a fhágáil. Cloiseann sé a bhaile dúchais dá ghlaoch ina bhrionglóidí. Samhlaíonn sé an baile dúchais le bean. Níl aon teaghlach fágtha aici ach na seandaoine. Tá sí tréigthe ag na daoine óga.

> "Ba mhinic tú ag glaoch
> I mbrionglóid atuirseach,
> Go raibh tú dá thréigint
> Tré chuanta is calaidhthe,
> Gan fágtha id bhroinn
> Ach seanóirí mearathail,
> Gan gealgháir an ógnaíon
> I lúib na ngarraithe. (lch 58).

Tá an file féin ag obair mar sclábhaí i Meiriceá. Insíonn sé dúinn nach gcloiseann sé ach an Béarla agus é ar imirce agus braitheann an léitheoir nach bhfuil sé sásta faoi sin. Cronaíonn sé a theanga dhúchais. Is léir sa véarsa deireanach go bhfuil an file ag tnúth leis an lá nuair a thiocfaidh sé abhaile. Tá nóta dóchais le feiceáil sa véarsa deireanach. Tiocfaidh sé abhaile. Tá sé cinnte faoi sin. Beidh sé dóchasach nuair a thiocfaidh sé abhaile mar beidh an pháirt is deacra dena shaol thart, an pháirt nuair a bhí air a mhuintir, a chomharsana agus a áit dúchais a fhágáil. Nuair a thiocfaidh sé abhaile, beidh deireadh leis an ré sin.

***Sochraid an Oileáin***

Sa dán seo, roinneann an file brionglóid a bhí aige leis an léitheoir. Is brionglóid bhrónach í a chuireann tocht ar chroí an fhile agus ar chroí an léitheora. Dúisíonn an file agus tá sé ag caoineadh. Is é ábhar na brionglóide ná tréigean an oileáin. Is iad na Blascoidí atá i gceist. Cuireann an file pictiúr truamhéalach os ár gcomhair. Tá gach duine ag caoineadh. Ní haon ionadh go bhfuil na seandaoine ag caoineadh. Tá ré thart. Tá a bhfréamhacha ar an oileán agus tá orthu é a fhágáil agus dul ar imirce go dtí an mhórthír. Cé go bhfuil muintir an oileáin ag éalú ó anró agus ó bhochtanas an oileáin, tá a gcroíthe briste. Chaith siad a saol ar an oileán. Tá a ndúchas le fáil ann. Cé go bhfuil dóchas orthu faoin saol nua atá os a gcomhair, tá brón orthu chomh maith. Tá orthu a ndroim a chasadh ar a n-áit dúchais agus ní rud éasca le déanamh é sin.

> "Ag teitheadh ó ainnise agus anró
> A shéideann sa tsíon aduaidh
> A chruaigh a gcraiceann
> Agus a n-aigne le blianta
> Ach fós a gcroí ag scoltadh." (lch 69)

***Uisce Geal na hAbhann***
***Chicago, Lúnasa 1968***

Is dán é seo a cumadh nuair a bhí an file ar imirce i Chicago. Samhlaíonn an file an abhainn ina bhaile dúchais. Is léir go mbraitheann an file go bhfuil an abhainn áirithe seo an-speisialta. D'fhás sé suas in aice léi agus tá nod ann go mbraitheann sé go bhfuil ceangal eatarthu. Ba bhreá leis an bhfile bheith sínte in aice leis an abhainn ag éisteacht le ceol na n-éan. Is íomhá álainn an íomhá seo ach tá an file i bhfad ón abhainn. Is fuarán beatha í an abhainn. Cothaíonn an abhainn na héisc agus cothaíonn sí an cine daonna chomh maith. Cloiseann an file an abhainn ag glaoch air. Samhlaíonn sé an abhainn mar chara. Déanann sé pearsanú ar an abhainn. Samhlaíonn an file go bhfuil an abhainn ag iarraidh go siúlódh sé ar a bruach, nó go shínfeadh sé

lena taobh is go n-inseodh sé di faoin ngéibheann. An é an géibheann an imirce? D'inseodh an file di faoi na haibhneacha eile a chonaic sé agus é ag taistil. Is léir nár mhothaigh sé an ceangal céanna leo is a mhothaigh sé leis an abhainn áirithe seo ina bhaile dúchais.

"In uaigneas croí ar féarach
Cloisim tú ag glaoch
Go siúlóinn ar do bhruacha
Nó síneadh síos led thaobh
Go n-eachtróinn duit fén ngéibheann
Is aibhnte fada réidh
Ná fuil chomh geal ná gléigeal
Led scáil i gcom an tsléibhe." (lch 63)

## 6.5 Téama an Nádúir

***Bran***

Is dán é seo faoi mhadra an fhile. Is léir go bhfuil cion ag an bhfile ag an madra ach insíonn sé don léitheoir go bhfuil a chroí briste ag an madra chomh maith. Tá sé deacair an madra a chur faoi smacht. Téann an madra ar strae ag lorg bitsí éigin go minic! Is ainmhí gan chiall é an madra. Leanann sé a nádúr féin agus tá sé tábhachtach dó giniúint a dhéanamh. Is é seo nádúr an ainmhí. Úsáideann an file seift an ghrinn chun nádúr an ainmhí a chur os ár gcomhair. Cuardaíonn sé féin gach páirc is bóthar sa cheantar ag lorg a mhadra fuinniúil ach ní bhfaigheann sé é. Nuair atá a chúram déanta aige, tagann Bran abhaile áfach! Is léir nach féidir cosc a chur ar nádúr an ainmhí. Ach tá smaoineamh ag an bhfile!

"Ó, caithfead mo mhadra a choilleadh
Nó beadsa fén gcré gan rómhoill
É ag rith i ndiaidh madraí an bhaile
Is mise ar shaothar 'na dhiaidh.
Ceannódsa inneall chun coilleadh,
Cloisfear an cnag i bhfad siar,
Cuirfidh san deireadh gan choinne
Le céapars, bóithreoireacht is fiach." (lch 21)

Mura mbeadh a chollaíocht ag an madra, ní bheadh mian aige agus ní bheadh sé ag siúl na bóithre ó mhaidin go hoíche. Bheadh sos ag an bhfile chomh maith! Ní féidir ciall a mhúineadh do mhadra ach is féidir bob a bhualadh air!

***Cearca Thaidhgín***
***Do Thadhg Ó Scanláin, 1985***

Is dán é seo a chuireann in iúl dúinn cé chomh barbartha is atá nádúr an ainmhí. Insítear dúinn go bhfuil sé chearc is coileach amháin ag Taidhgín. Nuair a chuaigh sé go dtí an tigh tábhairne, tháinig an madra rua ag fiach. Is bás gránna a fuair na héanlaith chlóis.

> "Strac sé is réab sé
> Is scread sé le mian,
> D'fháisc astu an t-anam
> Is d'fhág iad gan bhrí.
> "Mo bholg a líonadh
> A chearc bhreá groí,
> 'S í nádúir an athar
> Is gliocas chun fiaigh." " (lch 37)

Is tromluí an fheirmeora an eachtra seo. Is fiagaí nádúrtha é an madra rua. Níl sé ach ag leanúint a dhúchas ach tarraingíonn sé tranglam ar an bhfeirmeoir. Nuair a thuigtear do Thaidhgín cad a tharla do na héanlaith chlóis, tá fearg an domhain air. Téann sé ag lorg an madra rua. Is é Taidhgín a ghlacann ról an ainmhí creiche ag an bpointe seo sa dán. Tá díoltas ag teastáil uaidh. Caitheann sé seachtain ag lorg an dúnmharfóra ach ní bheireann sé air. Is é nádúr an mhadra rua bheith ag fiach ach an é nádúr an duine? Tá ciall ag an duine. Tuigeann an duine an difríocht idir ceart agus mícheart. Níl an chiall chéanna ag an madra rua mar is ainmhí creiche é agus leanann sé a dhúchas.

***Na Préacháin Dhubha***
***Aibreán, 1973***

Nuair a thagann an tEarrach, tagann na préacháin dhubha ar ais go hÉirinn. Cuireann an file pictiúr dóibh os ár gcomhair. Tá siad ag ullmhú a neadacha chun go mbeidh siad réidh nuair a thagann a ngearrcaigh ar an saol. Is léir go mbraitheann an file gur plánna iad na préacháin dhubha. Tógann siad a neadacha in áiteanna ciotógacha. Cuireann siad isteach ar dhaoine.

> "Níl féachaint ná trua don saol daonna
> Iad tuathalach, marcaíoch, baothach,
> Do dhéanfaidís nead i lár caobháin
> Nó go hard ar bharr simné,
> Gan lorg ná cead ó aon bhardas
> Rialtas ná Comhairle Chontae
> Ná bean i mbun cúraim sa chistin
> Dá múchadh ag deatach ar strae." (lch 56)

Leanann na préacháin dhubha a nádúr. Fuadaíonn siad an fionnadh ó na ba chun é a chur sa nead. Tá déanamh gnó iontu. Cuireann na préacháin dhubha isteach go mór ar an bhfile. Tógann siad a neadacha ina shimléar agus nuair a lasann an file ná ball dena theaghlach an tine, tagann an deatach anuas an simléar! Ní mhairfidh sé i gcomhréiteach leis an nádúr an babhta seo! Caithfidh go n-imeoidh na préacháin dhubha nó an file féin as an áit!

***An Pice Trí mBeann***
***Do m'athair, 1972***

Is dán é seo faoi iascaireacht neamhdhleathach. Lá amháin nuair a bhí an cainteoir sa dán seo ar a shlí abhaile, chonaic sé breac mór álainn ag snámh san abhainn. Bhí áthas ar an gcainteoir nuair a chonaic sé an breac mar tuigeadh dó gur breac maith é. Tuigeann an léitheoir gur theastaigh an breac ón gcainteoir. Úsáideann sé píce trí mbeann chun an breac a fháil. Is slí chruálach an tslí seo chun an breac a fháil. Ní fhaigheann an breac bás go díreach. Sracann sé ar dtús agus éalaíonn sé ón gcainteoir

agus a phíce! Tá díomá an domhain ar an gcainteoir. Bhí sé leagtha ar an mbreac a fháil. Nuair a fhaigheann sé é arís, tá áthas an domhain air. Baintear geit as an gcainteoir nuair a bheireann an Garda air agus é ag iascaireacht go neamhdhleathach. Tá fearg air nuair a chúisíonn an Garda é. Is féidir an fhearg seo a thuiscint. Is as an áit an cainteoir ach níl ceart aige bheith ag iascaireacht san abhainn.

> 'A Mhuire na nGrást
> Nach mé bhí go hait,
> An léasadh den dteangain
> A thugas don leaid!
> "Ní ón mbanríon úd Shasana
> A thugann do phá,
> Ach 'madáin mar mé féin
> A dhíolann mórcháin!" ' (lch 45)

Fuair an cainteoir téarma príosúin mar gheall ar a choir – cuireadh mí air mar gheall ar an bpíce agus mí eile mar gheall ar an mbreac. Níor bhraith an cainteoir aon aiféala áfach. Nuair atá a théarma déanta aige, rachaidh sé amach ag iascaireacht leis an bpíce trí mbeann arís! Is léir go mbraitheann an file go bhfuil an ceart ag muintir na háite bheith ag iascaireacht san abhainn. Is as an áit iad, d'fhás siad suas cóngarach don abhainn agus braitheann an file gur ceart go mbeadh cearta iascaireachta acu.

### *An Farraige*

Is dán é seo faoi bhuntáistí agus mhíbhuntáistí na farraige. Déanann an file cur síos ar na hiascairí ar an bhfarraige. Faigheann na hiascairí a slí bheatha ón bhfarraige. Cuireann an file pictiúr álainn os comhair an léitheora – an spéir dhearg agus na hiascairí ag comhrá agus ag caitheamh tobac. Braitheann an léitheoir go dtógann an íomhá seo sé/sí cóngarach don nádúr. Tugann an file fógairt don léitheoir sa véarsa deireanach. Tá an fharraige go hálainn ach tá sí dainséarach chomh maith. Tugann sí beatha dúinn ach tógann sí beatha uainn chomh maith. Is féidir go mbeadh an fharraige ina cara don chine daonna ach is féidir go mbeadh sí ina namhaid dúinn

chomh maith. Chaill a lán daoine a saol ar an bhfarraige ach thuill a lán daoine a slí bheatha aisti chomh maith. Tá dhá thaobh léi. Caithfidh an cine daonna a bheith cúramach léi ach ní féidir muinín a bheith againn aisti.

"Don fharraige ná tabhair iontaibh:
Tugann fial flaithiúil duit iasc,
Geobhadh chugat ar nós mná sí,
Leabaidh shíoraí ar a ghrinneall thíos." (lch 53)

## 6.6 Téama an Bháis

***Bás Thomáis***

Is dán é seo a chum an file faoina dheartháir. Sa chéad dá véarsa, déanann an file cur síos ar cé chomh fuinniúil is a bhí Tomás. Is léir go raibh sé lán de bheatha. B'fhear sportúil é. Bhí guth álainn aige. Déanann an file iarracht a dheartháir a mholadh sa dán seo. Insítear dúinn go raibh ailse ar Thomás. Cé gur fhear óg, láidir é, ní raibh sé in ann troid in aghaidh na hailse. Ghéill sé di faoi dheireadh. I véarsa a ceathair, déanann an file cur síos ar an tslí a d'fhulaing Tomás. Is léir go raibh grá mór ag an bhfile dona dheartháir. Ní raibh sé in ann pian a dhearthár a sheasamh agus ghuí sé chun Dé Tomás a thógáil. Is féidir a rá go bhfuil an grá is láidre le feiceáil againn anseo. D'fhulaingeodh an file an phian a thiocfadh le bás Thomáis dá mbeadh pian Thomáis thart. Teagmhaíonn an file croí an léitheora leis na mothúcháin a chuireann sé os a c(h)omhair.

"Scoilt mo chroí óm bhaitheas
'S é sínte ansúd i bpéin
Na cnámha ag polladh a chraicinn
Bláth na sláinte a thréig,
A shúile gormgheala
Ag feagadh in aghaidh an lae,
Mé de shíor i bpaidir
Go gcuirfeadh Dia air, glaoch (lch 18 &19)

Sa véarsa deireanach, cuireann an file i gcuimhne don léitheoir go bhfuil rud amháin cinnte sa saol seo agus is é sin an bás. Nuair a ghlaonn Dia orainn, caithfimid go léir imeacht leis.

***Bás M'athair (1900-1984)***

Is dán é seo a chum an file faoi bhás a athar. Ba sheanfhear é Dainín i gcomparáid le Tomás. Cuireann an file pictiúr gruama os comhair an léitheora sa dán seo. Tá scamall dubh sa spéir. Tá leoithne fuar ag séideadh. Tá cumhra aisteach san aer. Tá a fhios ag an léitheoir go dtarlóidh rud éigin ón tús. Déanann an file cur síos ar íomhá Dainín agus é ag caitheamh a phíopa. Tá atmaisféar gruama ina thimpeall agus braitheann an léitheoir go bhfuil a fhios aige nach bhfuil aa lán ama fágtha aige sa domhan seo.

> 'Shuíos tamall i gciúnas taobh leis,
> Tocht ná raibh nádúrtha im chroí.
> "Brionglóid ghearra is ea an saol seo,"
> Ar sé go dubhach ag croitheadh a chinn.' (lch 48)

Braitheann an léitheoir nach bhfuil scanradh ar Dhainín roimh an mbás. Guíonn sé chun Dé go bhfáilteoidh Sé roimhe isteach ina ríocht. Cé go bhfuil brón ar an bhfile tar éis bás a athar, braitheann an léitheoir go nglacann sé leis an mbás seo. Bhí saol fada caite ag Dainín. Nuair a fuair sé bás, ba bhás nádúrtha é. Is cailliúint agus brón nádúrtha a bhraitheann an file. Cronaíonn sé a athair. Cuireann rudaí áirithe a athair i gcuimhne dó – a phíopa nó a mhadra. Maolóidh an brón seo le himeacht ama.

# 6.7 Obair an Lae

***Dúisigh***

Tá rithim thapa ag an dán áirithe seo. Is dán é a dhéanann cur síos ar ghnáthamh an lae. Éirítear go luath ar maidin. Déantar jabanna timpeall an tí. Lastar an tine.

Scuabtar an luaith. Itear an bricfeasta. Déanann an file liosta den bhia a itear i rith an lae – praisce, prátaí, ronnach agus tae. Ar maidin téann an file ag obair agus é go sona sásta. Tar éis obair an lae, tá an file scriosta agus téann sé a chodladh. Ar dtús ceapann an léitheoir gur gnáthamh ábhar an dháin seo, ach ar an dara léamh, tuigtear dó/di nach sin an cás ar chor ar bith. Tá tuin shuairc le mothú sa dán. Tá sé fíor nach ndéantar ach cur síos ar ghnáthamh an ghnáthlae ach braitheann an léitheoir go bhfuil an file sásta leis an ngnáthamh seo. Is féidir go dtugann an gnáthamh seo structúr dá shaol. Tá an gnáthamh céanna ag beagnach gach duine sa domhan – dúiseacht ar maidin, obair i rith an lae agus codladh san oíche. Ceanglaíonn an gnáthamh seo muintir an domhain le chéile.

***Rí an Bhóthair***
***1986***

Sa dán seo, déanann an file cur síos ar a chuid oibre. Éiríonn sé go moch ar maidin tar éis codhladh suain. Guíonn sé chun Dé é a choimeád slán sábháilte agus é ag obair. Tuigeann an léitheoir gur tiománaí é a thiománann trucaill an bhainne. Ar a shlí, féachann an file ar radharcanna álainne na háite – na hiascairí i mBun Calaidh, na feirmeoirí ag seoladh isteach na beithíoch, an sionnach rua, an ghrian ag éirí agus ag soilsiú ar an ndrúcht, na giorriacha agus na patacháin, an capall dubh agus faoi dheireadh na feirmeoirí ag feitheamh air lena gcuid bainne. Is léir gur maith leis a phost. Tugann sé stádas ard do féin. Cuireann sé an teideal Rí an Bhóthair air féin. is léir go bhfaigheann sé suaimhneas as a phost agus ní éalaíonn áilleacht na háite uaidh. Braitheann an léitheoir gur fear suairc é an file a théann i mbun oibre gan gearán ar bith.

> "Go bhfága Dia agam sláinte
> Is solas geal na súl
> Stiúród le luas mo thrucaill

Tré bhóithre réidh is cúng
Treoraigh mé ón óspairt
Ainnise is cinniúint
Bead mar rí an bhóthair
Go dtiocfaidh glaoch an Luain" (lch 68)

## 6.8 Téama na Sainte

***Dé Bheathasa, a Richie!***

Úsáideann an file seift an ghrinn chun gearán a dhéanamh faoi na cánacha atá ar mhuintir na hÉireann le híoc. Bhí Richie Ryan ina Aire Airgeadais ag an am a cumadh an dán seo. Labhrann an file le Richie sa dán seo. Insíonn sé dó go bhfuil sé i measc ndaoine uaisle nuair atá sé ar a laethaanta saoire i gCorca Dhuibhne. Chloisfeadh sé a theanga dhúchais agus gheobhadh sé fáilte mhór ó mhuintir na háite. Insíonn an file do Richie go gcuirtear é i gcomparáid leis an diabhal mar gheall ar na foirmeacha a chuireann sé amach ach geallann an file dó go mbogfaidh sé a chroí le spraoi – ceol, ól agus bia. Insíonn an file do Richie go mbriseann a chroí féin nuair a fhaigheann sé foirmeacha cánach ón Rialtas. Cé go n-oibríonn an file go hard, braitheann sé nach bhfuil ann ach tuata tuaithe agus cuireann an cháin brú air agus ar mhuintir na hÉireann. Cumtar an véarsa deireanach as Béarla. Cuireann an t-athrú seo ó Ghaeilge go Béarla béim ar mhíshuaimhneas an fhile faoi na cánacha móra atá ar mhuintir na hÉireann le híoc.

"I always keep saying
That it's very unfair
The way that these taxes
Do rattle my brains:
When you see the Boss Man
You tell him out straight
'Tis th Poorhouse for Mike
If I don't get a rebate." (lch 41)

### *An Cine Daonna*

Is é ábhar an dáin seo ná an tsaint. Creideann an file go ndearna Dia an domhan seo agus na daoine go léir ann. Tá a lán ciníocha sa domhan – daoine buí, geala, gorma is dearga ach goilleann sé go mor ar an bhfile nach bhfaigheann gach cine cothrom na féinne. Cuireann an file ceist thábhachtach os comhair an léitheora – cé a dheachtaíonn cé atá saibhir is cé atá daibhir? Braitheann an file go bhfuil daoine sa domhan seo le maoin ollmhór ach níl ina gcroíthe ach olc. Déanann an file tagairt do na coilínigh san Afraic. Cuireann na daoine geala na dúchasaigh faoi smacht agus goideann siad a gcearta uathu. Is léir go mbraitheann an file gur fadhb mhór í an tsaint sa lá atá inniu ann. Ba bhreá leis dá mbeadh cothrom na féinne ag gach duine ach braitheann sé go gcuireann an tsaint leis an olc atá le feiceáil i ngach áit sa domhan.

> "A Dhia ní thuigfead go deo deo,
> Is tusa an giolla ar an srian,
> Maith dhom peacaí an tsaoil seo
> Nó mura miste liom ort a impí,
> Féach uait anuas ar do chléirigh
> Ardaigh an t-olc óna gcroí
> Go mbeimid ar fad mar a chéile
> Is cuma bán, gorm nó buí." (lch 50)

## 6.9 Buntáistí na Tuaithe

### *Sláinte*

Is dán é seo faoi fhear óg atá ina chónaí faoin tuath. Níl a fhios ag an léitheoir cé hé an fear áirithe seo. Is féidir go seasann sé do gach fear óg a fhásann suas faoin tuath. Cruthaíonn an file pictiúr álainn don fhear fuinniúil, sláintiúil seo don léitheoir. Tugann an file nod don léitheoir go gcuireann an tuath le sláinte an fhir. Insítear dúinn go gcaitheann an fear seo a lán ama amuigh faoin aer úr. Siúlann sé ar an gcnoc nó ar an sliabh. Itheann sé bia maith – feoil mhaith a chuirfeadh lena fhás. Ólann sé bainne

gabhair a chuirfeadh neart ina chnámha. Insítear dúinn go bhfuil seasamh maorga ag an bhfear seo.

> "Lomchnámhach le téagairt ghéag,
> Drom díreach, ceann san aer,
> Ucht déanta mar thomán gé,
> Cosa láidir chun rómhar na cré." (lch 52)

Is saol idéalach atá ag an bhfear seo. Oibríonn sé agus glacann sé a shuaimhneas chomh maith. Tá an cothrom ceart aige i gcomparáid leis na daoine sna dánta a chónaíonn sna cathracha. Cuireann an file an tsláinte agus an tuath taobh le taobh sa dán seo. Is léir go mbraitheann sé go bhfuil buntáistí ollmhóra le fáil faoin tuath.

***An Tábhairneoir Ciúin***

Is dán é seo a cumadh faoi thábhairneoir i mbaile dúchais an fhile. Is léir go bhfuil meas ag an bhfile air. Insíonn an file dúinn go mbaineann sé taitneamh as fo-deoch cosúil lena lán daoine eile. Is fear ciúin é an tábhairneoir i dtigh tábhairne áitiúil an fhile. Freastalaíonn sé ar mhuintir na háite gan focal ná gearán as. Ní ghlacann sé páirt i gcúlchaint áitiúil. Is léir gur fear díscréideach é. Insítear dúinn go gcabhraíonn an tábhairneoir le stróinséirí a thagann go dtí an áit. Tá sé sásta treoracha a thabhairt do chuairteoirí na háite. Is féidir gur an rud is tábhachtaí faoin tábhairneoir ná cé chomh díscréideach is atá sé. Is féidir go bhfeiceann sé a lán eachtraí aite agus é ag obair ach ní bhogann sé a bhéal le héinne.

> "Má thitir don stól
> Siar ar do thóin,
> Le mearathal cinn nó braonach,
> Priocfaidh tú suas gan mhairg gan bhuairt
> 'S ní bheidh mar scéal nua ag éinne.
> Nuair a bheidh am suas
> Ní léigfidh liú,
> Ach seasamh ciúin is maorga
> Ansan gan rómhoill pointeálfaidh an slí
> Siar i dtreo Binn an Phaoraigh." (lch 65)

Braitheann an léitheoir go bhfuil meas ag an bhfile ar an tábhairneoir. Tá sé cosúil le cara do mhuintir na háite seachas fear gnó. Is léir go dtaitníonn an tséirbhís phearsanta a fhaigheann an file ina bhaile dúchais faoin tuath leis. Is dócha go mbeadh difríocht mhór idir tábhairneoir na tuaithe agus tábhairneoir na cathrach.

***Turas ar Nua-Eabhrac***
***Aibreán 1982***

Sa dán seo, féachann an file ar Nua-Eabhrac agus ní maith leis an chathair a fheiceann sé. Níl le feiceáil sa chathair mhór seo ach foirgnimh arda suas go dtí an spéir. Tá daoine ag siúl timpeall na cathrach agus deifir orthu. Níl an t-am acu bheith ag labhairt le chéile agus tá nod ann nach bhfuil aithne ag muintir na cathrach ar a gcomharsana. Is féidir go bhfuil duine ina s(h)easamh i measc a lán daoine eile agus uaigneas an domhain air/uirthi. Tá bagairt an fhoréigin le mothú sa chathair chomh maith. Tá an file sásta gurb as áit álainn faoin tuath é féin. Is léir go mbraitheann sé go bhfuil saol níos suaimhní le fáil faoin tuath in aice leis na sléibhte. Tá sé soiléir go bpiocfadh sé ciúnas na tuaithe seachas griothal na cathrach. Braitheann an léitheoir go bhfuil ceangal láidir idir an file agus a bhaile dúchais.

> "Cuirimse comhartha na croise ar m'éadan
> Árthach na spéire a réiteoidh mo shlí,
> A stiúireoidh mo chompas ar shléibhte na hÉireann,
> Go sínfead ar an bhféar glas i gcuideachta na sí. (lch 30)

## 6.10 Téama an Chreidimh

***Lá le Bríd***

Sa dán seo, téann an file siar go dtí an am nuair a bhí sé ina pháiste óg. Cuimhníonn sé ar an lá a d'fhoghlaim sé faoi Naomh Bríde. B'é an chéad lá d'Fheabhra agus bhí athair an fhile ag déanamh croise sa chistin. Bhí an file ag féachaint air le spéis. Chuir

sé ceist ar a athair faoi cad a bhí ar siúl aige. D'inis a athair dó gurb é Lá le Bríde. Níor chuala an páiste faoi Naomh Bríde cheana agus faigheann sé ceacht creidimh anseo óna athair.

> ' "Ach a Dhaid, cérbh í Bríd?"
> "Bean chiúin chneasta fáilteach fial,
> Cabhrach, carthanach de shíor
> Don lag, breoite is an seachránaí." (lch 51)

Is léir go bhfuil meas ag athair an fhile ar an Naomh áirithe seo. Tugann sé moladh di. Insíonn sé dá mhac go bhfuil sí ina cónaí ar Neamh ag cabhrú leis an gcine daonna i gcónaí. Is míniú simplí an míniú seo ach fanann sé leis an bhfile i rith a shaoil. Tá an meas céanna ag an bhfile ar Naomh Bríde ná a bhí ag a athair uirthi. Tá muinín aige aisti agus "Is chuici bhím de shíor ag guí." (lch 51).

## 6.11 Téama an Cheoil

***Speabhraíd***

Is dán é seo a cumadh faoin grá atá ag an bhfile don cheol. Tuigeann an léitheoir go bhfuil an-tallann ag an bhfile sa cheol. Samhlaíonn an file an ceol mar spéirbhean sa dán seo. Labhrann an spéirbhean leis. Cuireann sí iachall air an ceol a sheinnt. Ní thuigeann an file cé hí an spéirbhean ach tá sé faoi draíocht. Tugann sé cuireadh dí fanacht leis. Insíonn an spéirbhean dó gurb í an ceol agus go bhfanfaidh sí leis sa saol seo agus sa saol eile chomh maith.

> '"An dtiocfaidh tú liomsa abhaile
> Nó an seolfam le taoide thar toinn?"
> "Táimse mar shoilsiú na gréine,
> Mar thaibhse a shéideann sa ghaoith,
> Is mise gach nóta binn cheolmhar
> A scaoilir ón mbosca de shíor,
> Beidh mise sínte síos taobh leat
> Ar an saol seo agus insa tsíoraíocht." '(lch 55)

Úsáideann an file meafar na spéirmhná chun tábhacht an cheoil ina shaol a chuir in iúl don léitheoir. Tá tallann nádúrtha aige agus is léir nach mbeadh sé ina iomlán gan an ceol. Sa véarsa deireanach, feiceann an léitheoir íomhá an fhile agus é ag cuardach na spéirmhná. Insíonn sé dúinn go bhfuil sé dá lorg le fada anois. Tuigeann an léitheoir go bhfaca sé an spéirbhean uair amháin ach d'fhág sí a marc air. Insítear duinn gur ghoid an spéirbhean "dhá thrian dem chroí." (lch 55). Is léir go bhfuil áit mhór i gcroí an fhile don cheol.

## 6.12 Téama an Chogaidh

***Eolaithe Cogaidh***
***Eanair 1991***

Is dán é seo a cháineann an fhoréigean agus na cogaí atá chomh coitianta sa lá atá inniu ann. Is léir go mbraitheann an file go n-úsáideann na saineolaithe cogadh mar fhreagra ar gach fadhb sa domhan. Is é an foréigean an leigheas i gcónaí. Freagraítear foréigean le foréigean. Déanann an file pointe maith chomh maith. Fógraíonn sé dúinn nach féidir linn muinín a bheith againn as na saineolaithe. Ní insíonn siad an fhírinne do na gnáthdhaoine i gcónaí. Uaireanta, is í an tsaint a spreagadh.

> "Faobhraigh do mheabhair
> Ná creid gach nath,
> Bolscaireacht shleamhain
> Ón eolaí pras,
> Ní saoradh Chuáit
> Ná maitheas an tsaoil,
> Ach ola bheith saor
> D'uaisle gras." (lch 61)

Tá an file éadóchasach sa véarsa deireanach. Ní fheiceann sé deireadh na gcogaí sa todhchaí ar chor ar bith. Is léir go mbraitheann sé go bhfaighidh na saineolaithe cúis úr i gcónaí – nuair atá an tsaint sa domhan beidh cogaí ann chomh maith. Is í an tsaint fréamh an oilc anseo arís. Fásann an t-olc aisti agus tosaíonn cogaí mar gheall uirthi.

# Caibidil 7: Na Fabhalscéalta

Tá trí leabhar foilsithe ag Maidhc Dainín Ó Sé do pháistí; *Is Glas iad na Cnoic*, *Madraí na nOcht gCos* agus *Mair, a Chapaill*. Cé go bhfuil na leabhair áirithe seo dírithe ar pháistí, úsáideann an t-údar na téamaí a úsáideann sé sna saothair eile; téama an ghrá agus téama an fhill. Cuireann an t-údar na téamaí céanna os comhair an pháiste i mbealach simplí, mar shampla, is ainmhithe iad na príomhcharachtair – ainmhithe le pearsantacht agus eagna! Is féidir fabhalscéalta a chur ar na trí leabhar seo mar úsáideann an t-údar ainmhithe mar charachtair, ainmhithe atá in ann labhairt, agus déanann an t-údar iarracht ceacht a mhúineadh do pháistí trí na scéalta seo. Déileálann an t-údar le téamaí réadúla agus é ag baint úsáide as suíomh síscéil. Is féidir coirpigh, laochra agus íobartaigh a fheiceáil i ngach leabhar. Tá an cath idir maith agus olc an-tábhachtach sna leabhair seo. Ní thuigtear don pháiste go bhfuil sé/sí ag foghlaim ceachta nuair atá sé/sí ag léamh na leabhar seo. Foghlaimíonn an páiste faoi mhaith agus olc ó na leabhair seo. Is í an mhaith an buaiteoir sna trí leabhar seo. Sa chaibidil seo, déanfar anailís ar na leabhair atá luaite thuas ó thaobh téamaí agus carachtar de.

## 7.1 Téama an Ghrá

### *Is Glas iad na Cnoic*

Sa leabhar seo, buaileann an léitheoir le cat darbh ainm Brídín Bhéasach. Insítear dúinn go bhfuil sí ina cónaí le teaghlach, Seán Ó Conchúir, a bhean chéile, Cáit, agus a n-iníon, Cáit Óg. Tá sé soiléir gur teaghlach grámhar an teaghlach seo. Tá siad an-chneasta le Brídín agus tugann siad aire mhaith di. Tuigtear do Bhrídín go bhfuil grá

mór idir Seán, Cáit agus Cáit Óg agus teastaíonn an rud céanna uaithi féin. Tugann Ó Sé pearsantacht don chat seo. Cé nach bhfuil sí in ann labhairt leis an gcine daonna, tá na mothúcháin chéanna aici ná atá acu. Feiceann Brídín cé chomh suaimhneach is atá an teaghlach daonna agus múnlaíonn sí a lúcháir féin orthu. Teastaíonn teaghlach uaithi féin. Nuair a bhuaileann Brídín le Dáithí Mac Duibh, faigheann sí an grá atá ag teastáil uaithi. "Chuireadar aithne pearsanta ar a chéile agus thit an bheirt acu i ngrá." (lch 13). Tuigeann an léitheoir gur pósadh iad agus gur saolaíodh mac dóibh. Dáithí Óg an t-ainm a cuireadh air. Insítear dúinn go bhfuil Brídín, Dáithí agus Dáithí Óg an-sásta ina gcónaí leis an teaghlach daonna. Tá teaghlach na gcat bunaithe ar an teaghlach daonna agus is féidir dearmad a dhéanamh gur cait atá i gceist! Tugann Ó Sé nósanna daonna do na cait sa leabhar seo agus is féidir go gcabhraíonn an tseift seo leis, suim an pháiste a choimeád. Luaitear an grá atá ag tuismitheoirí dá bpáistí sa leabhar seo chomh maith. Teastaíonn ó Dháithí Óg dul ar imirce go Nua-Eabhrac, Meiriceá. Tá sé soiléir go bhfuil imní ar Bhrídín agus Dháithí faoi mar bheadh difríocht ollmhór idir Paróiste Múrach agus Nua-Eabhrac. Nuair a thuigtear do Bhrídín agus Dháithí cé chomh uaigneach is atá a mac, níl siad ag iarraidh é a choimeád sa bhaile. Cé go gcuireann an socrú as dóibh, tugann siad cead dó dul ar imirce agus a bhealach féin a shiúil. Is léir gur mhaith leo dá bhfanfadh Dáithí Óg sa bhaile ach tuigtear dóibh go mbeadh seansanna níos fearr aige i Nua-Eabhrac. Cé go ngoilleann an socrú go mór orthu, tugann siad saoirse do Dháithí Óg a bhealach féin a shiúil. Is léir gur tuismitheoirí críonna iad Brídín agus Dáithí. Tugann siad neamhspleáchas dá mac cé go dteastaíonn uathu féin é a choimeád sa bhaile leo i bhfad ó dhainséar na cathrach. Nuair a théann Dáithí Óg ar imirce, ní fhaigheann sé ach anró agus cruachás. Is léir nach bhfuil an réaltacht cosúil leis an mbrionglóid. Rud amháin fiúntach a thagann as a fhulaingt ná an caidreamh a eascraíonn idir é féin agus

an luch, Splanc. Is caidreamh mídhealraitheach an caidreamh seo. Is cat é Dáithí Óg agus is luch é Splanc! An post atá ag Dáithí Óg ná na lucha agus na francaigh a mharú! In ainneoin seo, tá ceangal idir Dáithí Óg agus Splanc. Sa tslí seo, taispeánann an t-údar don pháiste gur féidir cairde a dhéanamh aon áit sa domhan agus is féidir bheith cairdiúil le ciníocha difriúla. Tuigeann an léitheoir go mbuaileann Dáithí Óg le Lísa agus go dtiteann siad i ngrá le chéile. Pósadh iad agus saolaíodh cúig phiscín dóibh. In *Is Glas iad na Cnoic*, pléitear trí theaghlach – an teaghlach daonna, Brídín, Dáithí agus Dáithí Óg agus Dáithí Óg, Lísa agus a bpiscíní. Tá an lánúin i ngach teaghlach pósta sular saolaíodh a bpáistí/bpiscíní dóibh. Is é an teaghlach traidisiúnta a phléann an t-údar anseo – an mháthair, an t-athair agus na páistí/piscíní. Pléitear an teaghlach anseo mar thionscnamh grámhar. Pléitear an grá idir cairde sa leabhar seo chomh maith. Luaitear an tábhacht a bhaineann le ceangal na gcairde anseo nuair a thugann Dáithí Óg agus Splanc tacaíocht dá chéile in am an ghátair. Leagann siad síos na teorainneacha eatarthu agus díríonn siad a n-aird ar a gcomhchosúlachtaí.

## *Madraí na nOcht gCos*

Nuair a thuigtear do Mhícheál Ó Conchubhair go bhfuil a madra, Samhail, ag éirí sean, níl sé ag iarraidh é a choimeád ag obair. Tá sé soiléir gur máistir cneasta é, Mícheál. Is é sin an fáth a cheannaíonn sé an dá choileán, Rós agus Oscar. Nuair a thagann Rós agus Oscar go dtí an fheirm ar dtús, tá siad neirbhíseach mar tá gach rud nua dóibh. Insíonn Samhail dóibh nach ceart go mbeadh scanradh orthu roimh Mhícheál. "Máistir an-chineálta is ea fear an tí agus tá a bhean chéile, Máire Rua, maidir leis…" (lch 16). Tá sé soiléir go bhfuil caidreamh maith idir Mícheál agus a mhadraí. Cé gur madraí oibre iad, tugann Mícheál aire mhaith dóibh. Tá leaba chompordach agus a ndóthain bia acu. Is léir go gcothaíonn an cineáltas seo grá mór

idir an feirmeoir agus a mhadraí. Tá meas aige orthu agus mar gheall ar sin tá meas acu air. Feiceann an léitheoir go bhfuil caidreamh grámhar idir Mícheál agus Máire Rua. Déanann an t-údar aithris ar an gcaidreamh daonna leis an gcaidreamh idir Rós agus Oscar. Insítear dúinn gur thit Oscar i ngrá le Rós ar an gcéad lá a chuir sé a shúile uirthi. Tógann Rós tamall níos faide chun teacht ar an eolas céanna áfach. Pléitear grá na lánúine anseo. Tá an bheirt chomh mór i ngrá le chéile nach bhfuil siad críochnaithe gan a chéile. Nuair a fhuadaítear Rós, tá sí leagtha ar shlí éalaithe a fháil mar tá a fhios aici go gcaithfidh sí bheith lena grá, Oscar. Goilleann cailliúint Róis go mór ar Oscar. Insítear dúinn nach bhfuil sé in ann greim bia a ithe mar tá a chroí briste. Mar atá le feiceáil in *Is Glas iad na Cnoic*, is féidir dearmad a dhéanamh gur ainmhithe atá i gceist! Is madraí iad na carachtair sa leabhar seo ach tugann Ó Sé pearsantacht dhaonna dóibh. Tá an briseadh croí a mhothaíonn Rós agus Oscar an-réadúil. Cuireann an t-údar an grá rómánsach os comhair an pháiste i mbealach a thaitneodh le páistí. Taitníonn ainmhithe clóis le go leor páistí. Déanann páistí caidrimh le peataí agus éiríonn siad cairdiúil leo. Nuair a chuireann Ó Sé na hainmhithe clóis sna leabhair seo os comhair an pháiste le mothúcháin agus pearsantacht, cuireann sé ar chumas an pháiste comhbhá a dhéanamh leo ach ag an am céanna, múineann sé ceacht dóibh faoi mhothúcháin dhaonna. Cuirtear caidreamh na gcairde os comhair an léitheora sa leabhar seo chomh maith. Tá gaol gairid le feiceáil idir Samhail, Rós agus Oscar. Nuair a thagann Rós agus Oscar go dtí an áit ar dtús, níl iontu ach coileáin. Is é Samhail a chabhraíonn leo a gcosa a fháil ar an bhfeirm nua. Múineann sé a gceird dóibh. Tugann sé comhairle dóibh go minic, mar shampla, nuair a thugann sé faoi deara go bhfuil Oscar i ngrá le Rós, insíonn sé dó go bhfuil Rós i ngrá leis chomh maith cé nach bhfuil a fhios ag Rós féin fós! Nuair a fhuadaítear Rós is é Samhail a smaoiníonn ar phlean na sábhála. Tá sé soiléir go bhfuil sé buartha faoi

Oscar ach cronaíonn sé Rós chomh maith mar chara. Is é Sailor a dhéanann gníomh an chairdis a chuireann tocht ar chroí an léitheora áfach. Feiceann Sailor Rós ag éalú. Tuigeann sé go bhfuil sé ag fágáil slán ar an t-aon chara atá aige agus go mbeidh sé féin fágtha ina aonar le máistir cruálach. Tá seans aige an cat a ligint as an mála ach ní bhogann sé a bhéal. Cé go mbeidh uaigneas air sa todhchaí , tá áthas air go bhfuil seans ag Rós éalú ón áit. Sa tslí seo, cuireann Ó Sé in iúl don pháiste cé chomh tábhachtach is atá cairde, dílseacht agus cineáltas sa saol seo.

## *Mair, a Chapaill*

Is capaill iad na príomhcharachtair sa leabhar seo. Pléitear an caidreamh idir lánúin arís i *Mair, a Chapaill.* Tuigeann an léitheoir go bhfuil Bess Nic an Chapaillín leathmarbh leis an ocras. Tá sé soiléir go bhfuil máistir cruálach aici. Níl sé toilteanach a dóthain bia a thabhairt di agus cuireann sé iachall uirthi an iomarca oibre a dhéanamh. Cé gur láir í Bess, tá mothúcháin dhaonna aici. Tá uaigneas uirthi mar níl cara aici sa domhan agus tá brón uirthi mar tuigeann sí nach raibh an t-ádh léi nuair a cheannaigh Mícheál Ó Scanláin í. Nuair a bhuaileann Bess le Tomás Mór Mac an Eich, athraíonn a saol áfach. Insítear dúinn nach í Bess an láir is dathúla sa cheantar ach i súile a leannáin, tá sí foirfe. Tá sé soiléir go bhfuil Bess agus Tomás Mór go mór i ngrá le chéile. Fulaingíonn siad íde béil ó na capaill eile mar gheall ar a gcaidreamh ach is léir nach cuma leo. Cé go bhfuil baic sa tslí, fásann an grá idir Bess agus Tomás Mór. Déanann Tomás Mór iarracht aire a thabhairt do Bhess. Tugann sé bia di i ngan fhios do na capaill eile agus do Mhícheál Ó Scanláin. Tá difríocht mhór idir an leabhar seo agus an dá leabhar eile. An difríocht sin ná , ní fhaigheann Bess agus Tomás Mór an seans a ngrá a cheiliúradh. Ní pósadh iad agus i gcoinne a thola féin, díoltar Tomás Mór agus caitheann sé Bess a fhágáil ina dhiaidh. Tá fíorghrá le feiceáil

sa leabhar seo. Cé go bhfuil Bess agus Tomás Mór scartha óna chéile, ní dhéanann siad dearmad ar a chéile go deo. Nuair a thuigtear do Bhess go bhfuil sí ag iompar searraigh, tá áthas an domhain uirthi. Tá áthas uirthi mar bheadh páirt de Thomás Mór léi i gcónaí agus ní bheadh sí ina haonar nuair a thiocfadh an searrach ar an saol. Insítear dúinn go dtugann na capaill eile íde béil do Bhess mar tá sí ag iompar searraigh agus tá a leannán imithe. "Bhíodh cuid de na capaill ar an dtaobh eile de chlaí ag caitheamh asachán léi, go mórmhór Treasa." (lch 28). Is féidir fadhbanna na mban a fheiceáil anseo nuair a bhí siad ag iompar clainne gan cuing an phósta in Éirinn sna seanlaethanta. Cuireann an t-údar na fadhbanna seo os comhair an pháiste i slí chliste. Luann sé fadhbanna réadúla ach úsáideann sé suíomh síscéil. Ní aithneodh an páiste go mbeadh ceacht le foghlaim faoi oidhreacht na nÉireannach mar pléitear an ceacht go glic. Pléitear an grá idir tuismitheoirí agus páistí sa leabhar seo. Tá sé soiléir go dtugann Tomás Óg suaimhneas do Bhess. Is comhluadar é. Is é a cúis bheith beo. Níl aon dabht ach go bhfuil grá cumhachtach na máthar ag Bess do Thomás Óg. Cé go mbeadh a croí briste gan a searrach, tugann Bess comhairle dó an srathair a dhiúltú mar tuigeann sí go ndíolfaí é mar gheall ar sin. Tá sí ag iarraidh é a chosaint ó anró agus chruachás. Nuair a thagann Bess, Tomás Mór agus Tomás Óg le chéile arís, tá áthas orthu agus ar an léitheoir. Cé go bhfuil ionadh ar Thomás Mór go bhfuil searrach aige, tá sé ag iarraidh bheith ina athair maith. Cabhraíonn sé lena mhac a cheird a fhoghlaim agus níl aon dabht ach go bhfuil sé bródúil as. Faigheann Bess seans eile chun caidreamh a dhéanamh leis an gcine daonna. Cé nach bhfaca sí ach cruálacht ina saol, slánaíonn grá a máistreása í agus foghlaimíonn sí gur féidir caidreamh grámhar a bheith idir ainmhithe agus daoine. Tá muinín ag Bess as Máirín agus tá grá aici di chomh maith.

# 7.2 Téama an Fhill

## *Is Glas iad na Cnoic*

Nuair a théann Dáithí Óg ar imirce go Nua-Eabhrac, faigheann sé post ar an mbád go Nua-Eabhrac chun a phasáiste a íoc. Tá air súil a choimeád ar chábán an Chaptaein agus na lucha agus na francaigh a mharú. Geallann Dáithí Óg do Fhionnadh Glas go ndéanfaidh sé a chúram go díograiseach. Tuigeann sé nach bhfaighidh sé ach seans amháin ón gCaptaen – mura ndéanfadh sé a chuid oibre i gceart, gheobhadh sé an pionós. Nuair a chasann Dáithí Óg ar Splanc, athraíonn rudaí áfach. Ní bheireann sé ar Splanc, ní dhéanann sé a chúram. Déanann Dáithí Óg margadh le Splanc. Dá bhfanfadh Splanc ina pholl, thabharfadh Dáithí Óg a bhéilí dó – cáis, arán, tae agus blúire d'aon chíste a bheadh le fáil. Sa tslí seo, bheadh an cat agus an luch sásta. Ní chaillfeadh an luch a shaol agus ní bhfeiceadh an Captean an luch agus ní chaillfeadh Dáithí Óg a phost! Insítear dúinn go bhfuil Splanc toilteanach a chur in iúl do Dháithí Óg má tá luch nó francach eile i ngiorracht an chábáin. An féidir muinín a bheith ag Dáithí Óg as Splanc? Is luch é agus tá sé toilteanach a chine féin a thabhairt don chat! Is féidir gur luch neamhscrupallach é! Nuair a fheiceann Splanc an císte cáise i gcábán an Chaptaein ar an lá deireanach, ceapann sé go bhfuil an margadh briste ag Dáithí Óg mar níor thug sé aon bhlúire den chíste do Splanc ag am dinnéir. Tá dúil sa chíste ag Splanc agus briseann sé féin an margadh nuair a théann sé istigh i gcábán an Chaptaein chun an cháis a fháil. Is é Splanc an ceann a bhriseann an margadh anseo. Tuigeann an léitheoir gur thug Dáithí Óg a dhóthain bia do Splanc. Chomhlíon sé a thaobh den mhargadh. Is féidir nach raibh a fhios ag Dáithí Óg go raibh císte cáise sa chábán ag am dinnéir. Is féidir go raibh sé ar intinn aige blúire den cháis a thabhairt do Splanc ag am suipéir. Ní raibh na fíricí ag Splanc. Déanann Splanc feall ar Dháithí

Óg nuair a thagann sé amach as a pholl agus nuair a thaispeánann sé é féin don Chaptaen. Tá sé soiléir nach raibh Splanc ag iarraidh trioblóid a tharraingt ar Dháithí Óg ach ní chomhlíonann sé a thaobh den mhargadh. Is é Dáithí Óg a fhaigheann an pionós. Insítear dúinn go bhfuil an Captaen ar buile nuair a thuigtear dó go bhfuil luch ina chábán. I meon an Chaptaein, theip ar Dháithí Óg a dhualgaisí a chomhlíonadh agus is léir nach dtabharfaidh an Captaen seans eile dó. Tugann an Captaen greadadh neamhthrócaireach do Dháithí Óg. Níl aon dabht ach gur fear cruálach é. Tá sé soiléir nach bhfuil meas ag an gCaptaen ar ainmhithe. Tuigeann an léitheoir go gcaitheann an Captaen Dáithí Óg amach san fharraige. Is pionós úafásach an pionós a fhaigheann Dáithí Óg ach is féidir go bhfuil an locht air féin chomh maith. Geallann sé do Fhionnadh Glas nach ligfidh sé luch nó francach i ngiorracht an chábáin. ' "Ní dhúnfad súil go mbuailfidh mo chois talamh thirim," ar sé le Fionnadh Glas.' (lch 24). An dualgas atá air ná na lucha agus na francaigh a mharú. Ní dhéanann Dáithí Óg a chúram i gceart. Ligeann sé Splanc saor mar tá scanradh air nach mbeadh sé in ann é a fháil. Cé go n-eascraíonn cairdeas idir Dáithí Óg agus Splanc, ní shin an fáth a thugann Dáithí Óg seans do Splanc. Is í leisce a spreagadh. Ar dtús, níl sé ag iarraidh Splanc a fhiach agus an dara cúis ná teastaíonn comhoibrí uaidh, comhoibrí a inseodh dó dá mbeadh luch nó francach timpeall na háite. Tá sé fíor go ndéanann Splanc feall ar Dháithí Óg ach déanann Dáithí Óg feall ar Fhionnadh Glas nuair nach dtugann sé aire dá chúraimí.

## *Madraí na nOcht gCos*

Tuigeann Mícheál Ó Conchubhair go bhfuil dhá mhadra maithe aige i Rós agus in Oscar. Is é sin an fáth a chuireann sé Rós agus Oscar chun cinn i gComórtas na Madraí Caorach. Nuair a bhuann Rós agus Oscar an comórtas, tá Mícheál an-bhródúil

astu. Níl aon dabht anois ach gur sármhadraí iad. Tá fear ag an gcomórtas darbh ainm Tadhg Ó Cróinín. Tá sé ag féachaint ar an gcomórtas agus tugann sé faoi deara cé chomh hiontach is atá Rós agus Oscar. Tairgíonn Tadhg ocht gcéad punt ar Rós agus Oscar do Mhícheál. Níl suim ag Mícheál sa tairiscint mar níl sé ag iarraidh a mhadraí a dhíol. ' "Ní dhíolfad...ná ar hocht míle iad," arsa Ó Conchubhair ag súil go gcuirfeadh san deireadh leis an ndíospóireacht.' (lch 29). Tuigeann an léitheoir nach bhfuil Tadhg sásta ar chor ar bith. Is léir go bhfuil sé leagtha ar na madraí a cheannach agus goilleann sé go mór air nach bhfuil suim ag Mícheál sa tairiscint. Níl aon dabht ach go bhfuil meon ait ag Tadhg. Ceapann sé go bhfuil de cheart aige na madraí a fháil ar shlí amháin nó ar shlí eile. Tá sé fíor go ndearna sé iarracht Rós agus Oscar a cheannach go dleathach ach ní aithníonn sé go bhfuil ceart ag Mícheál an tairiscint a dhiúltú. Mura bhfuil sé in ann na madraí a cheannach, goidfidh sé iad. Gheobhaidh sé na madraí ar shlí amháin nó ar shlí eile. Tuigeann an léitheoir nach bhfuil an t-am ag Tadhg an dá mhadra a fháil ón trucail. Is í Rós atá níos cóngaraí dó agus is í Rós a fhuadaíonn sé. Déanann Tadhg Ó Cróinín feall ar Mhícheál Ó Conchubhair. Ar dtús, ligeann sé air gur cara le Mícheál é. Tuigeann Tadhg cé chomh tábhachtach is atá na madraí do Mhícheál mar insíonn Mícheál dó nach ndíolfadh sé Rós agus Oscar ar ocht míle punt. Ligeann Tadhg air go nglacann sé leis sin ach is í a mhalairt an cás. Nuair a chasann Mícheál a dhroim air, faigheann Tadhg a sheans agus goideann sé Rós ó Mhícheál. Ní gnáthghadaíocht atá i gceist againn anseo. Is créatúr beo í Rós. Tá cion agus grá ag Mícheál di agus a mhalairt. Is feall cruálach an feall seo. Cronódh Mícheál Rós ó thaobh oibre de ach cronódh sé í mar pheata chomh maith. Cuireann an eachtra seo tocht ar chroí an léitheora , mar tá trua aige/aici do Mhícheál agus do Rós chomh maith. Is féidir leis an léitheoir comhbhá a dhéanamh le Rós. Níl inti ach madra beag ach go tobann tá sí scartha óna máistir, óna baile agus óna cairde. Sa tslí

seo, taispeánann Ó Sé don pháiste nach féidir muinín a bheith aige/aici as strainséirí. Ba strainséir é Tadhg. Lig sé air gur theastaigh uaidh bheith cairdiúil le Mícheál agus ansin ghoid sé a mhadra uaidh. Bhí Tadhg toilteanach feall a dhéanamh ar strainséir ar mhaithe lena shainte.

## *Mair, a Chapaill*

Nuair a thagann Tomás Óg ar an saol, ceapann Mícheál Ó Scanláin gur capall fiúntach é agus tá an ceart aige. Nuair a fheiceann Aindí Ó Néill Tomás Óg, tuigeann sé gur capall brídeálta é. Is saineolaí capaill é Aindí agus nuair a fheiceann sé Tomás Óg ag léim thar an claí, tuigtear dó gur capall luachmhar é. Ní deir sé é sin le Mícheál Ó Scanláin áfach. ' " Tá an bromach óg san as a mheabhair!...' (lch 43). Tuigeann Aindí Ó Néill go bhfuil imní ar Mhícheál Ó Scanláin mar is é Tomás Óg cúis na timpiste agus is é an Scanlánach a bheadh freagrach as an damáiste. Tuigeann Aindí Ó Néill go bhfuil sé ag déileáil le hamadán aineolach agus tógann sé a seans buntáiste a fháil air. Cuireann Aindí béim ar an damáiste a ndearnadh dá charr. Tá a fhios aige nach bhfuil mórán damáiste déanta don charr ach tá sé ag iarraidh scanradh a chur ar an Scanlánach. Ansin, cuireann sé níos mó brú ar Mhícheál nuair a labhrann sé faoi chúiteamh pearsanta. Tá sé soiléir go bhfuil imni an domhain ar Mhícheál. Is féidir nach bhfuil árachas aige i gcoinne timpiste mar sin. Nuair a fheiceann Aindí go bhfuil Mícheál i gcruachás, feiceann sé a sheans. Ligeann sé air go bhfuil sé ag iarraidh bheith féaráilte. Insíonn sé do Mhícheál go bhfuil capall á lorg aige do mhargadh na feola agus go bhfuil sé toilteanach Tomás Óg a thógáil mar chúiteamh ar an timpiste. Cé go bhfuil a fhios ag Aindí gur sárchapall é Tomás, ligeann sé air nach bhfuil i ndán dó ach margadh na feola. Déanann Aindí Ó Néill feall ar Mhícheál Ó Scanláin. Braitheann Mícheál nach bhfuil rogha aige. Tuigeann sé go bhfuil sé freagrach as

damáiste na timpiste. Níl sé ag iarraidh go nglaotar ar na Gardaí. Nuair a insíonn Aindí dó nach bhfuil i Tomás Óg ach *kicker*, creideann Mícheál é cé go n-insíonn a dhúchas dó gur capall fiúntach é. Glacann Mícheál leis an tairiscint ach tá coinníoll amháin aige. Caithfidh Aindí Bess a cheannach uaidh mar tá a fhios aige nach bhfaighidh sé níos mó obair aisti. Cé go n-iarrann Mícheál dhá chéad punt ar Bhess, tá sé sásta nuair a fhaigheann sé céad punt mar tuigeann sé go bhfuil sí traochta. Tá íoróin throm le feiceáil sa leabhar seo. Ceapann Mícheál go bhfaigheann sé an lámh in uachtar ar Aindí mar níl air cúiteamh a íoc mar gheall ar an timpiste agus faigheann sé céad punt uaidh ar láir atá leathmarbh. Is é Aindí Ó Néill a fhaigheann an lámh in uachtar ar Mhícheál áfach. Faigheann sé capall brídeálta saor in aisce ón Scanlánach. Cé go gcaitheann sé a charr féin a dheisiú agus go gceannaíonn sé Bess ar chéad punt, déanann sé brabús mar tá Tomás Óg an-luachmhar. Ní chuireann Aindí na fíricí os comhair an Scanlánaigh. Úsáideann sé aineolas an Scanlánaigh chun a ghnó féin a chur chun cinn. Ní thuigeann Mícheál Ó Scanláin go ndéanadh feall air go dtí go bhfeiceann sé Tomás Óg ag glacadh páirte i gComórtas an Aga Khan ar an teilifís! Nuair a thuigtear dó go bhfuair Aindí Ó Néill buntáiste air, tá sé ar buile. Tá sé soiléir go ngoideann Ó Néill saibhreas an Scanlánaigh uaidh gan coinsias ar bith. Láimhseálann Ó Néill an Scanlánach go cliste agus goideann sé a sheilbh is tábhachtaí uaidh ach déanann sé cinnte go bhfuil an dlí ar a thaobh.

## 7.3 Na Coirpigh

## *Is Glas iad na Cnoic*

Insítear dúinn nach mbeadh Captaen an bháid sásta dá bhfeicfeadh sé luch nó francach i ngiorracht a chábáin. Is féidir an meon sin a thuiscint mar tá anbhá ar a lán

daoine nuair a fheiceann siad míolra. Nuair a fheiceann an Captaen Splanc ar bhord an chábáin, tá sé ar buile. Tagann fearg úafásach air a chuireann ionadh ar an léitheoir. Tá sé fíor gur ceart go mbeadh Dáithí Óg ag comhlíonadh a dhualgaisí i gceart agus teipeann air a chúram a dhéanamh ach braitheann an léitheoir nach bhfuil an greadadh a fhaigheann sé ón gCaptaen tuillte aige. Nuair a fheiceann an Captaen Splanc, tá sé cosúil le gealt. Tá sé soiléir go bhfuil an fear ar buile. Cuireann sé an locht ar Dháithí Óg agus tá sé leagtha ar phionós a thabhairt dó. Ní thugann an Captaen faoi deara gurb é an lá deireanach ar bord na loinge agus nach bhfaca sé luch nó francach i ngiorracht a chábáin san laethanta roimhe sin. Níl sé ag iarraidh an dara seans a thabhairt do Dháithí Óg. Nuair a fhoghlaimíonn an léitheoir cé chomh foréigeanach is atá an Captaen leis an gcat, tá déistin air/uirthi. Tugann an Captaen cic do Dháithí Óg nuair a fheiceann sé é ina chodladh. Ansin crústaíonn sé é in airde ar deic an bháid. Tá sé soiléir gur fear cruálach é an Captaen. Tá sé toilteanach cat beag a ghortú. San eachtra seo, is ainmhí dímríoch é Dáithí Óg. Níl seans aige troid in aghaidh an Chaptaein ná níl seans aige éalú uaidh. An féidir a rá gur cladhaire é an Captaen mar piocann sé ar chréatúr beag beo? Níl aon dabht ach gur fear neamhthrócaireach é. Ní aithníonn sé gur créatúr beo é Dáithí Óg. Ní thugann sé faoi deara go bhfuil Dáithí Óg i bhfad níos lú ná é féin. Caitheann an Captaen Dáithí Óg isteach san fharraige gan coinsias ar bith. ' "Íosfaidh na héisc tusa," arsa an Captaen, ag ardú Dáithí den ndeic.' (lch 35). Insítear dúinn gur dhúnmharaigh an Captaen an cat deireanach a bhí ag obair timpeall an chábáin. Tá sé soiléir go mbaineann sé sásamh sádach as an bpian a ghearrann sé ar ainmhithe dímríocha.

Cheapfaí go mbeadh áthas ar Dháithí Óg nuair a chasfadh sé ar a chine féin ach ní shin an cás nuair a bhuaileann sé le Top Cat. Ionsaítear Dáithí Óg arís nuair atá sé ina

chodladh. Nuair a thagann sé chuige féin, tá cat rua os a chomhair. Tá sé soiléir gur bhuail taom feirge an cat áirithe seo nuair a chonaic sé Dáithí Óg ina chodladh ina bhosca. Is cat fiáin é Top Cat. Is léir gur fhás sé suas ar na sráideanna. Tugann Top Cat greadadh do Dháithí Óg. Ansin insíonn sé dó go gcaithfidh sé obair mar shaighdiúir in arm na cúlsráide. Ní thugann sé rogha do Dháithí Óg. Déanann sé brá dó. Cé go dtuigeann Top Cat gur cat óg é Dáithí Óg i dtír iasachta, ní chabhraíonn sé leis a chosa a fháil. Bagraíonn sé air agus cuireann sé iachall air a chuid oibre a dhéanamh in arm na cúlsráide. Tuigeann Top Cat nach bhfuil cárta glas ag Dáithí Óg agus faigheann sé an lámh in uachtar air mar gheall ar sin. Tá sé soiléir gur cat cliste é Top Cat mar tá lucht leanúna mór aige agus braitheann na cait eile ar a eagna ach níl aon dabht ach go bhfuil féith chruálach ann. Tá sé toilteanach Dáithí Óg a choimeád ag obair dó i gcoinne a thola agus ceap magaidh a dhéanamh dó.

## *Madraí na nOcht gCos*

Tuigeann an léitheoir go bhféachann Tadhg Ó Cróinín ar Chomórtas na Madraí Caorach agus go dtéann na madraí, Rós agus Oscar, i bhfeidhm go mór air. Nuair a thairgeann Tadhg ocht gcéad punt do Mhícheál ar Rós agus Oscar, braitheann an léitheoir gur tairiscint mhacánta í. Tagann imní ar an léitheoir áfach nuair a fheiceann sé /sí meon an fhir seo tar éis an diúltaithe. Ní díomá atá air ach fearg. Tá sé ar buile mar dhiúltaigh Mícheál don tairiscint. Teastaíonn na madraí ó Thadhg ar shlí amháin nó ar shlí eile. Tá sé soiléir gur fear santach é Tadhg mar teastaíonn sealbha Mhíchíl uaidh agus ní bheidh sé sásta go dtí gur leis Rós agus Oscar. Níl meas ag Tadhg ar Mhícheál. D'inis Mícheál dó nach ndíolfadh sé Rós agus Oscar go deo. Cuireann an ráiteas seo in iúl do Thadhg agus don léitheoir cé chomh tábhachtach is atá a mhadraí do Mhícheál. Is léir go ndéanann Tadhg neamhiontas dá mhothúcháin áfach. Tá sé

deacair a chreidiúint go ngoideann Tadhg Rós ón trucail ach sin mar a tharlaíonn sé. Tá sé leagtha ar na madraí a fháil agus cé nach bhfuil an t-am aige an dá mhadra a fháil, éiríonn leis sármhadra amháin a fháil saor in aisce. Tá sé soiléir gur fear prásach é Tadhg mar fuadaíonn sé Rós ón trucail i rith an lae nuair atá a máistir sa tigh tábhairne trasna na sráide. Cheapfaí go mbraitheann Tadhg go bhfuil ceart aige an madra a thógáil. Tá meon ait aige agus níl coinsias aige. " 'Sea, murar féidir liom na madraí a cheannach, tá seift eile agam!...' " (lch 30). An féidir go bhfreastalaíonn Tadhg ar Chomórtas na Madraí Caorach chun madra brídeálta a fháil dó féin sa chéad áit? Má tá Tadhg Ó Cróinín neamhscrupallach nuair a dhéileálann sé leis an gcine daonna, tá sé i bhfad níos measa nuair atá sé ag déileáil lena chuid madraí. Ní haon ionadh go bhfuil scanradh ar Rós nuair a fhuadaítear í. Insítear dúinn go gcrústaíonn Tadhg isteach i mbothán dorcha í. Cuireann an gníomh seo ionadh ar an léitheoir. Bhí sé chomh leagtha ar mhadra brídeálta a fháil, cheapfaí go dtabharfadh sé aire di. Buaileann Rós le madra eile sa bhothán – Sailor is ainm dó. Is é Sailor a thugann fírinne an scéil do Rós. Cuireann sé in iúl do Rós gur máistir cruálach é Tadhg. Oibríonn sé a mhadraí go crua. Ní thugann sé go leor bia dóibh agus tugann sé greadadh dóibh chomh maith. Is léir gur fear cruálach, dainséarach é Tadhg. Tá sé soiléir nach bhfuil meas aige ar an gcine daonna ná ar ainmhithe. Nuair a fhuadaíonn sé Rós, tá madra oibre á lorg aige agus déanann sé cinnte go bhfaigheann sé a luach oibre uaithi. Insítear dúinn go bhfuil Rós an-tanaí faoin am a shábhálann Samhail agus Oscar í. ' "Ó, a chréatúir...níl fágtha ionat ach na cnámha." ' (lch 51). Insíonn Rós do Shamhail agus d'Oscar nach bhfuair sí ach obair, greadadh agus ocras ón lá a fuadaíodh í. Cuireann an t-eolas seo déistin ar an léitheoir. Ní féidir a thuiscint an fáth go bhfuil Tadhg ná aon duine chomh cruálach do chréatúr beo. Is marc oilc é ar

charachtar an duine an tréith seo. Ní bheadh Rós ná Sailor in ann troid in aghaidh an tíoránaigh. Tá an chumhacht go léir ag Tadhg agus ídíonn sé an chumhacht seo.

## *Mair, a Chapaill*

Insítear don léitheoir go dtugann Mícheál Ó Scanláin droch-íde dá láir, Bess. Fulaingíonn Bess i lámha an Scanlánaigh. Tá sé soiléir gur fear suarach é Mícheál mar ní cheannaíonn sé tarracóir mar bheadh air breosla a chur ann. Úsáideann sé Bess mar mheaisín in ionad an tharracóra. Cé gur ainmhí beo í Bess, níl an Scanlánach toilteanach go leor bia a thabhairt di. Tar éis lá fada oibre, bheadh Bess lag leis an ocras ach ní bhfaigheadh sí mar bhéile ach féar lofa nó féar searbh. I rith an gheimhridh, bhíodh dídean shuarach aici. Ar an gcéad lá a cuireadh an srathair ar Bhess, baineadh geit aisti agus scaoil sí leis na cosa deiridh. Bhí an Scanlánach ar buile agus b'úafásach an pionós a thug sé do Bhess. Thug sé greadadh foréigeanach di sa stábla. Bhí sí ceangailte ann agus ní raibh dóchas éalaithe aici. Tá sé soiléir gur cladhaire é Mícheál Ó Scanláin. Gortaíonn sé an láir mar rinne sí botún, mar bhí scanradh uirthi. Gortaíonn sé í mar is ainmhí dímríoch í nach mbeadh in ann troid ina aghaidh. Ansin, fágann sé Bess sa stábla ar feadh dhá lá gan bia ná uisce. Níl aon dabht ach gur fear barbartha é Mícheál Ó Scanláin. Cuireann a bhrúidiúlacht déistin ar an léitheoir. Tá féith oilc ann agus ligeann sé amach an t-olc seo ar Bhess. Nuair a thuigtear do Mhícheál go bhfuil Bess ag iompar searraigh, tosaíonn sé ag tabhairt níos mó bia di. Níl sé ag athrú áfach, tá sé ag iarraidh go mbeidh sí in ann an searrach a iompar. Tá áthas air go bhfuil Bess ag iompar searraigh mar beidh ainmhí oibre eile aige. Tá sé soiléir gur fear neamhscrupallach é Mícheál Ó Scanláin. Tugann Dónal Mór Ó Liatháin comhairle do Mhícheál nach bhfaigheadh sé a lán oibre as Bess mar is láir bheag í agus ní bheadh sí in ann obair throm a dhéanamh ach ní thógann

Mícheál ceann ar bith dó. Cuireann sé iachall ar Bhess obair throm a dhéanamh cé go ngoilleann an obair go mór uirthi go fisiceach. Dhéanfadh an Scanlánach an rud céanna do Thomás Óg dá mbeadh an seans aige. Tosaíonn sé dá thraenáil le haghaidh na hoibre. Tá an t-ádh le Tomás Óg áfach, éalaíonn sé ón máistir cruálach. Is é Tomás Óg cúis na timpiste agus mar gheall ar sin tá Mícheál freagrach as an damáiste. Tuigeann sé go bhfuil a phort seinnte. Nuair a insíonn Aindí Ó Néill do Mhícheál nach capall fiúntach é, creideann Mícheál é gan ceist ar bith. Tá sé soiléir gur amadán é Mícheál. Creideann sé tuairim an strainséara agus ní thógann sé ceann ar bith dá dhúchas féin. Ceapann Mícheál go bhfaigheann sé an lámh in uachtar ar Aindí nuair a chuireann sé iachall air Bess a cheannach uaidh ar chéad punt. Síleann Mícheál go bhfuil an láir traochta agus go bhfuil sé chun í a chur de ar bhrabús. Ní brabús a fhaigheann sé ó Aindí Ó Néill áfach. Faigheann sé a mhalairt. Tá Aindí Ó Néill toilteanach an láir a cheannach ón Scanlánach mar faigheann sé capall luachmhar uaidh saor in aisce. Níl trua ag an léitheoir don Scanlánach áfach. Is fíor an seanfhocal "Filleann an feall ar an bhfeallaire." Is cothrom na féinne é go bhfulaingíonn Mícheál Ó Scanláin ar leibhéal éigin tar éis an droch-íde a chuir sé ar Bhess. ' "Ara, ní fhéadfadh aon rath a bheith ort, an chuma a ghabhann tú le hainmhithe…Tuilleadh 'en diabhal chugat!" ' (lch 66).

## 7.4 Na Laochra

## *Is Glas iad na Cnoic*

Nuair a shroiceann Dáithí Óg Nua-Eabhrac, buaileann sé le dream garbh cat. Cuireann na cait seo, go mórmhór an ceannaire, Top Cat, iachall ar Dháithí Óg bheith ag obair leo. Cé nach bhfuil Dáithí Óg ag iarraidh bheith ag obair leis na cait sráide, ceapann

sé nach bhfuil rogha aige mar tá scanradh air rompu. Tuigeann an léitheoir go sábhálann Splanc Dáithí Óg ó na cait sráide. Is féidir go bhfuil aiféala ar Splanc tar éis na heachtra ar an mbád. Is féidir go bhfuil sé ag iarraidh a aiféala a thaispeáint do Dháithí Óg. Tuigtear do Splanc go luath nach maith leis Nua-Eabhrac. Braitheann sé go bhfuil an chathair áirithe seo i bhfad ró-dhainséarach dó. Insítear dúinn go bhfuil go leor madraí agus cat ar a thóir agus nach féidir leis cabhair a fháil ó luch nó francach ar bith. Is luch diongbháilte é Splanc mar déanann sé suas a aigne nach bhfanfaidh sé i Nua-Eabhrac. Ní dhéanann Splanc dearmad ar Dháithí Óg áfach. Aimsíonn sé Dáithí Óg agus nuair a thuigtear dó nach bhfuil Dáithí Óg sásta ach an oiread, roinneann sé a phlean éalaithe leis. Tá sé soiléir gur cara maith é Splanc. Tuigeann sé go ndearna sé botún nuair a bhris sé an margadh idir é féin agus Dáithí Óg ar an mbád agus tá sé ag iarraidh an botún sin a cheartú. Taispeánann Splanc an poll éalaithe do Dháithí Óg agus tógann sé é go dtí an caladh leis. Níl aon dabht ach gur luch dílis é Splanc mar bheadh sé i bhfad níos éasca dó éalú ón áit ina aonar ach níl sé toilteanach Dáithí Óg a fhágáil ina dhiaidh. Is é Splanc a smaoiníonn ar an bplean éalaithe. Téann sé isteach go dtí oifig an bháid agus faigheann sé amach cén bád atá dírithe ar Éirinn. Is luch cliste an luch seo. Úsáideann sé a thoirt mar áis. Nuair a thuigtear do Dháithí Óg agus Splanc go bhfuil na cait sráide ar a dtóir, tá Splanc socair. Athraíonn sé a phlean éalaithe. Insíonn sé do Dháithí Óg go bhfanfaidh siad i bhfolach i mbád beag go dtí go dtarraingíonn an *Sky Hope* amach ón gcé. Ansin preabfaidh é féin agus Dáithí Óg ar an *Sky Hope* agus fágfaidh siad na cait sráide ina ndiaidh. Is léir go bhfuil meon praiticiúil ag Splanc. Coimeádann sé a cheann in am an ghátair. Nuair atá anbhá agus faitíos ar Dháithí Óg, tugann Splanc comhairle phraiticiúil dó agus cuireann sé ar a shuaimhneas é. Tuigeann Splanc go bhfuil Dáithí Óg agus Lísa go mór i ngrá le chéile faoin am a shroicheann an *Sky Hope* Éire agus

níl sé ag iarraidh bheith sa tslí. Cé nach bhfaca Splanc Éire riamh, tá sé toilteanach bheith ag taiscéal ina aonar mar tá sé ag iarraidh a n-am féin a thabhairt do Dháithí Óg agus Lísa. "Chonaic sé go raibh Dáithí an-mhór i ngrá le Lísa agus ná beadh sé féin ach sa tslí ar an gcúpla." (lch 58). Is cara tuisceanach é Splanc. Tuigeann sé cé chomh tábhachtach is atá Lísa do Dháithí Óg agus tá sé ag iarraidh seans a thabhairt don lánúin bheith le chéile. Téann Splanc i bhfeidhm ar an léitheoir. Nuair a thuigeann sé gur lig sé Dáithí Óg síos, déanann sé gach iarracht an feall sin a cheartú. Is luch umhal é Splanc. Sábhálann Splanc Dáithí Óg ó na cait sráide agus faigheann sé slí abhaile dó. Níl Splanc ag iarraidh cúiteamh a fháil ó Dháithí Óg áfach. Fágann sé é agus Lísa le chéile ag deireadh an scéil agus téann sé a bhealach féin.

## *Madraí na nOcht gCos*

Insítear dúinn gur seanmhadra é Samhail. Tá sé dhá bhliain déag d'aois ag tús an leabhair. Is saineolaí é Samhail ó thaobh a chuid oibre de agus múineann sé an cheird do Rós agus d'Oscar. Nuair a thagann Rós agus Oscar go dtí an fheirm ar dtús, níl iontu ach coileáin. Tuigeann Samhail go bhfuil scanradh orthu agus déanann sé iarracht aire a thabhairt dóibh. Cé go bhfuil Rós agus Oscar ceannaithe ag an bhfeirmeoir chun obair Shamhail a dhéanamh ar an bhfeirm, níl Samhail ag iarraidh naimhde a dhéanamh dóibh. Aithníonn sé go raibh a lá féin aige agus cabhraíonn sé leis na coileáin a gcosa a fháil ar an bhfeirm. Nuair a chuireann Mícheál Rós agus Oscar chun cinn i gComórtas na Madraí Caorach, is é Samhail a thugann comhairle dóibh cad ba cheart dóibh a dhéanamh sa chomórtas. Pointeálann sé amach na botúin atá á dhéanamh ag na madraí eile agus cuireann sé Rós agus Oscar ar an mbealach ceart ó thaobh an chomórtais de. Nuair a fhuadaítear Rós, tá sí dhá bhliain d'aois agus ciallaíonn sé sin go bhfuil Samhail ceithre bliana déag d'aois ag an am céanna. Is aois

mhór i mblianta na madraí an aois sin. Nuair atá Rós imithe, cronaíonn Samhail í. Is léir go bhfuil cion aige di. Tuigeann an léitheoir go bhfuil Samhail buartha faoi Oscar chomh maith mar goilleann cailliúint Róis go mór air. Tá sé soiléir go mbraitheann Samhail go bhfuil sé freagrach as Rós agus Oscar. Tá dhá ról ag Samhail ina saol – ról an charad agus ról an athar. Níl Samhail toilteanach slán a fhágáil ar Rós tar éis an fhuadaigh. Cuimhníonn sé ar uimhir an ghluaisteáin- 85 KY 8756. Tá ceann maith ag Samhail in am an ghátair. Smaoiníonn sé ar phlean. Tá eagna ag an madra seo. Insítear dúinn gur phioc sé suas scileanna ríomhaire ó Mháire Rua mar bhíodh sé ag féachaint uirthi nuair a bhíodh sí ag obair ar an ríomhaire. Cé go bhfuil a lán cruacháis ag baint le plean na sábhála, tá Samhail leagtha ar Rós a shábháil. Faigheann sé ainm, sloinne agus seoladh an fhuadaitheora in oifig na cánach. Faigheann sé síob go dtí agus abhaile ó Ghleann Fleisce. Tá sé soiléir gur madra críonna é Samhail. Tá go leor bac ag cur isteach ar an bplean – níl a fhios aige cá bhfuil Rós, tá feirm an fhuadaitheora na mílte ó fheirm Mhíchíl, tá dainséar ann go mbéarfadh air féin agus ar Oscar in oifig na cánach agus ar fheirm an fhuadaitheora agus tá dainséar ann go gcaillfeadh siad a síob abhaile dá dteipfeadh ar an bplean. In ainneoin na deachrachtaí atá os a chomhair, tá Samhail leagtha ar Rós a shábháil. Is féidir go ngoilleann plean na sábhála go mór ar Shamhail mar is seanmhadra é agus téann sé ar dhá bhealach fada i seachtain amháin. Cuireann sé brú air féin Rós a shábháil. Ní smaoiníonn Samhail ar a shláinte féin i rith na sábhála. Tá sé soiléir gur madra cneasta caoin é Samhail mar cuireann sé áthas a chairde roimh a riachtanais féin. Níl aon dabht ach gur laoch é Samhail. Tugann sé aire do Rós agus d'Oscar nuair atá siad ina gcoileáin agus scartha óna dtuismitheoirí féin. Tugann sé comhairle dóibh. Sábhálann sé Rós nuair a fhuadaítear í. Is madra misniúil é Samhail. Tá neart intinne agus coirp aige. Tá sé lán de ghrá, chion agus mhaith.

## *Mair a Chapaill*

Tá sé fíor go ndéanann Aindí Ó Néill feall ar Mhícheál Ó Scanláin ach braitheann an léitheoir gur maith a shaothraigh Mícheál é. Tuigeann an léitheoir go dtugann Mícheál droch-íde neamhthrócaireach do Bhess. Is fear cruálach é Mícheál agus níl trua ag an léitheoir dó nuair a fhaigheann Aindí Ó Néill an lámh in uachtar air. Tá cothrom na féinne ag teastáil ón léitheoir agus is é Aindí Ó Néill an fear a mhúineann ceacht don Scanlánach! Is saineolaí é Aindí ó thaobh capall de. Nuair a fheiceann sé Tomás Óg, tuigeann sé gur capall luachmhar é. Teastaíonn Tomás Óg ó Aindí. Nuair a fheiceann sé gur amadán é Mícheál Ó Scanláin, déanann sé suas a aigne go bhfaighidh sé Tomás Óg gan go leor trioblóide. Ar dtús, deir Aindí nach i Tomás Óg ach *kicker* gan maith. Ligeann sé air go bhfuil sé ag iarraidh bheith féaráilte nuair a insíonn sé do Mhícheál go dtógfaidh sé an *kicker* mar chúiteamh ar an timpiste. Ligeann sé air go bhfuil sé ag iarraidh an Scanlánach a shábháil ó chúiteamh an damáiste agus ó chúiteamh an dochtúra dá bhfulaingeodh sé féin ná Pól de Staic tar éis na timpiste. Is fear cliste é Aindí mar tá sé in ann an Scanlánach a thomhas go tapaidh agus é a láimhseáil chomh maith. Is é Aindí Ó Néill an laoch sa leabhar seo mar sábhálann sé Bess agus Tomás Óg ón tíoránach. Is féidir go raibh a fhios ag Aindí gur máistir cruálach é Mícheál mar ní bhfuair Bess ná Tomás Óg go leor bia riamh agus is dócha go raibh cuma thanaí orthu. Nuair a shroicheann Bess agus Tomás Mór a mbaile nua, athraíonn a saol. Is máistir cneasta é Aindí agus braitheann an léitheoir nach dtabharfadh sé droch-íde d'ainmhí ar bith. Cé go bhfuil a fhios aige nach láir luachmhar í Bess, tugann sé aire mhaith di. Tugann sé ordú do thindeálaí an stáble Bess a chíoradh agus a bhearradh. Tugtar féar milis di. Níl mar dhualgas ar Bhess ach bheith mar chara do iníon Aindí, Máirín. Cé nach láir luachmhar í Bess, tuigeann Aindí gur láir chneasta, chiúin í. Tá sé soiléir go bhfuil muinín ag Aindí as Bess mar tá sé toilteanach í a thabhairt do

Mháirín mar bhronntanas. Insítear dúinn gur theastaigh a capall féin ó Mháirín le tamall. Is cailín míchumasach í Máirín. Déanann Aindí gach iarracht a iníon a shásamh. Níl aon dabht ach gur athair grámhar é. Tugann Aindí seans do Thomás Óg a thallann a fhorbairt. Níl de dhualgas air ach a aird a dhíriú ar a thallann féin. Sábhálann Aindí Ó Néill Bess agus Tomás Óg ó chruachás agus anró. Tugann sé tús úr dóibh. Bheadh saol compordach acu ar a fheirm. Nuair a thuigtear do Bhess go bhfuil máistreás chineálta aici, tá muinín aici as an gcine daonna arís. Slánaíonn Aindí Ó Néill agus a iníon, Máirín, an damáiste a ndearna an Scanlánach do Bhess agus Thomás Óg. Tá meas ag Aindí ar a chuid ainmhithe agus tá meas acu air mar gheall ar sin. Sa leabhar seo, taispeánann an t-údar don léitheoir go gcaithfidh sé/sí meas a thuilleamh. Is laoch é Aindí sa leabhar seo mar cuireann sé an coirpeach ina áit agus sábhálann sé na híobartaigh dímríocha uaidh.

## 7.5 Na hÍobartaigh

### *Is Glas iad na Cnoic*

Tá brionglóid ag Dáithí Óg. Is í an bhrionglóid atá aige ná go rachadh sé ar imirce go Nua-Eabhrac, Meiriceá, is go dtuillfeadh sé saibhreas ann. Ba mhaith leis dá mbuailfeadh sé le cat baineann chomh maith! Teastaíonn eachtra ó Dháithí Óg agus níl sé toilteanach fanacht sa bhaile lena athair is lena mháthair. Is cat fuinniúil é. Tá Paróiste Múrach i bhfad ró-chiúin dó. Nuair a fhágann Dáithí Óg a áit dúchais, tá muinín aige as an gcine daonna agus as ainmhithe mar ní fhaca sé ina shaol ach cineáltas. Is máistir cneasta é Seán Ó Conchúir agus bhí an t-ádh le Dáithí Óg go raibh sé in ann maireachtáil lena thuismitheoirí. Nuair a fhaigheann Dáithí Óg post ar an mbád, ceapann an léitheoir go bhfuil tús maith déanta aige. Nuair a thugann Dáithí

Óg seans éalaithe do Splanc, ceapann an léitheoir gur cat trócaireach é. Tá faoiseamh ar an léitheoir nach maraíonn Dáithí Óg an luch beag, ach caithfear a rá gur cat leisciúil é chomh maith. Cé go ngeallann sé do Fhionnadh Glas go gcomhlíonfaidh sé a dhualgaisí ar an mbád, ligeann sé a chúram i léig. Cuireann sé iachall ar Splanc súil a choimeád ar oscailt agus an scéal a insint dó má tá luch nó francach timpeall an chábáin. Is é sin dualgas an chait. Insítear dúinn go bhfuil Dáithí Óg ina chodladh meisciúil nuair a fheiceann an Captaen Splanc ar an mbord sa chábán. Dá mbeadh Dáithí Óg ina dhúiseacht, bheadh sé in ann labhairt le Splanc agus a fhearg a mhaolú agus b'fhéidir go rachadh Splanc ar ais go dtí a pholl as radharc an Chaptaein. Cé nach oibrí maith é Dáithí Óg, tá déistin ar an léitheoir nuair a thugann an Captaen greadadh dó. Níl ann ach cat beag agus is fear mór é an Captaen. Ní bheadh Dáithí Óg in ann troid in aghaidh an Chaptaein. Tá ionadh ar Dháithí Óg mar ionsaíonn an Captaen é nuair atá sé ina chodladh. Níl a fhios ag Dáithí Óg cad ba chúis leis an ionsaí mar níl a fhios aige gur tháinig Splanc amach as a pholl. Insítear dúinn go gortaíodh Dáithí Óg go dona mar gheall ar an ionsaí agus tá trua ag an léitheoir dó. Cé go bhfuil sé leisciúil, tá croí maith aige. Aithníonn sé gur cara maith é Splanc dó agus tá sé ag iarraidh a bhuíochas a thaispeáint dó nuair a shábhálann Splanc é. ' "Is tú mo chara dílis. Nuair a shroisfimid Éire tabharfad gach cabhair duit cur fút. Ná bíodh eagla ort, beidh saol sona sásta agat." ' (lch 54). Nuair a théann Dáithí Óg ar imirce ar dtús is cat soineanta é. Níl taithí aige bheith amuigh sa domhan. Ní thuigeann sé dainséar an domhain. Nuair a shroicheann Dáithí Óg Nua-Eabhrac, tá sé gortaithe go dona agus tá sé traochta. Téann sé a chodladh i mbosca i gcúlsráid éigin gan smaoineamh ar bith. Nuair a ionsaítear Dáithí Óg sa chúlsráid, tá ionadh air. Tá sé soiléir nach dtuigeann Dáithí Óg cé chomh dainséarach is atá na cúlsráideanna ná an chathair go ginearálta. Is cat níos deise é Dáithí Óg nuair a thagann sé abhaile ó Nua-

Eabhrac ná mar atá sé nuair a théann sé ann. Fulaingíonn Dáithí Óg i lámha na strainséirí. Foghlaimíonn sé ceacht tábhachtach – níl aon thinteán mar do thinteán féin. Nuair a thagann Dáithí Óg abhaile, is cat umhal é. Oibríonn sé ar an mbád ar an tslí abhaile. Is oibrí maith é ar an tslí abhaile. Is féidir gur fhág sé an leisce i Nua-Eabhrac! Foghlaimíonn Dáithí Óg cé chomh tábhachtach is atá a theaghlach agus a chairde nuair atá sé ar imirce. Tá faoiseamh air go bhfuil sé ag dul abhaile go dtí a thuismitheoirí agus tá an t-ádh leis go mbuaileann sé lena ghrá, Lísa, ar an tslí.

## *Madraí na nOcht gCos*

Is madra baineann í Rós. Insítear dúinn gur madra brídeálta í. Éisteann sí leis an gcomhairle a thugann Samhail di go cruinn agus déanann sí a dícheall a máistir a shásamh. Is oibrí maith í Rós. Nuair a cheannaíonn Mícheál Rós ar dtús, is madra éislinneach í. Níl inti ach coileán. Cronaíonn sí a máthair. Tá brón uirthi agus teastaíonn uaithi dul abhaile. Socraíonn Rós síos go tapaidh áfach agus díríonn sí a hintinn ar a cuid oibre. Nuair a bhuann Rós agus Oscar Comórtas na Madraí Caorach, ní dhéanann sí dearmad ar Shamhail. Aithníonn sí gur mhúin sé a ceird di agus gur leis an duais chomh maith. ' "Is leatsa an bua seo chomh maith linne," arsa Rós i gcluais Shamhail.' (lch 30). Níl aon dabht ach gur cara maith í Rós. Ní dhéanann sí dearmad ar cé chomh cneasta is atá Samhail di. Tá sí dílis dó. Nuair a fhuadaítear Rós, tá scanradh an domhain uirthi. Tá sí socraithe síos go maith ar fheirm Mhíchíl faoin am seo agus go tobann, tá uirthi aithne a chur ar fheirm nua. Déanann Rós iarracht bheith misniúil áfach. Insíonn sí do Sailor go gcaithfidh sí dul abhaile. Is léir go bhfuil sé ar intinn aici slí éalaithe a fháil. Tuigtear do Rós ag an bpointe seo go bhfuil sí i ngrá l'Oscar agus tá sí leagtha ar é a fheiceáil arís. Nuair a chuireann Sailor in iúl di go bhfuil sí céad mile ó Dhaingean Uí Chúis agus dá ndéanfadh sí iarracht

siúl abhaile, mharódh feirmeoir éigin í nó gheobhadh sí bás leis an ocras, tagann drochmhisneach ar Rós. Níl aon dabht ach go n-éalódh sí as an áit mura mbeadh na baic sa tslí. Ní óinseach í Rós. Tuigeann sí go bhfuil an ceart ag Sailor agus tuigtear di go gcaithfidh sí socrú síos ar an bhfeirm nua agus glacadh leis an gcinniúint. Insítear dúinn go bhfuil áthas an domhain ar Rós nuair a shábháltar í. Nuair a fhuadaítear í, ceapann sí nach bhfeicfidh sí Samhail ná Oscar go deo arís. Tá sí ag iarraidh glacadh lena saol nua ar an bhfeirm nua ach tá a croí fós i nDaingean Uí Chúis le Samail, Oscar, Mícheál agus Máire Rua. Nuair atá na madraí ar a slí abhaile ó Ghleann Fleisce, aithníonn Rós eagna Shamhail arís. Aithníonn sí go bhfuil a lán le foghlaim aici uaidh fós agus is léir gur madra umhal í. Tugann sí a buíochas do Shamhail. Tá ceacht foghlamtha ag Rós agus í ina príosúnach – ní ceart dóigh a dhéanamh de ghrá. Is é sin an fáth a chuireann sí a mothúcháin in iúl d'Oscar. Is madra cúthail í Rós ach níl sí toilteanach a droim a chasadh ar an ngrá. Níl sí ag iarraidh a seansanna a chur amú. Insítear dúinn go bhfuil sceitimíní ar Rós mar tá sí ag dul abhaile. Preabann sí san aer le háthas nuair a shroiceann sí an fheirm. Taitníonn Rós leis an léitheoir. Tá sí éislinneach is tá sí láidir. Tá sí misniúil is tá sí cliste. Is cara dílis í Rós. Ní dhéanann sí dearmad ar chineáltas a cairde. Is leannán dílis í Rós. Nuair a thuigtear di go bhfuil sí i ngrá l'Oscar, níl aon leannán eile ag teastáil uaithi. Déanann Rós iarracht bheith sásta lena saol fiú nuair nach bhfuil os a comhair ach cruachás agus anró. Tá faoiseamh ar an léitheoir nuair a fhaigheann Rós a deireadh sona mar níl aon dabht ach go bhfuil sé tuillte aici.

## *Mair, a Chapaill*

Is láir í Bess. Insítear dúinn nach láir luachmhar í ach níl aon dabht ach go bhfuil croí maith aici. Tuigeann an léitheoir go bhfulaingíonn Bess i lámha an Scanlánaigh. Tá

scanradh uirthi roimhe. In ainneoin foréigean an Scanlánaigh, déanann Bess a chuid oibre go díograiseach. Is oibrí maith í Bess agus oibríonn sí fiú nuair a bhraitheann sí nach bhfuil an neart aici. Cé go dtugann Mícheál Ó Scanláin droch-íde do Bhess, tá meon séimh aici. Coimeádann sí a ceann síos agus cuireann sí suas leis an droch-íde. Itheann Bess an féar lofa nó searbh a thugann Mícheál di agus déanann sí iarracht glacadh lena cinniúint. Nuair a bhuaileann Bess le Tomás Mór, feiceann sí é mar sholas a saoil. Tugann sí grá a croí dó. Is leannán dílis í Bess. Níl suim aici in aon chapall eile. Tá ionadh ar Bhess nuair a thuigtear di go bhfuil suim ag Tomás Mór inti. Tá sé soiléir gur láir bhanúil í Bess. Tuigeann sí gur capall brídeálta é Tomás Mór agus tuigeann sí gur capall comónta í féin agus mar gheall ar sin níl dóchas aici go mbeadh suim aige inti. Nuair a ghlacann Bess leis go bhfuil Tomás Mór i ngrá léi, tá áthas an domhain uirthi. Tá sí chomh mór i ngrá leis go mbraitheann sí go bhfuil sí in ann cruálacht an Scanlánaigh a sheasamh nuair atá Tomás Mór ag feitheamh uirthi gach tráthnóna. Is é an grá a mhothaíonn Bess dó a thiománann sí gach lá. Ar dtús, ceapann an léitheoir go bhfuil Bess spleách ar Thomás Mór ach nuair a dhíoltar é, taispeánann Bess don léitheoir go bhfuil a neart féin aici. Nuair a thuigeann Bess go bhfuil sí ag iompar searraigh, tá áthas an domhain uirthi. Teastaíonn an searrach go mór uaithi. Nuair a thagann Tomás Óg ar an saol, tá lúcháir ar Bhess. Tá grá ollmhór aici dá searrach agus tá sí bródúil as. Tá áthas uirthi nach mbeidh uaigneas uirthi anois mar tá mac aici. Nuair a thugann na capaill eile íde béil di, ní thógann sí ceann ar bith dóibh. Cé go bhfuil Tomás Mór imithe, tá a fhios aici go bhfuil fíorghrá eatarthu. Níl náire uirthi go bhfuil sí ag iompar searraigh, mar braitheann sí gur toradh an ghrá é an searrach. Tugann Bess aire mhaith do Thomás Óg. Nuair atá sé aon bhliain d'aois, tuigeann Bess go mbeadh sé ar intinn ag Mícheál Ó Scanláin é a thraenáil le haghaidh obair na feirme. Teastaíonn uaithi go n-éalódh a mac ón Scanlánach. Is é sin an fáth a

thugann sí comhairle dó an srathair a dhiúltú. Ceapann Bess go ndíolfaí Tomás Óg dá dtabharfadh sé go leor trioblóide do Mhícheál Ó Scanláin. Níl Bess ag iarraidh a mac a dhíbirt ach braitheann sí nach bhfuil rogha aici. Is léir go gceapann sí go mbeadh saol níos fearr aige aon áit eile sa domhan ná ar fheirm an Scanlánaigh. 'Ná lig d'aon fheirmeoir tú a chúlú idir dhá leathlaí cairte. Má dhéanann tú, beidh clais id dhroim, díreach cosúil le do mháthair." ' (lch 38). Is maith leis an léitheoir Bess. Fulaingíonn sí gan cúis i lámha an Scanlánaigh gan gearán ar bith. Is capall foighneach í Bess. Ní dhéanann sí dearmad ar Thomás Mór nuair atá sé imithe. Is leannán dílis í. Déanann Bess iarracht a mac a chosaint ó anró agus chruachás cé go bhfuil baol ann go gcaillfidh sí é. B'fhearr léi Tomás Óg a dhíbirt ná é a fheiceáil ag fulaingt. Is máthair ghrámhar í. Tá grá neamhchoinníollach aici dá mac. Tá áthas ar an léitheoir go bhfaigheann Bess tús úr. Is láir chneasta, chaoin í Bess agus láimhsíonn sí go socair Máirín. Freagraíonn sí cineáltas a teaghlaigh nua le cineáltas.

# Caibidil 8: Stíl

## 8.1 Téama

> "**theme** ..., *n.* **1** a topic, subject: *Patriotism was the army captain's theme when he spoke at our assembly.* syn: text. ..." (World Book Dictionary L-Z, lch 2173).

Is éard atá i gceist le téama ná ábhar dioscúrsa, comhrá, aiste srl. Is é bunábhar saothair an údair seo an cath idir maith agus olc. Is iad téama na himirce, téama an ghrá, téama an fhoréigin agus an fhill agus téama na sainte príomhthéamaí na n-úrscéalta. Is é príomhthéama na mionúrscéalta téama an fhill. Is iad téama an ghrá agus téama an fhill príomhthéamaí na bhfabhalscéalta. Tá sé soiléir go bhfuil athrá déanta ag an údar ar théamaí áirithe ina shaothair. Fásann an téacs go léir as an téama. Is scéinséirí iad na húrscéalta agus na mionúrscéalta agus is é téama an fhill a bpríomhthéama. Tá fórsa dochrach san áit nó tagann fórsa dochrach go dtí an áit. Is carachtar é an fórsa dochrach go hiondúil. Cuireann an fórsa dochrach isteach ar an bpríomhcharachtar nó na príomhcharachtair. Tá an léitheoir faoi theannas mar níl a fhios aige/aici an bhfaighidh an mhaith nó an t-olc an lámh in uachtar. Coimeádann an scéinséir an léitheoir ar bís agus is é sin an fáth a léann sé/sí ar aghaidh. Tá níos mó ná téama amháin le fáil san fhinscéalaíocht. Tá na téamaí breise ann chun faoiseamh a thabhairt don léitheoir nuair atá an príomhthéama ag éirí ró-throm dó/di. Teastaíonn faoiseamh ón léitheoir ón sceimhle a spreagann na scéinséirí ann/inti nó ón teannas a spreagann na fabhalscéalta ann/inti. Is iad téama na hóige, téama na himirce, téama an ghrá, téama na tuaithe, téama an bháis, téama na hoibre agus téama na scéalaíochta príomhthéamaí na leabhair dírbheathaisnéise. Tá na téamaí seo cóngarach do chroí an údair. Tá an t-údar ag insint scéal a shaoil féin don léitheoir tríd na leabhair dírbheathaisnéise. Deachtaíonn a thaithí phearsanta téamaí na leabhar, mar shampla,

chaith an t-údar aon bhliain déag ar imirce. Is léir gur sin an fáth go bhfuil téama na himirce chomh tábhachtach sna leabhair dírbheathaisnéise is san fhinscéalaíocht chomh maith. Tá athrá déanta ar na téamaí atá luaite thuas sa chnuasach filíochta ach tá cúig téama breise ann chomh maith; an seanshaol in aghaidh an tsaoil nua-aimseartha, téama an nádúir, téama an chreidimh, téama an cheoil agus téama an chogaidh. Tá sé soiléir go gcloíonn an t-údar seo lena thaithí phearsanta mar ábhar a shaothar. Scríobhann sé faoi rudaí atá ar eolas aige, faoi rudaí atá ina thimpeall agus roinneann sé a thaithí féin leis an léitheoir.

## 8.2 Plota

> "**plot** (plot), *n.*, *v.*, **plot/ted**, **plot/ting**. **–n**. …**2** the plan or main story of a play, novel, poem, or other literary or theatrical piece: *Some people like plots filled with action and adventure*. …" (World Book Dictionary L-Z, lch 1603).

Is éard atá i gceist le plota ná príomhphlean nó príomhscéal dráma, úrscéil, dáin nó píosa litríochta eile. Is féidir comhchosúlachtaí plota a fheiceáil idir saothair áirithe an údair seo. Féachfar ar na húrscéalta ar dtús anseo. Is scéinséirí iad na húrscéalta. Braitheann a rath ar an sceimhle a spreagann siad sa léitheoir. Mar atá pléite againn cheana féin, éiríonn le *Tae le Tae, Dochtúir na bPiast, Greenhorn* agus *Lili Frainc* mar scéinséirí. Spreagann siad mothúchán tréan sa léitheoir agus is é an mothúchán seo a choimeádann sé/sí ag léamh . Tá na húrscéalta seo bunaithe ar ghníomhartha an choirpigh/na gcoirpeach. Fásann an plota as na gníomhartha seo. Má tá coirpeach/coirpigh le fáil i ngach úrscéal, tá íobartach/íobartaigh le fáil chomh maith. Tá an léitheoir in ann comhbhá a dhéanamh leis an íobartach/na híobartaigh. Taobhann an léitheoir léi/leo. Ar shlí, cuireann an léitheoir é/í féin in áit an íobartaigh/na n-íobartach. Braitheann rath na n-úrscéalta ar chomhbhá an léitheora léi/leo. Is mná iad na príomhíobartaigh sna húrscéalta – Máire Ní Chathasaigh i *Tae le*

*Tae*, Delia Uí Chaoimh, Neans Ní Chléirigh agus Treasa Ní Liatháin i *Dochtúir na bPiast*, Máire Ní Mháille, Róisín Ní Neachtain agus Sofia Campabasso i *Greenhorn* agus Sinéad agus Lilí Ní Shúilleabháin i *Lilí Frainc*. Pléitear na coireanna céanna sna húrscéalta. Tá dúnmharú le feiceáil sna ceithre cinn acu. Tá éigniú le feiceáil i ndá cheann acu. Tá coireanna nach bhfuil chomh dáiríre pléite i ngach úrscéal chomh maith, mar shampla, fuadach i *Tae le Tae*, gadaíocht agus an *T.B. scam* i *Dochtúir na bPiast*, gnó na ndrugaí i *Greenhorn* agus láimhsiú an dlí i *Lilí Frainc*. Is féidir go dtugann na coireanna seo faoiseamh don léitheoir ó na coireanna atá níos dáiríre. Baineann na coireanna seo leis an mionphlota. Pléitear téama na himirce i ngach úrscéal. Tá téama na himirce an-tábhachtach ó thaobh plota de mar is slí éalaithe í. Nuair atá na carachtair ag iarraidh éalú óna gcuid fadhbanna, is í an imirce an freagra. Tá plota na mionúrscéalta bunaithe ar ghniomhartha an choirpigh/na gcoirpeach chomh maith. Fásann an plota as na coireanna atá pléite sna scéalta arís anseo. Is féidir coireanna atá pléite sna húrscéalta a fheiceáil arís sna mionúrscéalta – gadaíocht is gnó na ndrugaí i *Tobac Láidir*, láimhsiú an dlí agus gnó na ndrugaí in *An Sáirsint Groí* agus dúnmharú in *An Poll Duail*. Tá plota na mionúrscéalta bunaithe ar sceimhle chomh maith. Roghnaíonn an t-údar an scéinséir mar seánra arís anseo. Níl an mionphlota le feiceáil sna mionúrscéalta áfach mar tá siad ró-ghearr chun mionphlota a fhorbairt iontu.

Cé nach scéinséirí na fabhalscéalta, tá eilimint sceimhle le feiceáil iontu. Pléitear droch-íde agus foréigean in *Is Glas iad na Cnoic*, fuadach agus droch-íde i *Madraí na nOcht gCos* agus droch-íde agus láimhsiú i *Mair, a Chapaill*. Is fabhalscéalta na leabhair seo agus déanann an t-údar iarracht ceachtanna an tsaoil a mhúineadh do pháistí trí na leabhair áirithe seo. Tá plota na bhfabhalscéalta bunaithe ar an gcath idir

maith agus olc. Fulaingíonn na hainmhithe sna fabhalscéalta i lámha an tíoránaigh. Is duine daonna an tíoránach i ngach fabhalscéal ach má tá tíoránach le feiceáil, tá a mhalairt, duine daonna maith le feiceáil chomh maith. Is í an mhaith a fhaigheann an lámh in uachtar sna fabhalscéalta, agus tá an léitheoir sásta leis an toradh sin. Ní shin an cás i gcónaí leis an bhfinscéalaíocht eile áfach. Níl aon dabht ach go bhfuil an t-údar níos boige ar na léitheoirí óga!

Tá plota na leabhar dírbheathaisnéise agus an fhilíocht bunaithe ar shaol an údair. Fásann a bplota as scéal a shaoil féin. In *A Thig ná Tit Orm* agus i *Mura mBuafam – Suathfam*, faigheann an léitheoir scéal an údair óna óige go dtí an lá atá inniú ann, nuair atá sé amach ar phinsean. Tá scéal leanúnach a shaoil scartha idir an dá leabhar. I *Chicago Driver* agus *Citeal na Stoirme*, pléitear eachtraí fánacha ó shaol an údair ach eachtraí réadúla is ea iad. Níl aon dabht ach gur saol an údair ábhar an phlota sna leabhair seo. Úsáideann an t-údar a thaithí féin mar phlota agus éiríonn leis saothair fhiúntacha a scríobh. Is féidir go bhfuil a leabhair dírbheathaisnéise agus a chuid filíochta chomh soléite mar is í a thaithí féin atá mar phlota aige.

## 8.3 Struchtúr Scéalaíochta

Nuair a thagraítear do struchtúr scéalaíochta is éard atá i gceist ná an struchtúr a leanann an saothar. Tá struchtúr deimhnitheach le feiceáil i saothair an údair seo. Leanann a chuid saothar an struchtúr seo a leanas; míniú/léiriú – is é seo an cás atá i gceist ag tús an shaothair. Forbairt – déantar forbairt ar an gcás tosaigh nuair a thugtar níos mó eolas don léitheoir faoi. Deacracht – tarlaíonn rud éigin a athróidh an cás tosaigh nó a bhagraíonn athrú ar an gcás tosaigh. Dréimríocht – is é seo an pointe is suimiúla sa téacs. Rún – is é seo an cás nua. San alt seo, cuirfear an struchtúr

scéalaíochta atá luaite thuas ar shaothair an údair seo chun bheith cinnte go gcloíonn sé leis an struchtúr seo.

## *Tae le Tae*

**Míniú:** Is fear dainséarach é Seán Ó Cathasaigh, creideann a chomharsana gur dúnmharfóir é. Tá iníon amháin aige, Máire agus mac amháin aige, Mícheál.

**Forbairt:** Nuair a bhuaileann Máire Ní Chathasaigh agus Séamus Ó Cearúill le chéile, titeann siad i ngrá le chéile.

**Deacracht:** Is buachaill aimsire é Séamus agus is fuath le Seán Ó Cathasaigh buachaillí aimsire. Tá sé i gcoinne an chaidrimh. Tugann sé airgead do Phaidí na gCearc chun Séamus a fhuadach agus é a choimeád faoi ghlas. Tá sé ar intinn ag an gCathasach Máire a "dhíol" leis an bhfeirmeoir meánaosta, Seosamh Ó Ceannabháin.

**Dréimríocht:** Éalaíonn Séamus as a phríosún agus sábhálann sé Máire óna cinniúint. Téann an bheirt ar imirce go Sasana.

**Rún:** Pósann Máire agus Séamus i Sasana. Saolaítear triúr páiste dóibh. Faigheann Séamus post fiúntach agus tar éis na mblianta fágann Páid Chathail a thalamh dó agus do Mháire ina uacht. Faigheann Seán Ó Cathasaigh stróc a chuireann deireadh lena chuid drochghníomhartha.

## *Dochtúir na bPiast*

**Míniú:** Tagann Séamas Ó Caoimh agus a bhean chéile, Delia Uí Chaoimh, go dtí Paróiste Chill Chordail mar tá post faighte ag Séamas mar dhochtúir ann.

**Forbairt:** Níl caidreamh maith idir Séamas agus Delia. Bíonn siad i gcónaí ag argóint. Tosaíonn Delia caidreamh leis an bpolaiteoir, Máirtín MacNamara agus tosaíonn Séamas caidreamh leis an mbanaltra, Bríd Ní Cheannabháin.

**Deacracht:** Feiceann an Sceilpear Ó Coileáin Delia agus Máirtín sa leaba le chéile. Déanann sé dúmhál ar Delia. Tuigeann Séamas an scéal go léir i ngan fhios do Delia. Tá fearg air mar gheall ar an gcaidreamh idir Delia agus Máirtín.

**Dréimríocht:** Éignítear agus dúnmharaítear Delia Uí Chaoimh.

**Rún:** Faightear an Sceilpear Ó Coileáin ciontach san éigniú agus sa dúnmharú. Éalaíonn Séamas Ó Caoimh ó phionós ar bith.

## *Greenhorn*

**Míniú:** Téann Muiris Ó Fiannachta ar imirce go Chicago, Meiriceá. Tá sé ar intinn aige saibhreas a thuilleamh ann.

**Forbairt:** Tá Muiris toilteanach bheith ag obair leis an *Mafia* cé go mbaineann an obair le dúnmharú agus gnó na ndrugaí.

**Deacracht:** Tuigeann Seán Mac Mathúna a oibríonn leis an F.B.I. go bhfuil Muiris measctha suas leis an *Mafia*. Beireann an F.B.I. ar Mhuiris.

**Dréimríocht:** Dúnmharaítear Muiris mar tuigeann Sofia Campabasso go ndearna sé feall ar chomhlacht Champabasso.

**Rún:** Tá an cás caillte ag an F.B.I. mar tá a bpríomhfhinné marbh. Tá comhlacht Champabasso slán sábháilte. Tá Róisín Ní Neachtain fágtha le croí briste. Tá Sofia Campabasso fágtha ag súil le leanbh.

# *Lilí Frainc*

**Míniú:** Tá Frainc Ó Súilleabháin agus a bhean chéile, Sinéad, an-sásta le chéile. Tá grá mór eatarthu.

**Forbairt:** Ceapann Sinéad go bhfuil sí ag iompar clainne. Téann sí go dtí an dochtúir chun bheith cinnte sula n-insíonn sí an scéal do Fhrainc.

**Deacracht:** Ar a slí go dtí an dochtúir ionsaítear agus éignítear Sinéad.

**Dréimríocht:** Faigheann Sinéad bás nuair a shaolaítear Lilí di mar briseadh ar a sláinte tar éis an ionsaithe.

**Míniú:** Tógann Frainc agus a chomharsa, Méibhín, Lilí. Tugann siad aire mhaith di.

**Forbairt:** Nuair a fhásann Lilí suas, is cailín álainn í. Tá scéal a máthar ar eolas aici. Tá meas aici ar Mhéibhín agus ar a hathair.

**Deacracht:** Faigheann Méibhín agus Frainc bás. Is dílleachta Lilí. Tá sí ró-óg chun cónaithe léi féin.

**Dréimríocht:** Glacann James Ellis seilbh ar thalamh Lilí. Éigníonn sé Lilí nuair ba cheart go mbeadh sé ag tabhairt aire di.

**Míniú:** Téann Lilí ar imirce go Sasana. Buaileann sí lena cara, Fiona, ar an tslí.

**Forbairt:** Traenálann Lilí mar bhanaltra i Sasana. Tugann Séamas fáinne di.

**Deacracht:** Faigheann Séamas bás san arm.

**Dréimríocht:** Dúnmharaíonn Lilí James Ellis agus cuireann sí a lámh ina bás féin.

**Rún:** D'fhág Lilí gach seilbh a bhí aici dá cara, Síle Ní Bhriain agus a fear céile.

# *Tobac Láidir*

**Míniú:** Díoltar tigh Pheats Dhomhnaill.

**Forbairt:** Ceannaíonn lucht na gruaige an tigh. Tá cuma úafásach orthu.

**Deacracht:** Goideann lucht na gruaige gleamaigh ó Phiaras agus ó Mhaidhcil. Tugann Piaras agus Maidhcil faoi deara go bhfuil lucht na gruaige measctha suas i rud éigin neamhdhleathach ar an bhfarraige.

**Dréimríocht:** Beireann na Gardaí, na bleachtairí, Piaras, Maidhcil agus Pádraig ar lucht na gruaige.

**Rún:** Tá suaimhneas ar mhuintir na háite arís.

## *An Sáirsint Groí*

**Míniú:** Faigheann an Sáirsint Seán Ó Neachtain bás. Tá brón ar mhuintir na háite ina dhiaidh.

**Forbairt:** Tagann an Sáirsint Seán Standún go dtí an áit

**Deacracht:** Céasann an Sáirsint Standún muintir na háite. Úsáideann sé an chumhacht atá aige mar gharda chun buntáiste a fháil ar mhuintir na háite.

**Dréimríocht:** Beireann Jimí Jones agus Seán Pender ar Standún mar tá sé measctha suas i ngnó na ndrugaí.

**Rún:** Tá suaimhneas ar mhuintir na háite arís.

## *An Poll Duail*

**Míniú:** Tagann an Rúiseach agus a spéirbhean chun cónaithe i gCorca Dhuibhne

**Forbairt:** Feiceann an cainteoir bád ag teacht go dtí Tigh an Bháid san oíche. Tuigeann sé go bhfuil uisce faoi thalamh ar siúl ag an Rúiseach.

**Deacracht:** Faightear coirp san fharraige agus séidtear bád Phádraig Uí Chonchúir agus a chriú san aer.

**Dréimríocht:** Séidtear Tigh an Bháid, an Rúiseach agus a spéirbhean san aer.

**Rún:** Tá suaimhneas ar mhuintir na háite arís.

## *Is Glas iad na Cnoic*

**Míniú:** Tá Dáithí Óg ina chónaí lena thuismitheoirí, Dáithí Mac Duibh agus Brídín Bhéasach.

**Forbairt:** Téann Dáithí Óg ar imirce go Meiriceá.

**Deacracht:** Faigheann Dáithí Óg greadadh ón gCaptaen ar an mbád agus ó na cait sráide i Nua-Eabhrac.

**Dréimríocht:** Éalaíonn Dáithí Óg ó na cait sráide agus tagann sé abhaile go hÉirinn.

**Rún:** Pósann Dáithí Óg agus Lísa agus socraíonn siad síos i bParóiste Múrach.

## *Madraí na nOcht gCos*

**Míniú:** Tuigeann Mícheál Ó Conchubhair go bhfuil a mhadra, Samhail, ag éirí sean. Teastaíonn madra eile uaidh chun obair na feirme a dhéanamh.

**Forbairt:** Ceannaíonn Mícheál Rós agus Oscar.

**Deacracht:** Tuigeann Tadhg Ó Cróinín gur sármhadraí iad Rós agus Oscar. Nuair a thuigtear dó nach ndíolfaidh Mícheál Rós agus Oscar, fuadaíonn sé Rós.

**Dréimríocht:** Sábhálann Samhail agus Oscar Rós.

**Rún:** Pósann Rós agus Oscar.

## *Mair, a Chapaill*

**Míniú:** Is máistir cruálach é Mícheál Ó Scanláin. Tugann sé droch-íde dá láir, Bess.

**Forbairt:** Titeann Bess i ngrá le Tomás Mór agus saolaítear searrach di, Tomás Óg.

**Deacracht:** Tá sé ar intinn ag an Scanlánach Tomás Óg a choimeád mar chapall oibre. Má tharlaíonn sé sin, gheobhaidh Tomás Óg an droch-íde céanna a bhfuair a mháthair.

**Dréimríocht:** Tógann Aindí Ó Néill Tomás Mór mar chúiteamh as an timpiste agus ceannaíonn sé Bess. Tagann Tomás Mór, Bess agus Tomás Óg le chéile arís.

**Rún:** Tá saol maith ag na trí chapall le Aindí Ó Néill.

## *A Thig ná Tit Orm*

**Míniú:** Tá Maidhc ag tosú ar scoil.

**Forbairt:** Roinneann an t-údar eachtraí a óige leis an léitheoir.

**Deacracht:** Nuair a fhágann Maidhc an scoil, níl fostaíocht le fáil ina áit dúchais.

**Dréimríocht:** Téann sé ar imirce go Sasana.

**Míniú:** Faigheann sé post maith i Sasana.

**Forbairt:** Faigheann Maidhc agus a dheartháir, Dónal, lóistín le chéile. Tá saol sóisialta maith ag Maidhc.

**Deacracht:** Caitheann Maidhc agus Dónal an lóistín a fhágáil mar is Éireannaigh iad.

**Dréimríocht:** Téann siad ar imirce go Meiriceá.

**Rún:** Faigheann Maidhc post. Pósann Maidhc agus Cáit. Saolaítear beirt pháiste dóibh.

*Tá difríocht idir drémríocht an *Childhood* agus dréimríocht ó thaobh struchtúr scéalaíochta de. Sa *Childhood* baineann an dréimríocht le hóige an údair. Tá an dréimríocht i gceist nuair atá deireadh leis an óige, sa chás seo, nuair a théann Maidhc ar imirce ar dtús nuair atá sé sé bliana déag d'aois agus nuair a phósann sé Cáit i Meiriceá. Nuair a thagraítear do struchtúr scéalaíochta áfach, baineann an dréimríocht leis an téacs iomlán, ní le hóige an údair.

## *Mura mBuafam-Suathfam*

**Míniú:** Tagann Maidhc, Cáit agus a mbeirt pháiste abhaile ó Mheiriceá.

**Forbairt:** Faigheann Maidhc post san uachtarlann agus tógann sé a thigh féin. Tugann Cáit aire do na páistí

**Deacracht:** Fadhbanna ginearálta an tsaoil – bás sa chlann agus dúnadh na mionuachtarlanna.

**Dréimríocht:** Téann Maidhc amach ar phinsean.

**Rún:** Tá saol maith ag Maidhc anois. Caitheann sé a chuid ama ag scríobh agus ag seinm ceoil.

Mar atá le feiceáil againn thuas, baineann an struchtúr scéalaíochta seo leis na húrscéalta, na mionúrscéalta, na fabhalscéalta agus na leabhair dírbheathaisnéise. Tá dhá eisceacht ó thaobh struchtúr scéalaíochta de. Mar atá pléite cheana féin, is eachtraí fánacha ó shaol an údair atá le feiceáil i *Chicago Driver*. Tá na hailt ghearra go léir scartha óna chéile. Níl ceangal ar bith eatarthu. Ní féidir struchtúr áirithe a chur ar an leabhar seo. Úsáideann Ó Sé foirm an dáin chun scéalta óna shaol féin a chur os comhair an léitheora i *Citeal na Stoirme*. Baineann sé úsáid as saorvéarsaíocht i gcuid de na dánta. Cloíonn sé le véarsaí ocht líne nó véarsaí ceithre líne sa chuid is mó de na dánta. Tá amhrán amháin le feiceáil sa chnuasach seo chomh maith. Tá deich líne le fáil i ngach véarsa san amhrán. Cé go bhfuil meadaracht an dáin á úsáid ag Ó Sé, braitheann an léitheoir gur scéalta beaga óna shaol féin iad na dánta.

# 8.4 Carachtar

"**char/ac/ter** ..., *n*., *v*. **–n** ... **8a** a person or animal in a play, poem, story, or book: *The novels of Dickens are filled with amusing characters. Mickey Mouse is a famous cartoon character*. **b** the personality or part assumed by an actor: *As the central character, Christopher Bruce has a nervous energy*

> *equally impressive in violent movement or tense repose* (London Times)." (World Book Dictionary A-K, lch 342).

Is éard atá i gceist le carachtar ná duine nó ainmhí i ndráma, scéal nó leabhar. Is féidir na carachtair i bhfinscéalaíocht an údair seo a ghrúpáil mar seo a leanas: coirpigh, laochra agus íobartaigh. Seasann na coirpigh don olc agus seasann na laochra don mhaith. Is gné bhunúsach na finscéalaíochta an cath idir maith agus olc. Tá an ghné seo láithreach ina chuid ficsin go léir. Is iad gníomhartha na gcoirpeach a dheachtaíonn cén sórt seánra atá i gceist. Is iad gníomhartha na gcoirpeach a spreagann mothúchán tréan sa léitheoir. Is iad gníomhartha na gcoirpeach a chuireann an léitheoir ar bís agus a choimeádann sé/sí ag léamh. Tá an léitheoir in ann comhbhá a dhéanamh le carachtair áirithe – go hiondúil na híobartaigh. Taobhann an léitheoir leis an maith go hiondúil – is rud nádúrtha é sin. Tá sé/sí ag súil go n-éalóidh an íobartach agus go bhfaighidh an laoch an lámh in uachtar. Tugann na laochra dóchas don léitheoir go bhfaighidh sé/sí an deireadh atá ag teastáil uaidh / uaithi. Feiceann an léitheoir an laoch mar shlánaitheoir. Ar shlí, glacann an léitheoir ról an íobartaigh. Cuireann sé/sí a dóchas go léir sa laoch. Go ginearálta tá trua ag an léitheoir do na híobartaigh i litríocht mar cuireann an léitheoir é/í féin in áit an íobartaigh i ngan fhios dó/di féin. Samhlaíonn an léitheoir na mothúcháin a bhraithfeadh sé/sí dá mbeadh sé/sí in áit an íobartaigh. San fhinscéalaíocht, is fir iad na príomhchoirpigh. Is féidir gur dúnmharfóir é Seán Ó Cathasaigh i *Tae le Tae*. Bagraíonn sé ar na comharsana. Tugann sé airgead do Phaidí na gCearc chun Séamus a choimeád faoi ghlas. Tá sé toilteanach a iníon a "dhíol" chomh maith. Cuireann an Cathasach déistin ar an léitheoir ach cén sórt scéal a bheadh againn mura mbeadh sé ann? Is dúnmharfóir agus is fear gan coinsias é Seán ach tugann sé siamsa don léitheoir. Is féidir an rud céanna a rá faoi na coirpigh san fhinscéalaíocht go léir; Séamas Ó Caoimh agus an Sceilpear Ó Coileáin i *Dochtúir na bPiast*, Muiris Ó Fiannachta i *Greenhorn*, Dónal, Seoirse

agus James Ellis i *Lilí Frainc*, lucht na gruaige i *Tobac Láidir*, an Sáirsint Seán Standún in *An Sáirsint Groí*, An Rúiseach in *An Poll Duail*, an Captaen agus Top Cat in *Is Glas iad na Cnoic*, Tadhg Ó Cróinín i *Madraí na nOcht gCos* agus Mícheál Ó Scanláin i *Mair, a Chapaill*. Is fir iad na príomhlaochra san fhinscéalaíocht go léir chomh maith. I *Lilí Frainc*, is é Séamas Ó Baoill an laoch. Nuair a fhaigheann Frainc bás, tugann Séamas aire do Lilí. Coimeádann sé súil uirthi agus cabhraíonn sé léi ar an bhfeirm. Tá Séamas toilteanach a cháil féin a chur i mbaol chun Lilí a choimeád as an dílleachtlann. Is é sin an fáth a bhogann sé isteach léi – i súile an dlí is duine fásta é Séamas. Tá meas ag an léitheoir ar Shéamas mar is fear uasal é. Déanann sé a dhícheall an rud ceart a dhéanamh cé nuair a fhaigheann sé féin an pionós. Is féidir an rud céanna a rá faoi na laochra san fhicsean go léir chomh maith. Braitheann an léitheoir ar an laoch chun cothrom na féinne a fháil don íobartach. Is mná iad na príomhíobartaigh sna húrscéalta. Fulaingíonn siad i lámha na bhfear mar tugann an t-údar an chumhacht do na carachtair fhireanna. Sna mionúrscéalta is iad muintir na háite na híobartaigh ní duine amháin. Is ainmhithe baineanna ná híobartaigh i dhá cheann de na fabhalscéalta agus is ainmhí fireann an íobartach sa cheann eile. Tá an léitheoir ag súil le deireadh sona do na híobartaigh. Téann an léitheoir ar bhealach an chruacháis leis na híobartaigh. Braitheann an léitheoir cóngarach dóibh. Nuair a shábhálann na laochra na híobartaigh ó na coirpigh, tá an léitheoir sásta, mar shampla, i *Tobac Láidir*, sábhálann Piaras, Maidhcil agus Pádraig muintir na háite ó lucht na gruaige. Tá díomá ar an léitheoir nuair nach bhfaigheann na híobartaigh tús úr, mar shampla, i *Dochtúir na bPiast*, éignítear agus dúnmharaítear Delia Uí Chaoimh gan trócaire. Cé go gcuirtear an Sceilpear Ó Coileáin faoi ghlas, níl an léitheoir sásta mar tuigeann sé/sí go bhfuil an dúnmharfóir saor fós.

## 8.5 Suíomh

> "**set/ting** ..., *n.*, *v.* **–n.** ... **3** the place and time of a play or story. ..." (World Book Dictionary L-Z, lch 1907).

Is éard atá i gceist le suíomh ná an áit agus an t-am ina bhfuil dráma nó scéal ar siúl. Baineann saothair an údair seo leis an bhfichiú aois. Tá a chuid ficsin go léir suite in áit chiúin iargúlta faoin tuath. Tá an t-úrscéal *Tae le Tae* suite i gCorca Dhuibhne sna daichidí. Cónaíonn na príomhcharachtair faoin tuath. Baineann a gcuid postanna leis an tuath chomh maith, mar shampla, is feirmeoirí Seán Ó Cathasaigh, Páid Chathail agus Piaras Mac an Phóist. Is buachaill aimsire é Séamus Ó Cearúill. San úrscéal, *Dochtúir na bPiast*, titeann na heachtraí go léir amach i bParóiste Chill Chordail. Cónaíonn na príomhcharachtair faoin tuath. Is í an fheirmeoireacht príomhfhostaíocht na háite ach tá postanna le pá níos airde ag "uaisleacht" na háite, mar shampla, is polaiteoir Máirtín MacNamara, is dochtúir é Séamas Ó Caoimh, is tréidlia é Seán Ó hÉalaí srl. Cuirtear béim ar iargúltacht na háite nuair a fheiceann Delia Uí Chaoimh an áit ar dtús. Rugadh agus tógadh í sa chathair agus tá anbhá uirthi nuair a fheiceann sí cé chomh ciúin is atá an áit. I *Greenhorn*, d'fhás Muiris Ó Fiannachta suas i bParóiste Chill Sorcain. Is feirmeoirí nó is ceardaithe iad muintir na háite. Níl aon dabht ach gur paróiste beag ciúin é mar mothaíonn Muiris go bhfuil sé ag fágáil slán leis an uaigneas nuair a théann sé ar imirce go Chicago, Meiriceá. Titeann na heachtraí i *Lilí Frainc* amach i mBaile an tSagairt. Cónaíonn na príomhcharachtair faoin tuath san úrscéal seo chomh maith. Is feirmeoirí nó is buachaillí aimsire iad na fir. Is mná an tí iad na mná. Sna ceithre húrscéalta, is áit tuaithe an áit dúchais. Pléitear ciúnas agus áilleacht na háite. Tá tábhacht ag baint leis an áit dúchais. Rud amháin atá suimiúil áfach ná an tslí a chuirtear an imirce os comhair an léitheora mar shlánaitheoir. Téann na príomhcharachtair ar imirce chun éalú óna gcuid fadhbanna,

mar shampla, téann Máire agus Séamas ar imirce go Sasana i *Tae le Tae* nó tá sé ar intinn ag Muiris dul ar imirce go dtí an Astráil sula bhfaigheann sé bás i *Greenhorn*. Sna húrscéalta, tá fadhbanna ag baint le meon na tuaithe. Pléitear meon na tuaithe mar rud diúltach, mar rud a chuireann daoine óga na háite faoi smacht. Is í an imirce agus an chathair a thugann saoirse dóibh. Tá an mionúrscéal *Tobac Láidir* suite i mBarra an Ghleanna. Tá *An Sáirsint Groí* suite i gCeantar an Fhóid Bháin. Tá *An Poll Duail* suite i gCorca Dhuibhne. Cé go bhfuil ainm difriúil ar na trí áit, is féidir go bhfuil an áit chéanna i gceist. Insítear dúinn go bhfuil na trí áit, ciúin iargúlta agus álainn. Tá na trí áit suite in aice leis an bhfarraige. Is feirmeoireacht nó iascaireacht príomhfhostaíocht na háite. Sna mionúrscéalta, pléitear an tuath mar rud dearfach. Tá muintir na háite sásta leis an saol ciúin. Taitníonn áilleacht a n-áit dúchais leo. Nuair a thagann an fórsa dochrach go dtí an áit i bhfoirm an choirpigh/na gcoirpeach is as an iasacht an fórsa dochrach sin. Tá baint ag an bhfórsa dochrach leis an gcathair. Tagann lucht na gruaige ó Shasana i *Tobac Láidir*. Tagann an Sáirsint Seán Standún ó Bhaile Átha Cliath in *An Sáirsint Groí* agus tagann an Rúiseach ón Rúis in *An Poll Duail*. Tá an cath idir maith agus olc le feiceáil sna trí mionúrscéal ach tá an cath idir an tuath agus an chathair le feiceáil chomh maith. Déanann muintir na háite iarrachtaí a n-áit dúchais a chosaint ó nósanna na cathrach. Sna mionúrscéalta, cuirtear béim ar fhoirfeacht agus ar shoineann na tuaithe i gcomparáid leis na húrscéalta, áit a gcuirtear béim ar aineolas na tuaithe. Tá na fabhalscéalta suite faoin tuath chomh maith. Tá na trí cinn acu suite ar fheirm faoin tuath. Tá Brídín Bhéasach, Dáithí Mac Duibh agus Dáithí Óg ina gcónaí i dtigh feirmeora i bParóiste Múrach in *Is Glas iad na Cnoic*. Tá Samhail, Rós agus Oscar ina gcónaí ar fheirm i gCorca Dhuibhne i *Madraí na nOcht gCos*. Tá Bess agus Tomás Óg ina gcónaí ar fheirm an Scanlánaigh i *Mair, a Chapaill*. Nuair a théann Dáithí Óg ar imirce sa chéad fháthscéal atá luaite thuas, tá sé

ag iarraidh neamhspleáchas a fháil dó féin. Insítear dúinn go mbeadh uaigneas air dá bhfanfadh sé ina áit dúchais. Samhlaíonn sé saol iontach dó féin i Meiriceá. Cuirtear an chathair, Nua-Eabhrac, an saol iasachta os comhair an léitheora mar rud diúltach. Ní fhaigheann Dáithí Óg ach cruachás i Meiriceá agus tuigtear dó go luath go mbeadh saol níos fearr aige ina áit dúchais. San fháthscéal seo, cuirtear an tuath i gcomparáid leis an gcathair agus is í an tuath an buaiteoir sa chomparáid. Is féidir an rud céanna a rá nuair a thagraítear don fháthscéal *Madraí na nOcht gCos*. Scriostar an saol ciúin atá ag Rós i gCorca Dhuibhne nuair a fhuadaítear í sa bhaile mór. Tá soineann agus foirfeacht na tuaithe curtha os comhair an léitheora arís anseo. Tá Rós slán sábháilte nuair atá sí ar an bhfeirm faoin tuath ach fuadaítear í sa bhaile mór. San fháthscéal, *Mair, a Chapaill*, pléitear dhá thaobh den tuath – an taobh dorcha agus an taobh geal. Seasann Mícheál Ó Scanláin don fheirmeoir aineolach. Seasann Aindí Ó Néill don fhear tuaithe cineálta. Is iad suíomh na leabhair dírbheathaisnéise agus an fhilíocht Carrachán i gCorca Dhuibhne, Londain, Sasana agus Chicago, Meiriceá. Níl aon dabht ach go bhfuil áit dúchais an údair tábhachtach dó. Taitníonn áilleacht a áit dúchais go mór leis. Is léir go n-aithníonn sé go bhfuil buntáistí agus míbhuntáistí ag dul leis an tuath agus leis an gcathair. Tuigeann sé é sin mar tá taithí phearsanta aige. Chónaigh sé sna trí áit. Cé go bhfuil a chroí i gCarrachán, tuigeann sé go bhfuil meon na tuaithe crua go minic. Aithníonn Ó Sé go bhfuair sé a neamhspleáchas agus é ar imirce. Aithníonn sé gur bhain sé amach slí bheatha i Sasana agus i Meiriceá. Tá sé bródúil as an tréimhse a chaith sé ar imirce ach ag an am céanna is í an imirce a thóg sé óna bhaile dúchais, óna thuismitheoirí is óna chairde. Tá mothúcháin mheasctha aige faoin dá shuíomh agus tá sé seo le feiceáil ina chuid litríochta go léir.

## 8.6 An Teanga

Is cainteoir dúchais é Maidhc Dainín Ó Sé. Tógadh é trí mheán na Gaeilge. Níl aon dabht ach go bhfuil an Ghaeilge an-tábhachtach dó. Tógadh a theaghlach féin trí mheán na Gaeilge chomh maith. Is féidir a rá go bhfuil an t-údar seo paiseanta faoina theanga dhúchais. Tá saothair an údair seo scríofa i nGaeilge. Cloíonn sé leis an teanga dhúchais ina chuid scríbhneoireachta. Is féidir a rá nach ndíríonn Ó Sé a aird ar an gCaighdeán Óifigiúil áfach! Is í an teanga bheo atá le feiceáil ina chuid litríochta. Ní chloíonn Ó Sé leis na rialacha gramadaí a phléitear sa Chaighdeán Óifigiúil. Is féidir a rá go scríobhann sé mar a labhrann sé. Is canúint na Mumhan atá le feiceáil ina chuid litríochta. An dtaitneodh an stíl seo leis an léitheoir? Déarfaí go dtaitneodh. Is teanga shimplí atá in úsáid ag Ó Sé. Diúltaíonn sé don chastacht i bhfabhar na simplíochta. Is féidir leis an léitheoir Maidhc Dainín Ó Sé a shamhlú ag insint a chuid scéalta mar tá a chuid scríbhneoireachta an-nádúrtha. Tá rithim éasca le fáil ina chuid scríbhneoireachta. Níl sé deacair ar an léitheoir a chuid saothair a leanúint. Is cosúil go bhfuil an fear féin ina shuí in aice leis an léitheoir ag insint a scéalta dó/di. Níl aon dabht ach gur scéalaí nádúrtha é Ó Sé. Is í an teanga bheo a thugann rithim nádúrtha dá shaothair. Dá mbeadh sé ag scríobh sa Chaighdeán Óifigiúil, is féidir go gcaillfeadh a chuid litríochta an rithim nádúrtha seo. Tugann an teanga bheo stádas na scéalaíochta don litríocht. Rud atá spéisiúil ná go n-úsáideann an t-údar focail Bhéarla ó am go ham. Cuireann na focail Bhéarla seo béim ar an rud atá á phlé sa litríocht, mar shampla, san úrscéal *Tae le Tae*, tá éad ar Mháire Ní Chathasaigh nuair a fheiceann sí Síobhán Ní Shé ag iarraidh aird Shéamuis a fháil. ' "Féach an *leech*!" arsa Máire Ní Chathasaigh le Nóirín agus í ag scamhadh na bhfiacla.' (lch 38). Cuireann an focal *leech* béim ar an éad atá ar Mháire nuair a fheiceann sí Séamus i gcomhluadar an chailín eile. Tá samplaí suimiúla le feiceáil i *Greenhorn*. Ar an gcéad

amharc, ceapann an léitheoir go bhfuil focail Bhéarla le feiceáil mar tá an t-úrscéal seo suite i Meiriceá agus is é an Béarla an phríomhtheanga ach ní shin an cás. I rith an úrscéil, labhrann na Meiriceánaigh as Gaeilge. Cuirtear na focail Bhéarla isteach arís anseo chun béim a chur ar mhothúchán an charachtair, mar shampla, nuair a dhúnmharaítear Muiris Ó Fiannachta, tá anbhá ar Don Zeliac, ' "Bain an fón sa ghluaisteán amach tiubh te, a *shon af a bitch*, agus cuir fios ar otharcharr agus dochtúir!...' (lch 315). Tá focail Bhéarla le feiceáil sa chnuasach filíochta chomh maith. Sampla maith is ea an dán *Dé Bheathasa, a Richie*! Tá an véarsa deireanach anseo scríofa as Béarla. Cuireann an véarsa seo béim ar mhothúchán an fhile. Is é an t-aistriú tobann ón Ghaeilge go dtí an Béarla an tseift a chuireann ionadh ar an léitheoir agus a chuireann iachall air/uirthi an véarsa deireanach a léamh go cúramach. Uaireanta, úsáidtear focail Bhéarla sa téacs nuair nach bhfuil an Ghaeilge ag an gcainteoir sa scéal, mar shampla, níl an Ghaeilge ag an Rúiseach in *An Poll Duail* agus labhrann sé le muintir na háite as Béarla. 'Do sháigh an Rúiseach isteach go dtí an gcontúirt, "*Two big vodkas, comrade*," an t-ordú a thug sé do Pháid Bácaeir.' (lch 115). Ó am go ham, úsáidtear focail Bhéarla mar ainm ruda, mar shampla, an t-ainm atá ar an mbád in Is *Glas iad na Cnoic* ná an *Sky Hope*. Sa deireadh thiar, úsáidtear focail Bhéarla sa téacs mar ábhar grinn. Sa leabhar *Chicago Driver*, tagraíonn an t-údar do dhíospóireachtaí na bhfeirmeoirí a chloiseann sé gach lá nuair atá sé ag bailiú an bhainne uathu. Tuigeann an léitheoir gur feirmeoirí tuathalacha na feirmeoirí seo. Is scéal grinn an scéal ina phléitear na *condoms*. Cuireann an focal *condoms* béim ar aineolas na bhfeirmeoirí agus tugann an scéal seo siamsa don léitheoir. Tá na feirmeoirí sean-fhaiseanta agus creideann siad gur uirlisí an dhiabhail iad na *condoms*! Tá seanfhear amháin nach bhfuil a fhios aige cén sórt uirlisí iad ar chor ar bith. Sa chás seo, cuireann an focal Béarla béim ar an rud iasachta, an rud nua agus

tugtar siamsa don léitheoir ag an am céanna. Baintear úsáid as seanfhocail go minic i saothair an údair seo. Is sean-aithris ghearr chríonna an seanfhocal a úsáidtear ag a lán daoine i rith na mblianta. Seanfhocail choitianta an údair seo ná "Tuigeann fear léinn leathfhocal" agus "Is fearr rith maith ná drochsheasamh". Pléitear an dá sheanfhocal seo go minic i ngach seánra. An éifeacht atá ag na seanfhocail ná go dtuigeann an léitheoir cad atá á phlé ag an údar in abairt amháin. Ní gá don scríbhneoir dul níos faide leis an míniú. Is abairtí iad atá lán l'eagna agus tuigeann an léitheoir Éireannaigh na seanfhocail Ghaeilge go nádúrtha. Cuireann na seanfhocail seo le scríbhneoireacht an údair agus tugann siad stádas níos airde dá chuid litríochta.

# Conclúidí

Rugadh agus tógadh an scríbhneoir, Maidhc Dainín Ó Sé i gCarrachán i gCorca Dhuibhne i gContae Ciarraí. Is as an nGaeltacht an fear seo agus tá sé soiléir go bhfuil a theanga dhúchais tábhachtach dó. Maireann Maidhc Dainín Ó Sé fós sa bhliain 2005. Chaith an t-údar seo aon bhliain déag ar imirce. D'fhág sé a bhaile dúchais nuair nach raibh sé ach sé bliana déag d'aois agus chuaigh sé ar imirce go Londain, Sasana mar ná raibh fostaíocht le fáil ina áit dúchais. Tar éis bliana, d'athraigh Maidhc a threo agus chuaigh sé ar imirce go Chicago, Meiriceá. Chaith sé deich mbliana ann. Is léir go ndeachaigh an imirce i bhfeidhm go mór ar an údar. Chaith sé na blianta ar imirce i dhá thír iasachta agus d'fhág an taithí seo a rian air. Úsáideann sé an taithí phearsanta seo mar ábhar a litríochta i 25% dá shaothar – *A Thig ná Tit Orm*, *Mura mBuafam – Suathfam agus Chicago Driver*. Tá eilimintí a thaithí phearsanta le feiceáil sa 75% eile dá shaothar chomh maith. Tá sé soiléir go n-aithníonn Maidhc Dainín Ó Sé luach a thaithí féin. Roinneann sé an taithí seo leis an léitheoir trína chuid litríochta agus is léir go bhfuil ábhar a litríochta ar eolas go maith aige.

An argóint atá á dhéanamh sa mhórthráchtas seo ná gur scéalaí é Maidhc Dainín Ó Sé. Is féidir a rá go bhfuil scéal á phlé i ngach píosa litríochta atá foilsithe aige. Tá tallann na scéalaíochta ag an bhfear seo. Braitheann an léitheoir gur féidir leis/léi é a chloisint ag insint na scéalta nuair atá sé/sí ag léamh a chuid saothair mar tá an scríbhneoireacht an-nádúrtha. Cuireann an teanga bheo leis an insint mar is cosúil go bhfuil an léitheoir ag éisteacht leis an bhfear féin, ní ag léamh saothar an údair. Rinneadh anailís chritice ar shaothair an údair i rith an mhórthráchtais seo. Baineann

Ó Sé úsáid as cúig sheánra difriúla chun a chuid scéalta a insint – úrscéalta, leabhair dírbheathaisnéise, mionúrscéalta, filíocht agus fabhalscéalta. Athraíonn an t-údar a stíl nuair a athraíonn sé ó sheánra go seánra ach fanann ábhar a shaothair mar an gcéanna. Is scéalta atá i gceist leis na húrscéalta, na mionúrscéalta agus na fabhalscéalta. Tá an focal féin 'scéalta' le feiceáil sna téarmaí féin. Tá scéalta i gceist leis na leabhair dírbheathaisnéise agus an fhilíocht chomh maith. Is scéal a shaoil féin atá á phlé ag an údar sna seánraí seo. Ní criticeoir, ollamh nó saineolaí é Maidhc Dainín Ó Sé. Tá sé ag iarraidh siamsa a dhéanamh don léitheoir trína chuid scríbhneoireachta.

Cad é dearcadh an údair seo? Ar an gcéad amharc, ceaptar nach féidir an cheist seo a fhreagairt mar is saothair an údair atá faoi anailís, ní an t-údar féin. Ar an dara amharc áfach, feictear gur féidir go bhfuil an t-údar agus a chuid saothair ceangailte le chéile. Tá comhchosúlachtaí láidre idir saothair dhifriúla an údair seo agus treisíonn an fhíric seo an teoiric go bhfuil baint ag an údar go díreach lena chuid scríbhneoireachta, go bhfuil a mhothúcháin agus a chroí ceangailte lena chuid litríochta. Tóg bunábhar a litríochta mar shampla – an cath idir maith agus olc. Baineann an t-ábhar seo leis an dá shaothar déag. Tuigeann an t-údar gur cath réadúil an tsaoil an cath seo, is rud é seo a d'fhoghlaim sé ar bhealach a fháis, mar atá le feiceáil sna leabhair dírbheathaisnéise. Pléitear an t-ábhar seo i ngach seánra. Aithníonn Maidhc Dainín Ó Sé go bhfuil an mhaith agus an t-olc i láthair sa domhan seo. Aithníonn sé an fhíric seo ar léibhéal pearsanta ar dtús agus ansin ina chuid litríochta. Aithníonn sé nach í an mhaith an buaiteoir i gcónaí sa chath seo. Ní bhraitear dearcadh gruama óna chuid scríbhneoireachta áfach. Braitear go nglacann sé leis an teoiric go bhfuil dhá thaobh le gach rud, mar shampla, cé go bhfuil sé dílis dá áit dúchais, aithníonn sé go bhfuil dhá thaobh leis an tuath – an taobh dorcha agus an taobh geal. Pléitear meon aineolach na

tuaithe ar láimh amháin agus pléitear foirfeacht na tuaithe ar an láimh eile ina chuid litríochta. Creideann an fear seo i gcodarsnachtaí. Glacann sé leo. Braitear gur soirbhíoch é Maidhc Dainín Ó Sé.

Is í aidhm an údair ná siamsa a dhéanamh don léitheoir – i gcás Mhaidhc Dainín Ó Sé do léitheoirí na Gaeilge. Tuigtear go bhfuil an Ghaeilge agus an Béarla ag Maidhc Dainín Ó Sé ach fanann sé dílis dá theanga dhúchais ina chuid scríbhneoireachta. Cuireann sé na húrscéalta agus na mionúrscéalta ar fáil do léitheoirí fásta. Is scéinséirí iad na húrscéalta agus na mionúrscéalta atá á phlé anseo. Is í aidhm an scéinséir ná mothúchán tréan a spreagadh sa léitheoir, mar shampla, sceimhle. Coimeádann an mothúchán seo an léitheoir ar bís agus is é sin an fáth a léann an léitheoir ar aghaidh. Is éalúchas atá i gceist anseo. Tugann na húrscéalta agus na mionúrscéalta éalúchas don léitheoir ó ghnáthamh an tsaoil. Cuireann Maidhc Dainín Ó Sé fabhalscéalta ar fáil do pháistí. An aidhm atá aige leis na fabhalscéalta ná an Ghaeilge agus ceachtanna an tsaoil a mhúineadh do léitheoirí óga na Gaeilge. Insíonn an t-údar scéal a shaoil féin don léitheoir tríd na leabhair dírbheathaisnéise agus tríd an bhfilíocht. Tugann na seánraí seo seans don léitheoir Maidhc Dainín Ó Sé a thuiscint mar fhear, ní mar scríbhneoir. Is féidir go bhfuil sé ag iarraidh é féin a thuiscint chomh maith. An saghas teiripé é an scríbhneoireacht? An bhfuil fuascailt mhaoithneach i gceist nuair a chláraíonn duine scéal a s(h)aoil féin ar pháipéar? Nochtaíonn Maidhc Dainín Ó Sé é féin don phobal tríd na seánraí seo. Is é toradh an gnímh seo ná go gcláraítear scéal a shaoil féin i litríocht na hÉireann.

Pléitear cúig sheánra nuair a thagraítear do shaothair Mhaidhc Dainín Ó Sé – úrscéalta, leabhair dírbheathaisnéise, mionúrscéalta, filíocht agus fabhalscéalta. Braitear nach dtaispeánann an t-údar an tallann chéanna i ngach seánra áfach. Is í an fhilíocht an seánra is laige atá aige. Ní réitíonn a chuid filíochta leis an sainmhíniú filíochta a thugtar sa mhórthráchtas seo ach ní chiallaíonn sé sin nach bhfuil a chuid filíochta fiúntach. Treisíonn filíocht an údair seo an argóint atá á phlé sa mhórthráchtas seo gur scéalaí é Maidhc Dainín Ó Sé. Is seánra í an fhilíocht a chabhraíonn leis an léitheoir an fear féin a thuiscint. Insítear scéal an údair don léitheoir tríd an bhfilíocht. Tá scéal beag le feiceáil i ngach dán. Níl aon dabht ach go bhfuil ceangal idir an cnuasach filíochta agus na leabhair dírbheathaisnéise. Taispeánann Maidhc Dainín Ó Sé tallann ollmhór mar scéalaí. Admhaíonn sé go bhfuil an scéalaíocht tábhachtach dó ina chuid saothair fiú, mar shampla, sa leabhar *Chicago Driver* sa chaibidil *Tigh an Dath*. Tá Maidhc Dainín Ó Sé in ann aird an léitheora a fháil agus a choimeád ó thús go deireadh a chuid scéalta. Athraíonn sé ó sheánra go seánra agus ar ais arís gan stró ar bith. Cuireann sé a chuid litríochta go léir os comhair an léitheora mar scéalta. Dearbhaíonn an fhíric seo gur scéalaí é Maidhc Dainín Ó Sé agus b'fhéidir gurb é sin an fáth go bhfuil sé faoi ghradam ag léitheoirí na linne seo.

# Leabharliosta

Ní Annracháin, Máire agus Nic Dhiarmada, Bríona. (eagarthóirí). *Téacs agus Comhthéacs: Gnéithe de Chritic na Gaeilge*, Cork: Cló Ollscoile Chorcaí, 1998.

Barnhart, Clarence L and Robert K. (eagarthóirí). *The Word Book Dictionary: Volume1&2*, Chicago, Illinois: Field Enterprises Educational Corporation, 1982.

Uí Bhaoill, Nóra Máire. *Litríocht do Dhéagóirí 16-19: Anailís, Measúnú, Moltaí*, Maigh Nuad: Thesis (M.A.), 2002.

Blake, Norman Francis. *An Introduction to the Language of Literature*, Basingstoke: MacMillan Education, 1990.

Chapman, Raymond. *Linguistics and Literature: an Introduction to Literary Stylistics*, London: Edward Arnold, 1973.

Ní Choncheanainn, Áine. *Cúrsaí Creidimh i bhFilíocht Phobail Chonamara*, Maigh Nuad: Thesis (M.A.), 2001.

Coe, Richard N. *When the Grass was Taller: Autobiography and the Experience of Childhood*, New Haven: Yale University Press, 1984.

Epstein, Edmund L. *Language and Style*, London: Methuen, 1978.

Fowler, Roger. *Style and Structure in Literature: Essays in the New Stylistics*, Oxford [Eng.]: B. Blackwell, 1975.

www.agreeley.com/articles.html.

Ó Murchú, Seosamh. *Iomramh Beatha: Staidéar ar Fhorbairt Téama agus Stíle in Úrscéalta Dhiarmaid Uí Shuilleabháin*, Maynooth: S. Ó Murchú, 1983.

Nic an tSaoir, Bernadette. *Téamaí i Saothar Liam Uí Mhuirthile*, Maigh Nuad: Thesis (M.A.), 1999.

Ó Sé, Maidhc Dainín. *A Thig Ná Tit Orm*, Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1988.

Ó Sé, Maidhc Dainín. *Chicago Driver*, Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1992.

Ó Sé, Maidhc Dainín. *Citeal na Stoirme*, Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1991.

Ó Sé, Maidhc Dainín. *Corcán na dTrí gCos*, Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1988.

Ó Sé, Maidhc Dainín. *Dochtúir na bPiast*, Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1993.

Ó Sé, Maidhc Dainín. *Greenhorn*, Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1997.

Ó Sé, Maidhc Dainín. *Is Glas iad na Cnoic*, Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1997.

Ó Sé, Maidhc Dainín. *Lilí Frainc*, Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2001.

Ó Sé, Maidhc Dainín. *Madraí na nOcht gCos*, Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1998.

Ó Sé, Maidhc Dainín. *Mair, a Chapaill*, Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1999.

Ó Sé, Maidhc Dainin. *Mura mBuafam – Suathfam*, Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2003.

Ó Sé, Maidhc Dainín. *Tae le Tae*, Baile Átha Cliath: Coiscéim, 1990.

Taylor, Talbot J. *Linguistic Theory and Structural Stylistics*, Oxford/New York: Pergamon Press, 1981.

Titley, Alan. *An tÚrscéal Gaeilge*, Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1991.

Ní Thuile, Póilín. *Idéalachas agus Réalachas i Saothar Mháire*, Maynooth: P. Ní Thuile, 1986.

*Comhar*, Baile Átha Cliath: 1987-2004.

*Feasta*, Baile Átha Cliath: 1987-2004.